chleachtóirí príobháideacha. Ach na sonraí rithabhachtacha sin a chur ar fáil do chinnteoirí ar leibhéal feirme, ar ardán slán ar líne, cabhrófar le feabhsúcháin ar bhainistiú sláinte tréad a bhrú chun cinn. Beidh buntáistí ann, dá bharr sin, do thorthaí sláinte ainmhithe agus do thorthaí sláinte an phobail. Is réamhriachtanas é torthaí ó scrúduithe réamhbháis agus iarbháis a ghabháil go leictreonach le go bhféadfar aiseolas den sórt sin a thabhairt, agus chuige sin, tá an Roinn i mbun pleanála chun córais AMPM a thabhairt isteach maidir le raon speiceas. Is le haghaidh muc é an chéad chóras den sórt sin arna fhorbairt ag an Roinn agus táthar ag súil go leathfar amach chuig speicis eile é sna 3-4 bliana amach romhainn. Tá aiseolas á thabhairt d’fheirmeoirí mairteola agus déiríochta le roinnt blianta anuas faoin gclár Seiceáil Sláinte Mairteola, arna fhorbairt ag Sláinte Ainmhithe Éireann, i gcomhar leis an Roinn agus le Tionscal Feola na hÉireann, i ndáil le puchán ae agus galar riospráide. Is léir, dá bharr sin, luach na gcóras sin d’fheirmeoirí, don tionscal feola, do thréidliacha-chleachtóirí agus don lucht déanta beartais.

An Grúpa Páirtithe Leasmhara Campalabaictéir

Is é Campalabaictéir an chúis is coitianta le heintríteas baictéarach in Éirinn agus ar fud an AE. Tá earnáil sicíní cuibhrithe na hÉireann, le tacaíocht ón Roinn, ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus ó dhreamanna eile, rannpháirteach sa Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Campalabaictéir. Leagtar amach go leor moltaí i dtuarascáil an Ghrúpa (Aibreán 2017) a bhfuil mar aidhm leo laghdú riosca a fheabhsú ar fud an bhiashlabhra go dtí an pointe tomhaltais. Mar chuid d’fhorfheidhmiú na tuarascála sin, tá comhaontú déanta ag an Roinn agus ag na páirtithe leasmhara ábhartha faoina mbailítear samplaí caocháin anois ó fhormhór na n-ealtaí a chuirtear ar aghaidh lena marú, agus prótacal comhaontaithe á úsáid. Is léiriú den scoth iad na torthaí ón anailís a dhéantar ar na samplaí sin ar leitheadúlacht Campalabaictéir ar leibhéal na feirme. Tá obair a dhéanamh i gcónaí chun an bunachar sonraí a fhorbairt tuilleadh lena chur ar chumas feirmeoirí aiseolas díreach a fháil faoi thorthaí Campalabaictéir, chomh maith le cumas tagarmharcála lena n-éascófaí monatóireacht ar an dul chun cinn.

Is cuid thábhachtach den Straitéise Náisiúnta Shláinte Ainmhithe Saothraithe foriomlán í an **Straitéis Faireachais maidir le Sláinte Ainmhithe**. Faoin bhFaireachas maidir le Sláinte Ainmhithe is féidir faisnéis a bhailiú chun eachtraí nua a bhaineann le sláinte ainmhithe nó méadú i líon na n-imeachtaí a bhaineann le sláinte ainmhithe a bhailiú a

AN tSLÁINTE TRÍ CHÉILE

luaithe agus is féidir le go mbeidh faisnéis níos fearr á cur ar fáil ar mhaithe le riosca a bhainistiú ag gach leibhéal den tionscal. Is cuid ríthábhachtach de chóras faireachais dea-fheidhmiúil é an fhaisnéis a fhaightear ó na gníomhaíochtaí faireachais sin a chur in iúl. Is príomhghné den chumarsáid laistigh den straitéis faireachais a bhí i láithreán gréasáin tiomanta maidir le sláinte ainmhithe a bhunú, chun faisnéis thráthúil agus chruinn a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ábhartha

(www.animalhealthsurveillance.agriculture.gov.ie).

Cuireann sé faisnéis shláinte ainmhithe ar fáil do chomhpháirtithe trádála reatha agus ionchasacha freisin. Déantar an láithreán gréasáin a nuashonrú go rialta le saincheisteanna tráthúla maidir le sláinte ainmhithe chun leasa feirmeoirí, tréidlia-chleachtóirí agus úsáideoirí eile. Ba ghníomh ar tugadh faoi mar chuid den straitéis faireachais in 2019 a bhí i dtabhairt isteach chlár faireachais seamlas nua d'eallach. Ceapadh é le hoibriú i gcomhar le córais TF na Roinne, chun saoire ó Bhruisealóis, Liúcóis Bhuuibheach Eansótach (EBL) agus Gormtheanga a chinntiú, trí bhíthin sraith amháin samplaí a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ó thaobh costais de. Bhí an clár nua an-éifeachtach chun deis a thabhairt don Roinn an torthaí céanna a bhaint amach leis na 17,197 sampla fola a bailíodh i rith 2019 i gcomparáid leis na 129,469 sampla fola a bailíodh i rith 2018.

Lá Feasachta Sláinte Ainmhithe

Reáchtáil an Roinn an chéad Lá Feasachta maidir le Sláinte Ainmhithe an 28 Samhain 2019 chun cur leis an bhfeasacht ar an tábhacht a bhaineann le sláinte ainmhithe. Eagraíodh raon imeachtaí don lá feasachta agus d'fhreastail lucht féachana de thart ar 900 duine ar na himeachtaí éagsúla. Seimineár dar teideal Animal Health – from farm to food shelf ab ea an príomh-imeacht don lá, a tionóladh i Marglann an Chairn agus bhí os cionn 100 duine i láthair. Ar na himeachtaí eile bhí cainteanna do mhic léinn talmhaíochta, tréidlia-chleachtóirí agus mic léinn altranais, arna n-óstáil ag líonra Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach na Roinne. Scaipeadh os cionn 4,750 bileog agus 280 póstaer le cur in airde in oifigí na Roinne, i monarchana maraithe le ceadú ón Roinn, i marglanna, in institiúidí oideachais tríú leibhéal agus in oifigí Teagasc

An Straitéis Náisiúnta maidir le Leas Ainmhithe

Tá críochnú agus foilsíú na Straitéise Náisiúnta maidir le Leas Ainmhithe á bhrú chun cinn ag an Roinn. Aithnítear sa straitéis, a thagann le prionsabail One Welfare, an

idircheangailteacht idir leas ainmhithe agus folláine an duine agus samhlaítear fúithi caidreamh níos mó i measc páirtithe leasmhara agus na sochaí i dtreo chomhchuspóir de leas ainmhithe níos fearr in Éirinn.

Muca le hEireabail Shlána a Thógáil

Is clár náisiúnta é Muca le hEireabail Shlána a Thógáil, a bhfuil mar aidhm leis tógáil tráchtála muc gan a n-eireabail a sciortadh a bhaint amach. Bíonn muca ag ithe a n-eireabail nuair nach gcuirtear timpeallachtaí maireachtála a éascaíonn gnáth-iompar muc ar fáil dóibh. Tá feirmeoirí muc ag tabhairt faoi na chéad chéimeanna trí bhíthin measúnuithe riosca a dhéanamh agus pleananna gníomhaíochta a chruthú maidir le hithe eireabail. Cuirtear an próiseas sin, arna mhaoiniú ag an gClár Forbartha Tuaithe, ar fáil trí bhíthin saineolas tréidliachta príobháideach. Tá cuairteanna rialta a dhíríonn go sonrach ar mhuca le heireabail shlána a thógáil á gcur chun cinn ag an am céanna.

Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbaigh

In 2019, léirigh na páirtithe leasmhara go léir i Coiste Feidhmiúcháin Sláinte Ainmhithe iNAP tiomantas soiléir ó thaobh tacú le Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun dul i ngleic le AMR agus lean siad de na gníomhartha maidir le Sláinte Ainmhithe arna leagan amach in iNAP a bhrú chun cinn. Ag an am céanna, tá an Roinn fós ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir faoi choimirce an Choiste Chomhairliúcháin Idir-rannach, a thagann le chéile faoi dhó sa bhliain, chun na gníomhartha in iNAP a bhrú chun cinn ar leibhéal One Welfare. Tugadh forbhreathnú ar shonraí faireachais maidir le húsáid frithmhiocróbach (AMU) agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh (AMR) i ndaoine agus i mbia-ainmhithe in Éirinn den chéad uair nuair a foilsíodh an chéad tuarascáil One Welfare - Report on Antimicrobial Use and Antimicrobial Resistance in Éirinn i mí Eanáir 2019.

Thug an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Shláinte agus Sábháilteacht Bia cuairt ar Éirinn le chéile maidir le AMR agus One Welfare, ón 7-11 Deireadh Fómhair 2019. Eagraíodh an chuairt i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Sláinte agus ba é cuspóir na cuairte cabhrú le hÉirinn a straitéisí agus beartais náisiúnta in aghaidh AMR a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú tuilleadh,

AN tSLÁINTE TRÍ CHÉILE

bunaithe ar chur chuige One Welfare. Is measúnú an-áisiúil ar na gníomhartha atá déanta againn go dtí seo chun dul i ngleic le AMR é an tuarascáil chríochnaitheach ón gCoimisiún Eorpach ar a chinntí agus a mholtaí. Beidh na cinntí mar bhonn eolais don dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le AMR a fhorbairt. Tá tús le cur leis an bplean sin in 2020.

Rinne an Roinn agus Teagasc comhdháil faoi fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus frith-heilminteach dar teideal “Awareness to Action” a eagrú i gcomhar. Tionóladh an chomhdháil an 27 Samhain 2019. Ba iad príomh-chuspóirí an imeachta sin, cur leis an bhfeasacht ar ábhair fhrithmhiocróbach (AMR) agus frith-heilminteach agus aistriú eolais agus dea-chleachtais a éascú i measc feirmeoirí agus gairmithe tréidliachta i ndáil le cógais tréidliachta i sláinte ainmhithe a úsáid agus a bhainistiú. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc agus Sláinte Ainmhithe Éireann a d’óstáil an t-imeacht sin i gcomhar, le tacaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chuimsigh an t-imeacht seo dhá phríomhchuspóir an iNAP maidir le faisnéis agus feasacht ar an AMR a fheabhsú, ag cur an méid is fearr is féidir le húsáid antaibheathaigh i ndaoine agus in ainmhithe trí éascú a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise agus sárchleachtas a mhalartú i measc lucht gairme cúram sláinte agus tréidliachta maidir le húsáid, ordú oidis agus bainistíocht antaibheathaigh i sláinte daoine agus ainmhithe.

Seoladh dhá threoirhoiciméad nua a forbraíodh ag na páirtithe leasmhara feirmeoireachta agus tréidliachta a raibh baint acu le Coiste Feidhmiúcháin Sláinte Ainmhithe iNAP ag an imeacht sin, lenar áiríodh Code of Good Practice Regarding the Responsible Use of Antibiotics on Pig Farms agus A Code of Good Practice Regarding the Responsible Use of Antibiotics on Dairy Farms.

Thug an Roinn Bunachar Sonraí Náisiúnta maidir le hÚsáid Frithmhiocróbach do mhuca isteach an 1 Samhain 2019. Tá an bunachar sonraí sin ceaptha sonraí ar leibhéal na feirme faoin méid frithmhiocróbach a úsáidtear ar fheirmeacha tráchtála muc na hÉireann a bhailiú ar bhonn ráithiúil. Is cuid lárnach den iarracht náisiúnta maidir leis an úsáid a laghdú tríd is tríd é úsáid frithmhiocróbach a thomhas, agus úsáid fhreagrach a chur chun cinn nuair is gá. Samhlaítear go mbaileofar sonraí ó thréidlianna a thugann oidis do gach speicis eile chomh maith, cé gur ar leibhéal na feirme i gcás muc a bhailítear na sonraí úsáide.

Chomhoibrigh an Roinn le Irish Farmers Journal (IFJ) freisin in 2019 ar fheachtas “One Health” a dhírigh ar fheirmeoirí agus ar chomhairleoirí feirmeoirí chomh maith le léitheoirí eile an IFJ. Is é a bhí i gceist leis an tionscnamh sin, alt sa choicís ar líne agus foilsithe san iris, in éineacht le físeán gearr a phlé an téama idir lámha. Thosaigh an tionscnamh i mí Mheán Fómhair 2019 agus lean sé ar aghaidh ar feadh 26 sheachtain. Comhlánaíodh roinnt cuspóirí straitéiseacha faoi Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le AMR 2017-2020 (iNAP) faoin tionscnamh, ó thaobh Chuspóir Straitéiseach 1, eolas agus feasacht ar AMR a fheabhsú, Cuspóir Straitéiseach 3, leathadh ionfhabhtaithe agus galair a laghdú trí bhíthin sláinte ainmhithe agus bithshláindáil níos fearr a chur chun cinn agus Cuspóir Straitéiseach 4, úsáid antaibheathach i sláinte ainmhithe a thabhairt chun cinn.

Faoi dheireadh 2019, bhí 54 ghníomh i bplean gníomhaíochta Choiste Feidhmiúcháin Sláinte Ainmhithe iNAP. Tá 13 de na gníomhartha sin tugtha chun críche agus tá an chuid eile fós ar bun. Bhí rannpháirtíocht thar a bheith dearfach ar fud na n-earnálacha agus táthar ag leanúint den obair go seasta chun aghaidh a thabhairt ar na straitéisí agus cuspóirí éagsúla, ag teacht le Plean Gníomhaíochta na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun dul i ngleic le bagairt a bhaineann, sa chéad dul síos, le sláinte an phobail. Rachaidh an plean gníomhaíochta reatha in éag ag deireadh 2020 agus tá tús curtha leis an obair ar an bplean a thiocthaidh ina áit.

In ainneoin na tábhachta a ghabhann leis an bpointe thuas, i gcomhthéacs sábháilteacht bia, tá freagracht phríomha ar Oibrítheoirí Gnó Bia (FBO’nna) ó thaobh a chinntiú go mbíonn aon bhia a chuireann siad ar an margadh sábháilte agus folláin. Dá bhrí sin, tá freagracht doshéanta ar FBO’nna – lena n-áirítear, feirmeoirí – na gníomhartha cuí a ghlacadh le haon riosca don tsláinte phoiblí a laghdú.

SÁBHÁILTEACHT BIA

Rialuithe Sábháilteachta agus Sláinteachais Bia

Lean an Roinn le caighdeán sábháilteachta agus sláinteachais bia a dheimhniú sa bhliain 2017 trína conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) a chur i bhfeidhm.

Clúdaíonn Conradh Seirbhíse nua trí bliana, atá i bhfeidhm ón mbliain 2017, rialuithe maidir le

- Sláinteachas feola
- Bainne agus táirgí bainne
- Uibheacha agus táirgí uibheacha
- Lotnaidicídí
- Gairneoireacht
- Poist Chigireachta Teorann
- Iarmhair
- Treoir maidir le Zónóisí
- Lipéadú bia

Sa bhliain 2019, rinne an Roinn imscrúdú ar 82 gearán maidir le bia a chomhordú agus bhain 56 acu le feoil/táirgí feola, bhain 26 acu le bainne/táirgí bainne, agus bhain 18 acu le mear-fholáireamh thar ceann an FSAI agus Choimisiún na hEorpa. Bhí idir chomhréireacht le reachtaíocht lipéadaithe, ábhair choimhthíocha a líomhnaíodh a fuarthas i dtáirgí agus saincheisteanna maidir le caighdeán i gceist leo seo. Tugadh faoi chomhordú ar na himscrúduithe seo sa bhreis ar an ghnáthmhonatóireacht bia lena chinntiú nach sáraítear uasleibhéal inghlactha iarmhair.

Bhí an Roinn rannpháirteach freisin i gcúig Mhísean Iniúchta/Faisnéise na Stiúrthóireachta Ginearálta don tSláinte agus Sábháilteacht Bia maidir le hAllmhairí Beatha, Orgánaigh Ghéinmhodnaithe, Rialuithe maidir le Feirmeoireacht Orgánach agus le Lipéadú, Sláinteachas Bhia ar mhaithe le hÉilliú Micribitheolaíochta a chosc agus na Córais Náisiúnta Iniúchta.

Bainne agus Feoil

Bunaithe ar an bprionsabal bunúsach go bhfuil gach oibreoir gnó bia agus beatha freagrach as sábháilteacht an bhia/bheatha atá á tháirgeadh acu, ní mór go mbeidh gach bunáocht déiríochta agus feola ag comhlíonadh ceanglais na Rialacháin Eorpacha um Shláinteachas Bia (ar a dtugtar an “Pacáiste Sláinteachais”). Ní mór go

mbeidh Oibritheoirí Gnó Bia (FBOanna) ag cloí freisin le prionsabail an HACCP (anailís ghuaise agus pointí rialúcháin criticiúla) a nglactar leo go hidirnáisiúnta, a thugann an tsolúbthacht do FBOanna le córais rialúcháin a chur in oiriúint do riachtanais shainiúla a gcuid oibríochtaí féin. Le linn 2019, lean an Roinn de mhonatóireacht agus fíorú a dhéanamh, lena chinntiú go raibh na bunáochtaí ceadaithe go léir den sórt sin ag comhlíonadh na bprionsabal i gcónaí. Ta liosta de na bunáochtaí bia ceadaithe agus cláraithe á choinneáil ag an Roinn ar a láithreán gréasáin.

(<http://www.agriculture.gov.ie/foodsafetyconsumerissues/DAFMapprovedestablishments/>)

Tugann an Roinn faoina rialúcháin riosca-bhunaithe féin ar bhunáochtaí atá faoina maoirseacht. Le linn na bliana 2019, chuaigh córas rialúcháin na Roinne i monarchana feola ó fhócas cigireachta aonair go samhail iniúchta. Bhí tionchar ag an fhócas nua ar iniúchtaí leathana measúnú riosca ar ghníomhaíochtaí ar an líon foriomlán rialúcháin. Tugadh faoi 2,054 rialúchán ar bhunáochtaí feola sa bhliain 2019 ar mhaithe lena dhearbhu go bhfuil na ceanglais reachtúla cuí á gcomhlíonadh ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh. Áiríodh ar rialúcháin fhorlíontacha teicniúla 5,031 cuairt ar FBOanna feola.

Ba 1,600 an líon comhfhreagrach rialúcháin ar tugadh fúthu ó thaobh bunáochtaí déiríochta (lena n-áirítear tacaíocht margaidh). Áiríodh ar rialúcháin fhorlíontacha teicniúla 11,908 sampla a tógadh sa bhliain 2019. D’eisigh an Roinn 56,780 teastas mar thacaíocht do thrádáil feola agus 29,253 teastas mar thacaíocht do thrádáil déiríochta chuig margai inmheánacha agus idirnáisiúnta.

Seirbheáladh 1,391 fógra maidir le bainne agus feoil ar FBOanna Bainne agus Feola, á gcur ar an eolas maidir le sárúithe na Rialacháin Sláinteachais agus tugadh faoi ghníomh leantach de réir mar ba ghá.

Fotháirgí Ainmhithe

Próiseálann tionscal rindreála na hÉireann thart ar 500,000 tonna seachtháirgí ainmhithe (ABP) amha ón tionscal feola in aghaidh na bliana, chomh maith le hainmhithe a fhaigheann bás ar fheirmeacha. Áirítear le ABP freisin, dramhbhia; dramhaíl lónadóireachta ó bhialanna agus óstáin agus aoileach ó ainmhithe feirme. In 2019, rinneadh cóid dea-chleachtais d’fheirmeoirí éanlaithe a ghineann dramhaíl éanlaithe, do tharlóirí

SÁBHÁILTEACHT BIA

dramhaíl éanlaithe agus d'úsáideoirí deiridh dramhaíl éanlaithe a nuashonrú agus a eisiúint ar na comhpháirtithe go léir. Tá siad le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Tá thart ar 1,900 oibritheoir ABP ón earnáil bithmhaise, (a ghineann fuinneamh inathnuaithe) comhdhéanta (a ghineann bunshraith fáis do mhuisiriúin agus leasacháin orgánacha) agus rindreála go hinstiúidí oideachais agus saoráidí taighde bainteach le bailiú, iompar, láimhsiú, cóireáil, aistriú, próiseáil, stóráil, cur ar an margadh, úsáid dáileacháin nó diúscairt fotháirgí ainmhithe agus tá siad á rialú ag an Roinn faoi reachtaíocht ABP AE agus náisiúnta.

Rialúcháin maidir le Beatha Ainmhithe

Is í an Roinn an tÚdarás Inniúil Iárnach atá freagrach as reachtaíocht AE a fhorfheidhmiú maidir le hábhar beatha ainmhithe. Ar réamhriachtanas do bhia sábháilte tá beatha ainmhithe atá sábháilte agus mar thoradh air sin earnáil beatha ainmhithe atá rialáilte go maith laistigh den AE. Díríonn an reachtaíocht ar a chinntiú nach gcuirfidh ábhair beatha sláinte ainmhithe ná sláinte an phobail i mbaol, go gcomhlíonfaidh siad na híoschaighdeáin forordaithe, go mbeidh siad lipéadaithe go cruinn agus inrianaithe go hiomlán.

Tugann an Roinn faoi chlár rialúcháin oifigiúil riosca-bhunaithe a chuirtear i bhfeidhm trí chigireachtaí, iniúchtaí agus sampláil ábhair bheatha ag gach céim den slabhra bhia, lena n-áirítear, allmhairiú, stóráil, déantúsaíocht, trádáil agus úsáid ag leibhéal na feirme.

Tá samplaí ábhar beatha faoi réir ag raon leathan anailíse chun sábháilteacht na beatha a fhíorú agus chun cruinneas na faisnéis ar na lipéid a fhíorú.

Sa bhliain 2019, tugadh faoi 1,219 cigireacht/iniúchadh ar an iomlán. Bhain formhór na gcásanna neamhchomhlíonta a sainathnódh i rith rialaithe oifigiúil le heasnaimh i bpleananna HACCP na nOibreoirí Gnó Bi, ba é sin, 43% den líon iomlán a eisíodh. Bhain cásanna neamhchomhlíonta eile le sláinteachas ginearálta (24%), lipéadú (11%) agus inrianaitheacht (11%). Cuireadh na cásanna neamhchomhlíonta in iúl do na hOibreoirí Gnó Bia agus tá gníomhartha déanta ina leith agus aghaidh tugtha orthu anois.

Bailíodh 1,539 sampla de bheatha ainmhithe in 2019 agus seoladh iad chuig saotharlanna éagsúla le go

ndéanfaí os cionn 10,000 anailís orthu, lena n-áirítear le haghaidh substaintí neamh-inmhianaithe, próitéin ainmhithe agus éilleáin cheimiceáin micribhitheolaíochta. Bhain os cionn 80% de na tástálacha a rinneadh le Sábháilteacht Beatha. Bhí na hábhair beatha ar fad a tástáladh sábháilte agus oiriúnach don fheidhm agus bhí 3% den anailís lasmuigh den lamháltas i gcomhair airíonna cáilíochtúla.

Onnmhairithe Beatha Ainmhithe

Léirítear teacht aniar rialuithe beatha ainmhithe na hÉireann sa rochtain atá ag dul i méid i rith an ama chuig margaí onnmhairithe do tháirgí Agraibhia na hÉireann, tráth a rinneadh beatha ainmhithe a onnmhairiú chuig 58 tír, lena n-áirítear roinnt de na margaí is deacra ar nós na Seapáine agus na Síne. Chomh maith leis sin, tháinig ardú 10% ar an líon deimhniúcháin onnmhairiúcháin beatha ainmhithe a eisíodh sa bhliain 2019 i gcomparáid leis an mbliain 2018.

Bliain	Líon Deimhniúchan onnmhairiúcháin	Líon tíortha
2018	1,394	61
2019	1,546	58

Faireachas ar Iarmhair sa Bhia

Léirigh torthaí Plean Náisiúnta Iarmhair na bliana 2019 na Roinne treocht leanúnach maidir le ráta ard comhlíontachta le 99.79% de na samplaí a tástáladh diúltach ó thaobh aon iarmhair.

Rinneadh tástáil ar 17,500 sampla sa bhliain 2019, tógadh na samplaí seo ar fud gach aon cheann de na hocht speiceas a tháirgeann bia, chomh maith le bainne, le huibheacha agus le mil. Bhí 99.79% de na tástálacha diúltach ó thaobh iarmhair a leanann leis an treocht ó thaobh easnamh ginearálta iarmhair i dtáirgí bia na hÉireann. Tá an t-ardleibhéal comhlíontachta seo seasmhach le roinnt bliana anuas.

Ní raibh ach 37 sampla nach raibh ag cloí leis na rialúcháin agus bhain a bhformhór sin le hiarmhair i gcógais údaraithe. Rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann meastóireachtaí riosca mar fhreagairt ar gach toradh dearfach. Fuarthas nach raibh riosca do-ghlactha

SÁBHÁILTEACHT BIA

do thomhaltóirí ó thaobh sábháilteachta bia de i gceist le 36 chás agus níorbh éigean táirgí a aisghairm ón margadh. Sa chás amháin eile inar thástáil sampla eachaí dearfach i gcomhair dhé-ocsainí, eisíodh fógra faoin gCóras Mear-Fholáirimh um Bia agus Beatha (RASFF) chuig gach Ballstát. Rinneadh imscrúdú ar gach aon toradh dearfach ar an fheirm bhunaidh ar mhaithe leis na bearta forfheidhmithe suas go dtí agus cás dlí a thógáil san áireamh.

Ceadú, Scrúdú agus Rialúchán Táirgí Cosanta Plandaí agus Táirgí Bithicídeacha

Déantar údarú ag leibhéal náisiúnta ar tháirgí lotnaidicídí ina bhfuil substaintí ceadaithe gníomhacha de réir na meastóireachta criosaithe, aitheantais fhrithpháirtigh agus an critéar cinnteoireachta a chomhaontaítear ag leibhéal AE. Leanadh le measúnú mionsonraithe agus le hobair piarmheasúnaithe ar 25 substaint ghníomhach le linn na bliana 2019, tugadh an próiseas rialacháin chun críche i ndáil le 19 substaint. Rinneadh dul chun cinn maidir le hobair piarmheasúnaithe ar 37 táirge sa bhliain 2019, agus críochnaigh 20 táirge an próiseas rialacháin. Rinneadh údarú ar 190 táirge cosanta plandaí eile trí phróiseas an aitheantais fhrithpháirtigh nó tugadh cothrom le dáta iad le linn na bliana. Maidir le obair rialála bithicídí, rinneadh údarú ar 414 táirge bithicídeach trí phróiseas an aitheantais fhrithpháirtigh nó tugadh cothrom le dáta iad le linn na bliana.

Níl ceadaithe ach táirgí cosanta plandaí agus táirgí bithicídeacha atá san áireamh sa Chlár Oifigiúil a chur ar an margadh. Bhí 939 táirge cosanta plandaí ar an gClár faoi dheireadh 2019. Tá mionsonraí le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, agus is féidir iad sin a cheistiú trí ainm táirge de réir na substainte gníomhaí nó de réir feidhme agus bairr. Ag deireadh 2019, bhí tuairim is 2,600 táirge bithicídeach fógartha san áireamh sa Chlár Táirgí Bithicídeacha in Éirinn agus 836 táirge bithicídeach údaraithe.

Tugann an Roinn faoi ghníomhartha leantacha maidir le sárúithe ar na Leibhéil Uasta Iarmhair (MRL'nna) agus úsáidí neamhúdaraithe atá aitheanta ag an Rannán um Cheimic an Bhia. Sa bhliain 2019, rinne Clár Náisiúnta um Rialú Iarmhair Lotnaidicídí sampláil agus rinne anailís ar 1,466 mír bia. Rinneadh sárú ar MRL'nna le haghaidh iarmhar lotnaidicídí sa bhia i 10 de na samplaí a rinneadh anailísiú orthu (0.7%) ach níor aithníodh aon riosca do shláinte an tomhaltóra. Bhain naoi sárú le táirgí nach de

bhunús na hÉireann iad a raibh sampláil déanta orthu mar chuid den chlár faireacháin. I ngach cás, eisíodh litreacha foláirimh inar cuireadh in iúl do na mórdhíoltóirí agus do na hoifigigh seo go gcuirfí an táirgeacht faoi réir caingean reachtúil dá mbraithfí sárú in athuair. Bhain sárú amháin le táirgí de bhunús na hÉireann. Rinneadh imscrúdú ar na táirgeoir a bhí i gceist maidir le cás féideartha neamhchomhlíonadh. Ní raibh aon sárú ann a bhain le rialúcháin allmhairithe. Chomh maith leis sin, rinneadh imscrúdú ar chásanna i ndáil le húsáidí neamhúdaraithe lotnaidicídí agus tionscnaíodh gníomh leanta, lena n-áirítear spriocdhíríú ar tháirgí le sampláil a dhéanamh orthu amach anseo.

Foilsíodh leagan nuashonraithe de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann (NAP) maidir le húsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí sa bhliain 2019. Cuirtear in iúl go sonrach sa NAP nua nach mór tástáil agus deimhniúchán a dhéanamh ar gach cineál trealaimh curadóra lotnaidicídí, seachas trealamh láimhe. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoi chur i bhfeidhm phrionsabail maidir le Bainistiú Comhtháite Lotnaidí freisin.

Rialuithe Sábháilteachta agus Sláinteachais Bia

Táirgí Gairneoireachta

Tá an Rannán Gairneoireachta agus Sláinte Plandaí sa Roinn freagrach as a chinntiú go bhfuil príomhtháirgeoirí tosaigh táirgí gairneoireachta cláraithe ag teacht le reachtaíocht sábháilteachta bia. Mar chuid de chonradh seirbhíse na Roinne leis an FSAI, feidhmíonn an Rannán córas riosca bhunaithe de rialuithe oifigiúla maidir le príomhtháirgeoirí tosaigh bia nach de bhunús ainmhíoch é le comhlíontacht le reachtaíocht sábháilteachta bia agus sláinteachais bia an AE a chinntiú. Áirítear leis seo, cigireacht, iniúchtaí, sampláil, lipéadú agus rialuithe oifigiúla a fheidhmiú de réir mar is gá. Seirbheáladh 146 fógra ar an iomlán ar tháirgeoirí bia gairneoireachta sa bhliain 2019, á gcur ar an eolas maidir le sárúithe faoi na Rialacháin Sláinteachais agus tógadh gníomh leanta de réir mar a bhí gá leis. Tá príomhról ag an Rannán ó thaobh déileáil le cásanna sábháilteachta bia a bhaineann le táirgí gairneoireachta na hÉireann. Is féidir an t-eolas go léir atá riachtanach ó thaobh clárú mar sholáthróir bia gairneoireachta a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne: (<https://www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/horticulture/registerasafoodproducerfruitveg/>)

SÁBHÁILTEACHT BIA

Tá an Rannán Gairneoireachta agus Sláinte Plandaí freagrach as tabhairt faoi chigireachtaí freisin ag leibhéal mórdhíola agus miondhíola lena chinntiú go bhfuil siad ag cloí le caighdeáin mhargaíochta náisiúnta agus/nó AE maidir le prátaí, torthaí úra agus glasraí. Tugadh faoi os cionn 2,000 cigireacht sa bhliain 2019 agus bhain na mórshaincheisteanna a aithníodh le lipéadú na tíre bunaidh agus le cineálacha prátaí níos saoire a chur in ionad cineálacha prátaí nach raibh chomh saor sin. Is féidir an t-eolas go léir a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta an AE do ghlasraí agus torthaí úra a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne ag

<https://www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/horticulture/freshfruitvegetablemarketingstandardseu/>

Tástáil/Diúscairt Ainmhithe a Fhaigheann Bás

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn tacaíocht airgid ar fáil le thart ar 57,000 ainmhí a fuair bás a bhailiú, go háirithe, bó-ainmhithe os cionn 48 mí d'aois, i gcomhair samplála mar a cheanglaítear faoi chlár náisiúnta faireachais leantach an BSE.

Cheadaigh an Roinn 38 cnioglan faoi rialacháin an ABP le hainmhithe a fuair bás a bhailiú agus iad a dhiúscairt.

Rialúcháin Allmhairithe ar Tháirgí Ainmhithe

Sa bhliain 2019, cuireadh 3,185 coinsíneacht de tháirgí allmhairithe ainmhíochas agus iascaigh i láthair Pointí Cigireachta Teorann (BIPanna) in Éirinn.

Eisíodh ceadúnais nó údaraithe do na táirgí seo de réir rialacha náisiúnta mar a leanas:

	2019	2018	2017	2016	2015
Samplaí trádála agus taighde*	104	93	233	762	782
Táirgí neamh-chomhchuibhithe	9	9	12	8	14
Coinsíneachtaí ath-allmhairithe	30	53	42	58	17
Gníomhairí pataigineacha	25	26	21	33	37
Vacsainí Uathghineacha	15	5	7	4	3

*Tabhair ar aird le do thoil gur cuireadh córas nua i bhfeidhm sa bhliain 2017 le ceadúnais shamplacha Trádála agus Taighde a údarú, le fáil réidh leis an gceanglas iarratas a dhéanamh de réir an bhoinn coinsíneachta chomh maith leis an athrú go dtí ceadúnas bliantúil.

An Córas Sainaitheanta agus Gluaiseachta Ainmhithe

Déanann an Córas Sainaitheanta agus Gluaiseachta Ainmhithe (AIM) bainistíocht ar shainaitheanta eallach, muca, gabhair, caoirigh agus capaill. Déanann sé bainistíocht ar ghluaiseacht eallaigh ar leibhéal aonair agus ar ghluaiseacht caoirigh, gabhair agus muc ar leibhéal tréada chun críocha inrianaitheachta.

Trí bhíthin an bhunachair sonraí, éascaítear comhlíonadh le riachtanais AE agus náisiúnta agus úsáidtear é chun críocha rialú galair agus chun tacú le honnmhairí. Feidhmíonn an córas ar bhonn 24/7 i marglanna, monarchana feola agus ag láithreacha onnmhairithe agus cuireann an tsaoráid ar líne ar chumas feirmeoirí agus gníomhairí údaraithe le clárúcháin laonna agus gluaiseacht eallach a sheoladh isteach go leictreonach. Tugadh rialacha nua isteach an 1 Meitheamh 2019 maidir le céannacht caorach, lena n-éilítear céannacht leictreonach a bheith ar gach caora agus céannacht le clib leictreonach bhuí amháin ar a laghad a bheith ar uain faoi 12 mhí d'aois atá á seoladh lena marú ón ngabháltas ina rugadh iad. Ní mór céannacht le tacar clibeanna EID iomlán / tacar bólais leictreonach a bheith ar gach caora eile. Ba chóir go ndéanfadh an córas níos simplithe chun caoirigh a chlibeáil faoinar cuireadh síneadh leis an aithint leictreonach cosaint ar cháil na hÉireann mar fhoinsé shábháilte agus shlán bia agus ainmhithe agus beidh córas rianaithe caorach na hÉireann ar chomhchéim le mórtíortha easpórtála iomaíochas eile i dtaobh margaí nua idirnáisiúnta a bhaint amach do chaoireoil na hÉireann agus iad a choinneáil.

An Straitéis um Shábháilteacht Bia agus Barántúlacht Bia

Bhunaigh Bord Bainistíochta na Roinne an Grúpa Oibre FSFA i nDeireadh Fómhair 2016 chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le ról thar a bheith tábhachtach na Roinne sábháilteacht bia agus barántúlacht bia a chosaint. Is iad cuspóirí agus gníomhartha molta an Ghrúpa ná a chinntiú go mbeadh creat éifeachtach, éifeachtúil, comhchuibhithe agus comhordaithe ag an Roinn maidir le heagrú gach gníomhaíochta, rialuithe oifigiúla san áireamh, a bhaineann le sábháilteacht agus barántúlacht bia a thacaíonn le cuspóir na Roinne i ndáil le beartais, straitéisí agus oibríochtaí den scoth. Sheol an tAire Creed an Straitéis maidir le Sábháilteacht Bia agus

SÁBHÁILTEACHT BIA

Barántúlacht Bia (FSFA) i mí Iúil 2018. Tá an FSFA comhdhéanta de sheacht dTionscadal lena leagfar amach an treochlár faoin tslí is féidir obair na Roinne sa phríomhréimse seo a fheabhsú. Is iad seo a leanas na tionscadail sin:

Pleanáil Theagmhach (CP)

Leis an tionscadal seo, tabharfar tuairisc ar an struchtúr reatha CP sa Roinn maidir le FSFA, soláthrófar treoir dhoiciméad ina leagfar amach téamaí coitianta do phleananna teagmhais, tabharfar teimpléid le haghaidh phleananna teagmhais, tabharfar tuairisc ar chleachtaí insamhalta géarchéime sa Roinn agus forbrófar stór lárnach le haghaidh faisnéise.

Anailís Riosca agus Measúnú

Tá fiosrú á dhéanamh sa tionscadal seo ar chórais reatha anailíse agus measúnaithe riosca sa Roinn. Tá ár gcleachtais á gcur i gcomparáid le cleachtais in eagraíochtaí sa bhaile agus cinn inmheánacha le súil agus treochlár a chur le chéile do chóras riosca ar chaighdeán domhanda le haghaidh réimsí na Roinne.

Cumarsáid Straitéiseach

Tá mar aidhm leis an tionscadal seo feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus cáilíocht na cumarsáide i ndáil le FSFA. D'fhonn é sin a bhaint amach, déanfar anailís pháirtithe leasmhara chomh maith le hathbhreithniú ar na modhanna cumarsáide reatha sa Roinn, comparáid le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus forbairt ar straitéis cumarsáide le haghaidh FSFA.

Comhchuíbhíú Rialuithe Oifigiúla

Leis an tionscadal seo, cuirfeadh feabhas ar rannpháirtíocht custaiméirí leis an Roinn trí bhíthin idirghníomhú oifigiúil na Roinne le FBOanna agus a gcomhlachtaí rialaithe a chaighdeánú, an próiseas cláraithe/ceadaithe FBOanna ag an Roinn a shimpliú agus a chomhchuíbhíú agus formáid dhoiciméid FSFA na Roinne a úsáidtear i rialuithe oifigiúla a chaighdeánú.

Gabháil Sonraí, Anailís agus Tuairisciú

An toradh a bheidh ar an tionscadal seo, éifeachtúlachtaí i soláthar seirbhísí chun leasa an tomhaltóra agus an tionscail agraibhia. Tá fiosrú á dhéanamh sa tionscadal seo ar an tslí a mbainistítear

sonraí i Rannáin FSFA na Roinne agus ar chórais IMT a shainnithint lena soláthraítear cláir oibre cuimsitheacha agus comhchuíbhíthe, tuarascálacha agus méadracht ar fud na gníomhaíochtaí FSFA.

Oiliúint maidir le Rialuithe Barántúlachta Bia

Bainfidh an tionscadal seo le meastóireacht chórasach ar na rialuithe atá de dhíth faoin Rialúchán i ndáil le calaíocht agus barántúlacht bhia d'fhonn na scileanna agus an oiliúint a theastaíonn ó bhaill foirne chun riachtanais an Rialacháin a chur i bhfeidhm a shainnithint.

Comhlíonadh trí bhíthin Beartais Chomhtháite agus Rialáil Comhtháite

Tá scrúdú á dhéanamh sa tionscadal seo ar na cleachtais sa Roinn agus taobh amuigh di a chothaíonn comhlíonadh oibreoirí. Déanfar na dea-chleachtais sin a ghabháil i bhfoirm foireann uirlisí comhlíonta a bheifear in ann a úsáid mar uirlis beartais ar fud na heagraíochta. Tá clár maoirseachta faoi stiúir páirtithe leasmhara á fhorbairt chun feachtas ar na príomhshaincheisteanna maidir le comhlíonadh. Tá scrúdú á dhéanamh sa tionscadal ar na buntáistí a bhaineann le hanailís beartais sa réimse FSFA a chomhordú go lárnach.

Tá na tionscadail á gcur i bhfeidhm ar leithligh ag foirne fostaithe le hurraíocht tionscadail ar leibhéal ceann Rannáin. Tá baint dhíreach ag 70 ball foirne le pleanáil agus cur i bhfeidhm na dtionscadal. Ar roinnt de na gníomhaíochtaí atá á dtabhairt fúthu sna tionscadail ta suirbhéanna ar pháirtithe leasmhara, misin bailiú eolais agus cleachtaí ionsamhlaithe. Déanann Coiste Stiúrtha ardleibhéil maoirseacht ar an gcur i bhfeidhm agus tá ballraíocht inmheánach agus seachtrach i gceist leis.

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Galair Andúchasacha Infhógartha

Bhí sé fós mar thosaíocht sa bhliain 2018 a bheith san airdeall ó thaobh tabhairt isteach galair ar nós Galar Crúibe is Béil, Fliú na nÉan, an Galar Gormtheanga agus Fiabhras Afracach na Muc 2019. Tá galair andúchasacha le fáil i go leor tíortha eile agus tá sé léirithe ag taithí roimhe seo nach bhfuil aon dul as ach an trádáil a rialáil i gceart, ardleibhéal den bhithshlándáil agus den fhaireachas a chinntiú mar aon le socruithe teagmhach agus reachtaíocht láidir chun déileáil go pras agus go héifeachtach le bagairtí agus ráigeanna galair.

Bhí líon imscrúduithe ann sa bhliain 2019 maidir le galair andúchasacha a raibh amhras fúthu.

Rinne foireann na Roinne imscrúdú ar líon cásanna galair andúchasacha a raibh amhras fúthu le linn na bliana 2019:

Galar	2019	
	Cásanna a imscrúdaíodh a raibh amhras fúthu	Cásanna Deimhnithe
Artairíteas Víreasach Eachaí *	31	0
Pireapasmóis	1	1
An galar crúibe is béil	1	0
Galar Newcastle	3	0
Garaimicsivíreas (colúir) **	5	5
Fliú na nÉan (éanlaith)	2	0
Fliú na nÉan (Éin ghafa)	1	0
Iomlán	44	6

* Líon ard thar a bheith neamhghnách de chásanna amhrasacha mar gheall ar fhaireachas feabhsaithe mar thoradh ar ghanntanas vacsaín EVA in 2017/2018.

** Ní raibh siad infhógartha don AE nó don OIE.

Feidhmíonn an Roinn clár faireachais bliantúil maidir le Fliú na nÉan in éin fhiáine a bhfuil sé mar chuspóir aige láithreach fochineálacha víris d’Fhliú na nÉan a aithint agus an baol a d’fhéadfadh a bheith ann don tionscal éineola.

Líon na nÉan Fiáine a tástáladh d’Fhliú na nÉan le linn na bliana 2019:

Bliain	Líon na nÉan Fiáine a tástáladh	Líon dearfach
2019	78	0

Pleanáil Theagmhach

Tá pleananna teagmhais ardtosaíochta i bhfeidhm do ghalair andúchasacha. Tá na pleananna seo bunaithe ar reachtaíocht AE atá ann cheana agus ar chritéir a aithníodh le linn ráigeanna i dtíortha Eorpacha eile san am a caitheadh. Tá sé mar aidhm leo a chinntiú go mbíonn freagra tapa, comhordaithe agus éifeachtach ann chun ráigeanna galair andúchasacha a rialú leis an sprioc an galar a dhíothú, saoirse oifigiúil ó ghalair a thabhairt ar ais sa chás gur infheidhme agus éascú a dhéanamh ar fhilleadh ar ghnáthphatrúin trádála. Bhí fócas leanúnach na Roinne le linn na bliana 2019 ar phleananna agus socruithe teagmhais atá ann cheana féin a athbhreithniú agus ar a chinntiú go bhfuil leibhéal ard feasachta i measc geallsealbhóirí maidir leis an mbaol a bhaineann le galair andúchasacha, le fócas ar leith ar Fhiabhras Afracach na Muc.

BSE

Tá an Roinn freagrach as comhordú éifeachtach a dhéanamh ar bheartais agus ar fhaireachas BSE, as socruithe tástála agus cúitimh agus as maoiniú a dhéanamh ar na nithe sin, mar a fhoráiltear dóibh i Rialachán (EC) 999/2001 agus I.R. 532/15. Níor deimhníodh aon chásanna BSE sa bhliain 2019.

An Scráibeach

Is galar infhógartha éigeantach í an scráibeach in Éirinn. Aithníodh sé thréad nua sa bhliain 2019, le sé scráibeach aitiópúil agus gan aon scráibeach chlasaiceach ar bith.

Faoin gClár Faireachais Ghníomhaigh, tugadh faoi 21,978 tástáil scráibeach sa bhliain 2019, a bhí comhdhéanta de: 10,995 caora a tástáladh i monarchana maraithe; 10,717 caora básaithe; 104 ag Údarás Áitiúil; 0 caora bánaithe; agus 150 gabhar a bhí básaithe.

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Tá an Clár Géinitíopa Náisiúnta (NGP) i bhfeidhm chun lucht póraithe caorach a spreagadh ardú a chur ar fhrithsheasmhacht ghéiniteach i gcoinne scráibeach sa Tréad Náisiúnta. Is clár deonach atá anseo agus ó tugadh isteach é sa bhliain 2004 go dtí deireadh na bliana 2019 rinneadh 86,967 caora ar an iomlán a ghéintíopáil.

Córas Ríomhaireachta do Shláinte Aímhíthe (AHCS)

Is é an Córas Ríomhaireachta do Shláinte Aímhíthe (AHCS) an córas príomhúil ríomhaireachta lena dtugtar tacaíocht don Roinn chun a chlár tástála galar a bhainistiú do ghalair ar nós, an Eitinn (TB), an Bhrúsallóis (BR), Einceifealapaite Spúinseach Bhólachtaan (BSE) agus an Galar Víreasach Buaibheach (BVD) in eallach agus galar Aujeskey i Muca. Go hiomlán, thairfeadh an córas beagnach 11.5 milliún de thástálacha sa bhliain 2019 agus tá curtha go mór aige le héifeachtúlachtaí riaracháin i bhfeidhmiú an chlár TB agus le baint amach stádas saor ó Bhrúsallóis. Baineann thart ar 1,200 comhalta foirne de chuid na Roinne agus 1,000 Cleachtóir Príobháideach Tréidliachta úsáid as an gcóras seo gach lá.

Tástálacha Galar Aímhíthe a Taifeadh ar AHCS in 2019

Tástálacha a Rinneadh	Líon Iomlán
Tástálacha Tréada TB/BR	166,593
TB – Aímhíthe ar Leithligh	8,882,901
BVD – Laonna a Tástáladh	2,396,001
Salmonella – Tréada Muc – Tástálacha 7-Mí	1,945
Salmonella – Muca – Tástálacha Saotharlainne	6,092

Cuireadh roinnt feabhsúchán teicniúil i bhfeidhm i rith 2019, agus i measc na mórfheabhsúchán córais a tugadh isteach bhí –

- GIF (Tástáil Gháma-inteirféaróin) a chorprú sa chlár tástála TB,
- Cead Taistil do Thairbh a chruthú,
- Clár Rialaithe Salmonella i Muca (PSCP), ríomh leitheadúlachta a chorprú agus litreacha a ghiniúint,
- Úsáid Frithmhiocróbach – córais Gabháil Sonraí le haghaidh Úsáid Frithmhiocróbach i Muca.


GALAIR AICME B

Eitinn Bhólachta

Rinneadh tástáil ar thart ar 98.4% den tréad náisiúnta i gcomhair eitinn bhólachta (TB) sa bhliain 2019. Bhí laghdú ar líon na bhfrithghníomhaithe a braitheadh, 17,058 in 2019 i gcomparáid le 17,491 in 2018. Tháinig ardú áfach ar chásanna i dtreáda ó thaobh TB ó 3.51% go 3.72% sa tréimhse chéanna.

Tá na treochtaí le trí bliana anuas leagtha amach sa ghraf thíos. Graf:

TB Statistics 2017-2019





Tá ardú ag teacht ar riosca bunúsach maidir le TB mar gheall ar líon factóirí, lena tuilleadh eallaí déiríochta agus méideanna tréada aonair atá i bhfad níos mó. Áirítear ar líon na bhfrithghníomhaithe, ní amháin dearbhchlónna tástála craicinn ach dearbhchlónna tástála fola gháma-inteirféaróin (GIF) freisin a dhéanann suas thart ar 16% de na frithghníomhaithe. Baintear úsáid as tástáil GIF i mbriseadh síos TB ardriosca agus is féidir leis ainmhíthe ionfhabhtaithe a aithint a d'fhéadfadh nach mbeadh feicthe ag an tástáil craicinn caighdeánach. Tacaíonn treochtaí i líon na bhfrithghníomhaithe agus i gcásanna i dtreáda leis an ngá le fócas as an nua a bheith ar an gclár díothaithe TB.

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Mar a dheimhnítear sa léarscáil thíos, tá na leibhéil TB ar an iomlán ag leibhéal íseal ach bhí leibhéal réasúnta ard TB comhchruinnithe sa taobh thoir thuaidh den tír ar feadh na bliana 2019 m.sh. Muineachán, an Cabhán, an Mhí thuaidh. Léirítear na srianta nua sa tír sa léarscáil seo sa bhliain 2019.

údar leis go heipidéimeolaíoch. Tá léarscáil thíos den limistéar a bhí faoi vacsaíniú amhail dheireadh 2019.



Clár Vacsaíniú an Bhroic

Vacsaíniú mar Bheartas

Cuireadh le vacsaíniú broc in aghaidh eitinne (TB) in 2018 mar chuid lárnach den chlár díothaithe eitinne bólaigh. Bhí an clár vacsaínithe sin le leathadh amach de réir a chéile chuig áiteanna eile sa tír le himeacht aimsire ach bheadh gá le roinnt dealaithe broc fós mar fhreagairt ar dhroch-ráigeanna TB in áiteanna. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an leathadh amach sin sa dara leath de 2019 agus cuireadh méadú mór ar an limistéar sa tír a bhí faoi réir ag vacsaíniú. Sna limistéir sin, tá dealú broc fós á dhéanamh mar fhreagairt ar dhroch-ráigeanna TB bólaigh nuair atá

Vacsaíniú a Leathadh amach in 2019

Oiliúint foirne roimh an leathadh amach, dírithe ar:

- Torthaí na Trialach Vacsaínithe i gCill Chainnigh
- Na Trialacha Neamh-ísleachta
- Vacsaíniú mar rogha seachas Baint i dtéarmaí éiceolaíochta.
- Bogearraí Vacsaínithe Broc nua-fhorbartha a úsáid
- Targaidí le haghaidh Vacsaínithe

Modheolaíocht Vacsaínithe

Critéir faoinar féidir dealú a dhéanamh mar fhreagairt ar dhroch-ráigeanna TB bólaigh i limistéir vacsaínithe

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

2019 Gníomhaíocht an Aonaid Fiadhúlra


Rinneadh 1,391 bhroc a vacsaíniú sa chrios vacsaínithe in 2019 agus baineadh 5,310 broc sna bloic ghabhála bainte.

Straitéis TB 2030

Ag teacht le cuspóirí na Straitéise Náisiúnta Shláinte Ainmhithe Feirmshaothraithe, bhunaigh an tAire Creed an Fóram do Pháirtithe Leasmhara TB in 2018. Chuir Cathaoirleach an Fhórait TB, an tUas. Michael Cronin tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Iúil 2019 ina raibh rogha tograí a d'fhéadfadh tionchar mór a imirt ar an Eitinn Bhólachta a laghdú sna blianta amach romhainn. Tá sé beartaithe straitéis a sheoladh ina leagfar amach plean 10 mbliana don Eitinn Bhólachta agus aird á tabhairt ar na moltaí i dtuarascáil an Fhórait.

Rinne Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann athbhreithniú caiteachais ar an gclár Eitinne Bólachta. Eisíodh é Lá Buiséid 2019 agus úsáidfeair é mar bhonn eolais don bhreithniú a dhéanfar ar bheartas amach anseo.

Expenditure 2017-2019



Foilsíodh páipéar ar Athbhreithniú ar Chaiteachas i mí Dheireadh Fómhair 2019

(<https://www.gov.ie/en/collection/5915ad-spending-review/>) chun tacú le hobair an Fhórait TB chun scrúdú a dhéanamh ar na treoictaí le déanaí agus an tátal a baineadh as, go bhféadfadh údar a bheith le bearta breise chun díothú a bhaint amach.

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Scéimeanna Cúitimh

Is í an Scéim Luachála Margaidh ar an Fheirm an príomhbheart le cúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as fáil réidh le frithghníomhaithe. Tugtar cúiteamh faoi scéimeanna eile, an Deontas do Bhánú Tréada, Forlíonadh Ioncaim agus Deontais Chruatain do chaillteanais ioncaim mar gheall ar shrianta. Caitheadh thart ar €17.7 milliún le linn na bliana 2019 ar ghnéithe cúitimh go léir na Scéimeanna Díothaithe TB agus Monatóireacht Brúsallóis.

Cómhaoiniú AE

Íoctar Cómhaoiniú AE i riaráiste. Ag teacht le critéir an chláir chómhaoinithe agus mar léiriú ar blianta as a chéile inar tháinig laghdú ar ghalair, ghearr an AE pionós 10% ar éileamh na hÉireann ar chómhaoiniú le haghaidh 2018. D'íoc an AE €8.79 milliún le haghaidh clár díothaithe eitinne bólachta (TB) na hÉireann 2018 in 2019. Ba €9.85 milliún an figiúr comhfhreagrach do chlár na bliana 2017. Mar gheall nár tháinig feabhas ar an méadracht galair in 2019, tá Éire ag súil le pionós breise 20% ar mhaoiniú, ag teacht le critéir an chláir chómhaoinithe. Rud eile, laghdaigh an AE an maoiniú atá ar fáil le haghaidh 2020 ó €7.25 mhilliún go €5.42 mhilliún agus tá seans ann go ngearrfar pionós eile 40% sa chás nach dtiocfaidh feabhas ar an méadracht galair in 2020. Ag teacht leis sin, tá an leibhéal cómhaoinithe á laghdú i gcónaí ó 50% go 35% le haghaidh 2020, rud a chiallaíonn go bhfuil seans ann nach mbeidh Éire in ann an méid iomlán atá leithdháilte a éileamh. Tá brú anuas leanúnach á chur ar an maoiniú don chlár TB atá ar fáil ón AE, rud a léiríonn na héilimh iomaíocha ar acmhainní ar fud an CAP agus go bhfuil galair eile ag teacht chun cinn a bhfuil tacaíocht chómhaoinithe de dhíth orthu.

Tobhaigh do Ghalair Bhólachta

Tháinig laghdú beag ar fháltais ó Thobhaigh do Ghalair Bhólachta sa bhliain 2019 go €7.3 milliún i gcomparáid le €7.5 milliún sa bhliain 2018.

Ionchúisimh

Tugadh sé chás ionchúisimh chun críche sa Chúirt Chuarda i rith 2019. Rinneadh achomharc i leith péire díobh agus réitíodh dhá chás dlíthíochta. Ina theannta sin, réitíodh cás amháin os comhair na hArd-Chúirte agus bhí dhá chás Ard-Chúirte eile fós gan réiteach ag druidim le 2020. Cuireadh tús le trí chás ionchúisimh nua i rith 2019 a raibh baint acu le líomhaintí faoi mhainneachtain tástála, mainneachtain fógra a chomhlíonadh, mainneachtain clib cluaise a úsáid, gluaiseacht neamhdhleathach gan pasanna agus brionnú doiciméad.

Saoirse ó Eitinn Bólachta a Choimeád

Tá stádas oifigiúil saor ó eitinn bólachta ag Éirinn ó mbliain 2009. Tá clár faireachais cuimsitheach riosca-bhunaithe á dhéanamh ag an Roinn i gcónaí chun údar a thabhairt lenár stádas leanúnach maidir le saoirse. Sa bhliain 2019, d'fhorbair saineolaithe tréidliachta na Roinne clár samplála sofaisticiúil atá bunaithe ar staidreamh. Cuireadh an clár i bhfeidhm chun an méid céanna muiníne a bhaint amach agus a bhaineann lenár stádas maidir le saoirse ón eitinn, fad a laghdófaí an méid samplaí agus acmhainní atá de dhíth chun an mhúinín sin a bhaint amach. Cuireadh an clár i bhfeidhm go rathúil ag deireadh 2019, rud a sholáthar bunús do chóras faireachais riosca-bhunaithe a bheidh níos éifeachtaí ó thaobh costais de sna blianta amach romhainn.

Sláinte Ainmhithe Éireann (AHI)

Díríonn an AHI ar líon príomhchlár a bhaineann le Buinneach Víreasach Bhólachta (BVD), Rineatraicéiteas Tógálach Buaibheach (IBR), galar Johne, Seiceáil Sláinte Mairteola agus Maistíteas. Tá an Roinn ag tacú leis na cláir seo agus tá tagairt déanta dóibh i bhfómhar Bia 2020.

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn maoiniú de €784,650 ar fáil don AHI agus rinne geallsealbhóirí tionscal meaitseáil air.

Chuir an AHI tús le clár díothaithe éigeantach BVD sa bhliain 2013. Tá bunús dlí ag an gclár. Ní féidir

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

ainmhithe atá ionfhabhtaithe go seasmhach leis an víreas (PI) a dhíol trí na marglanna agus ní mór iad a dhíúscairt i gcníoglan, seamlas nó monarcha feola. Tá an ráta comhlíonta leis an gceanglas tástála don BVD beagán níos ísle ná 100% de na gamhna a bheirtear agus atá á dtástáil don ghalair. Bhí laghdú tagtha ar chásanna ainmhithe P.I. ó 0.66% sa bhliain 2013 go 0.04% sa bhliain 2019. Meastar gur €102 milliún in aghaidh na bliana an coigilteas d'fheirmeoirí mar thoradh ar dhíothú.

An Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme

Tá an Chomhairle Chomhairleach ar Leas Ainmhithe Feirme (FAWAC) ina comhlacht comhairleach neamhspleách don Aire le bonn ionadaíochta forleathan, lena n-áirítear, comhlachtaí ionadaíochta tréidliachta, eagraíochtaí leasa ainmhithe, comhlachtaí feirmeoireachta agus Ranna Rialtais – Thuaidh agus Theas. Ó bunaíodh an comhlacht sa bhliain 2002, tá aitheantas á fháil ag an FAWAC as a ról ríthábhachtach ó thaobh sláinte ainmhithe a chur chun cinn. Cuireann an chomhairle, comhairle shuntasach atá úsáideach ar fáil don Aire agus tá sraith leabhráin treoirilínte foilsithe aici a chlúdaíonn raon réimsí ar nós, na feirmeoireachta déiríochta, mairteola, muiceola, caoireola agus éineola mar aon le treoirilínte leasa ainmhithe do chapail ag tionóil agus margaidh. D'fhoilsigh siad leabhrán treoirilínte maidir le Leas Bólachta in 2019. Tá tuilleadh eolais le fáil ar an láithreán gréasáin www.fawac.ie

An Córas Foláirimh /Luath-Idirghabhála (EWS)

Tá sé mar chuspóir leis an gcóras, a fheidhmíonn faoin FAWAC, creat a chur ar fáil lena féidir fadhbanna leasa ainmhithe a aithint agus déileáil leo sula mbíonn drochbhail orthu. Tagann cásanna leasa ainmhithe chun cinn mar thoradh ar shaincheisteanna a bhaineann le sláinte agus le cúinsí pearsanta úinéir an tréada agus sna cúinsí sin comhairlíonn ionadaithe EWS d'fheirmeoirí cúnamh a lorg ón dochtúir teaghlaigh (GP).

Coiste Comhairleach Eolaíochta um Shláinte agus Leas Ainmhithe

Tá sé mar phríomhfheidhm ag an gCoiste comhairle a chur ar fáil don Aire maidir leis an dearcadh eolaíochta ar shaincheisteanna sa chás gá a bheith le tuairim saineolaí neamhspleách. Baineann an Coiste úsáid as an eolas eolaíochta is fearr atá ar fáil le comhairle a thabhairt maidir le sláinte agus leasa ainmhithe na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú agus cuireann tacaíocht eolaíochta neamhspleách ar fáil don Aire agus don Roinn ar chúrsaí sláinte agus leasa ainmhithe sa chás tacaíocht den sórt sin a bheith mar cheanglas faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ceapadh Coiste nua in 2017 agus áirítear ar na topaicí reatha, laonna a bheathú uair sa lá, feithidí mar tháirgeadh bia, géinitic a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sláinte agus leasa in ainmhithe feirme, Leas Bólachta, Eitinn agus Fiabhras Afracach na Muc.

Eagraíochtaí Leasa Ainmhithe

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn maoiniú de €2.9 milliún ar fáil do 106 eagraíocht leasa ainmhithe ar fud na tíre atá bainteach go díreach le seirbhísí cúraim agus leasa ainmhithe a sheachadadh. Is do ranníocaíocht amháin atá an maoiniú do chostais fhoriomlána na heagraíochta i gceist. Ní mór do gach iarratasóir ar mhaoiniú glacadh le sraith dhian treoirilínte maidir le leas ainmhithe, a bheith ar an bhfód le dhá bhliain nó níos mó, a bheith cláraithe leis an Rialálaí Carthanas agus cuntais mhionsonraithe thacaíochta a sholáthar. Tá mionsonraí maidir leis na hiarratasóirí rathúla le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne <https://www.agriculture.gov.ie/animalhealthwelfare/animalwelfare/fundingtoanimalwelfareorganisations/>

Rialú Capall

Tugadh isteach an tAcht um Rialú Capall 1996 le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí a chruthaítear don phobal ó chapail atá ar strae nó tréigthe. Faoin reachtaíocht is iad na húdarais áitiúla atá freagrach as an Acht a chur i bhfeidhm, agus d'fhéadfadh an tAire Talmhaíochta cúnamh airgeadais a sholáthar do na húdarais áitiúla i dtreo caiteachas a tabhaíodh maidir le rialú gníomhaíochtaí capall. Sa bhliain 2019 chuir an Roinn maoiniú de €290,606 ar fáil d'údarais áitiúla don

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

chaiteachas a tabhaíodh faoin Acht. Leanann an Roinn le rannpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla ar bhonn leanúnach in iarracht coigiltis agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach i bhfeidhmiú an Achta. Sa bhreis air sin, cuirtear maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla le tionscadal capall a fhorbairt ina gceantair faoi seach a chuidíonn le pobal agus ceannaireacht a chothú mar aon le hoideachas in úinéireacht fhreagrach capall i measc daoine óga.

Stádas Saor ó Ghalar Aujeszky Bainte Amach ag Éirinn

Bhain Éire stádas saor ón nGalar Aujeszky amach sa bhliain 2012. Is féidir, mar réigiún atá saor ón nGalar Aujeszky, le húnéirí tréada Éireannacha muca beo a onnmhairiú chuig réigiúin eile atá saor ó AD gan an costas ard a bhaineann le leithlisiú éigeantach, faireachas tréada agus tástáil fola. Tugtar faoi thástáil ar bhonn leanúnach leis an stádas seo a léiriú. Bhí a stádas saor ón nGalar Aujeszky coinnithe ag Éirinn sa bhliain 2019.

Straitéis Náisiúnta Shláinte Ainmhithe Saothraithe 2017-2022

Seoladh Straitéis Náisiúnta Shláinte Ainmhithe Saothraithe 2017-2022 i mí Iúil 2017. Bhí fócas na Straitéise ar shláinte ainmhithe a chur chun cinn mar thiománaí táirge barrfheabhsaithe agus corrlaigh feabhsaithe do tháirgeoirí agus le bia ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. Tá thart ar 70 moladh maidir le gníomh straitéiseach sa Straitéis.

Bunaíodh Comhlacht Athbhreithnithe Neamhspleách faoin Straitéis le maoirseacht chuspóireach agus rialachais a sholáthar agus tá sé de chúram ar an gComhlacht monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar sheachadadh na Straitéise agus aon mionathruithe atá riachtanach le torthaí a fheabhsú a aithint.

Sa bhliain 2019, tionóladh dhá chruinniú den Chomhlacht Athbhreithnithe agus foilseoidh Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2018.

Foilsíú na Tuarascála maidir le Faireachas Galair Capall

Tugadh an tríú Tuarascáil Suirbhé maidir le Sláinte Capall Uile-Oileánda a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn agus ullmhaithe ag Ionad Eachaí na hÉireann don tréimhse 2018/2019, chun críche i mí Deireadh Fómhair 2019. Ba é sin an tuarascáil deiridh faoin gconradh reatha.

Reachtaíocht maidir le Peataí Ainmhithe a Dhíol nó a Sholáthar

Sa bhliain 2019, tugadh isteach reachtaíocht nua maidir le peataí ainmhithe a dhíol nó a sholáthar (Na Rialacháin um Shláinte agus Leas Ainmhithe (Peataí Ainmhithe a Dhíol nó a Sholáthar), 2019 (I.R. Uimh. 681 de 2019). Rannchuidíonn an reachtaíocht seo le breis inrianaitheachta maidir le díolachán peataí. Cuirtear ceanglas ar aon duine a dhíolann níos mó ná 5 pheata sa bhliain clárú leis an Roinn. Duine ar bith a fhógraíonn go bhfuil peata le díol nó le soláthar, ní mór dóibh faisnéis áirithe a chur san fhógra, lena n-áirítear uimhir na micrishlise i gcás madraí.

Ceadúnú Marglann Beostoic

Le tabhairt isteach an Rialacháin maidir le Sláinte agus Leas Ainmhithe (Marglanna Beostoic) 2018 (I.R. Uimh. 128 de 2018), rinneadh foráil do cheadú agus do cheadúnú na marglanna beostoic go léir a bhí ag feidhmiú in Éirinn i rith 2019.

Onnmhairiú Eallach Beo

Tá ról tábhachtach ag onnmhairithe beo in iomaíocht ó thaobh praghsanna a spreagadh d'eallach baile agus ó thaobh malairt ionad margaidh a chruthú d'fheirmeoirí. Áirítear leis an téarma 'onnmhairí' anseo, trádáil idir-phobail.

Tháinig ardú 22% ar onnmhairí beo eallaigh sa bhliain 2019, ó 246,629 gceann in 2018 go 301,563 cheann in 2019. Is iad an Spáinn, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil, an Libia agus an Tuirc na príomh-mhargáí d'eallach Éireannach.

SLÁINTE AGUS LEAS AINMHITHE

Tháinig ardú 36% ar onnmhairí beo go tíortha neamh-AE, ó 19,953 go 27,098, arbh é ardú ar an líon onnmhairí go dtí an Libia ba chúis leis sin, go príomha – ó 5,450 in 2018 go 13,122 in 2019. B'ainmhithe fásta formhór díobh sin.

Leanadh leis an bhfás ar onnmhairí laonna in 2019, ar tháinig ardú 50% orthu idir 2017 agus 2018. Tháinig ardú ar onnmhairí laonna (0-6 mhí) ó 169,229 in 2018 go 207,735 in 2019, ardú 23%, arbh é díolachán níos láidre ainmhithe 0-6 seachtaine d'aois chuig an Ísiltír (ardú ó 46,509 go 82,178) ba chúis leis.

I samhradh 2019, chuir an Roinn cosc iomlán ar eallach agus caoirigh a iompar trí limistéir ina bhfuil an teocht taobh amuigh 30°C nó níos airde. Ag deireadh 2019, thug an Roinn isteach rialacha nua, níos déine maidir le leas ainmhithe le haghaidh onnmhairí laonna, lena n-áirítear méadú ar an méid spás a cheadaítear (e.g. 8% níos mó spáis le haghaidh lao 50kg), cosc ar bhataí a úsáid ar laonna nó gar dóibh in ionaid tionóil, agus comhoibriú níos fearr le húdaráis tréidliachta na Fraince chun an líon laonna a théann trí na poist scíthe in Cherbourg gach lá a rialú.

Sa bhliain 2019, threoraigh an tAire Creed misean trádála chuig an Ísiltír chun casadh le príomh-allmhaireoirí laonna Éireannacha. Leag na páirtithe go léir béim ar an tábhacht a bhaineann le leas laonna agus iad á n-iompar, agus thuairiscigh ionadaithe ó thionscal na hÍsiltíre go mbíonn bail an-mhaith ar laonna Éireannacha nuair a bhíonn siad á n-iompar agus nuair a shroicheann siad an Ísiltír.

Maidir le hacmhainneacht sáinseáin in Cherbourg, d'oibrigh an Roinn go dlúth le húdaráis na Fraince agus in 2019, cheadaigh údaráis na Fraince méadú ar an acmhainn coinneála ag ceann de na Poist Rialaithe in Cherbourg.

D'óstáil an Roinn cuairt ó fhoireann theicniúil, ina raibh oifigigh ón Aireacht Talmhaíochta agus ó ESK (Bord Bainne agus Feola na Tuirce). Tháinig an Roinn ar chomhaontú le húdaráis na hÉigipte in 2019 faoi trí theastas sláinte molta maidir le heallach ramhraithe, maraithe agus pórúcháin a onnmhairiú. Osclaíodh margadh nua d'onnmhairí chuig an gCasacstáin, lenar éascaíodh onnmhairiú breis is 1,000 beithíoch in 2019.



BEOSTOC

Eallach

Lean Cónaidhm Phórú Eallaigh na hÉireann (ICBF) le dul chun cinn thar barr a dhéanamh sa bhliain 2019 i dtreo feabhas a chur ar fhiúntas géiniteach an tréada Náisiúnta déiríochta agus mairteola.

Chuir an Roinn maoiniú €920,000 ar fáil do thionscadail ar aidhm leo feabhas a chur ar bhrabúsacht, amhail feabhas a chur ar an mbunachar sonraí Náisiúnta, ar thástáil sleachta, ar oibriú ionad tástála na Tuláí agus ar thaighde ar mheastóireachtaí géiniteacha.

Áirítear ar bhuaicphointí sonracha don ICBF sa bhliain 2019;

- Feidhmiú leanúnach an Chláir Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola. Tá dlús curtha le gnóthachan géiniteach sa tréad mairteola diúil trí bhíthin an chláir sin.
- Glacadh ard leanúnach leis na Tairbh Déiríochta AI atá roghnaithe go Géanómaíoch, le breis is 60% de na hinseamhnuithe déiríochta taifeadta i leith na dtarbh seo.
- Tuilleadh feabhsúcháin ar an mbunachar sonraí pórúcháin eallaigh Náisiúnta. Leantar le méideanna móra de shonraí riachtanacha a bhailiú ó raon foinsí ar nós feirmeacha tráchtála agus geallsealbhóir tionscail, sonraí atá riachtanach do tháirgeadh innéacsanna pórúcháin ar ardchaighdeán.
- Oibriú na Scéime nua Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil (BEEP), lenar gineadh méid suntasach meáchan ó bha diúil agus a sleacht, rud a chabhróidh leis na hainmhithe is éifeachtúla ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de a shainnithint.
- Leanann an clár tástála sleachta, Gene Ireland, le tástáil a dhéanamh ar an raon tarbh óg a oireann do na coinníollacha uathúla féar-bhunaithe don táirgeadh.

Chuir an Roinn deontas de €850,000 ar fáil don ICBF sa bhliain 2019 chun tacaíocht a thabhairt lena gníomhaíochtaí oibriúcháin ghinearálta.

AICMIÚ MAIDIR LE MART

Is é ról na Roinne a chinntiú go dtugann monarchana maraithe faoi aicmiú conablaigh de réir Rialacháin AE ábhartha.

Tugann foireann na Roinne ón Rannán Aicmithe Mairt faoi chigireachtaí ar mhonarchana feola. Tá na cigireachtaí seo faoi réir ag rialacháin reachtaíochta AE. Déanann oifigigh seiceáil ar fheidhmíocht fhoriomlán an mheaisín grádaithe conablaigh agus ar chaighdeán na gearrthóige a bhaintear úsáid as. Ní dhéanann an Roinn breithniú ar ghrádú conablaigh aonair.

Ní mór seiceálacha oifigiúla a dhéanamh faoi dhó ar a laghad gach uile trí mhí i ngach seamlas a mharaíonn 150 bó-ainmhí ocht mí d'aois, nó níos mó in aghaidh na seachtaine mar mheán bliantúil. I láthair na huaire, déanann an Roinn cigireachtaí ar an láthair gach coicís ar an meán. Déanann oifigigh aicmiú, mar chuid de gach seiceáil, ar íosmhéid de 100 conablach san áit a bhfuil aicmiú meicniúil suiteáilte nó ar 50 conablach san áit nach bhfuil ach aicmiú láimhe i bhfeidhm.

Cigireachtaí

Faoin reachtaíocht, beidh baint ag gach seiceáil ar an láthair le 40 conablach ar a laghad a roghnófar go randamach. Dá bhrí sin, tá an Roinn ag seiceáil i bhfad níos mó ná mar atá riachtanach de réir rialacháin

Deimhneoidh seiceálacha ar an láthair:

- (a) catagóir an chonablaigh mairteola,
- (b) aicmiú, meáchan agus marcáil na gconablach,
- (c) cruinneas modhanna uathoibríochta grádaithe mairteola trí úsáid a bhaint as córas pointí agus teorainneacha a chinneann cruinneas leanúnach an mhodha grádaithe.

Tugann oifigigh údaraithe faoi chigireachtaí gan fógra de réir sceideal cigireachta sa Phlean Rialaithe Bliantúil, sa chás gur tugadh sárúithe ar aird le linn cuairt chigireachta roimhe seo nó sá chás go n-éilíonn gearán a cuireadh faoi bhráid na Roinne cuairt láithreach.

Sa bhliain 2019, rinne oifigigh aicmithe seiceáil ar thart ar 40,000 conablach i gcoinne córas meicniúil aicmithe. Feidhmíonn an t-oifigeach údaraithe, le linn cigireacht

BEOSTOC

den sórt sin, na dualgais seo a leanas:

1. Iniúchadh agus meastóireacht ar fheidhmíocht grádaithe.
2. Meastóireacht ar chaighdeán na gearrthóige le linn an phróisis táirgeachta i bhfíor-am nuair is indéanta ar chonablaigh fuara.
3. Scálaí a sheiceáil agus úsáid a bhaint as meáchain 260 Kg ar scálaí an urláir maraithe (tánaisteach do sheiceálacha NSAI). Iniúchadh ar thaifid a bhaineann le húsáid meáchain seiceála.
4. Comparáid idir meáchain fhuara agus meáchain the.
5. Grinnscrúdú ar mhionsonraí lipéadú.
6. Iniúchadh ar thaifid nó ar phróisis ábhartha, de réir mar is cuí.

Caoirigh

Feidhmíonn Sheep Ireland, an Clár Náisiúnta chun Feabhas a Chur ar an Phóir Chaorach agus iad ag obair i gcomhair leis na geallsealbhóirí. Chuir an Roinn maoiniú infheistíochta de €350,000 ar fáil do raon bearta atá leagtha amach le clár pórucháin den scoth a chur i bhfeidhm. Rinneadh dul chun cinn suntasach i raon réimsí le linn na bliana 2019, lena n-áirítear;

- Fás leanúnach sa líon lucht póraithe reithí ginealaigh atá rannpháirteach i LambPlus, a bhfuil os cionn 40% de reithí a díoladh sa bhliain 2019 mar thoradh air, mar gheall ar fáil a bheith ar fhigiúirí Eurostar.
- Fás leanúnach sa chéatadán de reithí pórucháin ar an margadh a taifeadh dá bhfeidhmíocht sa bhliain 2019.
- Leathnú curtha ar an Tástáil Lárnach Sleachta (CPT), trí ardú a chur ar líon na gcaorach tráchtála atá á dtairfeadh dá bhfeidhmíocht sa chlár seo.
- Naisc bhreise bunaithe le Better Farm, clár caorach Theagaisc trí chomhroinnt sonraí.
- Tuilleadh ardú tagtha ar fheasacht an fheirmeora tráchtála mar thoradh ar an iliomad imeachtaí poiblí maidir leis na buntáistí a bhaineann le measúnachtaí géiniteacha chaoirigh.

Chuir an Roinn €200,000 breise ar fáil do Sheep Ireland mar thacaíocht ghinearálta maoinithe le linn na bliana 2019.

Tionscail Rásaíochta Capall agus Con

Sa bhliain 2019, fuair Rásaíocht Capall na hÉireann €67.2 milliún agus fuair Bord na gCon €16.8 milliún ón gCiste Rásaíochta Capall agus Con.

Tacaíocht don Tionscal Capall Neamhfholáíochta

Aithníonn an Roinn an cion thar a bheith tábhachtach a chuireann an tionscal capall neamhfholáíochta leis an ngeilleagar agus le creatlach sóisialta an iliomad pobal ar fud na tíre. Cuireann an earnáil go mór le hioncam a chruthú ó fhiontar luachmhar malartach feirme ó thaobh na fostaíochta, na turasóireachta, forbairt tuaithe agus ó thaobh pobail agus saol sóisialta agus cultúrtha na tíre. Sa bhliain 2019, tugadh na moltaí a rinneadh sa tuarascáil le Indecon International Consultants a thug faoi athbhreithniú ar Eachspórt Éireann chun críche chomh maith leis an mBord nua don eagraíocht chun a bheith chun tosaigh ó thaobh tuilleadh athruithe a dhéanamh.

Tá soláthar déanta faoin gClár nua Forbartha Tuaithe (RDP) chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar bhrabúsacht san earnáil trí bheart Aistrithe Eolais ag a bhfuil buiséad de €100 milliún.

Bhí os cionn 300 póraitheoir rannpháirteach sa bhliain deiridh de Chlár Aistrithe Eolais Eachaí a tugadh chun críche i mí Iúil 2019. D'fhreastail na rannpháirtithe seo ar chruinnithe chomh maith le Plean Feabhsúcháin Feirme a chur ar fáil i gcomhar lena n-éascaitheoir ceadaithe. Rinne siad comhlánú freisin ar Bhearta Sláinte Ainmhithe i gcomhar le tréidlia ceadaithe.

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn €2.996 milliún ar fáil don earnáil seo trí chuidiú deontais d'Eachspórt Éireann ó thaobh gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeán eachspóirt in Éirinn agus leis an earnáil a fhorbairt.

Sa bhreis air sin, chuir an Roinn €850,000 ar an iomlán ar fáil sa bhliain 2019, do bhearta a bhain le heachaí.

SLÁINTE PLANDAÍ

Straitéis Sláinte Plandaí

Seoladh an Straitéis um Shláinte Plandaí agus Bithshláindáil 2020-2025 in 2019. Is é cuspóir na Straitéise, an baol do phlandaí a chruthófaí sa chás go dtabharfaí isteach agus go mbunófaí lotnaidí agus galair plandaí a íoslaghdú. Tá trí phríomhphrionsabal straitéiseacha mar bhonn taca ag an Straitéis: rioscaí a réamh-mheas, faireachas agus feasacht. Déanfaidh na prionsabail sin soláthar do ghníomhartha sonracha, spriocdhírthe a bheifear in ann a bhaint amach. Bainfear amach iad trí bhíthin comhoibriú leathan agus plean comhaontaithe don chur i bhfeidhm.

Cur le Feasacht

Reáchtáil an Roinn feachtas chun cur le feasacht ar **“Ná Téigh sa Seans!”** ag Bloom agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019. Bhí an feachtas seo dírithe ag lucht taistil idirnáisiúnta, ar thurasóirí agus ar ghnólachtaí tráchtála atá ag tabhairt plandaí, táirgí planda agus nithe eile lena mbaineann ard-riosca atá déanta as ábhar plandaí isteach go hÉirinn ó thar lear. Thacaigh an Eagraíocht Eorpach um Chosaint Plandaí (EPPO) agus an Coimisiún Eorpach go hiomlán leis an bhfeachtas seo trí reachtaíocht leasaithe sláinte plandaí. Tá sé mar chuspóir leis an bhfeachtas aird a tharraingt ar an tionchar a bhíonn ag ábhar planda ionfhabhtaithe nó lotnaidí coraintín agus galair a thabhairt isteach go hÉirinn ar an timpeallacht, ar an ngeilleagar agus go sóisialta.

Rialachán Nua maidir le Sláinte Plandaí

Tháinig éifeacht le Rialachán nua maidir le Sláinte Plandaí an 14 Nollaig 2019. Díríonn an Rialachán seo ar an mbaol ó thaobh tabhairt isteach lotnaidí coraintín chuig an AE a laghdú trí: dhírú ar phlandaí a bhfuil ardriosca ag gabháil leo, liosta de lotnaidí a dtugann an AE tosaíocht dóibh a fhorbairt, leathnú a chur ar raeon na n-oibrithoírí plandaí atá le clárú leis an údarás inniúil, ceanglais níos déine Crios Cosanta a chur i bhfeidhm a éilíonn go mbeidh Pas Plandaí in éineacht le gach planda atá le plandaíl. Bhí an Roinn rannpháirteach i líon Grúpaí Oibre AE ar Achtanna a Tharmligean agus Achtanna a Fhorfheidhmiú don Rialachán seo ar feadh na bliana 2019. Reáchtáil an Rannán Gairneoireachta agus Sláinte Plandaí roinnt seisiún faisnéise faoi na Rialacháin nua sin ag deireadh

2019. Bhí na seimineáir sin dírithe ar dhuine ar bith a phléann le plandaí/táirgí plandaí.

Faoin Rialachán Nua, beidh sláinte plandaí, den chéad uair, faoi réir ag Rialachán Rialúcháin Oifigiúla. Leis sin, beidh seans cómhaoiniú a fháil do na suirbhéanna bliantúla ar lotnaidí tosaíochta. Sa bhliain 2019, thug an Roinn faoi shuirbhéanna ar shláinte plandaí do lotnaidí coraintín áirithe faoi chlár suirbhé maidir le sláinte plandaí a bhí cómhaoinithe ag an AE.

Cur Chuige Uile-Oileánda i leith Sláinte Plandaí

Faoin gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas (NSMC), bhí HPHD ag obair go dlúth le Tuaisceart Éireann leis an gclár oibre sláinte plandaí comhaontaithe a chur i bhfeidhm agus chur chuige uile-oileánda a bhaint amach i leith sláinte plandaí. Sa bhliain 2019, lean an Roinn agus DAERA ag obair i dtreo cuspóir comhroinnte ó thaobh stádas dea-shláinte a bhaint amach agus a chothabháil ar an oileán trí fhaisnéis, eolaíocht agus acmhainneacht diagnóiseach comhroinnte.

Suirbhéanna ar Shláinte Plandaí

Lean an Roinn le suirbhé a dhéanamh do láithreach orgánach dhíobhálach *Phytophthora ramorum* sa bhliain 2019. Braitheadh rian den ghalar i líon plandlanna gairneoireachta /ionaid gharraíodóireachta agus ar phlandaí a allmhairíodh ó Bhallstáit eile. Scríosadh na plandaí agus na plandaí óstacha ionfhabhtaithe go léir sa chomharsanacht.

Tá stádas Crios Cosanta in Éirinn do líon orgánach dhíobhálach atá le fáil i mBallstáit eile agus nach bhfuil le fáil sa tír seo. Déanann an Chigireacht Foraoiseachta suirbhéanna náisiúnta bliantúla ar fhoraoisí chun láithreach speiceas a chinneadh sa chrios cosanta foraoise agus d'fhonn údar a thabhairt le stádas na hÉireann mar Chrios Cosanta. Cuireann sí tuarascálacha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach bliain. Níor braitheadh aon cheann de na horgánaigh seo sna suirbhéanna ar tugadh fúthu le linn na bliana 2019.

I ndeireadh na bliana 2018 d'fhógair Coimisiún Foraoiseachta na Ríochta Aontaithe an chéad toradh maidir leis an gciaróg choirte *Ips typographus* a

SLÁINTE PLANDAÍ

aimsíodh sa mórthimpeallacht sa Ríocht Aontaithe a fuarthas i gcoillearnach i Kent Shasana. Ciallaíonn an toradh seo bagairt mhór go bhféadfaí an chiaróg choirte seo a thabhairt isteach in Éirinn agus tharraing an bhagairt seo suirbhéanna agus monatóireacht bhreise rioscabhunaithe sa bhliain 2019 trí shíneadh a chur leis an monatóireacht shuirbhé Criosanna Cosanta ar an líonra plotaí.

Is ionann *Xylella fastidiosa* agus baictéar a ionfhabhtaíonn fíocháin xylem raon leathan óstach plandaí (os cionn 300 speiceas plandaí). Rinne Éire suirbhé ar an ngalar sa bhliain 2019 agus ní bhfuarthas aon rian den ghalar seo. Sa bhliain 2019, bhí tuilleadh ráigeanna den ghalar i gcríocha an Aontais agus lean an Roinn le páirt lárnach a bheith aici in aon idirbheartaíocht maidir leis an ngalar seo ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an chosaint is fearr is féidir i bhfeidhm ar fhaitíos go dtiocfadh an galar seo isteach sa tír.

Áirítear ar orgánaigh díobhálacha eile ar díol suntais iad agus atá liostaithe i dTreoir an AE maidir le Sláinte Plandaí agus a éilíonn suirbhéanna agus tuairisciú éigeantach ar bhonn bliantúil, *Anoplophora chinensis* (ciaróg fhadadharcach citris), *Anoplophora glabripennis* (ciaróg fhadadharcach Áiseach), *Bursaphelenchus xylophilus* (néimeatóid ghiúise), *Monochamus spp.* (ciaróg sawyer), *Phytophthora ramorum* agus *Gibberella circinata* (cancar péine). Sa bhliain 2019, lean Éire de shuirbhé a dhéanamh do líon lotnaidí eile (lena n-áirítear, *Monochamus spp.*) agus tugadh faoi shuirbhéanna nua do lotnaidí tosaíochta AE, lena n-áirítear, *Agrilus planipennis* (tollaire fuinseoige smaragaide) agus *A. anxius* (tollaire beithe umhadhaite). Níor braitheadh aon cheann de na horgánaigh díobhálacha seo i suirbhéanna sa bhliain 2019.

Sa bhliain 2019, leanadh le suirbhéanna chun láithreach Hymenoscyphus fraxineus (galar Críonadh Siar na Fuinseoige) a chinneadh, chomh maith le ráigeanna den ghalar *Phytophthora ramorum* sa Learóg Seapánach, *Dothistroma septosporum* (*Dothistroma* Needle Blight [DNB]) agus *Lecanosticta acicola* (ar a tugadh *Mycosphaerella dearnessii* roimhe), an gníomhaire is cúis le Brown Spot Needle Blight (BSNB) ar speicis péine. Leanadh leis an Athbhreithniú ar an bhFreagra Náisiúnta ar Ghalar Críonadh Siar na Fuinseoige freisin i rith 2019.

Lean Éire lena reachtaíocht náisiúnta don *Epitrix*. Thug an reachtaíocht seo aghaidh ar an riosca suntasach atá ann d'earnáil na bprátaí dúchasacha a d'fhéadfadh eascairt as ráig den *Epitrix*.

Tugadh faoi chigireacht dhian agus sampláil ar phrátaí síl agus ar phrátaí margaidh sa bhliain 2019. Ní raibh aon rian ann den lobhadh fáinneach i bprátaí, den donnlobhadh ná den *Epitrix* sa bhliain 2019. Tugadh faoi chigireachtaí freisin ar ábhar síolraithe plandaí i roinnt láithreacha ar mhaithe lena chinntiú go raibh ábhar a bhí saor ó ghalar ar fáil.

Ina theannta sin, cuireadh clár gníomhaíochta cuimsitheach sláinte plandaí i bhfeidhm sa bhliain 2019 le cothabháil a dhéanamh ar ardstádas sláinte plandaí na hÉireann agus le reachtaíocht de chuid na hÉireann agus an AE a chomhlíonadh. Rinneadh cigireacht ghrinn ar phlandlanna, ionaid gharraíodóireachta, páirceanna poiblí, gairdíní príobháideacha agus ar an timpeallacht níos leithne do láithreacht lotnaidí coraintín agus sa chás go raibh a leithéid ann, cuireadh bearta díothaithe i bhfeidhm. Thug an Roinn faoi chigireachtaí ar tháirgeoirí plandaí lena chinntiú go raibh na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht AE á chomhlíonadh acu. Chomh maith le sláinte plandaí a chosaint, déanann na cigireachtaí seo éascú freisin ar an trádáil i bplandaí agus i dtáirgí plandaí. Áiríodh ar shuirbhéanna sláinte plandaí 2019:

- Cigireacht ar bhreis is 400 láthair do *Phytophthora ramorum*
- 1,483 sampla tógtha don Smól Dóite (*Erwinia amylovora*)
- Os cionn 1,200 cigireacht don Mhianadóir Duille (*Liriomyza sp.*)
- Os cionn 900 cigireacht don Tobacco Whitefly (*Bemisia tabaci*)
- 730 cigireacht don *Anoplophora chinensis*
- 685 cigireacht don *Anoplophora glabripennis*
- 664 sampla tógtha don Néimeatóid Órga (*Globodera sp.*)
- 474 cigireacht déanta ar láthaireacha don *Xylella fastidiosa*
- 239 sampla don Beet Necrotic Yellow Vein Virus
- 467 cigireacht déanta don *Aromi bungii*
- 151 cigireacht don Zebra Chip.

SLÁINTE PLANDAÍ

Rialuithe Allmhairithe Sláinte Plandaí

Sa bhliain 2019, faoin gClár Rialuithe Allmhairithe Sláinte Plandaí; tugadh faoi 3,428 cigireacht ar choinsíneachtaí plandaí agus táirgí plandaí a allmhairítear go díreach go hÉirinn trí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus trí Chalafort Bhaile Átha Cliath ó thríú tíortha. Is ionann é sin agus ardú 3.5% ar líon na gcoinsíneachtaí a bhí faoi réir ag Rialuithe Allmhairithe Sláinte Plandaí sa bhliain 2018. Rinne cigirí sláinte plandaí 57 idirghabháil ag teorainneacha na hÉireann sa bhliain 2019, áirítear ar na cúiseanna a bhí leo seo, fuarthas lorg orgánaigh rialaithe agus lorg orgánaigh díobhálacha, bhí teastais fíteashláintíochta neamhiomlán ann nó ní raibh a leithéidí ann in aon chor nó bhí an doiciméadacht a bhí curtha ar fáil calaoiseach.

Rialuithe Onnmhairithe Sláinte Plandaí

■ Sa bhliain 2019, faoi Chlár Rialuithe Allmhairithe Sláinte Plandaí na Roinne; rinne cigirí sláinte cigireacht agus deimhniú ar 1,000 coinsíneacht, rud a rinne éascú ar a n-onnmhairiú ó ghnólachtaí Éireannacha go 36 tríú tír ar fud an domhain. Áirítear ar na coinsíneachtaí is mó a dheimhníodh sa bhliain 2019, beatha ainmhithe chun na Síne, an India agus an Chóiré, cásanna muisiriúin chun na hAfraice Theas, an tSeapáin, Iosrael agus Ceanada agus bláthanna gearrtha chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Rialuithe Allmhairithe Sláinte Foraoise

Tugadh faoi chigireachtaí allmhairithe ar bhonn rialtas ar adhmaid agus ar tháirgí adhmaid ó Thríú Tíortha atá rialaithe faoi Threoir an AE maidir le Sláinte Plandaí ar mhaithe le comhlíontacht le ceanglais iontrála a chinntiú mar chuid den phróiseas d'imréiteach Custaim. Sa bhliain 2019, rinneadh seiceáil doiciméadach ar 545 coinsíneacht ó thríú tíortha agus má bhí sé cuí ó thaobh ceanglais, tugadh faoi chigireacht go fisiciúil. Fuarthas naoi gcinn nach raibh ceanglais allmhairithe á gcomhlíonadh acu. Rinneadh bearta cuí sa chás gur braitheadh neamhchomhlíonadh, ag brath ar an gcineál neamhchomhlíonta.

Faoi réimeas margaí inmheánacha an AE, níl earraí a thagann ó thíortha atá laistigh den AE faoi réir ag imréiteach Custaim ach déantar monatóireacht orthu lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar cheanglais Chrios Cosanta na hÉireann. Oibríonn an Roinn dhá Phost Cigireachta Teorann ainmnithe i gcalafort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaigh ar mhaithe le rialuithe allmhairithe foraoiseachta maidir le hearraí ó Thríú Tíortha agus tá oifig i gCalafort Phort Láirge freisin. Clúdaítear lastais atá á dtabhairt isteach go calafort agus aerfoirt eile óna láithreacha seo más gá.

Sa bhliain 2018, tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (2018/1127/AE) nua an Choimisiúin in áit na mbeart speisialta a thug an Coimisiún Eorpach isteach sa bhliain 2013 maidir le cigireachtaí ar ábhar pacáistithe adhmaid a bhain le tráchtarraí áirithe a allmhairíodh chun an AE ón tSín, a chuireann leis an raon tráchtarraí a bhfuil cigireacht le déanamh orthu agus a áiríonn earraí ó Bhealarúis chomh maith leis an tSín. Sa bhliain 2019, rinneadh cigireacht ar 111 coinsíneacht i gcoimeádáin ón tSín, agus braitheadh go raibh ocht gcinn nach raibh ag comhlíonadh na rialacha agus forchuireadh bearta fíteashláintíochta cuí. Chomh maith leis sin, tugann an Chigireacht Foraoiseachta faoin mhonatóireacht ar ábhar pacáistithe adhmaid Portaingéalach maidir leis an mbagairt ó néimeatóid ghiúise (mar a cheanglaítear faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/535 an Choimisiúin, arna leasú) agus ó phacáistí adhmaid ó thíortha eile.

Soláthraíonn an Chigireacht Foraoiseachta comhairle agus déileálann le ceisteanna maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú a bhaineann le hadhmaid/táirgí adhmaid agus le hábhar atáirgthe foraoise. D'fhéadfaí Teastais Fíteashláintíochta a eisiúint freisin le dul in éineacht le coinsíneachtaí áirithe a bhíonn ag fágáil limistéar saorthrádála an AE.

Sa bhliain 2019, bhain tromlach den obair a bhí ar siúl ag an Rannóg Sláinte Foraoise leis an obair ullmhúcháin don Bhreimeacht, go háirithe maidir le pleanáil theagmhasach d'imeacht gan socrú ón AE i Márta agus Deireadh Fómhair na bliana 2019 agus na tionchair a bheith ag a leithéid de chás ar allmhairiú agus ar onnmhairiú táirgí foraoiseachta (lena n-áirítear, ábhar pacáistithe adhmaid) chuig agus ón Ríocht Aontaithe Díríodh ar bhonneagar leordhóthanach a fhorbairt, chomh maith le córais TF agus foireann chun plé le Breimeacht gan mhargadh, dá dtarlódh sin agus a raibh an baol ann ina leith i rith na bliana.

SLÁINTE PLANDAÍ

An Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta

Tá Cigireacht Foraoiseachta na Roinne freagrach as FAO, IPPC, an Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta (ISPM) Uimh. 15, Treoirlíne chun Rialáil a dhéanamh ar Ábhar Pacáistithe Adhmaid sa Trádáil Idirnáisiúnta – do dhéantúsaíocht Ábhar Pacáistithe Adhmaid (WPM) chuig an gCaighdeán seo in Éirinn, a chur i bhfeidhm.

Déantar cur síos in ISPM Uimh. 15, ar bheartais fíteashláintíochta chun an baol ó thabhairt isteach agus/nó scaipeadh lotnaidí coraintín, a shamhlaítear le pacáistiú adhmaid déanta ó adhmaid amh, a úsáidtear i dtrádáil idirnáisiúnta, a laghdú. Ceanglaítear ó thaobh WPM atá á úsáid chun earraí de chineál ar bith a iompar agus atá á onnmhairiú as Éirinn chuig formhór tíortha neamhAE ar fud an domhain, ISPM Uimh. 15 a chomhlíonadh.

Ag deireadh na bliana 2019, bhí 54 comhlacht cláraithe chun feidhmiú faoin scéim in Éirinn. Déantar cigireacht ar chomhlachtaí atá sa scéim chun comhlíontacht leis na Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha comhaontaithe a chinntiú agus lena chinntiú go bhfuil ábhar pacáistithe adhmaid ag comhlíonadh an chaighdeáin go hiomlán.

Measúnacht ar Éagsúlacht na mBarr

Bhí gnáthchoinníollacha aeráide ann arís i séasúr fáis na bliana 2019, agus bhí na dátaí cur síl ag teacht leis an norm i gcás barr éagsúil. Bhí na coinníollacha cur síl do bharr geimhridh 2019 a cuireadh i bhfómhar 2018 an-mhaith ar fad, marbh amhlaidh i gcás chur síl do bharr an earraigh go luath in 2019 agus baint na mbarr go léir amach sa bhliain. Bhí deacrachtaí ann ó thaobh barraí geimhridh 2020 a chur ag deireadh 2019 de bharr drochaimsire, rud a d'fhág go raibh coinníollacha na talún mí-oiriúnach. Mar thoradh air sin, bhí laghdú suas le 50% ar chur síl gránbharr geimhridh i gcomparáid le fómhar 2018. Tháinig torthaí ar ais go dtí na gnáthleibhéil in 2019 i gcás na mbarr go léir. Rinneadh measúnú ar 347 cineál féir, seimre, eorna, cruithneachta, coirce, arbhair Indiaigh fhoráiste, ráibe olashíl, pónairí agus prátaí ar an iomlán sna trialacha Náisiúnta agus i dtrialacha Liosta Molta na bliana 2019. Roghnaíodh as na trialacha seo na cineálacha de gach

speiceas is oiriúnaí do tháirgeoirí Éireannacha agus foilsíodh iad i Leabhráin Liosta Molta atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

An Líon Cineálacha a Rinneadh Measúnú orthu in 2019

Barr	Líon
Gránaigh	175
Féar	114
Arbhar Indiach	20
Ráib Olashíl	25
Seamair	21
Prátaí	12
Pónairí Machaire	11

* Ní chuirtear san áireamh cineálacha a dhúbláiltear i dtrialacha difriúla.

Reachtáladh Lá Oscailte ar éirigh thar barr leis i mí an Mheithimh i gcomhar le Cumann Trádála Síil na hÉireann ag Ceanncheathrú Rannán um Measúnú agus Deimhniú Barr na Roinne atá suite i gCampas Bhacastúin, Léim an Bhradáin, Co. Bhaile Átha Cliath. Óstáladh imscrúduithe trialacha agus cuairteanna eolais freisin do ghrúpaí leasmhara síolraitheoirí, gníomhairí, comhairleoirí agus feirmeoirí ag trí lárionad na Roinne agus ag ionaid trialacha seachtracha eile.

Deimhniú Síolta

Déantar margaíocht síolta san AE a rialáil faoi roinnt scéimeanna ina leagtar amach íoschaighdeáin cháilíochta agus riachtanais lipéadaithe. Déanann oifigigh na Roinne iad sin a fhorfheidhmiú trí bhithin na scéimeanna deimhniúcháin síolta, ina gcuimsítear na príomhbharr talmhaíochta. Níl cead ach na cinn sin a liostaítear i gCatalóg Náisiúnta na hÉireann nó i gCatalóg Choiteann de Chineálacha Speiceas Plandaí Talmhaíochta de Chuid na gComhphobal Eorpach a shaothrú. Tá an Chatalóg Náisiúnta de Chineálacha Plandaí Talmhaíochta (NCAPV) agus an Iris Oifigiúil um Chearta Náisiúnta Cineálacha Plandaí (PVR) le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

<https://www.agriculture.gov.ie/media/migration/publications/2019/NationalCatAgPlantVarieties200318.pdf>

SLÁINTE PLANDAÍ

Tá an Common Catalogue of Varieties of Agricultural Plant Species an AE le fáil ag http://ec.europa.eu/food/plant/plant_propagation_material/plant_variety_catalogues_databases/search/public/index.cfm

Achar na mBarr a Deimhníodh in 2019

	Achar na mBarr a Ceadaíodh faoin Scéim Deimhniúcháin Síolta in 2019 (heicteáir)	Tonnaí Síolta a Deimhníodh faoin Scéim Deimhniúcháin Síolta in 2019
Gránaigh	8,140	53,252
Prátaí	206	2,903
Ráib Olashíl	468	808
Pónairí	210	888

Sa bhliain 2019, allmhairíodh an síol féir go léir a úsáideadh in Éirinn mar shíol deimhnithe agus rinne an Roinn maoirseacht ar fhoirmlíú agus lipéadú na meascán de shíolta féir.

Saotharlann Prátaí Sí

Ar feadh na bliana 2019, rinneadh cothabháil ar 738 cineál (lena n-áirítear síológa prátaí nach bhfuil ainm curtha orthu go fóill) in vitro ag na Saotharlanna Prátaí, Tops, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall. Rinneadh táirgeadh ar thart ar 42,000 miontiúbar prátaí as 31 cineál éagsúil prátaí, mar aon le 10 shíológ prátaí nár ainmníodh, i dtolláin víreas-dhíonacha. Rinneadh tástáil ar 7 síológ prátaí nua agus ar 8 bpráta milis maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus seasmhacht mar atá forordaithe ag an Aontas Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí (UPOV). Rinneadh cothabháil freisin ar bhailiúchán tagartha allamuigh de 648 cineál práta a ainmníodh.

Rinne Oifig Éagsúlachta Plandaí an Chomhphobail (CPVO) measúnú ar an tSaotharlann Prátaí Sí i mí Lúnasa 2018 mar chuid dá gcur chuige maidir le glacadh cúraim agus bunaithe ar chritéar cáilíochta d'oifigigh imscrúdaithe atá ag cur scrúduithe DUS i bhfeidhm thar a gceann. Bhí foireann iniúchta an CPVO sásta leis an gcritéar cáilíochta a bhí i bhfeidhm sa tsaotharlann agus mhol go leanfaidh ar aghaidh leis an gcúram don *Solanum tuberosum* (L.) (práta) agus *Ipomoea batatas* (L.) (práta milis) don chéad tréimhse eile 3 bliana atá amach romhainn. Is í an tSaotharlann Prátaí Sí an chéad agus an t-aon oifig a bhfuil an cúram seo

uirthi maidir le himscrúdú teicniúil a dhéanamh ar an *Ipomoea batatis*.

Gairneoireacht 2019

Mar gheall ar an aimsir in 2019, bhí coinníollacha fáis níos fabhraí ann, i gcomparáid leis an triomach in 2018 agus bhí torthaí níos fearr ag na barra ar fad. Mar sin féin, bhí tionchar ag an bhfómhar fliuch ar thráth sábhála bharrá áirithe.

Bhí éileamh margaidh in Éirinn do tháirgeadh seasmhach i gcónaí ar fud gach aon fo-earnáil, agus éileamh ard ar roinnt thráchtearraí. Mar sin féin, bhí brú anuas ó thaobh praghais ar thráchtearraí amhail glasraí goirt sa bhliain 2019, de bharr arduithe ar phraghsanna a comhaontaíodh in 2018.

Cé gur chabhraigh an téarnamh leanúnach sa gheilleagar níos leithne agus an t-éileamh méadaitheach ar tháirgí agus ar aistí bia planda-bhunaithe le fás aschuir san earnáil, is dúshláin fós don earnáil iad fáil ar shaothar agus costais táirgeachta.

Luach an Aschuir Gairneoireachta ag geata na feirme, 2018 -2019

Táirge	2018 € m	2019 € m	% athrú 2019 v's 2018
Muisiriúin	117	119.2	+1.8
Prátaí	79.6	110.9	+39.3
Glasraí Goirt	75.9	77.8	+2.5
Barra Cosanta	86.9	91.5	+5.2
Barra Torthaí Allamuigh	10.9	10.7	-2.0
Bleibíní, bláthanna allamuigh agus earnáil an duilliúir	9.3	9.44	+0.7
Barra crua plandlainne, agus earnálacha gairneoireachta eile	56.8	57.3	+0.9
Iomlán	436.4	477.0	9.2

Leanadh leis an infheistíocht láidir san earnáil in 2019. Íocadh os cionn €5.8 milliún sa scéim infheistíochta chun an earnáil gairneoireacht tráchtála a fhorbairt agus íocadh €4 mhilliún trí bhíthin na Scéime Eagraíochtaí Tairgeoirí AE.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

SAOTHARLANNA TRÉIDLIACHTA

Víreolaíocht


Cuireann an Rannán Víreolaíochta an acmhainneacht ar fáil don Roinn le galair víreasacha in ainmhithe feirme a aithint agus a thréithriú. Déanann an Rannán seachadadh ar ghnéithe saotharlainne agus eolaíochta maidir le hullmhacht éigeandála atá riachtanach le cosaint a thabhairt i gcoinne galair víreasacha atá andúchasach in Éirinn agus ar na seirbhísí diagnóiseacha, imscrúdaitheacha agus comhairleacha sin atá riachtanach le rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghalair víreasacha in ainmhithe feirme na hÉireann. Sa bhliain 2019, d'óstáil sí deich Saotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) ar ábhair ó Peste des Petits Ruminants go dtí an galar crúibe is béil.

Pléann an Rannán le raon víreas éagsúil, lena n-áirítear: an Galar Crúibe is Béil, an Fliú Éanúil, Gormtheanga, BVD, IBR, Fiabhras Clasaiceach Muc, Confadh agus PRRS. Is cuid den diagnóisic víreasach nua a tugadh isteach sa bhliain 2019 iad Parvovirus PCR Parvaivíreas Muc, PCR Stómaitíteas Saicíneach, PCR Víreas Seneca Valley agus Laraingeatraicéiteas Tógálach ELISA.

Patrúin Taisctí

Bhí patrún na dtástálacha sách cobhsaí le linn 2019. Bhain na buaicphointí maidir le géilleadh buaibheach go díreach leis an gclár náisiúnta díothaithe eitinne bólaigh (graf thíos).

2019 Monthly Testing



Taispeántar achoimre ar fhigiúirí foriomlána 2019 sa tábla thíos sa Rannán Víreolaíochta.

Speiceas	Tástálacha do víreas	Tástálacha d'antasubstaintí	IOMLÁN
Buaibheach	63,054	77,387	140,441
Mucúil	7,278	4,870	12,148
Athchogantaigh Bheaga	3,519	10,551	14,070
Giorriaigh	1,173	0	1,173
Eachaí	488	2,071	2,559
Éanúil	9,701	91,013	100,714
IOMLÁN	85,213	185,892	271,105

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Léirítear sa tábla thíos na cúig phríomhthástáil a rinneadh sa Rannán Víreolaíochta in 2019 do ghalair mhamacha agus éanúla (antasubstaint agus víreas a bhrath)

Rangú	Pataigin (antasubstaintí)	Líon a Líon a tástáladh	Pataigin (víreas)	Líon a tástáladh	Pataigin (éanúil)	Líon a tástáladh
1	BVD	17,853	BVD	21,161	Fliú Éanúil	36,587
2	IBR	8,172	POX	2,920	M. gallisepticum	31,329
3	Schmallenberg	7,471	BTV	2,502	AEV	3,286
4	Galar Gormtheanga	5,632	PRRS	1,757	Ainéime Sícín	2,642
5	EBL	3,723	BHV1	1,387	Bursal D Ionfhabhtaíoch	2,572

Bhí raon de 144 tástáil dhifriúla ag an Rannán Víreolaíochta agus baineadh úsáid astu sa bhliain 2018 ar fud 40 maitrís difriúla – ar an mhaitrís is coitianta sa bhliain 2019 bhí séiream (87.5%), maipíní (5%), scamhóg (1.3%) agus seamhan (1.2%). I rith 2019, thug an Rannán os cionn 50 Tástáil Inniúlachta Seachtraí chun críche go rathúil chun cabhrú lenár stádas creidiúnaithe ISO17025.

An Rannán um Baictéareolaíocht agus Seadeolaíocht

Soláthraíonn an Rannán Baictéareolaíochta agus Seadeolaíochta saineolas ar bhaictéareolaíocht agus ar sheadeolaíocht don Roinn agus óstálann sé Saotharlanna Náisiúnta Tagartha maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhíocróbach agus pataigin zónóiseach de bhunaidh bia, beatha agus ainmhithe. Áirítear orthu sin *Salmonella*, *Campalabaictéar*, *Escherichia coli*, *Mycobacteria*, agus na paraisítí zónóiseacha *Echinococcus*, *Trichinella* agus *Anisakis*. Ina theannta sin, soláthraíonn sé seirbhís diagnóiseach saotharlainne le haghaidh pharaisítí agus *Mycoplasma bovis*.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) do *Salmonella*

Rinneadh saothrú ar na samplaí seo a leanas do *Salmonella* le linn na bliana 2019:

- 1,651 sampla ó fheirmeacha éanlaithe
- 565 sampla a bhain le min nó muileann beathaithe
- 768 sampla sláinteachais phróisis ó mhonarchana próiseála príomhúla éanlaithe nó muc
- 150 sampla múirín nó samplaí gaolmhara
- 550 sampla de phróitéin ainmhithe próiseáilte
- 50 sampla de gheir agus geirdheasadh.

Chomh maithe le:

- Fuarthas 615 aonraíoch *Salmonella* ó shaothrán roghnach de shamplaí oifigiúla nó ó shaotharlanna seachtracha le haghaidh tíopáil shéireolaíoch
- Rinneadh Imoibriú Slabhrúil Polaiméaraíse ar 193 aonraíoch *Salmonella* grúpa B chun idirdhealú a dhéanamh idir *Salmonella Typhimurium* agus *Salmonella Typhimurium monapasach*

Braitheadh antashubstaintí i 4,617 (22.3%) de na 20,668 sampla sú matáin ó mhuca maraithe a tástáladh faoin gClár Náisiúnta Rialála *Salmonella* do mhuca.

Leanadh leis an méadú ar chuir i bhfeidhm na teicneolaíochta Seicheamhú Géanóim Iomláin ag an NRL Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhíocróbach agus *Salmonella* i rith 2019. Thug an NRL *Salmonella* freagra ar roinnt fiosrúchán (ó Shaotharlann Tagartha an AE agus ó FSS) agus foinsé na dtréithchineál *Salmonella* ba chúis le ráigeanna eintritis bia-iompartha i ndaoine san Eoraip nó in Éirinn á chuardach. I gceann de na cuardaigh sin trí bhíthin anailís WGS, nochtadh cás amháin de *S. Typhimurium* i nduine agus in ealta beag ubh-bhreithe, agus bhí aonraíoch a bhí comhchosúil go géiniteach i ngach ceann díobh. Cuireadh stop le táirgeadh uibheacha le díol chomh luath agus a braitheadh an *S. Typhimurium*. Rinneadh cuardach do thréithchineálacha *salmonella* d'aonraíoch ráige trí bhíthin WGS a úsáid i roinnt cásanna eile. Mar gheall nach raibh an tréithchineál *Salmonella* sonrach sin i láthair, ní fhéadfadh ról a bheith ag bia Éireannach ná ag Táirgeadh Príomhúil ina leith. Cuireadh an teicneolaíocht sin i bhfeidhm le himscrúdú ar thraséiliú saotharlainne d'fhonn iontaofacht thorthaí saotharlainne a mhéadú.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

NRL do Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach

Rinneadh faireachas oifigiúil ar AMR i mbaictéir chomhthíosacha agus zónóiseacha i gcomhréir le 2013/652 AE. Rinneadh scagthástáil ar inneachar 300 caochán muc, 300 sampla muiceola agus 300 sampla mairteola le haghaidh ESBL/Amp-C/ carbaimeiniméis – nithe a tháirgeann *Escherichia coli*. Rinneadh tástáil le haghaidh soghabháltacht frithmhiocróbach ar 170 aonraíoch *Champalabaictéar coli* agus ar 200 táscaire comhthíosach *E. coli* ó chaocháin mhuc, chomh maith le *Salmonella* ó mhaipíneachtaí ó chonablaigh muc. Tuairiscítear na torthaí d'Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa agus cuirtear san áireamh iad sa Tuarascáil Achomair AE ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbacha i mbaictéir zónóiseacha agus táscaire ó dhaoine, ainmhithe agus bia.

Foilsíodh an chéad Tuarascáil One Welfare ar Úsáid Frithmhiocróbach agus ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach in 2019. Comhoibriú idir an Roinn Talmhaíochta agus an Roinn Sláinte a bhí ann agus rinneadh anailís mhionsonraithe inti ar thorthaí a gineadh sa NRL idir 2014 agus 2016.

Lean an NRL de sheicheamhú géanóim iomláin a úsáid mar uirlis chun imscrúdú a dhéanamh ar phatrúin fhrithsheasmhachta neamhghnácha in aonraíochta ó thástáil oifigiúil agus in aonraíochta cliniúla tréidliachta ó na RVLanna.

Ach AMR a ailíniú le micribhitheolaíocht le déanaí, tá ardán curtha ar fáil d'fhorbairt bhreise ar an bpíblíne aonraíoch cliniúil a theastaíonn don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus chun feabhas a chur ar acmhainneacht ar feadh na seirbhíse.

NRL don Champalabaictéar

In 2019, thug an NRL Campalabaictéir NRL tacaíocht d'obair an Rannáin Sláinte Phoiblí Tréidliachta (VPH) agus an ghrúpa Páirtithe Leasmhara Campalabaictéir trí bhíthin torthaí Critéir um Shláinteachais Próisis a chur i dtoll a chéile maidir le háireamh campalabaictéir liopóg muineáil. D'eagraigh an tAonad Tionscadal Speisialta (SPU) sa VPH Meabhrán Tuisceana leis na trí phríomhphróiseálaí sicín go luath in 2019 chun

campalabaictéir caocháin ó gach baisc sicíní réamh-thanaí a áireamh. Chabhraigh an NRL le tástáil a chaighdeánú ar feadh na saotharlann phríobháideach a bhí i mbun na hoibre sin agus thosaigh sé ag cur sonraí áirimh caocháin 1 i dtoll a chéile.

Thosaigh an NRL campalabaictéir ar thástáil fóraithe samplaí liopóg muineáil agus caochán 1 i mí Aibreáin. Rinneadh áireamh ar 127 liopóg muineáil agus ar 39 gcaochán in 2019.

NRL do Mycobacteria

Chun tacú leis an gclár náisiúnta díothaithe TB bólachta esa bhliain 2019:

- Rinneadh tástáil ar shamplaí a bailíodh i monarchana feola ó 6,111 bó-ainmhí, maidir le fianaise eitinne. Aithníodh 59% de na hainmhithe sin ag cigireacht tréidliachta iarbháis.
- Tugadh faoi 4,248 tástáil histeapaiteolaíochta agus 3,542 saothrú ar na fíocháin seo.
- Bailíodh 833 saothrú ar fhíocháin broic mar chuid de thabhairt chun siúil an bhroic tar éis ráig den TB buaibheach nó trialacha de vacsaín broc.
- Rinneadh saothrú ar 113 sampla fíocháin ó fhianna.
- Rinneadh tástálacha speiceasaithe míceabhaictéaracha ar 984 aonraíoch.
- Rinneadh tástáil ar 3,518 séiream i TB ELISA chun tacú le himscrúdú tréad.

Cuireadh 392 sampla ar aghaidh i gcomhair saothrú galair Johnhe agus aonraíodh an fospeiceas paratuberculosis de chuid *Mycobacterium avium* ó 73 sampla.

NRL do Sheadáin Zónóiseacha

Leis an sampláil náisiúnta éigeantach ar shionnaigh (Rialachán (AE) 2018/772) agus leis an tástáil a rinne an NRL do Sheadáin in 2019, léiríodh go bhfuil Éire fós saor ó *Echinococcus multilocularis*, ceann de na zónóisí seadánach is marfaí i réigiúin mheasartha agus artacha den Leathsféar Thuaidh. I suirbhé 2019, scrúdaíodh 400 sampla d'inneachar stéige ó na contaetha uile don seadán trí bhíthin PCR-ilphléacs a úsáid. Toradh diúltach a tuairiscíodh i leith gach sampla.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Maidir le gníomhaíochtaí NRL Trichinella, tharla an méid seo a leanas sa bhliain 2019:

- Rinneadh iniúchadh ar dhá shaotharlann phríobháideacha
- Eagraíodh ceardlann do na saotharlanna uile an 10 Bealtaine
- Seoladh an tástáil fháinneach bhliantúil chuig gach saotharlann phríobháideach an 21 Bealtaine

Seadeolaíocht Dhiagnóiseach

Fuarthas samplaí ó raon leathan foinsí i gcónaí (e.g. Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha, tréidliachleachtóirí príobháideacha, seamlais agus ionaid dídine ainmhithe) lena n-áirítear ainmhithe feirme agus ainmhithe coimhdeachta. Rinneadh os cionn 4,500 measúnacht trí bhíthin 13 mhodheolaíocht éagsúla.

Mycoplasma bovis

Sa bhliain 2019, rinneadh tástáil Imoibriú Slabhrúil Polaiméaraíse (PCR) (296 sampla) agus soláthraíodh saothrán roghnaitheach le haghaidh diagnóise, faireachais agus rialú galar riospráide, cásanna airtritis agus maistítis agus ráigeanna tréada arbh é Mycoplasma bovis ba chúis leo.

Gníomhaíochtaí Eile

Rinneadh athbhreithniú ar na coinníollacha chun saotharlanna príobháideacha a bheith ceadaithe ag an Roinn chun tástáil mhicribhitheolaíochta a dhéanamh le haghaidh Salmonella in ealtaí. Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar Sheachtháirgí Ainmhithe, Trichinella agus STEC i rith 2019. Rinne saotharlanna príobháideacha ath-iarratas ar cheadúnú agus foilsíodh liosta cothrom le dáta de na saotharlanna ceadaithe ar láithreán gréasáin na Roinne.

Rinne comhaltaí den Rannán ionadaíocht ar na NRLanna ag ceardlanna Saotharlann Tagartha AE. Rannchuidíonn pearsanra an Rannáin le grúpaí oibre agus le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla sa tionscal, lena n-áirítear: An Grúpa Oibre maidir le Sábháilteacht agus Barántúlacht Bia, An Grúpa Forfheidhmithe Páirtithe Leasmhara Campalabaictéir, Grúpa Páirtithe Leasmhara Thionscal na Muc, Coiste Zónóisí Réigiún an Oirthir, Grúpa Forfheidhmithe agus Grúpa Oibre Teicniúil Ghalar Johnes de chuid Sláinte Ainmhithe Éireann (AHI); Grúpa Rialaithe Seadán AHI; Tascfhórsa an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte ar chóigais fhrithsheadánacha.

Taighde

Chomhoibrigh pearsanra sa Rannán le hinstitiúidí eile ar na tionscadail taighde seo a leanas:

Teideal an Tionscadail	Comhoibrithe
Tackling a multi-host pathogen problem - phylodynamic analyses of the epidemiology of <i>M. bovis</i> in Britain and Ireland	UCD, Ollscoil Dhún Éideann
Disease Profiling of Bovine Tuberculosis Skin Test Reactors in Ireland	UCD
Next generation approaches to improved diagnostics and molecular epidemiology for control of <i>Mycobacterium avium</i> subsp. <i>paratuberculosis</i>	UCD, AFBI
The foodborne emergence and epidemiology of <i>Clostridioides difficile</i> in Ireland	Teagasc, TCD, UCD, DIT

PAITEOLAÍOHT

Cuireann an Rannán Paiteolaíochta tacaíochtaí saotharlainne ar fáil do chláir náisiúnta díothaithe galar, acmhainneacht freagartha Aicme A agus san-imscrúdú ar ghalair thógálacha nó ar imeachtaí tocsaineacha. Cuireann sé tacaíochtaí speisialaithe ar fáil do Shaotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha (RVLanna) na Roinne freisin. Déanann an Rannán óstáil ar thrí Shaotharlann Náisiúnta Tagartha anois (TSE, CEM agus AMR). Sannadh an NRL do AMR don Rannán Paiteolaíochta i mí na Samhna 2019.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) do TSE

Tá an TSE NRL freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú saotharlanna mearthástála TSE in Éirinn, as PT'nna lena baineann ullmhú agus seachadadh samplaí aonchineálacha fíocháin inchinne códaithe chuig RTL'nna agus anailís agus tuairiscí a dhéanamh ar thorthaí ina dhiaidh sin. Bhí na torthaí ar fad sásúil in 2019. Scoir RTL amháin de sheirbhísí mearthástála in 2019.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Figúirí do Thaiscthí TSE

Caoirigh

Toradh NRL	Catagóir Faireachais	2015	2016	2017	2018	2019
Scráibeach Aitiópúil	Gníomhach	6	1	1	9	12
Scráibeach Chlasaiceach	Gníomhach	1	1	11	1	0
Scráibeach Chlasaiceach	Éighníomhach	0	0	0	0	0
Diúltach	Gníomhach	1	1	1	0	0
Diúltach	Éighníomhach	1	0	0	0	1
Diúltach	SMFS	0	0	0	0	0
Iomlán		9	3	13	10	13

Buaibheach

Toradh NRL	Catagóir Faireachais	2015	2016	2017	2018	2019
BSE Dearfach	Gníomhach	1 (Clasaiceach)	0	1 Cineál L-Aitiópúil	0	0
BSE Dearfach	Éighníomhach	0	0	0	0	0
Diúltach	Gníomhach	0	0	0	3	0
Diúltach	Éighníomhach	11	17*	15	19	9
Neamhoiriúnach	Éighníomhach	0	0	0	0	0

*Tuairiscíodh aon chás amháin (1) in 2017 mar a sampláladh an 30 Nollaig 2016

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha do CEM

Déanann an tSaotharlann Mhicribhitheolaíochta Cliniciúla óstáil ar an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha do Mheitríteas Tógalach Eachaí (CEM) (i gcomhar leis an Rannán Víreolaíochta) chun tacú le Cóid Chleachtais Chumann Thógálaithe Capaill Folaíochta na hÉireann. Ceadáíonn an NRL saotharlanna príobháideach do shaothrú lonfhabhtú *Tylorella equigenitalis*, an t-oibreán is cúis le CEM. Cuimsíonn scéim cheadaithe saotharlainne an CEM iniúchtaí cigireachta ar an láthair agus triail inniúlachta bliantúil, nach mór lena stádas a choimeád, agus ní mór go n-éireoidh le saotharlanna iontu sin chun a bheith cheadaithe ag an NRL. Tá deich gcinn de saotharlanna príobháideacha cheadaithe ag an NRL i láthair na huair. D'oibrigh an tsaotharlann sin chun feabhas a chur ar chaighdeán na tástála CEM i saotharlanna príobháideacha trína feidhmeanna NRL, ach iniúchadh, comhairle agus PTanna a sholáthar do na saotharlanna sin.

Faireachas agus Paiteolaíocht Dhiagnóiseach

Soláthraíonn an Rannán Paiteolaíochta paiteolaíocht dhiagnóiseach, tacaíocht imscrúdaitheach don NDCC mar fhreagra ar ghalar amhrasta aicme A agus ar ghalar ardtionchair aicme B, chomh maith le seirbhísí faireachais do na tionscail talmhaíochta ainmhithe, le tagairt faoi leith do na tionscail muc agus éanlaithe. Soláthraíonn an rannán léirmhíniú histeapaiteolaíochta chéad tuairim agus dara tuairim mar thacaíocht leis na feidhmeanna sin. Cuirtear seirbhísí ar fáil do ghníomhaireachtaí eile freisin de réir mar is gá (e.g. prótacal éin chreiche an NPWS).

I rith 2019, tháinig ardú suntasach ar an líon scrúdú iarbháis ar mhuca mar thoradh ar leathnú spriocdhírithé ar scrúduithe iarbháis diagnóiseacha ar mhuca, rud a sholáthair sonraí faireachas níos fearr agus a chuir go gníomh leis an ngaol idir PVPanna muc agus an Rannán Paiteolaíochta.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Scrúduithe Iarbháis Diagnóiseacha

SPEICEAS	Scrúduithe Conablachs
Mucúil	303
Éanúil	230
Ainmhithe fiara	87
Caoirigh	23
Buaibheach	21
Eile*	77
Iomlán	741

*broc, éin chreiche, sionnach & giorria

D'fhreastail an tSaotharlann Histeapaiteolaíochta ar na riachtanais seirbhíse don phróiseáil histeapaiteolaíochta agus don imdhíonacht histiceimice in 2019 do Sheirbhís na Saotharlainne Tréidliachta agus do Rannáin eile na Roinne, amhail ERAD. Rinneadh próiseáil sa Saotharlann ar thart ar 20,000 sleamhnán sa bhliain 2019 le modhanna caighdeánacha ruaimnithe agus le teicnící speisialta ruaimnithe lena n-áirítear an histiceimic imdhíonachta.

Táirgeadh Sleamhnán Histeapaiteolaíochta:

Ullmhú slánchásanna H&E	Iomlán na sleamhnán H&E a táirgeadh	Sleamhnán H&E athghearrtha	Sleamhnán TB H&E	Iomlán na sleamhnán H&E a táirgeadh
4,572	14,113	959	4,408	19,480

Micribhitheolaíocht Chliniciúil

Cuireann an tsaotharlann micribhitheolaíochta cliniciúla seirbhísí micribhitheolaíochta diagnóiseacha ar fáil do sheomra iarbháis Bhacastúin, tugann tacaíocht do RVLanna agus déanann óstáil ar an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha don CEM Cuireadh raon tástálacha agus pacáistí tástála níos fearr ar fáil in 2019, lena n-áirítear píblíníte aonraíoch cliniciúil le haghaidh faireachas AMR. Cuireadh tíopáil agus tréithriú baictéarach ar fáil, chomh maith le soláthar MALDI-TOF mar thacaíocht do na RVLanna.

Ar na tacaíochtaí breise do shaotharlanna in 2019 bhí prótacail tástála níos fearr agus caighdeánú SOPanna saothrán agus AST.

Bithcheimic agus Tocsaineolaíocht

Déantar próifiliú eiliminteach ar ainmhithe sa tsaotharlann Bithcheimice agus Tocsaineolaíochta agus soláthraítear an cumas diagnóiseach chun easnaimh eilimintí agus tocsaineachtaí a chinneadh i bhfíocháin agus i bhfuil ainmhithe maidir le heilimintí éagsúla. Ceann de phríomhfheidhmeanna na saotharlainne is ea tacaíocht dhiagnóiseach a sholáthar maidir le tocsaineachtaí amhrasta i dtréada agus tacaíochtaí d'imscrúduithe idir-ghníomhaireachta ar shláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus an comhshaol. Chuir an tsaotharlann feabhas ar an seachadadh seirbhísí in 2019 trí bhíthin an dara ICP-MS (Plasma Cúpláilte go hIonduchtach – Mais-Speictriméadracht) a chur sa tsaotharlann. Rinneadh anailís ar thart ar 1,438 sampla fíocháin agus fola in 2019 le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas ag ICPMS – As, Cd, Co, Cu, Mn, Mo, Pb, Se. Ina theannta sin, tá tús curtha le tabhairt isteach nósanna imeachta cáilíochta agus taifid sa tsaotharlann, le súil agus creidiúnú ISO 17025 a bhaint amach.

Gníomhaíochtaí:

An Grúpa Saotharlainne Muc

Is grúpa tras-rannáin é seo laistigh de na saotharlanna tréidliachta. Ar na réimsí ar tugadh aghaidh orthu in 2019 bhí feabhas a chur ar an gcóhort eolais ar phaitheolaíocht na muc sa Roinn, acmhainn freagartha níos fearr, lena n-áirítear oiliúint agus tástáil mhicribhitheolaíochta muc níos fearr maidir le pataigin na muc.

An Grúpa Saotharlainne Éanlaithe

Is grúpa tras-rannáin é seo laistigh de na saotharlanna tréidliachta. Ar na réimsí ar tugadh aghaidh orthu in 2019 bhí tástálacha diagnóiseacha ginearálta éanlaithe níos fearr agus diagnóis níos fearr sna hearnálacha éagsúla, straitéisí samplála saotharlainne maidir le víris andúchasacha (e.g. víreas an ghalair Newcastle) agus athbhreithniú ar imscrúduithe ar ghalair ardtionchair aicme B (ráig ILT i mí Lúnasa).

Samplaí d'Imscrúduithe Galar:

Laraingeatraicéiteas Tógalach Éanlaithe (ILT)

Deimhníodh ILT i láithreán císil i gContae an Chabháin i mí Lúnasa. Chomhordaigh an Rannán Paitheolaíochta imscrúdú ar láithreáin a raibh nasc eipidéimeolaíoch eatarthu chun scaipeadh an ghalair a chur as an áireamh. Rinne an Rannán Víreolaíochta seiceamh

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

géine agus fuair fianaise nár scaip an ráig agus gur dhócha gur thréithchineál fiáin ba chúis léi.

Botalas Buaibheach

In 2019, chabhraigh an Rannán Paiteolaíochta le naoi ráig amhrasta den Bhotalas Buaibheach a imscrúdú. Aithníodh an tocsain Botalanam den chineál C/D arna aithint ag ELISA in ainmhithe ó shé thréad agus cuireadh ar aghaidh chuig saotharlanna réigiúnach tréidliachta iad le haghaidh scrúdú iarbháis. Bhí na tréada amhrasta comhdhéanta de chúig thréad déiríochta, trí thréad bó diúil agus fiontar mairteola amháin. Ní mheastar gur baol don slabhra bia é botalas buaibheach, arb é tocsain den chineál C/D go hiondúil é.

Galar Fuilreatha Coiníní (RHD2) sa Ghiորria Éireannach
Dheimhnigh an Rannán go raibh RHD2 i ngiorriacha Éireannacha in 2019 agus rinne sé athbhreithniú histeapaiteolaíochta ar shamplaí cartlainne giorria don Ghalar Fuilreatha Coiníní (RHD2) chun fianaise a chur ar fáil gur galar sách nua sa ghiորria é seo agus thug tacaíocht do bhearta cosanta don speiceas ar an tslí sin.

Tionscadail Taighde:

Abomasitis i Laonna: Tá athbhreithniú fairsing á dhéanamh ar feadh na saotharlann faoi láthair ar chásanna abomasitis i laonna sna blianta 2017, 2018 agus 2019. Is éard is cuspóir leis, sainmhíniú cáis a bheachtú, saintréithe a shannadh do na loit chomhlána agus histeolaíochta agus paitigin ghaolmhar a shainaithint. Tugadh cuairt ar ocht bhfeirm in 2019, sa chás go raibh cásanna oiriúnacha curtha ar aghaidh le haghaidh scrúdú iarbháis, chun faisnéis faoi chleachtais ar na feirmeacha agus tosca riosca féideartha a chur i dtoll a chéile.

Géanómaíocht Mycobacterium bovis: Staidéar ar ghéanómaíocht *Mycobacterium bovis* (2019) i dtimpeallacht ilóstach, i gcomhar leis an rannóg TB agus UCD.

Tionscadal ARREST: I gcomhar le UCD, NUIG agus an rannóg géanóm iomlán sa Roinn, sholáthair micribhitheolaíocht chliniciúil an chuid saotharlainne den mheasúnú micribhitheolaíochta ar chumas bhogaigh thógtha chomhtháite (ICWanna) orgánaigh frithsheasmhacha in aghaidh ábhar frithmhicróbach a bhaint as eisilteach feirme agus foinsí cathracha:

Anailís ar ileilimintí a bhfuil tréachur ard acu a bhailíochtú: Cuireadh tús le dhá thionscadal taighde comhoibríochta chun an réimse eiliminí a leathnú amach agus chun modhanna ileilimintí a bhfuil tréachur ard acu san fhuil (Al, As, Cd, Cr, Co, Cu, Pb, Mn, Mo, Ni, Se, Sn and I) agus i séiream/sreabhán súilí (Ca, P, Na, K, Fe, Zn, Mg) ocular fluid le ICP-MS agus le ICP-OES (Plasma Cúpláilte go hIonduchtach – Speictreascópacht Astaíochta Optúil) faoi seach.

Saotharlann um Rialú Sláinte Phoiblí Tréidliachta

Tá an tSaotharlann Rialaitheach um Shláinte Phoiblí Tréidliachta (VPHRL) creidiúnaithe ag an INAB do ISO 17025:2005, le níos mó ná 30 tástáil anailíseach a chlúdaíonn iarmhair, éilleáin, anailís mhicribhitheolaíochta agus seadeolaíochta faoina scóip i láthair na huaire.

Is í VPHRL an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) do 6 grúpa iarmhar (Oibreáin fhritíoróideacha, Béiteagónaithe, Clórimfeineacól agus Dapsón, Ábhair Fhrithbhaictéaracha lena n-áirítear sulfónaimídí agus cuineolóin, Carbadocs agus Dúile Ceimiceacha) agus le haghaidh E. coli agus Trichinella.


Cheadaigh an Coimisiún Eorpach ábhartha Plean Náisiúnta Iarmhar (NRP) na hÉireann don bhliain 2019. Clúdaíonn an tástáil faoin NRL, 18 grúpa sainiúil iarmhar a thagann faoi trí chatagóir leathan:

- ábhair choiscthe ar nós hormón fás-spreagthach agus béite-agónaithe,
- cógais tréidliachta atá ceadaithe,
- éilleáin chomhshaoil.

Le linn na bliana 2019, tástáladh os cionn 9,000 sampla de bhia de bhunús ainmhí faoin NRP ag an VPHRL.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Líon na samplaí a tástáladh don NRP don bhliain 2019 briste síos de réir substaint, mairtís agus cibé an raibh siad faoi amhras nó mar sprioc. C.Dox: Carbadocs, HM, Dúil cheimiceach, CAP: Clóramfeineacól, Phen: Phenicols, Sulfas: Sulfónaimídí, Trb: Treanbólón



Líon samplaí a tástáladh don NRP sa bhliain 2019 briste síos de réir substaint agus speiceas ainmhithe.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Fuarthas 53,386 toradh aonair ón 9,170 sampla NRP a rinneadh anailís orthu. Bhí na torthaí seo a leanas i gceist:

- Tíreastait i bhfual: 13 bó-ainmhí, 2 chaora agus 1 mhuc D'fhéadfadh baint a bheith aige le cothú.
- Antaibheathaigh i matán bó-ainmhí: Ocht sampla de neamhchomhlíonadh i measc ainmhithe amhrasta: 2 Amoxicillin ag 82 agus 67 ppb, 1 Marbofloxacin ag >300 ppb, 1 Penicillin G ag >100 ppb, agus 4 Ocsaiteitriciglín: 2 ar leibhéal 217 agus 184 ppb agus 2 ar leibhéal >400 ppb.
- Antaibheathaigh i mbainne: Sampla spriocdhírthe amháin inar aimsíodh 510 ppb de Sulphamethazine. Sampla spriocdhírthe amháin inar aimsíodh 430 ppb de Cloxacillin.

Luaidhe i matáin: 2 fhia fhiáin agus i 1 phiasún fhiáin le leibhéal arda a raibh baint acu le urchair miotail.

Micribhitheolaíocht

Cuireann an VPHRL tacaíocht saotharlainne ar fáil do rialúcháin allmhairithe agus don Chigireacht atá bunaithe ag monarchana feola, ag cinntiú comhlíontacht le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta sábháilteachta agus sláinteachais bhia. Sa bhliain 2019, tógadh tuairim is 1,900 sampla oifigiúil den fheoil agus de tháirgí feola ag an bpointe déantúsaíochta agus ag ionaid imscrúdaithe teorann agus tástáladh iad do réimse paraiméadar micribhitheolaíochta. As na samplaí sin, bhí 10 dearfach do Salmonella (2 a fuarthas in éin a bhí allmhairithe) agus 4 sampla do *Listeria monocytogenes*.

Sa bhliain 2019, lean an VPHRL le tástáil a dhéanamh ar chonablaigh mairteola agus gearrthóga feola do Thocsain Shiga a mbíonn baictéir E.coli mar thoradh air chun tacú le honnmhairiú mairteola ó Éirinn chuig margaí na Stát Aontaithe agus Cheanada, rinneadh anailís ar 792 maipín ar chonablaigh, 41 sampla feola cumaisc agus 3 shampla de bhurgair/mionfheoil/mionmhairteoil. Ní raibh ceann ar bith de na samplaí a ndearnadh anailís orthu dearfach. Déanann VPHRL anailís mhicribhitheolaíochta ar uisce ó Oibreoirí Gnó Bia faoi Rialachán na Roinne a

chuireann ceanglas orthu uisce óil a úsáid ina gcuid oibríochtaí. Rinneadh 339 sampla oifigiúil a thástáil sa bhliain 2019 do raon airíonna fisiceimiceacha agus micribhitheolaíochta. As na samplaí sin fuarthas amach go raibh éilliú micribhitheolaíochta de *E. coli*, Colaíoch, Faecal *Enterococci* agus/nó *Clostridium perfringens* i 13 sampla.

Sa bhreis air sin, tugann an VPHRL tacaíocht ó thaobh deimhniúcháin fotháirgí ainmhithe (ABP). Le linn na bliana 2019, áiríodh 690 sampla oifigiúil ar an iomlán de tháirgí ABP (Bia peataí, Próitéin Ainmhithe Próiseáilte, Geir, Geirdheascadh) do leibhéal Enterobacteriaceae agus rinneadh seiceáil ar 165 sampla ó phlandaí múirínithe i gcomhair leibhéal *E. coli*. Léirigh 7 bhaisc leibhéal thar cuimse.

Trichinella

Tugadh faoi thástáil ar 3,294 sampla mucúil agus 240 sampla matán capaill sa bhliain 2019 mar chuid den chlár monatóireachta oifigiúil, agus níor bhfuarthas labhra Trichinella in aon cheann acu.

Saotharlanna na Roinne, Corcaigh

Cuireann Saotharlanna na Roinne i gCorcaigh, atá lonnaithe ar Bhóthar na Modhfheirme, raon seirbhísí anailíseach ar fáil mar thacaíocht don earnáil agriabha. Áirítear ar na príomhréimsí tástála sláinte ainmhithe (galair eallaigh agus muc), sábháilteacht bia and sláinte plandaí. Déantar an obair sin i gcomhar leis na Rannáin rialaithe ábhartha agus príomh-rannáin saotharlainne na Roinne i mBacastún. Tá tréchur samplach le haghaidh 2019 curtha san áireamh sa líon iomlán do gach réimse (féach DSLanna rannóige, Sláinte Plandaí, Saotharlanna Tréidliachta). Anuas air sin, tá tacaíocht anailíseach á soláthar ag Saotharlann Chorcaí do Shláinte Ainmhithe Éireann mar chuid dá gcláir leanúnacha (BVD, IBR agus JDS). D'éirigh leis an tSaotharlann saoráid bhithbhainc a fhorbairt, le tacaíocht ó bhunachar sonraí cuimsitheach a thabharfaidh deis samplaí stóráilte a úsáid le haghaidh tuilleadh staidéir agus imscrúduithe más gá.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

SAOTHARLANNA TALMHAÍOCHTA Saotharlanna Eolaíochta Déiríochta (DSL)

Tá seirbhís na Saotharlainne Eolaíochta Déiríochta comhdhéanta de thrí shaotharlann atá lonnaithe i mBacastún, Corcaigh agus Luimneach. Cuireann siad seo seirbhísí tástála micribhitheolaíochta agus ceimiceacha ar fáil go príomha do shamplaí bainne/táirgí bainne a thógtar ó oibreoirí gnólachta bia déiríochta den chuid is mó. Tá obair na saotharlanna mar bhonn taca le deimhniú na dtáirgí déiríochta d'onnmhairiú freisin. Déantar anailís freisin ar tháirgí úra gairneoireachta atá réidh le hithe agus ar uisce.

Samplaí ó thaobh rialú oifigiúil – Micribhitheolaíocht

Sa bhliain 2019, thug an tseirbhís Saotharlainne Eolaíochta Déiríochta faoi thart ar 18,000 anailís mhicribhitheolaíochta ar 11,167 sampla ó bhunaíochtaí próiseála bainne, ó mhonarchana bainne leachtaigh agus ó tháirgeoirí san earnáil gairneoireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta um shábháilteacht bhia, uisce agus fo-tháirgí ainmhithe. Mar thoradh air sin, eisíodh na fógraí seo a leanas:

- 20 Fógra guaise don tSábháilteacht Bia
- 59 Neamhchomhlíonadh an critéar um Shláinteachas Próisis
- 1 Neamhchomhlíonadh an critéar Fosfatáise/Sárocsaíodáise
- 49 Tuarascáil neamhchomhlíontachta maidir le samplaí uisce
- 2 thuarascálacha neamhchomhlíontachta maidir le samplaí d'fho-tháirgí ainmhithe
- 4 Tuarascáil neamhchomhlíontachta maidir le sampla ón timpeallacht próiseála

Tá Córais Bhainistíochta Cáilíochta i bhfeidhm ag na trí shaotharlanna bunaithe ar chaighdeán ISO17025 chun freastal ar cheanglais Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Sa bhliain 2019, lean na saotharlanna le cothabháil a dhéanamh ar agus ag cur lena scóip creidiúnaithe.

Bhain Bacastún creidiúnú amach do dhá mhodh tástála breise agus d'aon síneadh scóipe amháin. I dteanna a chéile, tá 70 creidiúnú maidir le modhanna tástála ag na trí shaotharlanna ar fud an iliomad mairísí.

Tugadh faoi rannpháirtíocht leanúnach freisin i dtrialacha idirshaotharlainne a bhí eagraithe ag Saotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh.

Samplaí ó thaobh rialú oifigiúil – Ceimic

Déanann na Saotharlanna Eolaíochta Déiríochta i Luimneach agus i mBacastún stiúradh ar anailís chomhdhéanta ar tháirgí déiríochta chun a dheimhniú go bhfuil na ceanglais caighdeán lipéadaithe agus margaíochta atá leagtha síos i Rialachán (EC) Uimh 1169/2011 agus Rialachán 1308/2013 á gcomhlíonadh. Sa bhreis air sin, tugtar faoi anailís i DSL Bhacastún ar bhainne foirmle do naíonáin agus ar bhainne foirmle leantach do naíonáin chun a dheimhniú go bhfuil na paraiméadair chomhdhéanta atá leagtha síos i dTreoir 2006/141 CE á gcomhlíonadh.

Sa bhliain 2019, rinneadh anailís ar 647 sampla chun a dheimhniú go raibh na ceanglais reachtaíochta AE atá mionsonraithe thuas á gcomhlíonadh. Tuairisceoidh 14 tuarascáil neamhchomhlíontachta maidir le hanailís comhdhéanta.

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL)

Sa bhliain 2019, lean Saotharlann Eolaíochta Déiríochta Bhacastún de bheith ag feidhmiú mar an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) do *Listeria monocytogenes*, stafalacocas téachtáis-deimhneach staphylococci agus do víris i mbia.

Soláthraíonn an NRL seirbhís tíópála móilíní agus tréithrithe maidir le haonraíochta *Listeria monocytogenes* ó shaotharlanna eile in Éirinn le hanailís um sheicheamhú géanóim iomláin (WGS) agus PCR. In 2019, mhéadaigh an NRL an úsáid a mbaintear as WGS agus baineadh amach creidiúnú ISO 17025 don mhodh sin. Rinneadh WGS ar *Listeria monocytogenes* agus ar Shiga-toxin *E. coli* (STEC). Rinneadh anailís PCR ar 2,950 aonraíoch *L. monocytogenes* agus rinneadh tréithriú ar 249 agus WGS á úsáid. Cuirtear an fhaisnéis tíópála sin ar ais chuig na saotharlanna taiscthe agus is féidir le hoibreoirí gnólachtaí bia leas a bhaint astu chun foinsí éillithe a rianú agus chun a fháil amach an bhfuil tréithchineálacha buana in áitribh áirithe. Úsáidtear freisin é mar bhonn eolais do EFSA i gcásanna ráigeanna bia-iompartha idirnáisiúnta.

Tugann an NRL faoi anailís freisin ar bhrath na neintreatocsainí Stafalacocúla sa bhia, agus is í an t-aon saotharlann sa tír a chuireann an tseirbhís seo ar fáil, tugtar

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

faoi thíopáil mhóilíneach freisin chun a fháil amach an bhfuil géinte in aonraigh CPS atá riachtanach chun eintreatocsainí a tháirgeadh agus sa bhliain 2019 rinneadh an anailís seo ar 21 aonraíoch.


Lotnaidicídí, Sláinte Plandaí, Ábhar Beatha agus Saotharlanna Tástála Síl

An tSaotharlann Iarmhair Lotnaidicídí

Is í an tSaotharlann Iarmhair Lotnaidicídí an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha chun iarmhair lotnaidicídí i dtorthaí agus glasraí, gránbharra agus bia ardsaille a bhrath agus ina gcleachtar modhanna iarmhair aonair.

Sa bhliain 2019, thug an tSaotharlann Iarmhair Lotnaidicídí (PRL) faoin tástáil a bhí riachtanach faoin gclár rialúcháin iarmhair lotnaidicídí atá comhaontaithe faoi chonradh seirbhíse na Roinne leis an FSAI. Léirítear an céatadán de gach maitrís nó cineál sampla sa phíchart a leanas (as na 1,601 sampla a fuarthas lena dtástáil in 2019).


Pesticide Residue Lab samples



FRUIT AND VEGETABLES	54%
FATS	20%
OILS	1%
CEREALS	5%
FEED	6%
MILK	5%
EGGS	2%
BABYFOOD	5%
HONEY	1%
WATER	1%

D'fhonn éifeachtúlacht a uasmhéadú, úsáidtear meascán de mhodhanna il-iarmhair agus iarmhair aonair sa tsaotharlann. Tugtar thíos an líon lotnaidicídí dá ndéantar anailís ar gach tráchtarra. Tá creidiúnú ISO 17025 ag formhór na meascán modhanna tástála agus maitrise sin (barraí glasa) ach ní chuimsítear go hiomlán roinnt díobh fós i raon feidhme an chreidiúnaithe (barraí buí).

Number of analytes per method



Is achoimre é seo a leanas ar na samplaí a ndearnadh

	Sampla	> MRL	% > MRL
Torthaí agus Glasraí	867	7	0.8
Saill	325	0	0.0
Olaí	10	0	0.0
Gránaigh	83	8	9.6 ²
Beatha	99 ¹	0	0.0
Bainne	74	0	0.0
Uibheacha	30	0	0.0
Beatha páistí	72	0	0.0
Míl 19	0	0.0	
Uisce	22	0	0.0
Iomlán =	1,601	15	0.9

1 - Rinneadh anailís le haghaidh PCBanna ar 70 sampla beatha mar mhodh scagtha do láithreach de-ocsaíní agus sin amháin.

2 - Fuarthas go raibh 5 chinn de na samplaí grán buí a ndearnadh anailís orthu mar chuid d'imscrúdú os cionn an MRL.

Sáraíodh an Leibhéal Uasta d'Iarmhair (MRL'nna) d'iarmhair lotnaidicídí sa bhia i 15 sampla a fuarthas in

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

2019.

An tSaotharlann Foirmlíocháin Lotnaidicíde

Cuireann an tSaotharlann Foirmlíocháin Lotnaidicíde (PFL) an tacaíocht anailíseach ar fáil atá riachtanach chun cáilíocht na dtáirgí cosanta plandaí ar mhargadh na hÉireann a dhearbhu. Sa bhliain 2019, rinneadh anailís ar 49 sampla de tháirgí cosanta plandaí chun a sheiceáil go raibh a gcomhdhéanamh ag comhlíonadh na sonraíochtaí táirgí údraithe. As na samplaí a rinneadh anailís orthu, ní raibh aon cheann nach raibh de réir na sonraíochta.

Sampla	Substaint Ghníomhach	Lasmuigh den tSonraíocht	Tástálacha Fis/Ceim	Lasmuigh den tSonraíocht
49	72	0	33	1

Sláinte Plandaí

Bacastún:

Oibríonn an tSaotharlann Sláinte Plandaí (PHL) go dlúth leis na Rannáin Rialaithe sa réimse sláinte plandaí ag cur seirbhís anailíseach agus saineolas ar fáil do lotnaidí agus galair plandaí rialaithe faoin Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625.

Sa bhliain 2019, rinneadh anailís sa tSaotharlann ar na samplaí seo a leanas:

Catagóir sampla	Líon samplaí a rinneadh anailís orthu	Líon Samplaí a bhí dearfach d'orgánaigh coraintín
Samplaí paiteolaíochta planda	848	185
Samplaí feithideolaíochta	247*	29

*Cuireadh 30 sampla ar aghaidh chuig saotharlann eile lena ndeimhniú

Rinneadh tástáil le haghaidh os cionn 30 orgánach coraintín laistigh de na figiúirí samplaí sin. Is é an PHL an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) do na 6 Shaotharlann Eorpacha Tagartha (EURLanna) comhfhreagracha a leanas:

Feithidí agus fineoga
Baictéir,
Fungais agus úimicéit,
Vírís, víoróidigh agus fíteaplasma,
Néimeatóidí,
Sláinte beach mheala,

Fuair an PHL an chéad chreidiúnú faoi ISO 17025 in 2019, de réir mar a éilítear anois mar gheall go bhfuil Sláinte Plandaí laistigh dá raon feidhme faoin Rialachán nua um Rialú Oifigiúil.

Corcaigh:

Rinne saotharlann Chorcaigh tástáil ar 1,507 samplaí plandaí do *Erwinia amylovora* (a bhíonn mar chúis leis an ngalar Smol Dóite *Rosaceae*) agus 434 sampla prátaí do *Clavibacter michiganensis sepedonicus* agus *Ralstonia solanacearum* (a bhíonn mar chúis leis an ngalar Lobhadh Fáinneach Prátaí agus le Donnlobhadh Prátaí). Sa bhreis air sin, rinne saotharlann Chorcaigh foshampáil ar shamplaí den *Hymenoscyphus fraxineus* (a bhíonn mar chúis leis an ngalar Chalara/Críonadh Siar na Fuinseoige).

An tSaotharlann Ábhar Beatha

Leis an tSaotharlann Ábhar Beatha (FSL), soláthraítear saineolas agus anailís saotharlainne ar bhia ainmhithe maidir le héilliú ó fheoil, min cnámh agus ábhair thoirmiscithe eile. Is FSL an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha (NRL) atá ainmnithe chun an phróitéin ainmhithe a bhrath in ábhar beathaithe (NRL-AP).

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Sa bhliain 2019, rinneadh anailís sa tsaotharlann ar na samplaí seo a leanas:

Cineál na hanailíse	Líon samplaí a rinneadh anailís orthu	Líon samplaí a bhí os cionn na teorann braite
Láithreacht próitéin próiseáilte ainmhí (PAP) (Rialachán (CE) Uimh. 51/2013 ón gCoimisiún).	326	*1
Láithreacht ábhar coiscthe (Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ón gCoimisiún).	37	08
Idirshaotharlainne NRL agus inniúlachta i gcomhlíonadh le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004	63	Ní bhaineann

*Gan fógart mar bhia peataí

Fuair an tsaotharlann 13 sampla freisin de chruithneacht agus d'eorna a bhí dírithe ar bheatha ainmhithe agus rinne an tsaotharlann tástála síl tástáil bhreise ar na samplaí seo ó thaobh neamhghlaine luibheolaíochta de réir Rialachán 2002/32/AE.

Tugadh faoi rannpháirtíocht leanúnach freisin i dtrialacha idirshaotharlainne a bhí eagraithe ag Saotharlanna Tagartha (EURL) an Aontais Eorpaigh. Bhain siad sin le trialacha micreascópachta agus móilíneacha le haghaidh ghnáthmhaitrise ábhar beatha agus, den chéad uair, bia éisc ina raibh bia feithidí tráchtála. Bhí baint ag an tsaotharlann le hathbheithniú agus dréachtú ar an Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 51/2013 ANNEX II ón gCoimisiún i gcomhar leis an líonra EURL-AP agus NRL.

Tá an tsaotharlann ábhar beatha ina comhalta den IAG – Comhlachas Idirnáisiúnta um Anailís ar Ábhair Bheatha, agus aistríodh aird an ghrúpa go dtí micreaphlaisteach i mbeatha sa bhliain 2019.

Tionscadail agus Imscrúduithe Speisialta:

“Imscrúdú ar an tionchar atá ag comhábhair bainne-bhunaithe ar phróitéin ainmhí toirmiscthe i mbeatha a bhrath. Bunaíodh an taighde ar iontaofacht an mhodha cainníochtúil PCR chun beatha a scrúdú le haghaidh láithreachta DNA ainmhithe.”

Imscrúdú ar bhloghanna matán feithidí.
Tástáil Síil

Cuireann an tSaotharlann Tástála Síil (STL) seirbhís tástála síil ar fáil do Rannáin Rialaithe laistigh den Roinn, do cheannaithe síl, d'fheirmeoirí, do shaothróirí agus do phlandlanna foraoise. Tá creidiúnú ag an tsaotharlann ón gCumann Idirnáisiúnta don Tástáil Síil (ISTA). Ní mór don chuid is mó de na síolta talmhaíochta agus gairneoireachta caighdeáin íosta a shásamh don phéacadh, do ghlaire anailíseach agus d'ábhair shíolta eile sula gcuirtear ar an margadh iad.

Cuireadh 7,874 tástáil síil ar an iomlán i gcrích le linn na bliana 2019 ar ghránaigh, féir, barra foráiste, ola-shíolta, piseánaigh, glasraí, crainn, srl. Is é % an

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

bhriseadh síos de réir cineálacha tástála:

Cineál Tástála	% de thástálacha síl ar an iomlán
Péacadh	60%
Glaine anailíseach	22%
Folláine síl	5%
Inmharthanacht síl (teatrasóiliam)	6%
Comhairleach	7%

Cé go raibh caighdeán maith ag síolta gránbharr geimhridh a baineadh in Éirinn i rith 2019 bhain cáilíocht níos éagsúla leis an mbarr síl ó ghránbharr earraigh agus bhí leibhéil níos airde inmharthanachta laghdaithe le feiceáil san anailís.

Coimeádann an tSaotharlann Tástála Síil an Banc Géinte Náisiúnta i gcomhar leis an Rannán Meastóireachta agus Deimhniúcháin Bairr. Sa bhliain 2019, rannchuidigh an STL le clár athghiniúna agus tréithrithe ar ghránaigh oidhreachta agus ar speicis gaolta fiáin barr. Tugadh athghiniúint eile chun críche ar ghránaigh oidhreachta i dteach gloine STL i rith mhíonna an gheimhridh.

Lean an tSaotharlann Tástála Síil i gcomhair leis an Rannán Meastóireachta agus Deimhniúcháin Bairr le clár athghiniúna bairr agus gaolta fiáin bairr. Déanann an tSaotharlann cothabháil ar Bhanc Géinte Náisiúnta Síolta Gránaigh agus Gaolta Fiáin Bairr. Leanadh leis an athghiniúint ar shíolta de chineálacha eorna “oidhreachta” sa bhliain 2019 le súil agus tráchtáil a dhéanamh orthu in éineacht le clár tréithrithe do na gránaigh oidhreachta sin.

Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnach (RVLanna)

Is líonra saotharlann diagnóiseach tréidliachta ildisciplíneacha beag iad na Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha. Tá siad lonnaithe ag Baile Átha Luain, Bacastún, Corcaigh, Cill Chainnigh, Luimneach agus Sligeach. Bunaíodh an líonra os cionn 50 bliain ó shin agus tá sé ar tí tosú ar na saoráidí a bunaíodh an tráth sin a athchóiriú agus a athfhorbairt. Soláthraítear seirbhís imscrúdaithe allamuigh agus seirbhís diagnóise tarchuir sna saotharlainne sin, lena n-áirítear scrúduithe iarbháis do choimeádaithe bia ainmhithe in Éirinn, trína dtréidlia-chleachtóirí. Tarchuireann

tréidlianna conblaigh le haghaidh scrúdú iarbháis nó samplaí le haghaidh tástáil saotharlainne chun diagnóis a dhearbhu nó a chinneadh, go háirithe i gcásanna nárbh fhéidir diagnóis a dhéanamh orthu ar fhorais chliniciúla, nó go háirithe sa chás go bhfuiltear in amhras galar andúchasach nó galar nua a bheith ag teacht chun cinn, nó bagairt ar an slabhra bia. Téann tréidlia-chleachtóirí i dteagmháil leis na RVLanna chun cásanna deacra a phlé leis na hoifigigh tréidliachta ar dualgas atá in ann cabhrú le plean diagnóise a cheapadh. D'fhéadfadh tarchur ábhair le haghaidh scrúdú iarbháis nó saotharlainne a bheith i gceist leis sin, nó imscrúdú allamuigh arna dhéanamh ag an RVL.

Chomh maith le cúnaimh a thabhairt maidir le teacht ar dhiagnóis agus ar chóireáil chuí chun leas ainmhithe agus éifeachtúlacht táirgeachta a fheabhsú, cuirtear córas réamhrabhaidh ar fáil freisin leis an tseirbhís seo chun bagairt ar an slabhra bia nó galar nua nó andúchasach a bhrath, agus cumasaítear freagairt thráthúil agus éifeachtach orthu. Soláthraítear sonraí faoi ghalair ainmhithe ag na torthaí agus ag na sonraí arna nginiúint le Saotharlanna Tréidliachta Réigiúnacha na Roinne agus cuirtear na sonraí sin le sonraí comhchosúla arna nginiúint le seirbhís den chineál céanna i dTuaisceart Éireann mar Thuarascáil Faireachais Uile-Oileánda ar Ghalair Ainmhithe. Idir na Tuarascálacha Bliantúla, foilsítear an Veterinary Ireland Journal tuarascáil mhíosúil ina dtugtar achoimre le léaráidí ar bhuaicphointí agus ar thorthaí tábhachtacha. Foilsítear athbhreithniú ráithiúil ar shonraí agus ar threochtaí na RVLanna ar láithreán gréasáin na Roinne faoi Fhaireachas ar Ghalair Ainmhithe ag <http://www.animalhealthsurveillance.agriculture.gov.ie/>

Eisítear sonraí, torthaí agus foláirimh eile trí bhíthin tuarascálacha agus páipéir eolaíochta, postálacha ar láithreáin ghréasáin agus ailt sa phreas tréidliachta agus feirmeoireachta.

Soláthraíonn na RVLanna breis seirbhísí tacaíochta i réimsí gaolmhara ábhartha amhail cláir dhíothaithe galar na Roinne agus Shláinte Ainmhithe Éireann, faireachais ar fhiadhúlra, rannpháirtíocht ar choistí réigiúnacha zónóise. Tugann na RVLanna rannchuidiú saineolach le Grúpaí Oibre Teicniúla AHI, agus le Grúpaí Saineolaithe na Roinne féin maidir le speicis agus disciplín.

SEIRBHÍS SAOTHARLAINNE

Ualach oibre na RVLanna -	2019
Scrúduithe Iarbháis: Conablaigh	5,456
Scrúduithe Iarbháis: Féatais	2,244
Paiteolaíocht chliniciúil tarchurtha*	11,540

* Is ionann "tarchurtha" agus áireamh ar bhaisceanna samplaí ó fheirm nó teagmhas arna gcur ar aghaidh agus d'fhéadfadh sampla amháin nó cúpla céad sampla a bheith i gceist leo

Forbairt Straitéiseach ar an tSeirbhís Saotharlainne

Rinneadh Athbhreithniú Straitéiseach ar Shaotharlanna na Roinne sa bhliain 2016 mar chuid de thiomantas na Roinne a chinntiú go mbeidh ár Saotharlanna in ann freastal ar riachtanais reatha na heagraíochta agus ar na riachtanais sa todhchaí, agus ar riachtanais a páirtithe leasmhara seachtracha, an phobail feirmeoireachta, an tionscail bhia agus na sochaí i gcoitinne. Rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil sin maidir le athstruchtúrú, bainistiú oibriúcháin agus forbairt straitéiseach. Tá an clár athraithe casta sin roinnte ina shraith tionscadal ar feadh na rannán éagsúil sna saotharlanna, ag díriú ar:

- Ceimic Bhia
- Micribhitheolaíocht Bhia
- Eolaíocht Plandaí
- Sláinte Ainmhithe
- Bainistiú Cáilíochta
- Saotharlanna Réigiúnacha
- LIMS
- Samplaí a Fháil
- Soláthar agus Stóir
- Pleanáil Spás Oibre

Tá na tionscadail sin dírithe ar na Saotharlanna a éascú chun éifeachtúlacht oibriúcháin agus sármhaitheas eolaíochta níos mó a bhaint amach, fad a fhiosraítear deiseanna chun sineirgí níos mó agus bainistiú níos éifeachtaí ar a gníomhaíochtaí éagsúla.

Sa bhliain 2019, thug RSM Ireland tuarascáil ar anailís costais is tairbhe (CBA) chun críche maidir le roghanna molta d'fhorbairt na Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach (RVLanna) amach anseo agus chuir an

tuarascáil faoi bhráid na Roinne. Tá machnamh cúramach déanta ar na tátail agus ar na moltaí sa CBA, chomh maith leis an aiseola a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus tá sin uile mar bhonn eolais do thogra faoin tslí is fearr chun na RVLanna a athfhorbairt sna blianta amach romhainn. Ina dhiaidh sin, d'fhógair an Roinn mionsonraí faoi phlean deich mbliana a cheadaigh an Rialtas maidir lena saotharlanna réigiúnacha a fhorbairt, go luath i mí Mheán Fómhair.

Is éard a bheidh i gceist leis an bplean, athfhorbairt chéimnithe agus infheistíocht iomlán réamh-mheasta €33.5 mhilliún i gcaitheamh na ndeich mbliana go dtí deireadh 2028. Tógfar saotharlanna nua i gCill Chainnigh, i Sligeach, i gCúige Mumhan (ar láithreán idir Corcaigh agus Luimneach atá le roghnú fós) agus i mBaile Átha Luain. Forbrófar na saoráidí a shamhlaítear do Chúige Mumhan mar ionad barr feabhais maidir le himscrúdú agus faireachas ar ghalair in eallach déiríochta faoi dheireadh 2026.

Áirítear ar roinnt de na garspriocanna tionscadail is suntasaí a baineadh amach sa bhliain 2019: Ceapadh beirt Cheann Rannáin nua do na rannáin Ceimic Bhia agus Micribhitheolaíocht Bhia. Ba é sin an chéad chéim aistrithe i dtreo dhá fhoireann Rannáin ildisciplíneacha nua d'obair a bhaineann le Sábháilteacht Bia. Táthar ag leanúint den obair chun tograí ar chumrú limistéir oibre, ról, freagrachtaí agus línte tuairiscithe foirne a dhréachtú laistigh de na Rannáin nua sin.

Bunaíodh foireann tionscadail chun Córas Bainistithe Faisnéise Saotharlainne nua (LIMS 2.0) a dhearadh, a fháil agus a fhorbairt. Foilsíodh Iarraidh ar Fhaisnéis (RFI) do sholáthróirí LIMS ar eTenders mar an gcéad chéim de dhianchleachtadh soláthair.

Mar chuid de thiomantas leanúnach a chinntiú go mbeidh na baill foirne uile atá lonnaithe i saotharlanna ar an eolas faoin raon tionscadal agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile atá ar siúl faoi láthair i Saotharlanna na Roinne, d'eagraigh an Oifig Bainistiú Tionscadal "Lá Oscailte" faisnéiseach ar éirigh thar cionn leis.

2

SPRIOC STRAITÉISEACH TACAÍOCHTAÍ AGUS RIALÚCHÁIN FEIRME/EARNÁLA

*Ioncam agus tacaíochtaí margaidh a chur
ar fáil mar bhuntaca leis an ngeilleagar tuaithe
agus comhshaoil*

FEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

An Plean Forbartha Tuaithe 2014-2020 (RDP)

Tá an Clár mar chuid den Chomhbheartas Talmhaíochta (CAP) agus tá sé cómhaoinithe ag Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe an AE (EAFRD) agus ag an státchiste náisiúnta. Ghlac an Coimisiún Eorpach go foirmiúil le RDP 2014-2020 na hÉireann i mí na Bealtaine 2015, agus tá raon leathan beart ann a thacaíonn le hearnáileacha na feirmeoireachta agus a thugann tacaíocht d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.


Is ionann tacaíocht an AE don RDP faoin EAFRD agus €2.19 billiún thar shaolré 7 mbliana an Chláir. Déanfar forlónadh ar an maoiniú AE trí mhaoiniú Státchiste, chun tacaíocht thart ar €4.146 bhilliún a chur ar fáil ar an iomlán faoin RDP. Tá bearta an RDP ceaptha freastal ar na trí phríomhchuspóir do mhaoiniú RDP a leagtar amach i reachtaíocht an AE:

Cur le hiomaíochas na hearnála agriabha; Bainistiú níos inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha a bhaint amach, agus, Forbairt níos cothromaithe ar cheantair agus gheilleagracha tuaithe a chinntiú. Tá scéimeanna go léir an RDP ag feidhmiú go hiomlán. Sa bhliain 2018, rinneadh líon leasuithe ar an gclár. Go

sonrach, ceadáíodh €25 milliún breise do Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ANC). Cuireadh athruithe ar ghníomhartha GLAS (an scéim agrachomhshaoil) le haghaidh a thabhairt ar ghanntanas fodair a bhí mar thoradh ar an drochaimsir. Chuir an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach fáilte roimh 60 iarratasóir nua sa Scéim in 2019.

Tá feidhmíocht an-mhaith ag Éirinn ó thaobh an Clár Forbartha Tuaithe a chur i bhfeidhm. Rinne Éire 79% de mhaoiniú AE a tharraingt anuas sa tréimhse 2014-2019, an dara ráta ab airde san AE i gcomparáid le meánráta 58% san AE. Tá an Clár ag oibriú go hiomlán agus tá formhór mór na mbeart/scéimeanna á réachtáil ar leibhéal optamach; bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha, táthar ag súil go dtarraingeofar anuas an maoiniú AE uile faoi dheireadh an Chláir.

Rinne Indecon International Economic Consultants meastóireacht lárthéarmach ar an gclár sa bhliain 2019. Tá an tuarascáil iomlán sin le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne. Tugadh tionchar dearfach an Chláir ar an ngeilleagar tuaithe ar aird sa tuarascáil, tugadh aitheantas dá ról ó thaobh tacú le fostaíocht tuaithe, iomaíochas a fheabhsú, an tírdhreach tuaithe a chothabháil agus tacú le gníomhartha dearfacha don aeráid agus don chomhshaoil.



FEIRMEOIREACTH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

Líonra Náisiúnta Tuaithe (NRN)

Is riachtanas reachtúil AE é NRN a bhunú mar chuid de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann agus maoinítear é tríd an mbuiséad cúnamh teicniúil. Is é Nasc Tuaithe na hÉireann, i gcomhar le The Wheel, Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Philip Farrelly and Co., an tAonad Tacaíochta Líonra a oibríonn an NRN. Is é ról an NRN:

- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i bhforfheidhmiú an Chláir Forbartha Tuaithe a mhéadú;
- Feabhas a chur ar cháilíocht fhorfheidhmiú an Chláir Forbartha Tuaithe;
- An pobal i gcoitinne agus tairbhíthe ionchasacha a chur ar an eolas faoin mbeartas forbartha tuaithe agus faoi dheiseanna maoinithe;
- Nuálaíocht a chothú i dtalmhaíocht, i dtáirgeadh bia, i bhforaoiseacht agus i gceantair thuaithe.



National Rural Network

Comhoibríonn an NRN leis an nGréasán Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (ENRD) trí bheith rannpháirteach ag cruinnithe agus malartuithe ar leibhéal AE, samplaí de thionscadail, dea-chleachtas agus faisnéis a sholáthar do staidreamh líonra, agus trí bhíthin go leor rannpháirtíocht eile. Féachtar ar ghné Eorpach an líonra mar ghné a chuireann príomhdheiseanna agus samplaí dea-chleachtas ar fáil maidir le forbairt agus nuálaíocht tuaithe a d'fhéadfaí a scrúdú agus a mhacasamhlú i gcomhthéacs na hÉireann. Tá tuilleadh mionsonraí faoi obair an dá líonra, lena n-áirítear cás-staidéir, taighde, líonraí, nuachtlitreacha, le fáil ar láithreáin ghréasáin an NRN agus an ENRD.

An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaol na Talmhaíochta

Ceadaíodh os cionn 50,000 rannpháirtí isteach i nGLAS faoi GLAS 1, 2 agus 3. Sáraíodh an spriocleibhéal rannpháirtíochta a bhí leagtha síos sa Chlár Forbartha Tuaithe (RDP) i bhfad chun cinn ar an sprioc. Cuireann GLAS tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí atá dírithe ar ghníomhartha a spreagadh a chuireann an bhithéagsúlacht chun cinn, a thugann cosaint don cháilíocht uisce agus a théann i ngleic le hathrú aeráide. Tá raon atá os cionn 30 gníomh ar fáil faoi GLAS agus is féidir le rannpháirtithe iad a roghnú i gcomhairle lena gComhairleoir. Is ionann an t-uasíocaíocht bliantúil atá ar fáil do rannpháirtithe faoin scéim cúig bliana seo agus €5,000 faoin scéim ginearálta le foráil d'íocaíocht suas go dtí €7,000 (ar a dtugtar GLAS+) nuair a éilítear ar an rannpháirtí tiomantais comhshaoil eisceachtúla a thabhairt i líon teoranta cásanna. Eisíodh os cionn €797 milliún do rannpháirtithe GLAS go dtí seo.

Scéimeanna Spriocdhírith Nuachóirithe Talmhaíochta (TAMS)

Osclaíodh sraith bearta TAMS II faoin RDP sa bhliain 2015 agus tá siad oscailte fós ar bhonn tráinse ar thráinse. Rinneadh íocaíochtaí ar feadh na bliana 2019 de réir mar a tugadh oibreacha ceadaithe chun críche agus ar cuireadh éileamh íocaíochtaí faoi bhráid ar an gcóras ar líne. Áirítear ar na bearta atá ar fáil faoi TAMS:

- An Scéim Infheistíochta Caipitil d'Fheirmeoirí Óga
- An Scéim um Threalamh Leata Sciadair Astaíochtaí Ísle
- An Scéim um Leas Ainmhithe, Sábháilteachta agus Stóráil Cothaitheach
- An Scéim um Threalamh Déiríochta
- An Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe
- An Scéim um Infheistíocht Chaipitil Orgánach
- Osclaíodh an Scéim um Infheistíocht Caipitil Curaíochta i mí an Mhárta 2017.

Eisíodh íocaíochtaí de €76.5 milliún sa bhliain 2019.

FEIRMEOIREACTH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

Scéimeanna faoi stiúir áitiúil

Cuireann na scéimeanna seo réitigh áitiúla chun cinn i leith saincheistanna sonracha comhshaoil a dhéanann comhlánú ar an mbeart GLAS ag a bhfuil réimse níos leithne faoi RDP 2014-2020.

Tá Clár Bhoirne ina scéim bhunaithe comhshaoil talmhaíochta cúig bliana le 328 rannpháirtí. Féachtar go leathan ar Chlár Bhoirne mar thagarmharc don fheirmeoireacht atá dírithe ar an gcomhshaoil san Eoraip. Cuimsítear ann bainistiú gnáthóg bunaithe ar thorthaí agus oibreacha láithreáin infheistíochta caipitil neamhtháirgiúla.

Is iad príomhchuspóirí an Chláir:

- Bainistiú talmhaíochta inbhuanaithe na talún feirme a bhfuil luach ard acu ó thaobh an dúlra de i mBoirinn a chinntiú;
- Rannchuidiú le bainistiú dearfach thírdhreach Bhoirne agus a oidhreacht chultúir;
- Rannchuidiú le feabhsúcháin ar cháilíocht an uisce agus ar éifeachtúlacht ó thaobh úsáid an uisce.

Sa bhliain 2019, eisíodh thart €1.36 milliún in íocaíochtaí d'fheirmeoirí.

Seoladh **Clár Chromán na gCearc** sa bhliain 2017 agus mairfidh sé ar feadh cúig bliana. Dírionn sé go príomha ar fheirmeoirí atá ag bainistiú na ngnáthóg i sé SPA Chromán na gCearc. Tá 1,524 feirmeoir glactha isteach sa Chlár faoi láthair.

Ba bhliain an-mhaith a bhí sa bhliain 2019 do chromáin na gcearc - thóg an 56 péire a bhí deimhnithe sna SPAnna 81 sicín ar a laghad. Ba é sin an líon is mó le 14 bliain. I gCiarraí is mó a rinneadh dul chun cinn áit ar lig aon péire amháin amach cúig shicín, rud nár tharla cheana.

Forbraíodh Ráiteas ar Mhodh Cosanta Neadacha faoin gclár lena chinntiú go leanfaidh gníomhaíochtaí an treoir dlí, leasa agus fiadhúlra go léir agus go gcoifidh siad le dea-chleachtas. Oibríonn na hOifigí Cosanta Neadacha atá ar conradh faoin gClár le ceadúnú ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus i gcomhréir le Ráiteas ceadaithe ar Mhodh Cosanta Neadacha.

Forbraíodh roinnt scéimeanna nuálaíochta faoin gclár freisin, ina measc:

Dul i nGleic le hEasnamh Chothaithe in Innilt Eallaigh Ardtalaimh

Chuaigh an Tionscadal Chromán na gCearc i gcomhpháirtíocht le Dawn Meats agus le Devenish Nutrition chun teicnící nua a fhorbairt agus a thaispeáint maidir le dul i ngleic le heasnamh chothaithe in innilt eallaigh ardtalaimh agus chun uirlisí a thabhairt d'fheirmeoirí chun tionchar a imirt ar iompar innilte ainmhithe agus ar phatrúin úsáide foráiste.

Athléimneacht in aghaidh Fhalscaithe

I ndiaidh na droch-fhalscaithe ar Shliabh Bladhma in 2018, rinne Tionscadal Chromán na gCearc idirchaidreamh le seirbhísí áitiúla dóiteáin chun plean a chur le chéile do na hoibríochtaí comhraic dóiteáin sna limistéir SPA. Bhí táirgiúlacht fhoriomlán Chromán na gCearc ar Shliabh Bladhma níos lú go suntasach i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Sa bhliain 2018, chuaigh 16 shicín chun aibíochta ach thit an líon sin go dtí 5 sa bhliain 2019. Ba léiriú é sin ar laghdú tromchúiseach ar cheann de na limistéir ba tháirgiúla sa líonra SPAnna. Dá dtarlódh falscaí den sórt sin arís, bheadh baol tromchúiseach do chuspóirí Thionscadail Chromán na gCearc. D'fhreastail an Bainisteoir Tionscadal ar Sheimineár ar na Ceachtanna a Foghlaimíodh ó Fhalscaithe.

Gníomhartha Áitiúla

Leis an gciste seo, tugtar tacaíocht do ghníomhartha nach íocaíochtaí riaracháin leis an bhfoireann ná íocaíochtaí le feirmeoirí iad agus ní fhéadfaí iad a sholáthar trí bhithin phlean feirme aonair. Áirítear ann oifigígh cosanta neadacha a fhostaítear do mhíonna an tsamhraidh de ghnáth, foireann monatóireachta éan a dhéanann seiceáil ar shláinte na neadacha i ndiaidh shéasúr an ghoir, trialacha agus cláir phíolótacha allamuigh a úsáidtear chun gníomhartha féideartha a thástáil.

Áirítear ar an gciste seo freisin Deontais um Ghníomh Áitiúil, arb éard atá iontu micridheontais atá oscailte d'fheirmeoirí, scoileanna, clubanna, grúpaí pobail agus eile. Is cuid de chur chuige croí agus aigne é an maoiniú sin, a léiríonn gur acmhainn áitiúil é Cromán na gCearc agus go bhfuil meas ag an bpobal uile ar a luach.

Amhail dheireadh mhí na Nollag 2019 bhí os cionn €4.6 mhilliún eisithe chuig feirmeoirí agus €223,000 eile íochta trí bhithin gníomhartha áitiúla.

FEIRMEOIREACTH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

Síníodh conradh idir **Tionscadal na nDiúilicíní Péarla** agus an Roinn in 2018 agus reáchtálfar an tionscadal go dtí mí na Nollag 2023. An tAire Talmhaíochta, Michael Creed, a sheol an Clár go hoifigiúil in Dhá Dhrom an 29 Márta 2019. Is 21,405ha an t-achar iomlán talamh feirme faoi chonradh sa Chlár, is é sin 53% den talamh feirme ar feadh na ndobharcheantar uile.

An aidhm atá leis an gclár deonach seo, clár agra-chomhshaoil a bheidh bunaithe ar thorthaí a fhorbairt d'fhonn cómhaireachtáil fhadtéarmach a chinntiú idir na daonraí diúilicíní péarla fionnuisce agus an fheirmeoireacht sna hocht ndobharcheantar diúilicíní péarla fionnuisce is tábhachtaí in Éirinn. Agus an tionscadal á dheardh, ba ghné thábhachtach a bhí i gcomhairliúchán le húinéirí talún i ngach dobharcheantar. Thug sin spreagadh do pháirtithe leasmhara glacadh leis an tionscadal agus chinntigh sé gur cuimsíodh saineolas, comhairle agus ábhair imní na bhfeirmeoirí sna sprioc-dhobharcheantair sa Chlár ag céim luath den phróiseas.

Agus clár an tionscadail á fhorbairt, glacadh le roinnt bunghnéithe, chun na dúshláin arna soláthar ag an sprioc-speiceas uisceach a sháru agus lena chinntiú go mbeadh dreasacht chuig na feirmeoirí rannpháirteacha:

- Baintear úsáid as cáilíocht na ngnáthóg talún mar tháscaire torthaí faoi réir ag coigeartú i ndaidh 'measúnú ar an bhfeirm uile'.
- Díríonn an 'measúnú ar an bhfeirm uile' ar riocht an tsruthchúrsa agus ar bhainistiú cothaitheach agus clós feirme. Bíonn tionchar ag toradh an mheasúnaithe ar an íocaíocht dheiridh agus is dreasacht ollmhór é sin chun an sruthchúrsa agus bainistiú cothaitheach agus clós feirme a fheabhsú.
- Íoctar na rátaí íocaíochtaí is airde i leith plotaí a fhaigheann scór íseal. Tugann an cur chuige sin dreasacht d'fheirmeoirí feabhas a chur ar bhainistiú na bplotaí dá gcuid a fhaigheann an scór is ísle.
- Corpraítear íocaíocht thuilemhá chun léiriú a thabhairt ar thábhacht na ngnéithe sin ó thaobh an diúilicín péarla fionnuisce a chaomhnú.
- Bainistiú clós feirme. Bíonn tionchar ag toradh an mheasúnaithe ar an íocaíocht dheiridh agus mar sin is dreasacht ollmhór é chun feabhas a chur ar bhainistiú sruthchúrsa, clós feirme agus cothaitheach.

- Íoctar na rátaí íocaíochtaí is airde i leith plotaí a fhaigheann scór íseal. Tugann an cur chuige sin dreasacht d'fheirmeoirí feabhas a chur ar bhainistiú na bplotaí dá gcuid a fhaigheann an scór is ísle.
- Corpraítear íocaíocht thuilemhá chun léiriú a thabhairt ar thábhacht na ngnéithe sin ó thaobh an diúilicín péarla fionnuisce a chaomhnú.

Maidir le monatóireacht chomhshaoil i rith na chéad bliana den Chlár, díríodh ar thacar sonraí bunlíne láidir a fhorbairt maidir le gnáthóga feirme agus sruthchúrsaí. Rinne an fhoireann PMP suirbhé ar chion mór feirmeacha i rith an tséasúir ghoirt le súil agus bunlíne agus bonn eolais a fhorbairt don fhíorú scór maidir leis na sonraí á gcur ar aghaidh ag comhairleoirí. Chuir an PMP mapáil agus tréithriú mionsonraithe ar fáil maidir le gach sruthchúrsa ar fheirmeacha rannpháirteacha.

Tá liosta fairsing foilseachán curtha le chéile ag an bhfoireann PMP, agus is féidir é a fheiceáil ar láithreán gréasáin an tionscadail agus é a íoslódáil.

Sa bhliain 2019, glacadh 342 feirmeoir isteach sa tionscadal agus táthar ag súil go ndéanfar breis tairiscintí ar chonarthaí in 2020. Amhail dheireadh mhí na Nollag 2019, eisíodh os cionn €664,000 d'fheirmeoirí.

Déanann tionscnamh na **Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaigh (EIP)** maoiniú ar chomhoibriú idir geallsealbhóirí, lena n-áirítear, feirmeoirí, lucht taighde, comhairleoirí agus gnólachtaí a dhéanann suas an Grúpa Oibríochta, le réitigh nuálacha ar dhúshláin áirithe a aithint.

Forbraíodh é chun freagra a thabhairt ar dhúshláin ar leibhéal áitiúil trí bhíthin cuir chuige nuálacha ar shaincheistanna comhshaoil a spreagadh agus a fhorbairt.

Ceann de na gnéithe tábhachtacha a bhaineann leis an tionscnamh EIP iomlán is ea a shuíomh sa phobal áitiúil agus chun nuálaíocht a spreagadh ar leibhéal áitiúil. Is cuid lárnach den phróiseas iad na feirmeoirí agus tagann siad le chéile le lucht taighde, eolaithe agus comhairleoirí i nGrúpaí Oibríochta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist chomhshaoil áitiúil áirithe.

FEIRMEOIREACTH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

Ní bheidh tairbhe na EIPanna sin go léir teoranta dá gcuid réigiún amháin – déanfaidh na EIPanna tástáil ar smaointe agus ar chleachtais is féidir a scaipeadh ar fheirmeoirí eile agus a chuirfidh ar a gcumas táirgiúlacht agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus cleachtais feirmeoireachta a dhéanamh níos inbhuanaithe.

Cuireadh ciste €24 milliún ar leataobh lena leithdháileadh ar thionscadail EIP a bhí roghnaithe ó dhá ghairm oscailte. Fuair an Roinn os cionn 170 togra tionscadail agus roghnaíodh 12 thogra ón gcéad ghlaio agus 9 dtionscnamh ón dara glao lena gcur i bhfeidhm. Cuimsítear raon leathan ábharsnationscadail sin lena n-áirítear táirgeadh orgánach, pailneoirí, cáilíocht uisce, bainistiú tuilte, bithéagsúlachta, ithreacha agus feirmeoireacht i dtírdhreach seandálaíochta agus díriúar bhithmhais talmhaíochta nach n-úsáidtear.

Trí bhíthin an 21 tionscadal roghnaithe, tá spéis an-mhór sa Tionscnamh EIP ar fud na hÉireann ó thaobh na féidearthachtaí a sholáthraítear leis. Is léiriú é éagsúlacht na dtionscadal ar thiomantas daoine as gach cearn den tír maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán san earnáil agriabhia, díriú an athuair ar an mbithéagsúlacht agus déileáil leis an athrú aeráide.

Sa bhliain 2019, i gcomhar leis an Líonra Náisiúnta Tuaithe, dearadh agus táirgeadh leabhrán póstaer agus bunachair sonraí idirghníomhaíoch EIP-AGRI. Leagtar amach sa leabhrán seo gníomhaíochtaí agus cúlra gach tionscadail rathúil EIP-AGRI.

Amhail dheireadh mhí na Nollag 2019, eisíodh os cionn €207,000 in íocaíochtaí le feirmeoirí.

Scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta

Déanann an Chomhairle Oidhreachta an Scéim Deontais Foirgnimh Feirme Traidisiúnta GLAS a riaradh chun caomhnú agus dheisiú a dhéanamh foirgnimh traidisiúnta feirme agus ar struchtúir ghaolmhara eile thar ceann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá sé mar phríomhchuspóir leis an scéim seo a chinntiú go ndéantar caomhnú ar mhaithe le húsáid talmhaíochta ar na foirgnimh traidisiúnta feirme seo agus ar struchtúir ghaolmhara eile a chuireann le saintréith an tírdhreacha agus lena mbaineann luach ard

oidhreachta. Sa bhliain 2019, eisíodh íocaíochtaí de €1.136 milliún ar 76 iarratasóir le tabhairt faoi oibreacha ar na struchtúir seo.

Seiceálacha Tras-Chomhlíonta

Ceanglaíonn tras-chomhlíonadh an AE ar fheirmeoirí cloí le 13 Cheanglas Bainistíochta Reachtúla (SMR'anna) agus le 7 gcaighdeán um Dhea-Ríocht Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC), a bhaineann le:

- Comhshaoil, athrú aeráide agus dea-ríocht talmhaíochta na talún
- Sláinte phoiblí, ainmhithe agus plandaí
- Leas ainmhithe
- Dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil

Déantar monatóireacht ar na ceanglais sin trí imscrúduithe éigeantacha ar thimpeall 1-3% d'fheirmeacha go bliantúil, agus is bealach éifeachtach atá ann chun cosaint a thabhairt don chomhshaoil agus chun a chinntiú go gcomhlíonann feirmeoirí réimse leathan rialachán earraí poiblí a bhaineann le bia agus le leas ainmhithe. Sa bhliain 2019, tugadh faoi 1,410 imscrúdú Tras-Chomhlíonta Iomlán agus faoi 4,915 imscrúdú Sainaitheantais agus Clárúchán Ainmhithe i ndáil leis an riachtanas 1%-3% a bhaineann le himscrúduithe Tras-Chomhlíontachta.

Íocaíochtaí Díreacha

In 2019, íocadh os cionn €1,162 milliún le beagnach 122,000 feirmeoir faoin Scéim um Íocaíocht Bunúsach 2019 agus íocadh breis is €241 milliún le 96,600 iarratasóir faoi Scéim Limistéir Sriantha Nádúrtha na bliana 2019. Rinneadh na hÍocaíochtaí díreacha sin le feirmeoirí sa bhliain 2019 laistigh de na spriocanna soláthartha seirbhíse na Cairte le haghaidh Feirmeoirí agus faoin bPlean Gníomhaíochta. Leanadh le hÍocaíochtaí Scéim na bliana 2019 in 2020.

An Clár um Shonraí agus Géanómaíochta Mairteola (BDGP)

Ceadaíodh an Clár um Shonraí agus Géanómaíocht Mhairteola (BDGP) mar scéim agra-chomhshaoil faoin gClár Forbartha Tuaithe. Seoladh an clár i mí Aibreán 2015. Rinneadh maoiniú de €300m le leithdháileadh

FEIRMEOIREACHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

don chlár a bheidh ar siúl ar feadh 6 bliana ón mbliain 2015. Sa bhliain 2017, seoladh BDGP II leis an tréimhse ó 2017 – 2022 a chlúdach.

Táthar ag súil trí úsáid na géinitíopála agus trí bhailiú sonraí go mbeidh sé níos éasca ar fheirmeoirí na bpórtha is fearr a aithint lena mbeidh ar a gcumas ainmhithe ionaid a aimsiú agus mar thoradh air sin go mbeidh ainmhithe le caighdeán níos airde ar fáil as a dtiocfaidh ísliú ar astaíochtaí ón earnáil talmhaíochta in Éirinn.

Don bhliain 2019, lean 24,011 feirmeoir lena rannpháirtíocht i BDGP I agus II. Eisíodh íocaíocht arbh ionann iad agus €38.2 milliún ar 21,361 rannpháirtí i mí na Nollag 2019 maidir le scéim na bliana 2019. Leanfar le híocaíochtaí de réir mar a cháilíonn tréada.

Foilsíodh Athbhreithniú Caiteachais ar an BDGP freisin i mí Iúil 2019 (<https://www.gov.ie/en/collection/5915ad-spending-review/>), ina bhfuarthas go raibh na luath-tháscairí maidir le feidhmíocht táirgiúlachta agus comhshaoil dearfach agus go gcuirfeadh bailiú sonraí go mór le cumas na hearnála dul chun feabhais go fadtéarmach.

An Clár um Aistriú Eolais

Tá foráil i gClár Forbartha Tuaithe na hÉireann do chlár um Aistriú Eolais, a fhaigheann eolas ó thaithí le grúpaí díospóireachta roimhe seo, lena n-áirítear an Clár um Ghlacadh le Teicneolaíocht Mhairteola (BTAP). Aistríodh an Clár trí bliana, a cuireadh tús leis sa bhliain 2016 agus a tugadh chun críche sa bhliain 2019, ó chur chuige tascbhunaithe na scéimeanna roimhe seo agus dhírigh ar thosaíochtaí príomhbheartais, lena n-áirítear brabúsacht, inbhuanaitheacht na timpeallachta, pórúcháin agus sláinte tréada. Rinneadh comhlánú ar an rannpháirtíocht duine le duine idir éascaitheoir KT agus an feirmeoir trí dhíospóireacht grúpa agus ag comhroinnt taithí agus eolais idir rannpháirtithe.

Bhí thart ar 18,000 feirmeoir rannpháirteach i mbliain a Trí den Chlár agus d'fhreastail siad ar chruinnithe agus chuir siad Plean Feabhsúcháin Feirme le chéile i gcomhar lena nÉascaitheoir Eolais Ceadaithe. Áiríodh sa Plean Feabhsúcháin Feirme seo, Bearta Sláinte Ainmhithe atá curtha i gcrích i gcomhair le tréidlia príobháideach ceadaithe. Tugadh Bliain a Trí den Scéim chun críche ag deireadh mhí Iúil 2019. Táthar ag leanúint le híocaíocht agus eisíodh thart ar €12.7 milliún ar rannpháirtithe ar fud na sé earnáil Aistrithe Eolais go léir agus eisíodh €9.5 milliún d'Éascaitheoirí sa bhliain 2019.



SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Taispeántar sa tábla thíos, an dul chun cinn a baineadh amach ar na spriocanna atá sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí. Ní mór, chun na spriocanna seachadta seirbhíse a bhaint amach, go mbeidh ceanglais na scéime i gceart agus go mbeidh doiciméadacht ar fáil.

Feidhmíocht maidir le Spriocanna Soláthair Seirbhíse do Chustaiméirí 2019

SEIRBHÍS	SPRIOC-AM SEACHADTA	FEIDHMÍOCHT 2019
Scéim na hÍocaíochta Bunúsáí	Forálann Rialacháin AE nach mór íocaíochtaí a dhéanamh uair amháin in aghaidh na bliana laistigh den tréimhse 1 Nollaig go 30 Meitheamh don bhliain dár gcionn. Cheadaigh rialacháin AE freisin, áfach, réamhíocaíochtaí 70% ón 16.10.2019. Cuireadh tús le hÍocaíochtaí cothromais an 1.12.2019.	Cuireadh tús le réamhíocaíochtaí an 16.10.2019 agus cuireadh tús le hÍocaíochtaí cothromais i mí na Nollag. Faoi dheireadh na bliana 2019 bhí €1.162 billiún íochta le níos mó ná 99% d'iarratasóirí.
Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha	Sa bhliain 2019, bhí réamhíocaíochtaí faoin Scéim le tosú i lár mhí Mheán Fómhair agus bhí na hÍocaíochtaí cothromaíochta le tosú ag tús mhí na Nollag.	Cuireadh tús le réamhíocaíochtaí faoi scéim ANC na bliana 2019, de réir sceidil, le linn na seachtaine dár tús Dé Luain 16 Meán Fómhair 2019 agus ícadh €168.5 milliún le 79,000 feirmeoir. Cuireadh tús le hÍocaíochtaí cothromaíochta ag tús mhí na Nollag. Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí €241 mhilliún íochta le 96,600 iarratasóir.
An Clár um Shonraí agus Ghéanómaíocht Mhairteola	Tús le cur le hÍocaíochtaí do bhliain scéime i mí na Nollag na bliana scéime.	Eisíodh íocaíochtaí arbh ionann iad agus €38.2 milliún do beagnach 21,361 rannpháirtí i mí na Nollag 2019
TAMS	Eisíodh cead tar éis iarratais bailí a fháil laistigh de 3 mhí. Cead le haghaidh íocaíochta tar éis oibreacha a bheith críochnaithe agus doiciméid tacaíochtaí bailí a fháil laistigh de 3 mhí. Íocaíocht eisithe tar éis cead le haghaidh íocaíochta laistigh de 6 seachtaine.	100%

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

SEIRBHÍS	SPRIOC-AM SEACHADTA	FEIDHMÍOCHT 2019
<p>Scéimeanna Deontais um Sheirbhís Fhoraoise</p> <p>Scéim Prémhe na Fhaoiseachta</p>	<p>Déantar íocaíocht bhuilc bhliantúil do scéimeanna prémhe ach leantar le híocaíochtaí i rith na bliana.</p>	<p>Íocadh €25.9 milliún i mí Eanáir 2019 mar chuid den chéad bhabhta prémhe builc maidir le 6,850 iarratasóir ar líne. Íocadh €15.3 milliún sa bhabhta prémheanna builc i mí Aibreáin 2019 (foirmeacha páipéir) maidir le 5,117 iarratasóir.</p> <p>B'ionann luach iomlán na 18,831 prímh fhoraoiseachta bliantúil a íocadh sa bhliain 2019 agus €64.4 milliún. Rinneadh 55% d'iarratais prémhe ar líne.</p>
<p>Cúiteamh – na Scéimeanna um Dhíothú TB Buaibheach agus Monatóireachta Brúsallóis</p>	<p>Tá cúiteamh TB agus Brúsallóis le híoc laistigh de 3 seachtaine den dáta óna bhfaightear na doiciméid chearta atá riachtanach nó ón dáta incháilitheachta de réir téarmaí agus coinníollacha.</p>	<p>Bhí 96.7% de na híocaíochtaí cúiteamh as Luacháil Dheontais Frithghníomhaí déanta laistigh de 3 seachtaine ó fuarthas na doiciméid riachtanacha go léir a bheith faighte agus rinneadh os cionn 99% laistigh de 8 seachtaine.</p> <p>Bhí 96.8% de na híocaíochtaí maidir leis an Deontas Forlonta Ioncaim, an Deontas Bánaithe agus an Deontas Cruatain déanta laistigh de 3 seachtaine de na doiciméid riachtanacha go léir a bheith faighte agus rinneadh os cionn 99% laistigh de 8 seachtaine.</p>
<p>Scráibeach BSE</p>	<p>Cúiteamh BSE – bhí 100% íochta laistigh de 21 lá ó fuarthas an doiciméadacht críochnaithe</p> <p>Cúiteamh Scráibeach - bhí 100% íochta laistigh de 21 lá ó fuarthas na doiciméid deiridh.</p>	<p>Bhí na hiarratasóirí go léir íochta laistigh den chreat ama a éilíodh.</p> <p>Gan aon iarratas</p>
<p>Rís Ceadúnais Allmhairithe</p>	<p>24 uair</p>	<p>100%</p>
<p>Bainne & Táirgí Bainne Ceadúnais Onnmhairithe Ceadúnais Allmhairithe</p>	<p>24 uair</p>	<p>100%</p> <p>100%</p>
<p>Taraifchuóta do thíortha bunaidh neamhshonraithe</p>	<p>5 lá oibre</p>	<p>100%</p>
<p>Ceadúnas fabhrach neamhchuóta</p>	<p>5 lá oibre</p>	<p>100%</p>
<p>Ceadúnas Taraifchuóta do thíortha sonracha</p>	<p>5 lá oibre</p>	<p>100%</p>
<p>Ceadúnais Allmhairithe Ginearálta</p>	<p>1 lá oibre</p>	<p>100%</p>

OIBRÍOCHTAÍ SCÉIME

Taispeántar mionsonraí oibríochta sna táblaí thíos maidir leis na príomhscéimeanna a bhí á bhfeidhmiú ag an Roinn sa bhliain 2019.

Scéim	Iarratais a fuarthas in 2019	Iarratais a próiseáladh in 2019	Íocaíochtaí déanta* € Milliún
An Scéim Bhunúsach Íocaíochta /Glasú	122,558	121,575	1,162
Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha	104,474	96,600	241
Deontas Foraoisithe	1,464	1,485	16.13
Préimh Fhoraoiseachta (Scéim Foraoisithe)	21,946	21,600	64.35
Luathscor	0	0	0.184
Cúiteamh TB agus Brúsallóis	4,692	4,471	17.7
Cúiteamh BSE	9	8	0.008
Cúiteamh Scráibeach	0	0	0
An Clár um Shonraí agus Géanómaíochta Mairteola (BDGP)	0	21,361	38.2
Cúnamh Infheistíochta don Ghairneoireacht Thráchtála	167	167	5,834
An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí	0	1,558	9,388
An Scéim um Chúnamh Deontais Orgánach	4	5	0.133
TAMS (gan Bithfhuinneamh san áireamh)	11,001	6,187	76.5
An Scéim Leasa Caorach (is ionann í agus réamhíocaíocht ag 85%)	19,735	18,489	14.9

3

SPRIOC STRAITÉISEACH BEARTAS AGUS STRAITÉIS

Creat beartas barmhaitheasa a bhaint amach ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia.



IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AE

Idirghníomhaíochtaí AE

Roinn an Rómáin agus an Fhionlainn an ról Uachtarán ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2019 – an Rómáin ó mhí Eanáir go dtí mí an Mheithimh agus an Fhionlainn ó mhí Iúil go dtí mí na Nollag. An príomhshaincheist a ndearna na Ballstáit, lena n-áirítear Éire, plé orthu ar feadh na bliana 2019, bhí an idirbheartaíocht leanúnach ar an gComhbheartas Talmhaíochta i ndiaidh na bliana 2020.

Ar phríomh-shaincheisteanna eile a pléadh i rith 2019 bhí an Straitéis Bhithghheilleagair; saincheisteanna faoi thrádáil idirnáisiúnta, go háirithe Comhaontú Saorthrádála AE-Mercosur agus iarmhairtí na díospóide Airbus-Boeing WTO d'earnáil agriabhia an AE; comhoibriú EU-an Aontais Afracaigh; ábhair a bhaineann le foraoiseacht amhail Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomh AE a ghéarú chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athshlánú, agus Straitéis Foraoise an AE i ndiaidh 2020. Ina theannta sin, sheol Uachtarán nua an Choimisiúin Eorpaigh an Comhaontú Glas don Eoraip i mí na Nollag, ar tionscnamh beartais earnála cothrománach é ar aidhm leis geilleagar neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Ag deireadh 2019, mhol an Coimisiún dhá Rialachán Idirthréimhseacha CAP ar aidhm le deimhneacht dlíthiúil a sholáthar d'fheirmeoirí agus do Bhallstáit maidir le leanúnachas íocaíochtaí Díreacha agus íocaíochtaí faoin gClár Forbartha Tuaithe i ndiaidh 2020.

Ina theannta sin, cheadaigh an Coimisiún an seachtú leasú ar Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2014-2020 inar faomhadh dhá leasú ar shocruithe reatha LEADER.

D'fhoilsigh an Coimisiún a thograí le haghaidh Chomhaontú Glas don Eoraip AE ar aidhm leis uailmhianta an AE maidir le gníomhú ar son na haeráide a neartú trí bhíthin dlí maidir leis an aeráid agus aidhmeanna le haghaidh roinnt straitéisí comhlántacha nua amhail “ón bhfeirm chuig an bhforc”, bithéagsúlacht agus geilleagar ciorclach.

Athruithe Institiúideacha AE

Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa

Tionóladh Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ón 23 - 26 Bealtaine. Ghlac na FPEanna nua-thofa, 11 FPE Éireannach ina measc, lena suíochán i bParlaimint na hEorpa an 2 Iúil 2019. Mar thoradh ar an Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón AE, fuair Ballstáit breis FPEanna. Fuair Éire beirt FPE breise, ach ní ghlacfaidh siad lena suíochán i bParlaimint na hEorpa go dtí an 1 Feabhra 2020 i.e. tar éis don RA tarraingt siar ón AE an 31 Eanáir 2020.

Ar cheann de chéad tascanna Parlaimint na hEorpa bhí Uachtarán nua ar an gCoimisiún Eorpaigh a thoghadh. Ba í Ursula von der Leyen an t-iarrthóir ar éirigh léi agus a tháinig in áit Jean Claude Juncker.

An Coimisiún Eorpach Nua

Tháinig éifeacht leis an gCoimisiún Eorpach nua an 1 Nollaig 2019. Cheap an tUachtarán von der Leyen trí Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus cuireadh ar chúram an triúir freagracht a ghlacadh as réimse téamach leathan de chlár oibre an Choimisiúin. Tá na trí réimse théamacha sin aitheanta mar phríomh-thosaíochtaí an Úachtaráin chomh maith:-

- Frans Timmermans, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin don Chomhaontú Glas don Eorpaip – freagracht as saincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, lena n-áirítear an straitéis maidir le bia inbhuanaithe, an geilleagar ciorclach agus tabhairt isteach bheartais chánach a bhaineann leis an aeráid;
- Margrethe Vestager, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, chun an tAontas Eorpach a dhéanamh oiriúnach don ré dhigiteach;
- Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin do ghnóthaí eacnamaíochta agus airgeadais, le béim ar chuimsitheacht.

Tháinig éifeacht le Coláiste nua na gCoimisinéirí an 1 Nollaig 2019, i ndiaidh chéadú ó Pharlaimint na hEorpa. Shann Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh freagracht as réimsí sonracha beartais chuig gach Coimisinéir. Is é Janusz Wojciechowski, Coimisinéir as an bPolainn, an Coimisinéir nua do Thalmhaíocht.

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AE

Tháinig athruithe ar cheannairí na nInstitiúidí AE eile, na Comhairle Eorpaí agus Pharlaimint na hEorpa in 2019 freisin:-

- Tháinig Charles Michel in áit Donald Tusk mar Uachtarán na Comhairle Eorpaí;
- Tháinig David Sassoli in áit Antonio Tajani mar Uachtarán Parlaimint na hEorpa.

An Breatimeacht

Leanadh leis an obair in 2019 chun freagra a thabhairt ar chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. Ar an bpríomhthionchar a bhí ag vóta an Bhreatimeachta ar an earnáil, bhí luaineacht steirling ar na gnólachtaí siúd a bhfuil caidreamh suntasach trádála acu leis an Ríocht Aontaithe agus leanann an titim seo sa luach airgeadra le tionchar diúltach a bheith aige. Ar na bagairtí meántearma go fadtéarma ón mBreatimeacht tá an seans go dtabharfaí isteach taraifí ar thrádáil idir an AE agus an RA, go bhféadfadh dibhéirseacht a bheith i rialacháin agus i gcaighdeáin idir an dá thír i ndiaidh an Bhreatimeachta agus tabhairt isteach rialuithe rialála ar thrádáil idir an AE agus an RA.

Chomhaontaigh an AE-27 agus an Príomhaire May an Fógra Aistarraingthe agus Dearbhú Polaitiúil i mí an Mheithimh 2018. Bhí sé faoi réir daingnithe Parlaimint na hEorpa agus Parlaimint na Ríochta Aontaithe. Níor dhaingnigh Parlaimint na RA an Comhaontú bunaidh um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, i mí Dheireadh Fómhair 2019 rinneadh Comhaontú Aistarraingthe agus Dearbhú Polaitiúil Athchóirithe idir an AE 27 agus an Príomhaire Johnson a chomhaontú. Dhaingnigh Parlaimint na hEorpa agus Parlaimint na Ríochta Aontaithe an comhaontú athchóirithe ina dhiaidh sin.

Ar mhaithe leis na Ballstáit a choinneáil ar an eolas maidir le húdar imní na hÉireann ó thaobh tionchar an Bhreatimeachta ar na hearnálacha agraibhia agus iascaireachta, lean an tAire Creed ar aghaidh lena rannpháirtíocht lena mhacasamhla san AE sa bhliain 2019. Chas sé lena chontrapháirteanna ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Fhrainc, ón nGearmáin, ón bPolainn, ón Spáinn, ón bPortaingéil, ón tSlóvaic, ó Lucsamburg, ón Liotuáin, ón tSlóivéin agus ón Ísiltír i rith na bliana. Is éard a bhí mar chuspóir leis na cruinnithe sin, a chinntiú go ndaingneofaí an Comhaontú um Tharraingt Siar agus go gcuirfí tús le hidirbheartaíocht bhríoch chomh luath agus ab fhéidir. Tharraing sé aird ar na réimsí sonracha

spéise d'earnáil agraibhia na hÉireann agus choimeád sé ar an eolas go hiomlán iad faoi na héifeachtaí a bheadh ag Breatimeacht gan mhargadh ar an earnáil agraibhia in Éirinn.

Bhí cruinnithe rialta ag an Aire Creed leis an gCoimisinéir Hogan agus leis an gCoimisinéir Vella le plé a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar earnálacha an agraibhia agus iascaigh agus le béim a chur ar an ngá atá ann go mbeidh an Coimisiún ullmhaithe le feidhm a bhaint as raon bearta le maolú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar fheirmeoirí agus ar lucht próiseála. Bhí cruinniú ag an Aire Creed freisin leis an Uasal Robert Goodwill M.P., Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia na Ríochta Aontaithe.

CAP i ndiaidh na bliana 2020

Leanadh leis an bplé ar na tograí reachtúla don chéad CAP eile ó 2021-27, faoi Uachtaránachtaí na Rómáine agus na Fionlainne in 2019. Bhí Uachtaránacht na Rómáine go mór ar son Chur Chuige Ginearálta Páirteach agus chuaigh i mbun dianchaidrimh le Ballstáit ina leith. Mar gheall ar nádúr casta na dtograí, áfach, agus an líon saincheisteanna a d'ardaigh Ballstáit a bhí fós gan réiteach, chuir Uachtaránacht na Rómáine Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i láthair ag a gComhairle Talmhaíochta-Iascaigh dheiridh i mí an Mheithimh. Leagadh amach sa Tuarascáil an obair a rinneadh i rith a hUachtaránachta agus staid gach ceann de na dréacht Rialacháin.

Thug Uachtaránacht na Rómáine cuireadh do Bhallstáit tuairimí i scríbhinn ar na dréacht Rialacháin a chur ar aghaidh i mí an Mheithimh agus tugadh iad chuig Uachtaránacht na Fionlainne ansin. Chuir Éire tuairim iomlán ar na trí dhréacht Rialachán ar aghaidh.

Ag tús a hUachtaránachta, gheall muintir na Fionlainne téacsanna comhdhlúite athbhreithnithe a chur i láthair, ar a laghad, do na trí dhréacht Rialachán. An toradh ab fhearr a bheadh air sin, Cur Chuige Ginearálta a bhaint amach ag an gComhairle, ach bhí sin ag brath go mór ar an bpróiseas idirbheartaithe buiséid a bhí ar siúl ag an am céanna maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) i ndiaidh 2020.

Rinne Uachtaránacht na Fionlainne iarracht ollmhór dul i ngleic le hábhair imní na mBallstát, go háirithe maidir

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AE

leis an gcóras tuairiscithe Samhail Nua Seachadta agus an uaimhian mhéadaithe i leith na haeráide agus an gcomhshaol. D'ainneoin a dian-iarrachtaí, níor éirigh le muintir na Fionlainne Cur Chuige Ginearálta Comhairle a bhaint amach agus chuir siad Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i láthair ag an gComhairle Talmhaíochta-Iascaigh dheiridh i mí na Nollag inar leagadh amach an obair a bhí déanta go dtí sin ar na tograí CAP.

D'ullmhaigh muintir na Fionlainne téacs athbhreithnithe comhdhlúite ar na trí dhréacht Rialachán. Meastar gur cobhsaí, a bheag nó a mhór, iad péire de na Rialcháin – an Rialchán Cothrománach (maoiniú, bainistiú agus monatóireacht) agus an Rialachán Leasaitheach (lena leasaítear an Rialchán reatha maidir le CMO). Mar sin féin, glacadh leis go bhfuil gnéithe sa dá Rialachán sin nach féidir a chomhaontú go hiomlán go dtí go dtabharfar an próiseas idirbheartaíochta MFF chun críche.

Ba é an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT an rud ba dheacra breithniú a dhéanamh air do na Ballstáit agus is iomaí saincheist ina leith nach mór a réiteach sular féidir teacht ar chomhaontú.

An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) i ndiaidh 2020

D'fhéach Uachtaránachtaí na Rómáine agus na Fionlainne araon leis na tograí maidir leis an MFF i ndiaidh 2020 a bhrú chomh fada chun cinn agus ab fhéidir agus iad ag súil le teacht ar chomhaontú. Is ábhar do Chinn Stáit agus Rialtais é tograí MFF a chomhaontú, agus glacadh leo ina dhiaidh sin, le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

D'ainneoin plé fairsing a dhéanamh le Ballstáit, níorbh fhéidir le hUachtaránacht na Rómáine an bhearna a dhruidim idir thuairimí éagsúla na mBallstát ar an leibhéal cuí don bhuiséad. Chuir Uachtaránacht na Fionlainne togra athbhreithnithe ina raibh figiúirí nuashonraithe faoi bhráid na mBallstát lena bhreithniú. Níor thángthas ar réiteach, áfach.

Ghlac Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, freagracht as an bpróiseas idirbheartaíochta don MFF i ndiaidh 2020 agus tá sé beartaithe aige cruinnithe déthaobhacha teicniúla agus polaitiúla a eagrú le Ballstáit chun teacht ar chomhaontú i rith 2020.

Leasú an Chomhbheartais Iascaireachta

Tá an Coimisiún leis an tuarascáil ar fheidhmiú an Chomhbheartais Iascaireachta (CFP) a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi dheireadh na bliana 2022. Tá sé mar sprioc uileghabhálach leis an mbeartas seo a chinntiú go mbeidh iascaireacht agus dobharshaothrú inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, ó thaobh an gheilleagair agus go sóisialta agus go mbeidh earnáil bia mara atá inmharthana agus iomaíoch do chách mar thoradh air. Áirítear ar phríomhghnéithe an bheartais seo, ráta uastoradh inbhuanaithe (MSY) a bhaint amach do gach stoc éisc faoin mbliain 2020 chomh maith leis an gcosc ar chaitheamh éisc ar ais i bhfarraige (an Oibleagáid maidir le Tabhairt i dTír Éisc), atá tugtha isteach ar bhonn céimnithe sa tréimhse 2015 go 2019.

Leanadh le cur i bhfeidhm príomhghnéithe an CFP ar feadh na bliana 2019 ag leibhéal AE agus ag leibhéal náisiúnta araon. Tháinig éifeacht iomlán leis an bplean ilbhliantúil le haghaidh stoc grinnill in Uisce an Iarthair, atá thar a bheith tábhachtach ó dhearcadh na hÉireann, go luath sa bhliain 2019. Leis an sprioc 2020 do MSY, deimhníodh gur socraíodh cuótaí ar leibhéal a chinntíonn inbhuanaitheacht fhadtéarma, ag teacht le prionsabal an MSY, sa chás go raibh comhairle eolaíoch leordhóthanach le fáil.

Tá an cosc ar chaitheamh éisc ar ais i bhfarraige nó an oibleagáid maidir le tabhairt i dtír éisc, ar príomhghné eile é den Chomhbheartas Talmhaíochta (CFP), á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ar feadh líon blianta agus beidh sé i bhfeidhm go hiomlán sa bhliain 2019. Bhí cruinnithe rialta ag Grúpa Réigiúnach Farraigí Thiar Thuaidh na mBallstát (Éire, an Bheilg, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an Spáinn) a bunaíodh le bainistíocht a dhéanamh ar iascaireacht ag leibhéal réigiúnach, ar feadh na bliana 2019 le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna éagsúla feidhmithe agus oibriú i dteo bearta breise a chomhaontú freisin nuair a bheidh sé curtha i bhfeidhm san iomlán.

Rinneadh idirbheartaíocht maidir le deiseanna iascaireachta nó TACanna (An Ghabháil Iomlán is Incheadaithe) a pléadh ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Nollag 2019 agus socraíodh ar aon dul leis an gcuispóir MSY. D'éirigh leis an Aire 195,000 tonna cuótaí arbh ionann a luach agus €275 milliún d'iascairí na hÉireann a fháil do 2020.

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AE

An Straitéis Bithgheilleagair

Tá an Straitéis Bithgheilleagair á plé go leanúnach ar bhonn AE ón mbliain 2018. D'éirigh na pléití níos déine i rith 2019, agus glacadh le Conclúidí na Comhairle faoin Straitéis mar bhuaicphointe leo. Cuirtear cur chuige iomlánaíoch, trasearnála i bhfeidhm faoin Straitéis, agus é mar aidhm léi poitéinseal na n-acmhainní nádúrtha in-athnuaite agus riachtanais na sochaí a nascadh le chéile, chomh maith le héiceachórais agus bithéagsúlacht a chosaint, a chothabháil agus a athshlánú. Tá tagairtí don CPA san áireamh le Conclúidí na Comhairle freisin, go háirithe an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ionstraimí forbartha tuaithe CAP, eadhon EIP-AGRI, AKIS agus LEADER chun tacú le húsáid a bhaint as bithgheilleagar inbhuanaithe áitiúil agus ciorclach.

Staid an Mhargaidh

Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar staid an mhargaidh ar fud na n-earnálacha talmhaíochta éagsúla le linn na bliana 2019. Tairgeadh an chuid den stoc SMP a bhí faoi idirghabháil phoiblí le díol go luath in 2019 trí bhithin an nós imeachta um chuireadh chun tairisceana. Mar thoradh air sin, díoladh an stoc go léir as stóráil phoiblí faoi mhí an Mhárta 2019.

An Earnáil Foraoiseachta

Rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh na nithe seo a leanas sa bhliain 2019

- ghlac le Conclúidí maidir leis an *Athbhreithniú Iártéarma ar Straitéis Foraoise an AE*,
- ghlac le Conclúidí maidir leis an *Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomh AE a ghéarú chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athshlánú agus*
- thug tacaíocht do *Dhearbhú Aireacht Katowice ar Fhoroisí don Aeráid*.

I measc na gconclúidí san Athbhreithniú Iártéarma ar Straitéis Foraoise an AE bhí Bainistiú Foraoisí Inbhuanaithe, maolú agus oiriúnú maidir leis an athrú aeráide, seirbhísí éiceachórais, forbairt tuaithe, aghaidh a thabhairt ar dhíthoraoisí agus ar dhíghrádú foraoisí, chomh maith le caomhnú an dúlra. Pléitear ról an fhoraoisithe agus an gá le fáil leanúnach ar mhaoiniú sa téacs freisin.

Tugadh ar aird sna conclúidí ar an *Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomh AE a ghéarú chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athshlánú*:

nach leor na gníomhartha reatha chun stop a chur le dhíthoraoisí agus díghrádú foraoisí; tacaíodh le cuspóirí agus raon feidhme na Teachtaireachta ón gCoimisiún Eorpach, ar aidhm léi sláinte foraoisí (go háirithe foraoisí príomhúla) agus cumhdach foraoisí inbhuanaithe agus bithéagsúla ar fud an domhain a mhéadú go suntasach; agus iarradh cur i bhfeidhm comhtháite ar feadh na gcúig réimse tosaíochta inti.

Thacaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh go foirmiúil le Dearbhú Aireacht Katowice ar Fhoroisí don Aeráid i mí Mheán Fómhair 2019. San áireamh sa dearbhú tá gealltanais chun dlús a chur faoin ngníomhú chun rannchuidiú níos fearr ag foraoisí agus ag táirgí foraoisí a chinntiú, chun tacú le sprioc fadtéarma Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Spreagtar páirtithe leasmhara leanúint den ghníomhú chomh maith.

Gníomhú ar son na hAeráide

Áirítear ar Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le rialachas riachtanas do Bhallstáit Pleananna Naisiúnta Fuinnimh agus Aeráide comhtháite don tréimhse 2021 go 2030 a dhréachtú, ina leagfaí amach an tslí le targaidí ESR, LULUCF agus RED II a bhaint amach agus iad a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach faoi dheireadh 2019. Chloígh Éire le seasamh Rialtais iomlán maidir le rannpháirtíocht sa phróiseas agus leanfar ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe ar fud Ranna Rialtais éagsúla.



IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO)

Ní raibh toradh ar bith ar an gcomhad Talmhaíochta ag MC11 in 2017 agus níor tháinig athrú suntasach ar sheasamh chomhaltaí an WTO ó shin. Mar sin féin, táthar ag iarraidh go mbeidh mír Thalmhaíochta ar an gclár oibre don MC12 in 2020.

Comhaontuithe Saorthrádála - FTAnna

Leanadh le comhchainteanna ar raon FTAnna idir an AE agus tríú tíortha.

AE-SAM

Chuir an AE agus na Stát Aontaithe, tús le cainteanna ar chomhaontú teoranta trádála, i mí Iúil 2018, tráth a mbeadh sé i gceist fáil réidh le taraifí ar earraí tionsclaíocha amháin. D'iarr riarachán na Stát Aontaithe go gcuirfí talmhaíocht san áireamh sa chaibidlíocht. Thacaigh Éire le seasamh Choimisiún an AE, áfach, gur cheart talmhaíocht a fhágáil taobh amuigh de raon feidhme chomhaontú ar bith leis na Stáit Aontaithe i gcomhréir leis an gcomhaontú idir Uachtarán ar Choimisiún an AE ag an am, Jean-Claude Juncker, agus Uachtarán Trump.

An 11 Eanáir 2019, d'fhoilsigh na Stáit Aontaithe a chuspóirí caibidlíochta don chaibidlíocht trádála sin. An 18 Eanáir 2019, d'fhoilsigh Coimisiún an AE a dhréacht-threoracha caibidlíochta lena gceadú ag Comhairle an Aontais maidir le tús a chur le caibidlíocht trádála leis na Stáit Aontaithe, gan talmhaíocht san áireamh. An 14 Márta 2019, rinne Parlaimint an Aontais Eorpaigh machnamh ar a rún neamhcheangailteach maidir le tús a chur le cainteanna leis na Stáit Aontaithe agus d'eisigh fógra "gan tuairim" ar an gcaibidlíocht. Beidh vóta ceangailteach ag Parlaimint na hEorpa ar Chomhaontú Saorthrádála críochnaitheach ar bith a cheadú. Cheadaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh dhá shainordú an 15 Aibreán 2019 maidir le comhaontú ar (1) deireadh a chur le taraifí ar earraí tionsclaíocha agus ar (2) mheasúnú comhréireachta.

An Díospóid Airbus-Boeing WTO: tionchar ar an earnáil agriabhia

Tá díospóid ar bun le fada idir na Stáit Aontaithe agus an Aontas Eorpach maidir le fóirdheontais chuig a bpríomh-mhonoróirí aerárthaí faoi seach, Airbus (AE) agus Boeing (SA). Chuir an dá thaobh cás an ceann ar aghaidh chuig an WTO lena bhreithniú. Tá breithiúnas déanta ag Comhlacht Achomhairc an WTO ar an dá chás agus fuair go raibh locht ar an AE agus ar na SA Fógraíodh an rialú eadránaithe inar leagadh amach na taraifí a fhéadfaidh na SA a fhorchur ar an AE an 2 Deireadh Fómhair 2019. Tá an rialú comhionann lena gceadaítear taraifí AE a chur i bhfeidhm ar allmhairí ó na SA le teacht in 2020.

Socraíodh gur \$7.496 billiún an t-uasleibhéal taraifí a fhéadfaidh na SA cur i bhfeidhm ar onnmhairí ón AE chuig na SA i rialú eadránaithe an WTO an 2 Deireadh Fómhair 2019. D'fhoilsigh na SA liosta d'allmhairí ón AE chuig na SA ar chuir siad taraifí orthu ón 18 Deireadh Fómhair 2019. Maidir le honnmhairí ó Éirinn chuig na SA, ba 25% ad valorem a bhí sa ráta taraifí. Beidh éifeacht mhór aige sin ar roinnt dár n-onnmhairí ardluacha chuig na SA, lena n-áirítear licéir, im agus cáiseanna áirithe. Leanfar leis an idirphlé in 2020 le súil agus comhaontú cóir agus cothrom a bhaint amach idir na SA agus an AE.

Cuóta Uathrialach 'AE 481 maidir le mairteoil ghrán-chothaithe'

In 2019, tháinig an Coimisiún Eorpach ar chomhaontú leis na Stáit Aontaithe maidir leis an gcuóta uathrialach 'AE 481 maidir le mairteoil ghrán-chothaithe', a cuireadh ar bun i dtosach chun díospóid faoi úsáid hormón idir an AE, na SA agus Ceanada a réiteach. Tá an cuóta do mhairteoil saor ó hormóin ag 45,000 tonna i gcónaí. An t-athrú a thiocfaidh air, go ndéanfar 35,000 tonna de chuóta a "imfhálú" le haghaidh Stáit Aontaithe Mheiriceá. Déanfar an leithdháileadh sin do na SA a chéimniú isteach i gcaitheamh thréimhse seacht mbliana. Beidh éifeacht leis an gComhaontú ón 1 Eanáir 2020.

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Ceanada CETA

Sa bhliain 2017, cheadaigh Parlaimint na hEorpa CETA agus tháinig an comhaontú i bhfeidhm go sealadach. Dá réir sin, tá formhór an chomhaontaithe i bhfeidhm anois. Tiocfaidh an comhaontú i bhfeidhm go hiomlán nuair a bheidh an comhaontú daingnithe ag parlaimintí an AE/na mBallstát go léir. Go dtí seo tá CETA daingnithe ag 12 Bhallstát den AE: An Ostair, an Chróit, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn. Tá an toradh sásúil ó thaobh dhearcadh na hÉireann de – cé gur deonaíodh rochtain bhreise do mhairteoil Cheanada chuig margadh an AE, baineadh rochtain níos fearr amach do mhairteoil agus do tháirgí déiríochta an AE chuig margadh Cheanada (cáis go sonrach) chomh maith.

AE MERCOSUR

Tugadh scór bliain d'idirbheartaíocht chun críche an 28 Meitheamh 2019 nuair a fógraíodh comhaontú polaitiúil ar Chomhaontú Saorthrádála AE-Mercosur. Áirítear ar an gcomhaontú Cuóta Rátaí Taraife suntasach don mhairteoil - 99,000 tonna d'allmhairí Chomhionann an Mheáchain Chonablaigh chuig an AE. Tá ciste €1 bhilliún á chur ar fáil ag an gCoimisiún chun cabhrú le feirmeoirí plé le dúshlán ar bith ó thaobh cur isteach ar an margadh de dheasca an chomhaontaithe.

Áirítear ar an gcomhaontú cuótaí d'onnmhairí cáise, púdair bhainne agus foirmle do naíonáin ón AE, chomh maith le léirscaoileadh trádála iomlán biotáillí, seacláide agus earraí eile, rud a chuirfidh deiseanna ar fáil d'onnmhairteoirí na hÉireann. Déantar soláthar sa chomhaontú go gcaithidh tíortha Mercosur ráthaíochtaí dlí a bhunú chun 357 Sonra Geografach (GI) san AE a chosaint, lena n-áirítear uisce beatha Éireannach agus Uachtar Licéir Éireannaigh.

Áirítear ar an gComhaontú caibidlí mionsonraithe faoi chaighdeán Inbhuanaitheachta agus Shláintíochta Fíteashláintíochta (SPS). Leis an gcaibidil faoi SPS, cinntítear nach mór do thíortha Mercosur cloí le dian-rialacha agus dian-chaighdeán AE maidir le Sábháilteacht Bia, Sláinte Plandaí and Sláinte agus Leas Ainmhithe, chun leasa tomhaltóirí an AE.

In 2019, d'iarr an Taoiseach athbhreithniú neamhspleách ar an tionchar a bheadh ag an gcomhaontú ar Éirinn. I ndiaidh phróisis tairisceana, tá

Measúnú Tionchair Eacnamaíochta agus Inbhuanaitheachta ar an gComhaontú Trádála AE-Mercosur á dhéanamh ar an gComhaontú AE Mercosur. Táthar ag súil le tuarascáil chríochnaitheac i mí Lúnasa 2020. Tá “Measúnacht Tionchair Inbhuanaitheachta” á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar an tionchar a bheadh ag an FTA beartaithe ar an AE. Táthar ag súil leis an tuarascáil chríochnaitheach uathu i lár 2020. Beidh torthaí an dá staidéar mar bhonn eolais ag cur chuige na hÉireann ar dhaingniú an chomhaontaithe.

Tá athbhreithniú dlí agus aistriúchán á dhéanamh ar an gcomhaontú polaitiúil faoi láthair. Táthar ag súil go gcuirfean an comhaontú faoi bhráid na Comhairle Trádála in R4 2020. D'fhonn na gnéithe den Chomhaontú a bhfuil inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún ina leith (lena n-áirítear trádáil) a chur i bhfeidhm go sealadach, ní mór don Chomhairle Trádála é a chomhaontú (Vótáil trí Thromlach Cáilithe) agus ní mór do Pharlaimint na hEorpa é a dhaingniú. Déanfar céimniú isteach molta an chuóta rátaí taraife mairteola thar thréimhse cúig bliana, agus mar sin d'fhéadfadh sé bliana a bheith i gceist sula mbeidh an comhaontú i bhfeidhm go hiomlán. Is dócha go mbainfidh dúshlán leis an bpróiseas daingnithe foirmiúil don Chomhaontú níos leithne – nach mór a bheith daingnithe ag Ballstáit aonair mar gheall gur cheann é ina bhfuil gnéithe a thiteann faoi inniúlacht eisiach AE agus faoi inniúlacht Ballstáit araon – ar leibhéal Pharlaimint na hEorpa agus ar leibhéal Pharlaimint Náisiúnta.

Comhoibriú AE-an Aontais Afracaigh

Tascfhórsa ar Cheantair Thuaithe na hAfraice

Bhunaigh an Coimisiún Eorpach an Tascfhórsa don Afraic Thuaithe i mí Bealtaine 2018. An aidhm atá leis, moltaí a sholáthar faoin tslí le hearnáil tuaithe na hAfraice a threisiú agus ról an AE a uasmhéadú, maidir le cruthú post agus forbairt eacnamaíochta a chothú i dtalmhaíocht, i ngnó talmhaíochta agus i dtionscail talmhaíochta. Is cuid den sraith níos leithne gníomhartha a sheol an Coimisiún faoi chreat na Comhghuaillíochta idir an Afraic agus an Eoraip le haghaidh Infheistíocht agus Poist Inbhuanaithe é obair an Tascfhórsa.

I mí an Mhárta 2019, thuiriscigh an Tascfhórsa don Afraic Thuaithe chuig an gCoimisiún faoin tslí is fearr chun cur le forbairt inbhuanaithe agus cruthú post in

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

earnáil agriabhia agus i ngeilleagar tuaithe na hAfraice, agus mhol na ceithre réimse straitéiseach seo a leanas maidir le gníomhú ina leith:-

1. Cur chuige críche ar ioncam agus ar chruthú post;
2. Bainistiú inbhuanaithe talún agus acmhainní nádúrtha agus athrú aeráide;
3. Claochlú inbhuanaithe ar thalmhaíocht na hAfraice;
4. Tionscal bia na hAfraice a fhorbairt agus gníomhartha margaidh.

AE-Singepór

Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (ECJ), an 16 Bealtaine 2017, nach bhféadfaí comhaontú Singepór a dhaingniú ag leibhéal AE gan cead na mBallstát go léir. Ag cur leis sin, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go n-éileodh aon idirbheart trádála a áiríonn córas socraithe maidir le díospóid lasmuigh den chúirt, daingniú na 38 parlaimint náisiúnta nó parlaimint réigiúnacha an AE. Tar éis an rialú seo, cuireadh toradh na hidirbheartaíochta le Singepór in oiriúint le dhá chomhaontú aonair a chruthú: Comhaontú Saorthrádála (FTA) agus Comhaontú maidir le hInfheistíocht a Chosaint (IPA).

Síníodh na dréacht-chomhaontuithe trádála an 19 Deireadh Fómhair 2018 agus fuair siad toiliú ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2019. I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa toiliú a thabhairt agus i ndiaidh don Singepór a nós imeachta inmheánach féin a thabhairt chun críche, tháinig feidhm leis an FTA an 21 Samhain 2019. Ní mór do gach Ballstát AE an Comhaontú maidir le hInfheistíocht a Chosaint (IPA) a dhaingniú sula mbeidh feidhm leis.

EU-Vítneam

Clúdaíonn an Comhaontú a chlúdaíonn fáil réidh go hiomlán le 99% + de tharaifí thar seacht mbliana i gcás an AE agus thar deich mbliana i gcás Vítneam. Síníodh na Dréacht-Chomhaontuithe Trádála agus Infheistíochta an 30 Meitheamh 2019. Chuir an dá thaobh tús lena bpróisis daingnithe faoi seach ansin. Tá próiseas an AE beagnach tugtha chun críche agus tá ceadú críochnaitheach le tabhairt go luath i mí Dheireadh Fómhair 2020. Chomh luath agus a dhaingníodh Comhthionól Náisiúnta Vítneam an FTA, tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm, go luath i samhradh 2020, is dócha.

AE – an tSeapáin

Thug an AE agus an tSeapáin an Comhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíochta chun críche an 8 Nollaig 2017. Shínigh an AE agus an tSeapáin an Comhaontú ag cruinniú mullaigh an 11 Iúil 2018 agus tháinig feidhm leis an gComhaontú an 1 Feabhra 2019. Ciallaíonn an Comhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíochta (EPA) spreagadh ollmhór d'earnáil agriabhia an AE, a chuireann rochtain bhreise as cuimse ar fáil maidir le mairteoil, táirgí muiceola agus táirgí déiríochta (cáis). Dá bhrí sin, ciallaíonn sé deis suntasach chun cur le honnmhairithe mairteola na hÉireann go háirithe. Tá cosaint á fáil ag os cionn 200 Sonra Geografach faoin gcomhaontú agus tá gnóthachan mór d'onnmhairroirí fíona agus biotáille freisin.

AE – An tSín

Is é atá mar aidhm le Comhaontú Infheistíochta an AE-na Síne atá beartaithe, fáil réidh le bacainní ar rochtain ar an margadh ar infheistíocht agus ardleibhéal cosanta a chur ar fáil d'infheisteoirí agus d'infheistíocht i margaí an AE agus na Síne araon. Tiocfaidh comhaontú Infheistíochta cuimsitheach singil amháin in ionad na 26 Conradh Infheistíochta Dhéthaobhach atá ann cheana féin idir an tSín agus Ballstáit aonair an AE. Le linn na bliana 2016, tháinig idirbheartaithe an AE agus na Síne ar chonclúidí soiléire maidir le scóip uailmhianach agus cuimsitheach do chomhaontú infheistíochta an AE-na Síne agus chuir siad comhthéacs idirbheartaíochta le chéile. Tá an chéad bhabhta eile idirbheartaíochtaí le tionól sa Bhruiséil ón 16-21 Eanáir 2020.

AE – An Indinéis

Tionóladh dhá bhabhta idirbheartaíochtaí sa bhliain 2019, an ceann is déanaí an 2 Nollaig sa Bhruiséil. I rith an bhabhta, mhalartaigh an dá thaobh an dara tairiscint maidir le léirscaoileadh taraife, ag tógáil ar an tairiscint thosaigh a malartaíodh sa chúigiú babhta. Leis an dara tairiscint, cé gur ceann idirmheánach í, tugtar an scaoileadh molta go céatadán a bhí ard cheana féin, i dtéarmaí líon na línte taraife agus méid trádála, agus réitítear an bealach i dtreo chomhaontú uailmhianach agus cuimsitheach. Ó thaobh na talmhaíochta de, is é a bhí i dtairiscint an AE, circeoil, uibheacha, rís, siúcra, ullmhóidí feola agus glasraí. Tá an 10ú babhta le tionól i rith na seachtaine ón 16-20 Márta 2020 in Bali.

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

AE - Meicsiceo

In Aibreán 2018, tháinig an AE agus Meicsiceo ar 'chomhaontú i bprionsabal' ar na gnéithe trádála de Chomhaontú Domhanda nuachóirithe an AE-Meicsiceo. Tá saincheistanna teicniúla á dtabhairt chun críche faoi láthair. Ó thaobh an AE de, tá feabhsúcháin shuntasacha ar rochtain margaidh comhaontaithe d'onnhairithe croíláir táirgí cáise agus déiríochta go Meicsiceo. Sa bhreis air sin, tá feabhas suntasach ar choinníollacha maidir le rochtain ar an margadh d'onnhairí muiceola agus éanlaithe ón AE.

AE-an Astráil/an Nua-Shéalainn

Tá idirbheartaíochtaí ar Chomhaontuithe Saorthrádála idir an AE agus an Astráil agus an Nua-Shéalainn ar siúl.

Tá sé bhabhta idirbheartaíochtaí tugtha chun críche idir an AE agus an Nua-Shéalainn, an ceann is déanaí ón 10-13 Nollaig 2019 in Wellington. Plé dearfach a bhí ann agus rinneadh dul chun cinn maith i roinnt réimsí. Tá sé beartaithe an plé a thabhairt chun críche in 2020.

Tionóladh cúig bhabhta idirbheartaíochtaí idir an AE agus an Astráil. Tá an chéad bhabhta eile le tionól ón 10-14 Feabhra 2020. Phléigh lucht na hidirbheartaíochta tograí téacs a cuireadh ar aghaidh le haghaidh roinnt caibidlí agus na barúlacha ina leith.

MISIN TRÁDÁLA

Sa bhliain 2019, bhí an tAire Creed i mbun misin agraibhia ar éirigh thar barr leo chun na Tuirce sa Mháirta, chun na Síne faoi dhó, sa Bhealtaine agus i mí na Samhna agus chun na Seapáine agus na Cóiré Theas sa Mheitheamh. Comhaontaíodh i bprionsabal rochtain margaidh do chaoireoil na hÉireann chun na Seapáine (a baineadh amach go hiomlán i ndiaidh an mhisin) le linn an Mhisin Trádála sa Mheitheamh chomh maith le rochtain fheabhsaithe chun na Seapáine a dheimhniú do mhairteoil, tráth a bhfuarthas réidh le srianta a bhí i bhfeidhm le 30 mí anuas.

Cuireadh borradh breise faoina hiarrachtaí le margadh domhanda a aimsiú do bhia agus dí na hÉireann sa tSín i mí na Samhna 2019 nuair a fuarthas cead táirgí ó 14 monarcha mairteola breise a sholáthar do mhargadh na Síne. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 21 monarcha de chuid na hÉireann liostaithe le Riarachán Ginearálta Custaim sa tSín. Chiallaigh an fógra mórathrú freisin

maidir le hacmhainneacht na hÉireann soláthar a chur ar fáil do mhargadh na Síne.

Tugadh cuairteanna sa bhliain 2019 freisin ar mhargaí níos traidisiúnta le cuairt chun na hÍsiltíre i mí na Samhna. Chas an tAire, le linn na cuairte seo, ar ionadaithe ón Tionscal Laofheoil Dúitseach, thug an tAire cuairt ar a gcuid saoráidí freisin agus cuireadh ar a shuaimhneas é maidir le saincheistanna ó thaobh leasa ainmnithe agus acmhainneachta. Is margadh onnhairithe tábhachtach atá san Ísiltír d'Éirinn mar gurbh í an Ísiltír an tríú ceann scríbe is mó d'onnhairithe agraibhia na hÉireann.

Thug an tAire sceideal na bliana 2019 chun críche i mí na Nollag san Ísiltír agus thug sé cuairt ar an Ríocht Aontaithe ina dhiaidh sin, tráth ar chas sé le príomhghrúpaí ollmhargaí ilnáisiúnta.

Cuairteanna Trádála Isteach

Chomh maith leis na misin trádála thar lear, rinne an Roinn óstáil ar thoscáireachtaí a bhí ar cuairt ó raon leathan de thíortha sa bhliain 2019. Áirítear orthu sin, an tSín, an tSeapáin, an Chóiré Theas, na Stáit Aontaithe, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an Mhongóil, Meicsiceo, an Iaráin, an Tuirc, an Éigipt, an Téalainn, an tSeoirsia, Catar, Vítneam, Maracó agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (UAE).

Institiúid Foraoiseachta na hEorpa (EFI)

Tá an Roinn mar chomhalta den EFI, a dhéanann stiúradh ar thaighde agus a chuireann tacaíocht beartais ar fáil ar shaincheistanna a bhaineann le foraoisí. Tá Éire ina comhalta gníomhach agus tacaíonn le líon tionscnaimh EFI. Áirítear orthu seo, Ciste Iontaobhais IDheontóra an EFI do bheartas agus do thacaíocht agus Saoráid REDD an AE a thacaíonn le tíortha chun rialacha úsáide talún a fheabhsú mar chuid dá gcuid iarrachtaí le dífhoraioisíú a mhoilliú, a stopadh agus a iompú droim ar ais. Tá foilseacháin agus tuarascálacha an EFI le fáil ag www.efi.int

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Borradh a chur faoi Ghníomh AE chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Atógáil

Ghlac an Coimisiún Eorpach lena Chumarsáid maidir le Borradh a chur faoi Ghníomh AE chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Atógáil an 23 Iúil 2019. Is éard atá i gceist leis an gCumarsáid, cosaint a dhéanamh ar fholláine foraoisí agus iad a fheabhsú (go háirithe príomhforaoisí) chomh maith le cur go suntasach le clúdach foraoise inbhuanaithe agus le bithéagsúlacht ar fud an domhain.

Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, i mí na Nollag 2019, leis na Conclúidí ar Chumarsáid an Choimisiúin. Thug na conclúidí:-

- ar aird nach leor iad na gníomhartha reatha le stop a chur leis an dífhoraoisiú agus le díghrádú foraoise;
- thacaigh siad le cuspóirí agus le scóip Cumarsáide an Choimisiúin Eorpaigh; agus
- d'éiligh siad cur i bhfeidhm stuama idir na 5 réimse tosaíochta.

Straitéis Foraoise an AE

Tá Straitéis Foraoise an AE i bhfeidhm ón 2014 – 2020. Sa bhliain 2019, d'aithin páirtithe leasmhara na hearnála foraoiseachta, an Chomhairle Agra-éisc, Coiste na Réigiún agus Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa an riachtanas atá ann do Straitéis Foraoise nua AE, atá cothrom le dáta agus atá níos láidre. Chomh maith leis sin, meastar freisin go bhfuil ról lárnach ag bainistíocht inbhuanaithe foraoiseachta agus tábhacht as cuimse na hearnála foraoiseachta maidir le seachadadh a dhéanamh ó thaobh dúshláin aeráide de sa Chomhaontú Glas don Eoraip nua. Mar gheall gur inniúlacht náisiúnta atá sa bheart foraoiseachta, tá dlúth-rannpháirtíocht ag na Ballstáit i ndearadh na Straitéise Foraoise nua. Glacadh le conclúidí na Comhairle ar Straitéis Foraoise nua an AE in Aibreán 2019. Leanfar le hullmhúcháin do Straitéis Foraoise nua an AE sa bhliain 2020.

An Comhaontú Glas don Eoraip

Sheol Uachtarán nua an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, an Comhaontú Glas don Eoraip i mí na Nollag 2019. Cuireann an Comhaontú Glas treochlár gníomhartha ar fáil chun borradh a chur faoi úsáid

éifeachtúil acmhainní agus clúdaíonn sé gach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear, talmhaíocht, agus é mar aidhm leis geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin laistigh den AE a bhaint amach faoin mbliain 2050. Beidh tuilleadh mionsonraí maidir leis an gComhaontú Glas ag teacht amach sa bhliain 2020, tá sé i gceist, áfach, cur le spriocanna astaíochtaí an AE faoin mbliain 2030, chomh maith le roinnt straitéisí a chur i láthair sa bhliain 2020 chun cuidiú linn ár n-uaimhian aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Áirítear ar na straitéisí seo, Straitéis Bhitheagsúlachta faoin mbliain 2030 agus Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc do chórais bia inbhuanaithe, agus tá an straitéis deiridh sin ar na bacáin lena foilsíú i mí Aibreáin 2020. Ní mór gnéithe atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc a bheith léirithe freisin i bPleananna Straitéiseach CAP na mBallstát (atá mar chuid lárnach de thograí CAP tar éis na bliana 2020), agus a bheidh á gceadú ag an gCoimisiún Eorpach.

Rialacháin Idirthréimhseacha CAP

Ní mór leasú a dhéanamh ar na rialacháin Idirthréimhseacha go seacht rialachán shonracha, lena n-áirítear, ceithre Rialachán CAP. Tá sé mar aidhm leis na Rialacháin cinnteacht agus leanúnachas a sholáthar ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí Eorpacha agus leanúnachas tacaíocht d'fhorbairt tuaithe a chinntiú san idirthréimhse do na Ballstáit siúd a bhfuil leithdháiltí EAFRD 2014 – 2020 ídithe acu trí shíneadh a chur leis an gcreat dlíthiúil reatha go dtí go mbeidh an CAP nua ar fáil.

Mhol an Coimisiún dhá rialachán leis na haidhmeanna seo a chomhlíonadh. Ar an gcéad rialachán agus ar an gceann is práinní, tá solúbthacht airgeadais ar glacadh leis an 31 Nollaig 2019. Moltar sa dara rialachán, agus an rialachán is suntasaí, líon athruithe a chuir ar an gClár Forbartha Tuaithe. Tá líon ceisteanna ardaithe ag Ballstáit maidir leis na hathruithe seo agus leanfar le díospóireacht sa bhliain 2020. Tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh na socrúithe idirthréimhseacha seo i bhfeidhm faoi lár an tsamhraidh sa bhliain 2020, faoi réir ag comhaontú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis na bliana 2020, a thabharfaidh soiléireacht maidir leis an seasamh i ndáil le leithdháiltí buiséadacha an AE amach anseo.

IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Athrú Aeráide

Leanann rannpháirteacht na hÉireann go gníomhach tríd an Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara le Fochomhlachtaí UNFCCC a bhfuil sé de chúram orthu combhbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le talmhaíocht.

Tar éis an chinnte ag Comhdháil na bPáirtithe (COP 23) na bliana 2017, ar a dtugtar an Koronivia Joint Work on Agriculture, inar aithníodh ról na talmhaíochta chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus le huailmhianta Chomhaontú Aeráide Pháras a bhaint amach, leanadh den obair agus bhí an Roinn i láthair ag an gComhdháil Idirsheisiúin ar Athrú Aeráide an UNFCCC a bhí ar siúl i Bonn i Meitheamh 2019 agus an COP 25 a bhí ar siúl i Madrid i mí na Nollag 2019.

Chomh maith leis sin, chuir Éire le maoiniú do thionscnamh atá faoi stiúir na Nua-Shéalainne agus chomhaontaigh ceardlann bhreise atá le réachtáil sa bhliain 2020 faoin KJWA, leis na páirtithe go léir.

Lena chois sin, thacaigh Éire leis an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), an comhlacht de chuid na Náisiúin Aontaithe maidir le measúnú a dhéanamh ar an eolaíocht a bhaineann le hathrú aeráide, chun Tuarascáil Speisialta ar Athrú Aeráide agus Talún a fhoilsiú trí ionchur a chur ar fáil ag céimeanna athbhreithnithe saineolacha agus freastal ar an gcruinniú deiridh maidir le cead agus aontú deiridh na rialtais dhomhanda a bhí ar siúl idir an 2 agus 6 Lúnasa 2019 sa Ghinéiv, an Eilvéis. Tá Éire ar shé chinn de thíortha a d'iarr go n-ullmhófaí an tuarascáil speisialta seo. Tá an tuarascáil speisialta seo ar thrí cinn de thuarascálacha a chuir an IPCC ar fáil mar chuid den séú (6ú) timthriall measúnaithe; ar na tuarascálacha eile bhí, tuarascáil 1.5° céim a foilsíodh sa bhliain 2018 agus tuarascáil speisialta ar Aigéin agus Críóisféar freisin a foilsíodh sa bhliain 2019.

Éilíonn torthaí na tuarascála go soiléir go gcuirfí borradh faoi mhaolú athrú aeráide agus le gníomhartha oiriúnaithe ar fud an domhain, lena n-áirítear, straitéisí inbhuanaithe a bhaineann leis an talamh a mhaolaíonn brú ar thalamh agus ar shlándáil bia freisin.

Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD)

Soláthraíonn Coiste Talmhaíochta an OECD fóram idirnáisiúnta d'oifigigh shinsearacha beartais, lena n-áirítear Éire, a ndéanann an Roinn ionadaíocht uirthi, le taithe a chomhroinnt agus le feabhas a chur ar chomhthuisceant beartais talmhaíochta, trádála agus agra-chomhshaoil, agus le feabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht beartais ag leibhéal baile agus ag leibhéal idirnáisiúnta araon. Cuireann an Coiste dhá fhoilseachán bhliantúla ceannródaíoch ar fáil: Cuireann an Coiste dhá fhoilseachán bhliantúla ceannródaíoch ar fáil: Agricultural Outlook an OECD-FAO agus tuarascáil Agricultural Policy Monitoring and Evaluation. Chomh maith le freastal ar an bPríomhchoiste, bíonn an Roinn rannpháirteach freisin i gcoistí oibre gaolmhara.

Chomh maith leis sin, rinne an Roinn agus an EPA ranníocaíocht airgid chun a bheith curtha san áireamh mar chás-staidéar chomh maith le chúig (5) thír eile i dtuarascáil ar a dtugtar 'I dTreo Úsáid Inbhuanaithe Talún: Ag Ailíniú Beartais Bithéagsúlachta, Aeráide agus Bia'. Déantar scrúdú sa tuarascáil seo ar na dúshláin a bhaineann le beartais ailínithe úsáide talún le cuspóirí aeráide, bithéagsúlachta agus bia, agus ar na deiseanna le córais úsáide talún inbhuanaithe a fheabhsú. Cuirtear léargas ar fáil ar shárchleachtais sa tuarascáil seo maidir leis an mbealach ina bhféadfadh rialtais aistriú go córais úsáide talún atá níos inbhuanaithe trí ailíniú níos fearr a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus teacht le chéile níos fearr idir cuspóirí úsáide talún, aeráide, éiceachórais agus bia.

Leathanach baile an OECD Agriculture and Fisheries: <http://www.oecd.org/agriculture/>

OECD-FAO Agricultural Outlook: <http://www.agri-outlook.org/>

OECD Agricultural Policy Monitoring and Evaluation: <http://www.oecd.org/tad/agricultural-policies/monitoring-and-evaluation.htm>



SLÁNDÁIL BIA

Forbairt Idirnáisiúnta

Tá an Roinn freagrach as roinnt de ghnéithe clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann agus oibríonn an Roinn go dlúth le Cúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir leis seo.

NA – An Clár Domhanda Bia (WFP)

Is é an Clár Domhanda Bia (WFP) Eagraíocht na Náisiún Aontaithe atá freagrach as cúnamh bia a chur ar fáil do na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan. Le linn na bliana 2019, lean an Roinn le hionadaíocht a dhéanamh ar an tír ar Bhord Feidhmeach an WFP mar chuid d'uainíocht dhá bhliain a chlúdaigh 2018-2019. Lean an Roinn freisin le tacaíocht a thabhairt d'obair ríthábhachtach WFP na Náisiún Aontaithe trí ranníocaíocht maoinithe de €25.3 milliún. Áirítear anseo, réamhíocaíocht de €23 milliún maidir le ranníocaíocht na bliana 2020 mar a gealladh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí don WFP do 2019-2021. Tugann an réamhíocaíocht an tsolúbthacht don WFP chun a chuid maoinithe a phleanáil agus a dhíriú ar an mbealach is straitéisí, is éifeachtúla agus is éifeachtaí.

Clár Forbartha Agraibhia na hAfraice (AADP)

Is comhthionscnamh atá i gceist leis AADP idir an Roinn agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Tá sé mar chuspóir leis comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir Earnáil Agraibhia na hÉireann agus tíortha Afracacha chun tacú le fás inbhuanaithe sa tionscal bia áitiúil, chun cur le margaí do tháirge áitiúil agus tacú le comhthrádáil idir Éire agus an Afraic. Le linn na bliana 2019, leanadh le hobair an chláir, sé sin maoiniú a thabhairt do chúig chuideachta Éireannacha le luach de €1,225,778, agus chuir an Roinn €612,889 leis sin. Tá acmhainneacht ag na tionscadail atá roghnaithe deiseanna a chruthú do ghnólachtaí Éireannacha agus d'fheirmeoirí san Afraic i réimsí ar nós: soláthar agus cur i bhfeidhm bith-spreagthach ardfheidhmíochta a bhaintear as feamainn le tionchar ó thaobh triomach agus ardteocht ar bharrá sa Chéinia a mhaolú; agus gnó déantúsaíochta cáise a fhorbairt i gcomhar le gabhálaíthe beaga agus, go príomha, mná sa Uganda atá i mbun déiríochta.

NA- an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO)

Tá sainordú tugtha d'Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe cuidiú le deireadh a chur le hocras, neamhshábháilteacht soláthair bia agus le míchothú agus an talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht a bheith níos táirgiúla agus níos inbhuanaithe, córais talmhaíochta agus bia atá cuimsitheach agus éifeachtúil a chumasú agus cur le teacht aniar slí bheatha i leith bagairtí agus géarchéime. Tá an Roinn chun tosaigh ó thaobh caidreamh Rialtas na hÉireann leis an FAO agus chinntigh go raibh ionadaíocht mhaith á dhéanamh ar sheasamh na hÉireann ag cruinnithe éagsúla an FAO ar feadh na bliana maidir le cúrsaí talmhaíochta agus forbartha. Sa bhreis ar shíntiús bliantúina hÉireann de €1.43 milliún don bhliain 2019 a íoc leis an FAO, cuireadh maoiniú breise buiséadach de €1.18 milliún ar fáil don FAO i réimsí a bhfuil cumas ar leith ag an FAO agus go mbreithníonn an Roinn go bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Áirítear orthu sin, tionscadail a dhíríonn ar ghníomhú ar son na haeraíde ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe; agus forbairt eacnamaíochta do mhná faoin tuath.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)

Ag teacht le freagra rialtais uile do thiomantais SDG na hÉireann a sheachadadh, as a gcoinníonn gach Aire freagrach ó thaobh na SDGanna aonair a bhaineann lena gcuid feidhmeanna a chur i bhfeidhm, tá an Roinn seo ar an Roinn stiúrtha maidir le chúig sprioc: SDGanna 2, 12, 14, 15 agus 17, a bhaineann go príomha le slándáil bia; táirgeadh inbhuanaithe; agus saol faoin fharraige agus ar an talamh.

Cé go bhfuil an Roinn ina Roinn stiúrtha ar chúig cinn de na spriocanna seo agus sin amháin, tá na SDGanna fite fuaite le chéile agus cuireann an Roinn cion suntasach leis na SDGanna eile atá chomh tábhachtach céanna. Sa bhliain 2019, bhí an Roinn rannpháirteach i cúig cinn d'fhórim Páirtí Leasmar SDG agus léiríodh rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht na Roinne ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

Food Wise 2025

Is é Food Wise 2025 an straitéis reatha deich mbliana don earnáil agraibhia agus cuireann sé béim ar staid uathúil agus speisialta na hearnála laistigh de gheilleagar na hÉireann agus léirítear an acmhainneacht atá ann don earnáil le tuilleadh fáis a dhéanamh. Tá fíis sa Food Wise maidir le príomhtháirgeoirí tosaigh agus gnólachtaí agraibhia a bhfuil borradh fúthu i gcroílár pobail bhríomhara ar fud na tíre atá bunaithe ar chúig cinn de théamaí leathana - inbhuanaitheacht comhshaoil, forbairt margaidh, iomaíochas, nuálaíocht agus caipiteal daonna; chomh maith le moltaí sonracha do na príomhearnálacha. (www.agriculture.gov.ie/foodwise2025/)

Aithnítear i Food Wise 2025 réamh-mheastacháin uaillmhianacha agus dúshlánacha don tionscal thar deich mbliana agus ardú 85% ar onnmhairithe go €19 billiún; agus cruthú 23,000 post breise ar fud an tslabhra soláthair ó leibhéal táirgeoira go forbairt táirge breisluacha ardleibhéil.

Próiseas feidhmiúcháin

Tá próiseas feidhmiúcháin Food Wise faoi threallús ag “Coiste Feidhmiúcháin Ardleibhéil” (HLIC) agus tá an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar chathaoirleach air, agus tá rannpháirtíocht ag baill den Bhord Bainistíochta agus ag Ranna eile Rialtais agus Gníomhaireachtaí cuí Stáit ann. Bhí cúig chruinniú ag an HLIC sa bhliain 2019.

Lean an Coiste Inbhuanaitheachta Timpeallachta, a bunaíodh le monatóireacht a dhéanamh air agus le gníomhartha inbhuanaitheachta a thiomáint, le cruinnithe a bheith acu sa bhliain 2019.

Steps to Success 2019

Seoladh an ceathrú tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn Food Wise 2025, dar teideal “Céimeanna Chun na Rathúlachta 2019” i mí Iúil 2019. Léirítear sa tuarascáil an dul chun cinn a bhaineadh amach i mbliain a trí de chur i bhfeidhm straitéis mionsonraithe Food Wise 2025. Tá 87% de na 376 gníomh a raibh tús le cur lena bhfeidhmiú faoin mbliain 2019, nó ar gníomhartha leanúnacha iad, bainte amach againn nó tá gníomh mór glactha lena mbaint amach; agus tá tús curtha le feidhmiú an 13% eile agus dul chun cinn maith á dhéanamh orthu.

(<https://www.agriculture.gov.ie/foodwise2025/foodwise2025-stepstosuccess2019/>)

Tugtar breac-chuntas i gCéimeanna Chun na Rathúlachta 2019 ar an méid atá bainte amach ag an Roinn agus ag a cuid Gníomhaireachtaí i mbliain a ceathair. Áirítear i measc na mbuaicphointí do bhliain a ceathair:

- Seoladh na Tuarascála maidir le Rochtain Mhargaidh 2018, a chuireann léargas foriomlán ar fáil maidir leis an dul cinn suntasach agus na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Roinn i dtéarmaí rochtain mhargaidh chuig tríú tíortha do tháirgeoirí bia na hÉireann.
- Rinne an Roinn agus Bord Bia stiúradh ar cheithre Mhisean Trádála Agraibhia chun na Síne, Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an Indinéis, Malaesia, an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Ailgéir agus an Éigipt.
- Rochtain bainte amach do Chaoireoil na hÉireann chuig Margadh na Seapáine.
- D’oscail an tAire Creed Ionad um Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe nua san Ionad Taighde Bia Teagasc i mBaile an Ásaigh.
- Seoladh Comhfhondúireacht Eolaíochta Éireann – Ionad DAFM, VistaMilk, faoi stiúir Teagasc agus atá lonnaithe sa Chloch Liath.
- Foilsíodh an chéad Straitéis Tionscalbhunaithe d’Earnáil Iascaigh Cladaigh na hÉireann 2019-2023.
- Leagtar amach fíis sa straitéis do thodhchaí na hearnála iascaigh cois cladaigh.
- Foilsíodh straitéis nua seacht mbliana chun thearnáil Bia Orgánach na hÉireanna fhorbairt. Aithnítear sa straitéis go bhfuil deiseanna ann don earnáil agus cuireann treoir shoiléir ar fáil chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil go dtí an bhliain 2025.

Straitéis Agraibhia go dtí 2030

Bhain an earnáil agraibhia leas as cur chuige i leith pleanáil straitéiseach trí fhorbairt a dhéanamh ar straitéisí deich mbliana faoi stiúir páirtithe leasmhara, a ndéantar uasdátú orthu gach cúig bliana. Ó cuireadh tús leo scór blianta ó shin suas go dtí plean reatha Food Wise 2025, chinntigh na straitéisí seo go mbíonn fíis stuama faoi stiúir páirtí leasmhar agus straitéis le taca a chur le forbairt leanúnach na hearnála.

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

Cuir an Roinn tús leis an bpróiseas leis an gcéad straitéis eile deich mbliana eile a fhorbairt i samhradh na bliana 2019 agus seoladh comhairliúchán poiblí i mí Iúil. Eisíodh doiciméad comhairleach agus suirbhé ar líne le tuairimí na bpáirtithe leasmhara go léir a chinntiú maidir le treo na hearnála chomh fada leis an mbliain 2030. Bhí sé seo oscailte ar feadh 10 seachtaine agus fuarthas 60 aighneacht ar an iomlán i scríbhinn agus 214 freagra ar an suirbhé ar líne. Tionóladh comhairliúchán náisiúnta do pháirtithe leasmhara san Aviva Stadium an 16 Deireadh Fómhair 2019 do 400 toscaire leis na saincheisteanna seo a phlé go mion. Bhí an 'Díospóireacht Beartas Oscailte' seo comhdhéanta de roinnt cainteoirí, sraith de shé sheisiún tosaigh comhthreomhara agus aitheasc ón Taoiseach agus ón Aire Talmhaíochta Bia agus Mara. Is féidir teacht ar eolas breise ag: <https://www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/agri-foodandtheeconomy/agri-foodstrategyto2030/publicconsultation/>

I mí na Samhna 2019, bunaíodh Coiste atá ionadaíoch ar an earnáil agus faoi chathaoirleacht Tom Arnold, agus tá sé de dhualgas orthu straitéis agraibhia a fhorbairt go dtí an bhliain 2030. Is iad na téarmaí tagartha atá ag an gCoiste breac-chuntas a thabhairt ar fhís agus ar na príomhchuspóirí, le gníomhartha gaolmhara, atá riachtanach le hinbhuanaitheacht geilleagrach, timpeallacha agus sóisialta na hearnála agraibhia a chinntiú sna deich mbliana atá amach romhainn. Beidh tuarascáil an Choiste gearr, sonrach agus trasearnála, le gníomhartha atá uailmhianach agus réalaíoch.

Déanfar an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) a stiúradh freisin comhthreomhar le hobair an choiste. Is ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn cúrsaí timpeallachta comhtháite go hiomlán in ullmhú na straitéise agus is ceanglas dlíthiúil atá ann.

Thionóil an Coiste a chéad chruinniú i mí na Samhna agus beidh cruinnithe eile ar siúl ar feadh na bliana 2020.

Future Jobs Ireland

Seoladh Future Jobs Ireland i mí an Mhárta 2019 agus is plean Rialtais uile atá i gceist anseo a chuireann creat meántéarmach ar fáil chun geilleagar atá inbhuanaithe, ina bhfuil teacht aniar agus atá dírithe ar an todhchaí a chruthú in Éirinn.

<https://dbei.gov.ie/en/Publications/Future-Jobs-Ireland-2019.html>. Áirítear ar chúig philéar Future Jobs (i) Glacadh le dúshlán nuálaíochta agus teicneolaíochta, (ii) Táirgiúlacht SME a fheabhsú, (iii) Scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt agus tallann a mhealladh, (iv) Cur le rannpháirtíocht san fhórsa saothair, agus (v) Aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Cuireann an Roinn a cion le clár Future Jobs Ireland 2019 faoin bpiléar Aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Rialtais Uile

I mí an Mheithimh 2019, foilsíodh briseadh síos maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Rialtais uile chun dul i ngleic leis an aeráid, leagtar amach sa Phlean 180 gníomh chun sprioc an AE d'Éirinn don bhliain 2030 a chomhlíonadh (m.sh. laghdú 30% ar astaíochtaí GHG bunaithe ar leibhéal 2005) agus leis an tír a chur ar an treo ceart faoin mbliain 2050. Leagtar amach uailmhian chun a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí gáis ceaptha teasa faoin mbliain 2050 ag tabhairt aitheantais ag an am céanna de sheasamh an bheartais náisiúnta ar an gcur chuige maidir le neodracht ó thaobh carbóin de laistigh den earnáil talmhaíochta agus úsáide talún.

Leagtar amach spriocanna uailmhianach sa Phlean do na hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus úsáide talún mar a leanas:

- Astaíochtaí ón earnáil don bhliain 2030 le bheith idir coibhéis 17.5 – 19.0 Mt CO₂ trí laghdú carnach coibhéise 16.5 -18.5 Mt CO₂ a bhaint amach thar an tréimhse 2021 – 2030
- Laghdú coibhéise 26.8 Mt CO₂ eq a bhaint amach trí ghníomhartha LULUCF
- 8,000 heicteár d'fhoraois nua le cur in aghaidh na bliana
- Cothabháil a dhéanamh ar mheán bliantúil de 40,000 heicteár de dhianbhainistíocht laghdaithe féarthailte ar ithir orgánach draenáilte do na deich mbliana 2021-2030.
- Sprioc a leagan síos don leibhéal fuinnimh atá le soláthar trí instealladh bith-mheatáin dúchasach sa bhliain 2030.

Tá treisiú suntasach déanta ag an Rialtas ar mhaoirseacht sa Phlean, lena n-áirítear, trí:

- Leasú a dhéanamh ar an mBille um Gníomhú ar son na hAeráide le foráil a dhéanamh do bhonn dlíthiúil le Comhairle um Gníomhú ar son na

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

hAeráide a bhunú (a thugann cumhachtaí don Chomhairle Chomhairleach um Aeráide reatha);

- Tacaíocht tugtha do bhunú Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide an Oireachtais; agus Carbón-dhíonadh thionscadail mhórsála go léir an Rialtais.

Tá struchtúr monatóireachta agus tuairiscithe ann freisin le treallús a chur faoi fheidhmiú trí:

- Bhord chun Gníomh ar son na hAeráide a Sheachadadh a bhunú faoi Roinn an Taoisigh a bheidh ag tuairisciú don Choiste Comh-Aireachta agus don Chomh-Aireacht araon maidir leis an dul chun cinn ar ghníomhartha laistigh den Phlean.
- Bunú Grúpa Athbhreithnithe agus Monatóireachta Aistrithe Cóir (atá ag fáil tacaíocht ón NESC agus atá faoi Roinn an Taoisigh) a fhoilseoidh Straitéis Aistrithe Cóir ar bhonn trí bliana.
- Tá Bord Bainistíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide bunaithe laistigh den Roinn freisin faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí chun treallús a chur faoi fheidhmiú gníomhartha faoi stiúir na Roinne agus faoi stiúir gníomhaireachtaí laistigh de Phlean.

Ciste Forbartha agus Nuálaíochta na Tuaithe (CEDRA)

Rinne an Roinn maoiniú ar raon tionscadal faoi Chiste Forbartha agus Nuálaíochta na Tuaithe (RIDF) a bhí ceangailte le moltaí CEDRA (an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe) ar feadh na bliana 2019 (féach an Fíor thíos). Cuireadh maoiniú beagnach €1.5 milliún ar fáil chun tacú leis na réimsí seo a leanas:

Fiontraihe Tuaithe Ban: Chuidigh maoiniú le clár oiliúna ACORNS a fhorbairt agus tá an clár seo ar siúl le cúig bliana anois. Tá an clár dírithe ar eolas, tacaíocht agus deiseanna líonraithe a sholáthar ag an luathchéim d'fhiontraihe ban atá ina gcónaí faoin tuath in Éirinn chun forbairt a dhéanamh agus a ngnólachtaí a chur chun cinn, cur le fostaíocht agus cuidiú i ndáiríre lena bpobal áitiúil. Cuireann an clár 'ACORNS' tacaíocht agus foghlaim piara ar fáil do níos mó ná 50 bean le gnólachtaí a thosú suas i gceantair thuaithe gach aon bhliain. Áirítear sa Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní 2017 – 2020 a d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in Aibreán na bliana 2017, gníomh le tacaíocht a thabhairt d'fhiontraihe tuaithe

ban ag an gcéim thosaithe agus is í an Roinn an comhlacht atá freagrach. Tá sé seo mar bhunspríoc inghnóthaithe i bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe an Rialtais freisin.


Feirmeoireacht Shóisialta: Leanadh den mhaoiniú in 2019 sa réimse seo d'fhonn líonra náisiúnta feirmeoireachta shóisialta agus líon feirmeacha sóisialta samhlacha a fheidhmiú ar fud na hÉireann a leagan amach, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist leis buntáistí ar bhonn náisiúnta a spreagadh agus a ghiniúint do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus tacú le héagsúlú feirme sa phobal tuaithe. Baineann rannpháirtíocht gairneoireachta agus feirmeoireachta i dtimpeallacht feirme, ar bhonn deonach, leis an méid atá feirmeoireacht shóisialta a chur ar fáil mar rogha do dhaoine a bhaineann leas as raon seirbhísí tacaíochta teiripeach lae. Déantar na hoibríochtaí seo a reáchtáil i roinnt suíomhanna ó fheirmeacha oibre teaghlach, tionscnaimh áitiúla pobail go creatanna institiúide eile. Tá sé seo mar cheann de na bunspríocanna inghnóthaithe i bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe an Rialtais.

Turasóireacht Agraibhia: Tá maoiniú curtha ar fáil sa réimse seo, atá ceangailte le gníomhartha i Food Wise 2025, chun tacú le forbairt an líonra agraibhia i gceantair thuaithe. Is é atá i gceist le turasóireacht agraibhia ná gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí a chur ar fáil chun cuairt a thabhairt ar cheantair a bhfuil cáil táirgí talmhaíochta orthu agus chun bia nó speisialtacha áitiúla nó réigiúnacha a bhlaiseadh. Áirítear ar thurasóireacht agraibhia réimse leathan gníomhaíochtaí a bhfuil na naisc idir an talmhaíocht agus an bia a tháirgítear ag leibhéal áitiúil nó réigiúnach ag baint leo. D'fhéadfadh fanacht ar an bhfeirm nó cosáin agus imeachtaí turasóireachta bia, rannpháirtíocht in iarrachtaí talmhaíochta nó táirgí a cheannach díreach ó fheirm nó ó mhargadh a bheith i gceist léi. Cuimsítear chomh maith sa turasóireacht agraibhia bia áitiúil, scéimeanna margaidh feirmeora agus ceardaitheora faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil do tháirgeoirí bia agus d'earraí ceardaíochta áitiúla agus séasúracha.

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

Cur Amú Bia a Laghdú: Tá maoiniú curtha ar fáil go líon tionscadail chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann le teicnící nuálacha maidir le cur amú bia lena mbaineann buntáistí comhshaoil ghaolmhara a chur chun cinn agus/nó a fhorbairt. Tá sé mar aidhm leis na tionscadail seo aghaidh a thabhairt ar an fhadhb a ghabhann le cur amú bia trí athdháileadh fuílleach bia agus chun tabhairt faoi thionscnaimh píolótacha le laghdú cur amú bia a chur chun cinn agus cur amú bia a sheachaint trí bhuntáistí comhshaoil ghaolmhara. Gintear níos mó ná milliún tonna dramhaíola in Éirinn gach bliain. As sin, tagann os cionn 300,000 tonna ó ghnólachtaí tráchtála agus cruthaíonn an earnáil táirge bia tionsclaíoch os cionn 400,000 tonna.

Caiteachas Iomlán 2019: €1.5 milliún (figiúr slánaithe)



Rochtain ar airgeadas

Treisiúnn Food Wise 2025 iomaíochas mar phríomhthéama agus moltar go n-oibreoidh geallsealbhóirí le “Feabhas a chur ar rochtain chuig airgeadas don talmhaíocht, don fhoraoiseacht, do tháirgeoirí bia mara agus do chuideachtaí agrairbhia”. Leanann an Roinn, i gcomhar le comhlachtaí Stáit eile le meicníochtaí maoinithe breise a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm le tacaíocht a thabhairt d’fheirmeoirí agus do SMEanna san earnáil agrairbhia.

Scéim Iasachta Breatimeachta

Leagadh amach Scéim Iasachta Breatimeachta €300 mhilliún i gcomhar leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI) agus le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (SBCI), le tacaíocht caipitil oibre a sholáthar chun cur ar chumas gnólachtaí Éireannach incháilithe (m.sh. SME’nna nó le gnólachtaí le caipitliú margaidh beag go meánmhéide) leis na hathruithe atá riachtanach a chur i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá á gcruthú ag an mBreatimeacht. D’oscail an tAire Creed, i gcomhpháirtíocht lena chomhghleacaithe, an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD agus an tAire Airgeadais agus Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe TD, Scéim Iasachta Breatimeachta d’iarratasóirí an 28 Márta 2018 agus beidh an scéim oscailte go dtí an 31 Márta 2020.

Déantar soláthar sa scéim d’iasachtaí de €25,000 go €1,500,000 in aghaidh an fhiontair incháilithe ag uasráta úis de 4%, a théann ó 1 bhliain go 3 bliana, le hiasachtaí neamhurráite suas go dtí €500,000. Is féidir úsáid a bhaint as na hiasachtaí do riachtanais caipiteal oibre amach anseo nó le maoiniú a dhéanamh ar nuálaíocht, athrú nó oiriúnú gnólachta le tionchar an Bhreatimeachta a mhaolú.

Déanann an scéim agus úsáid á bhaint as meascán de ráthaíochtaí Stáitchiste na hÉireann agus AE (trí Ghrúpa an EIB agus scéim ráthaíochta iasachta InnovFin), gearáil ar suas go dtí €300 mhilliún d’iasacht d’Fhiontair Éireannacha ag costas de €23 milliún don Stáitchiste (tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ag soláthar €14 milliún agus tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag cur €9 milliún ar fáil). Cinntíonn maoiniú go mbeidh ar a laghad 40% den €300 mhilliún ar fáil do ghnólachtaí bia. Mar gheall ar choinníollacha éagsúla an chiste agus breithniúcháin stáitchabhair, ní raibh talmhaíocht phríomha incháilithe. Bhí thart ar 224 iasacht le luach de €47.9 milliún ceadaithe faoi dheireadh na bliana agus bhain 38 acu sin le luach de €9.6milliún, le gnólachtaí bia.

Scéim Iasachta d’Fhás Amach Anseo

Tá forbairt déanta ag an Roinn seo agus ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar an Scéim Iasachta d’Fhás Amach Anseo i gcomhar leis an SBCI agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (EIF). Déanfar an scéim a sheachadadh trí sholáthróirí airgeadais rannpháirteacha agus cuirfear suas go €300 milliún

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

d'iasachtaí infheistíochta ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha incháilithe, lena n-áirítear feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara. Beidh na hiasachtaí ar phraghas iomaíoch agus ar feadh tréimhsí 8-10 mbliana agus tacóidh siad le hinfeistíocht straitéiseach fadtéarmach i dtimpeallacht tar éis an Bhreathimeachta.

Is foinse airgeadais í seo a bhfuiltear ag fanacht uirthi le fada i gcás feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua atá ag tosú amach, agus go háirithe don chohórt nach bhfuil leibhéil arda slándála acu. Freastalóidh sé chomh maith ar fheirmeoirí ar scála níos lú nach mbíonn a ndóthain gearála acu chun dul i mbun idirbheartaíochta chun téarmaí níos fabhraí a fháil lena mbanc.

Tá airgeadas infheistíochta fadtéarmach suas go deich mbliana aitheanta ag comhlachtaí bia mar riachtanas ríthábhachtach nach bhfuil ar fáil in Éirinn i láthair na huaire. Beidh seachadadh a dhéanamh ar an táirge seo agus na tionchair a bheith aige le brath ar fud an tslabhra táirgeadh bia.

Tá gearáil á dhéanamh ar an gciste trí mhaoiniú Stáchtiste de €62 milliún, agus tá 40% nó thart ar €25 milliún de sin á chur ar fáil ag an Roinn seo, agus pacáiste agraibhia iomlán de €120 milliún mar thoradh air. Féadfar, áfach, ní hionann agus Scéimeanna roimhe seo, athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim agus an Scéim a chur in oiriúint de réir éileamh. Bhí ardéileamh ar an Scéim, rud a léirigh gur fhreastal sí ar an mbearna sainaitheanta sa mhargadh agus bhí formhór an mhaoinithe tiomanta ag druim de deireadh na bliana. Ag deireadh mhí na Nollag, bhí 325 iasacht d'fheirmeoirí ar fhiú €37.5 mhilliún ceadaithe agus bhí 57 n-iasacht do chuideachtaí bia arbh fhiú €15.5 mhilliún iad ceadaithe. Bhí os cionn 800 iarratas eile idir lámha. Tá tús curtha leis an obair chun machnamh a dhéanamh ar roghanna maidir le síneadh a chur leis an scéim iasachtaí nó rud éigin eile a chur ina háit.

Tá tuilleadh faisnéise ar rochtain chuig tionscnaimh airgeadais le fáil ag:
<https://www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/agri-foodandtheeconomy/agri-foodbusiness/accesstofinance/>

Agra-Chánachas

Áiríodh i mBuiséad 2019 foilseachán leis an Aire Airgeadais agus Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe,

Paschal Donohoe TD, maidir le “Uasdátú Cur Chun Feidhme an Athbhreithnithe Agra-Chánachas 2014”. Léirítear anseo an dul chun cinn iontach atá déanta ag an Roinn seo agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le Buiséid le blianta beaga anuas tráth a bhfuil 25 moladh beagnach curtha i bhfeidhm go hiomlán, a chiallaíonn athruithe dearfacha don talmhaíocht in Éirinn, go háirithe i réimsí soghluaisteach talún agus comharbas. Taispeántar san Athbhreithniú gurbh ionann tacaíocht chánachas don earnáil agus €930 milliún ar an meán in aghaidh na bliana do na blianta idir 2012 go 2016, nó meán de €240 milliún in aghaidh na bliana i mbearta sonracha agra-chánachas.

Soláthraíodh Buiséad 2020 i gcomhthéacs éiginnteacht leanúnach faoin mBreathimeacht, rud a chuir srian ar an acmhainneacht bearta nua a thabhairt isteach. Mar sin féin, áiríodh na bearta cánachais seo a leanas i mBuiséad 2019:

- Faoiseamh ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil ar Athstruchtúráil Feirme a athnuachan ar feadh trí bliana eile, trína leanfar de dhul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le hilroinnt ar fheirmeacha in Éirinn agus trína mbeidh éifeachtúlacht níos fearr, chomh maith le tairbhí don chomhshaol trí ghabháiltais feirme chomhdhlúite mar thoradh air.
- Ag leanúint ar aghaidh le bearta le fiontraíocht a chur chun cinn agus tacú leo, a bhfuil ardú ar an gCreidmheas Cánach d'Ioncam Tuillte ó €150 go €1,500 mar fhianaise air. Tá an chuid is mó d'fheirmeoirí, d'iascairí agus de phróiseálaithe beaga bia féinfhostaithe agus feicfidh siadsan go bhfuil a ndliteanas laghdaithe i ndáil leis an ardú atá ar an gcreidmheas cánach.
- Mar gheall ar an bhfógra maidir le faoi mhicreaghrúdlanna, go bhfuil an tairseach táirgeachta incháilithe le haghaidh faoiseamh ó Cháin Táirgí Alcóil á ardú ó 40,000 heictilítear go 50,000 heictilítear, tabharfar deis do ghrúdlanna níos mó méadú, go háirithe maidir le díolacháin onnmhairithe.
- Feabhsuithe ar bhearta cáinbhunaithe reatha chun tacú le fiontar, SMEnna agus an earnáil agraibhia, i.e. an Príomhchlár Rannpháirtíochta Fostaithe (KEEP), an Scéim Fostaíochta agus Infheistíochta (EII) agus an Creidmheas Cánach Taighde agus Forbartha.

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

- Comhaontú go mbeadh teagmháil idir an Roinn seo agus an Roinn Airgeadais maidir le bearta trína bhféadfaí cuidiú le feirmeoirí chun na dúshláin agus oibleagáidí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a chomhlíonadh agus sláinte agus sábháilteacht níos fearr a spreagadh san earnáil.”

Tá tuilleadh faisnéise ar agra-chánachas, lena n-áirítear liosta beartais agus ‘Athbhreithniú ar Agra-Chánacha’ ar fáil ag: <https://www.agriculture.gov.ie/agri-foodindustry/agri-foodandtheeconomy/agri-foodbusiness/agri-taxation/>

Reachtaíocht

Sa bhliain 2019, d'éirigh leis an Roinn urraíocht a dhéanamh ar dhá Bhille tríd an Oireachtas agus rinne 42 Ionstraim Reachtúil mar bhonn taca le gníomhaíochtaí na Roinne i mbeagnach gach earnáil laistigh dá cúram. Tá sonraí ar fáil ag www.agriculture.gov.ie/legislation/

Is iad an 2 Bhille atá urraithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara:

An tAcht um Iascaigh Mhara (Leasú), Uimhir 9 de 2019 a leasaíonn alt 10 den Acht um Iascaigh Mhara agus Dlínsé Mhuirí 2006. Fuair an leasú seo réidh leis an mbac ar shocruithe cómhálartacha atá ann cheana a cheadaigh do bháid Thuaisceart Éireann iascaireacht laistigh den chrios 6 mhuir mhíle faoi shocruithe Voisinage.

Daingníonn agus déanann an tAcht um Rásaíocht Capall agus Con 2019 Uimh. 15 de 2019 nuachóiriú ar Acht Tionscail na gCon, 1958. Cuireann an tAcht feabhas ar Rialachas Bhord na gCon, neartaíonn rialúcháin rialála sa tionscal, déanann nuachóiriú ar smachtbhannaí, lena n-áirítear, tabhairt isteach smachtbhannaí riaracháin do sháruithe áirithe ar rialacha agus chun ionracas a fheabhsú.

Áirítear ar roinnt de na hIonstraimí Reachtúla is suntasaí a rinneadh sa bhliain 2018: Rialacháin (Céannachta Caorach) (Leasú) na gComhphobal Eorpach 2019 (I.R. Uimh. 243 de 2019) a rinne leasú ar Rialacháin (Céannachta Caorach) (Leasú) na gComhphobal Eorpach 2011 (I.R. Uimh. 309 de 2011). Rinneadh foráil sa leasú le héifeacht ón 1

Meitheamh 2019 nach mór gach caora a bhogtar as gabháltas a bheith sainaitheanta go leictreonach. Rialachán (Aicmiú Conablach agus Tuairisciú maidir le Praghas) na gComhphobal Eorpach 2019 (I.R. Uimh. 254 de 2019) a thugann éifeacht do Rialachán Tarmlichte an Choimisiúin (AE) 2017/1182 den 20 Aibreán 2017 agus Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2017/1184 den 20 Aibreán 2017. Déantar foráil sna Rialacháin do tháirgeacht, aicmiú, meáchan agus lipéadú conablaigh bó-ainmhithe fásta agus muca. Tá forálacha sna rialacháin freisin maidir le teicnící aicmithe uathoibríocha, cumarsáid maidir le torthaí aicmithe agus tuairisciú maidir le praghas margaidh.

Rialacháin (Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí) (Leasú) na gComhphobal Eorpach 2019 (I.R. Uimh. 438 de 2019) a dhéanann leasú ar Rialacháin (Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí) (Leasú) na gComhphobal Eorpach 2012 (I.R. Uimh. 155 de 2012) agus a thugann éifeacht do Threoir 2019/782 ón gCoimisiún (AE). Déantar foráil sna Rialacháin seo do na ceanglais chláraithe d'úsáideoirí gairmiúla trealamh lotnaidicídí, cuireann siad leathnú ar an gcineál trealamh feidhmithe lotnaidicídí agus cuireann siad le cosaint foinsí uisce a mbaintear úsáid astu d'astarraingt uisce do thomhaltas ag daoine.

Tuarascálacha Staitistiúla agus Anailíseacha

- ‘Sreabhadh adhmaid agus úsáid fhuinnimh bithmhaise bunaithe ar fhoraois ar oileán na hÉireann (2018):

Cuireann an Nóta Ceangail seo COFORD sreabhadh adhmaid Phoblacht na hÉireann agus oileán na hÉireann ar fáil do 2018, mar aon le hanailís ar an úsáid a bhaintear as bithmhais chun fuinneamh a tháirgeadh. Tá sé bunaithe ar shonraí an fhómhair adhmaid náisiúnta agus ar shonraí trádála táirgí foraoise, agus curtha i dtoll a chéile thar ceann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. <http://www.coford.ie/media/coford/content/publications/2018/00900CCNPP51Woodflow%20-%20We.pdf>

CREAT AN BHEARTAIS NÁISIÚNTA

- Staitisticí Foraoise: Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freagrach as staitisticí foraoise a bhailiú agus a fhoilsiú. Cuireann an foilseachán staitisticí maidir le treochtaí foraoisithe ar fáil ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn contae ar chontae. Déanann sé rianú ar thógáil bóithre foraoise, ar ghníomhaíocht tanaithe agus ar ghlanleagan crainn chomh maith le raon oibríochtaí bainistíochta foraoise eile. Tá treochtaí i bpraghsanna Lomáin Chruinne mar ghné sa doiciméad freisin mar aon le heolas maidir le dóiteán foraoise agus damáiste ó lotnaidí.

<https://www.agriculture.gov.ie/forests-service/forests-service-general-information/forest-statistics-and-mapping/annual-forest-sector-statistics/>

Ioncam Comhiomlán Feirme

Forléargas ar Aschur Talmhaíochta 2019			
Aschur, Ionchur & Ioncam sa Talmhaíocht, 2018/2019			
	2018 Luach €m	2019 Luach €m	% d'Athrú (Luach) 2018/2019
Aschur Earraí ar Phraghsanna Táirgthe	8,181.8	8,127.6	-0.7%
Aschur Talmhaíochta ar Bhunphraghsanna	8,648.8	8,690.1	+0.5%
Tomhaltas Idirmheánach	6,001.0	5,782.5	-3.6%
Oll-bhreisluch ar Bhunphraghsanna	2,647.8	2,907.7	+9.8%
Tomhaltas Caipitil Sheasta	907.2	907.2	
Glan-bhreisluch ar Bhunphraghsanna	1,740.6	2,000.5	+14.9%
Fóirdheontais Eile lúide Cánacha ar Tháirgeadh	1,676.3	1,628.9	-2.8%
Ioncam Fachtóra	3,416.9	3,629.4	+6.2%
Cúiteamh d'Fhostaithe	567.7	584.2	+2.9%
Barrachas Oibriúcháin	2,849.2	3,045.2	+6.9%
Foinse: CSO - Meastacháin Tosaigh ar Aschur, Ionchur & Ioncam Talmhaíochta 2019			

De réir Meastachán Tosaigh an CSO ar Aschur, Ionchur agus Ioncam Talmhaíochta 2019, tháinig méadú 6.9% go €3,045 mhilliún ar ioncam comhlán feirme (barrachas oibriúcháin) in 2019. Laghdú 16.8% a bhí ann in 2018. Tháinig laghdú 0.7%, nó €54.1 mhilliún, go dtí €8,127.6 milliún ar luach foriomlán an aschuir earraí ag praghsanna táirgeora san earnáil. Tháinig laghdú 3.6%, go dtí €5,782.5 milliún, ar an tomhaltas idirmheánach.


TAIGHDE AGUS NUÁIL

Cláir Iomaíochas um Maoiniú Taighde

Feidhmíonn an Roinn trí chlár iomaíochas um maoiniú taighde: an Beart um Thaighde Institiúideach ar Bhia (FIRM); an Ciste um Thaighde a Spreagadh (RSF) agus an Clár um Thaighde Iomaíoch Foraoiseachta ar mhaithe le Forbairt (CoFoRD) go príomha. Déantar deontais a dhámhadh go tréimhsiúil ar thionscadail taighde ‘ar mhaithe leis an bpobal’ a dtugann taighdeoirí in Eagraíochtaí incháilithe Éireannacha a Dhéanann Taighde fúthu i ndiaidh Ghlaonna ar Thograí. Déanann an Roinn seo agus ranna eile iad sin a sheoladh go náisiúnta, nó déantar iad a sheoladh go trasnáisiúnta, faoi Líonraí Limistéar Eorpach Taighde (EraNets) agus faoi Chlár Comhpháirtíochta Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe-na hÉireann, go príomha.

Le seacht mbliana anuas, gealladh €140.4 milliún le haghaidh tionscadail taighde agraibhia, mara agus foraoiseachta trí bhíthin na cláir sin.

Total Committed €140.4m National & TransNational Funding 2013- 2019



Infheistiúcht faoi Chláir Iomaíochas um Maoiniú Taighde in 2019

€22.7 milliún an méid iomlán de mhaoiniú nua a gealladh ar feadh na gclár agus na sásraí dámhachtana uile in 2019.

Dámhachtainí a rinne de bhun Ghlaos ar Thaighde

In 2019, bhain Eagraíochtaí Éireannacha a Dhéanann Taighde, lena n-áirítear Teagasc, Ollscoileanna agus

Institiúidí Teicneolaíochta leas as dámhachtainí os cionn €20.1 mhiliún le haghaidh 38 dtionscadal a chlúdaigh raon réimsí topaicí. Chomh maith le fianaise a ghiniúint le haghaidh beartas agus teicneolaíochtaí chun feabhas a chur ar chleachtais agraibhia, cuirfear fostaíocht dhíreach ar fáil do 75 taighdeoir ar conradh agus cuirfear deiseanna oideachais ar fáil do 90 mhac léinn iarchéime i bhfoirm PhD (55) agus Céimeanna Máistir (35).

Infheistiúcht i dtaighde trí bhíthin Tionscnaimh Tras-náisiúnta

In 2019, lean an Roinn ar aghaidh d’úsáid a bhaint as maoiniú faoina cláir taighde iomaíochas chun a chur ar chumas taighdeoirí na hÉireann bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíochtaí tras-náisiúnta comhoibríochas trí bhíthin Líonraí Limistéar Eorpach Taighde (ERA-Nets) áirithe. An toradh a bheidh ar na tionscnaimh ERA-NET sin, comhoibriú níos fearr agus ailíniú níos fearr de thosaíochtaí taighde náisiúnta. Beidh an scála agus an raon feidhme is gá acu chun tionchar na ngníomhaíochtaí taighde ar fud na hEorpa a uasmhéadú.

I measc na ngealltanais suntasach faoi na tionscnaimh sin in 2019 tá:

- €350,000 tiomanta do thaighdeoirí Éireannacha ar fud ceithre thionscadal (MilKey, GasToGrass, MELS agus SEASOLUTIONS) faoi “Chomhghníomh ERA-GAS, SusAn, ICT-AGRI II” an AE atá comhbhunaithe ag ERA-NET.
- Rinneadh €300,000 a dhámhadh ar NUIG do “InFutUReWood” tionscadal AE atá comhbhunaithe ag ERA-NET ForestValue.

Chomh maith leis sin tá €1.6 milliún ar an iomlán geallta ag an Roinn d’iarratasóirí taighde institiúid-bhunaithe Éireannach a théann in iomaíocht go rathúil i dtírí chlár nua eile, ERA-NET a bhaineann le FOSC (Córais Bia agus Aeráide), ICT-AGRI-FOOD (córais agraibhia atá cumasaithe ag ICT-) agus ICRAD (Comhordú Idirnáisiúnta Taighde ar Ghlaor Thógálacha Ainmhithe) chomh maith le hAiste Bia Folláin JPI do Ghlaos Saol Folláin a fhéachann ar thearchothú i ndaoine scothaosta a chosc (PREVNUT).

TAIGHDE AGUS NUÁIL


Is comhghuaillíocht trí-dhlínse idir Éirinn, Tuaisceart Éireann agus na Stáit Aontaithe í Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe-na hÉireann ar aidhm léi tionscadail taighde chomh oibríocha agus nuálacha lena soláthraítear luach níos mó ná mar a bheadh ag iarrachtaí aonair a chur chun cinn. An National Institute for Food and Agriculture (NIFA) de chuid Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe (USDA) a éascaíonn an chuid talmhaíochta de sin. Sheol an Roinn, i gcomhar le DAERA NI, mar fhreagra ar Ghlao NIFA 2019, an Glao do Rannpháirtithe Éireannacha i gClár Comhpháirtíochta Taighde agus Forbartha na Stát Aontaithe-na hÉireann, lena bhfuil maoiniú á chur ar fáil do thograí taighde ar fud sé réimse féideartha taighde.

Dámhachtainí arna ndéanamh i gcomhar le maoinitheoirí taighde náisiúnta eile.

Sa bhliain 2019, rinne an Roinn socrú cómhaoinithe le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus le Roinn Gnóthaí Talmhaíochta, Comhshaoil agus Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA NI). Leanamar freisin lenár gcomhoibriú le Clár Iarchéime Fhostaíocht-Bhunaithe na Comhairle um Thaighde Éireann agus le comhchistiú a dhéanamh ar Ionad SFI VistaMilk. Chomh maith leis sin, gheall an Roinn comhchistiú do cheithre thionscadal faoi Ghlao Taighde an EPA 2019.


An céatadán caiteachais de réir na hEarnála.

2019 Awards: National (DAFM alone or with another funder) and Transnational by programme %



An céatadán maoinithe a gealladh in 2019 de réir an tsásra maoinithe

2019 Awards: National (DAFM alone or with another funder) and TransNational %



Leanann an Roinn ar aghaidh de mhonatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadail a fuair dámhachtainí deontais taighde faoi FIRM, RSF agus CoFoRD. Sa bhliain 2019 cuireadh na tograí go léir faoi bhráid trí bhogearraí bainistíochta nua deontais na Roinne.

Comhoibriú IE-DE

D'eagraigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus Teagasc, ag eascairt as Comhphlean Gníomhaíochta na hÉireann - na Gearmáine ar chomhoibriú déthaobhach, i gcomhar leis an Aireacht Cónaidhme do Bhia agus Talmhaíochta (BMEL), an Oifig Chónaidhme do Thalmhaíocht agus Bia (BLE) agus Institiúid Leibniz d'Innealtóireacht Talmhaíochta agus Bithghéilleagar (ATB), Ceardlann Déthaobhach na Gearmáine-na hÉireann in Institiúid Leibniz d'Innealtóireacht Talmhaíochta agus Bithghéilleagar (ATB), Potsdam an 25-26 Samhain 2019. Bhí an cheardlann seo, a raibh sé mar aidhm léi éilimh chomhtháighde a aithint, agus bunchloch stuama a bhunú do chomhoibriú taighde trasnáisiúnta amach anseo, ag díriú ar réimsí agri-dhigitiú agus diansaothru taighde agus nuálaíocht maidir le talmhaíocht, athrú

TAIGHDE AGUS NUÁIL

aeráide agus bainistíocht úsáid talún ar mhaithe le cuidiú le córas atá neodrach ó thaobh carbóin agus córas agraibhia ciorclach. Chuir institiúidí taighde na hÉireann (ina measc, Teagasc, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Institiúid Tyndall, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, NUI Gaillimh) dhá chainteoir is fiche ar fáil don cheardlann a dhírigh ar cheithre phríomhábhar: Bainistíocht Ithir, Bainistíocht Talamh Féaraigh, Ciorclaíocht Cothaithe agus Tithíocht d'Ainmhithe, ar mhaithe le tús a chur le cuspóirí an tionscnaimh a chomhlíonadh.

Horizon 2020 agus Horizon Europe

Is Creat chlár AE um Thaighde agus Nuáil (2014-20) é Fís 2020. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhar le Foras na Mara (MI) atá freagrach as an réimse maoinithe Dúshlán Sochaíoch 2 (SC-2) de chuid Horizon 2020, a bhfuil ciste €3.8 billiún aige - lena n-áirítear €850 milliún a leithdháileadh ar Ghnóthas Comhpháirteach na dTionscal Bithbhunach (BBI JU). Cuireann an Roinn agus MI Toscairí Náisiúnta (ND) agus Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCP) ar fáil do SC-2, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí Agraibhia, Foraoiseachta agus Mara, Forbairt Tuaithe agus an Bithgheilleagar agus cuireann an Roinn ionadaithe ar fáil chomh maith do Ghrúpa Ionadaíoch Stát BBI. Tá sprioc náisiúnta íostarraingthe de €1.25 billiún leagtha amach ag an Rialtas ó Horizon 2020, lena n-áirítear sprioc íostarraingthe €77 milliún (2%) ó bhuiséad SC2. €14.48 mhilliún a bhí in íostarraingt na hÉireann ó chlár arna maoiniú ag BBI agus SC-2 do 2019, rud a fhágann gur €85.64 milliún an t-iomlán go dtí seo; is é sin, 2.22% de bhuiséad SC2 foriomlán.

Le linn na bliana 2019, freastalaíodh ar cheithre chruinniú Choiste Clár Horizon 2020, is cruinnithe d'ionadaithe iad na cruinnithe seo ó gach tír atá rannpháirteach i Horizon 2020 agus tugann siad an deis le cumarsáid dhíreach a dhéanamh idir gach tír agus leis an gCoimisiún chun cuidiú le treo an chreachláir a stiúradh agus le monatóireacht a dhéanamh air. Chomh maith leis sin, freastalaíodh ar chruinniú ullmhúcháin tosaigh Horizon Europe atá ar na bacáin agus a bhfuil tús le cur leis sa bhliain 2021, ar lá oscailte

a bhí ann maidir le Taighde agus Nuálaíocht. Bhí an Misean nua maidir le Sláinte Ithreach agus Bia mar théama ag an gCruinniú. Rinneadh monatóireacht freisin ar an gComhaontú nua Glas don Eoraip; is ionann é seo agus glao nua €1 billiún a bheidh á sheoladh i ndeireadh na bliana 2020 chun cuidiú leis an Eoraip a haidhm a chur i gcrích mar mhór-roinn atá neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050. Ag leibhéal náisiúnta d'fhreastail an Roinn, an MI agus Teagasc ar chruinnithe grúpa ardleibhéil faoi chathaoirleacht na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI) chun a bheith ar an eolas maidir leis an dul chun cinn i réimsí spéise atá ar na bacáin. Rinne NCP na Roinne cur i láthair do lucht taighde i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ar dheiseanna atá fanta faoi Horizon 2020. Rinne sé dlúthcheangail a chothabháil le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann chun cuidiú le hiarratais láidre comhoibríocha Thuaidh-Theas a ghiniúint, agus má éiríonn leo, rachaidh siad chun leasa don tír ina hiomláine.

An Grúpa Cur Chun Feidhme Bithgheilleagar

Bhí trí chruinniú in 2019 ag Grúpa Cur Chun Feidhme ardleibhéil, faoi chomhchathaoirleacht na Roinne agus na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, ina bhfuil naoi Rannóg agus ocht nGníomhaireacht. Chuir an grúpa cur chun feidhme tuarascáil ar fáil don Rialtas a chomhaontaigh an Chomh-Aireacht i mí an Mheithimh 2019 a thug léiriú ar na gníomhaíochtaí atá idir lámha acu go dtí seo leis na gníomhartha sa ráiteas beartais maidir leis an mbithgheilleagar a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, chomhordaigh an Grúpa Cur Chun Feidhme Lá Faisnéise i UL i mí Bealtaine 2019 leis na comhpháirtithe Foras na Mara, Idir-Thrádál Éireann agus Roinn Comhshaoil, Talmhaíochta, Gnóthaí Tuaithe, Thuaisceart Éireann, chun aird a tharraingt ar dheiseanna maoinithe atá ar fáil faoi thionscnamh an AE, Gnóthas Comhpháirteach na dTionscal Bithbhunach. Rinne an Grúpa Cur Chun Feidhme comhordú ar Sheachtain Bithgheilleagar na hÉireann freisin i mí Deireadh Fómhair 2019, lena n-áirítear, raon imeachtaí a bhí ar siúl ar fud na tíre.

TAIGHDE AGUS NUÁIL

Codex Alimentarius

Lean Éire de bheith rannpháirteach go hiomlán in Codex Alimentarius in 2019. Tá an Roinn fós ag comhordú agus ina cathaoirleach ar Choiste Comhairleach Codex na hÉireann (ICAC), a tháinig le chéile faoi dhó in 2019 agus a thug deis do na príomhpháirtithe leasmhara in Éirinn rann chur le foirmlíú seasamh na hÉireann i leith gach saincheist Codex. D'fheidhmigh oifigigh ón Roinn, ó Ranna Rialtais eile agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit mar ionadaithe na hÉireann ag cúig seisiún de Choistí Codex éagsúla in 2019 agus ag cruinnithe Páirtí Oibre de chuid Chomhairle an AE, rud a léirigh an meascán saineolais a theastaíonn chun dul i ngleic leis an réimse casta saincheisteanna á bplé.

Taighde maidir leis an Aeráid

Lean an Roinn agus Teagasc le tacaíocht láidir a thabhairt d'infheistíocht i dtaighde agus le rannpháirtíocht i dtaighde a bhaineann le haeráid trí chreataí maoinithe náisiúnta éagsúla; Creatchláir Nuálaíochta agus Taighde AE; agus tionscnaimh trasnáisiúnta ar nós an Chomhaontais Domhanda um Thaighde ar Gháis Ceaptha Teasa Talmhaíochta agus Tionscnamh Comhchláir an AE maidir le Bia, Talmhaíocht, Athrú Aeráide agus Timpeallachta.

Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an Roinn le glaonna taighde an EPA agus le linn na bliana 2019 rinne an Roinn agus EPA cómhaoiniú ar thionscadal ar a dtugtar 'SEQUESTER' le himpleachtaí na módúlachta ó thaobh a bheith neodrach ó thaobh carbóin a aithint agus a iniúchadh.

AN EARNÁIL BIA AGUS DÍ

Forléargas

Leanann an earnáil talmhaíochta agus bia le ról ríthábhachtach a bheith aici i ngeilleagar na hÉireann agus b'ionann onnmhairí agraibhia agus 9.5% d'onnmhairithe iomlána ar luach de €14.5 billiún a chiallaigh fás os cionn 63% ón mbliain 2010. An Ríocht Aontaithe an ceann scríbe ba mhó i gcónaí d'onnmhairí agraibhia. B'fhiú €5.5 billiún na honnmhairí in 2019, nó 38% de na honnmhairí uile. B'fhiú €4.7 billiún iad onnmhairí chuig an AE (gan an RA san áireamh) agus b'fhiú €4.3 billiún iad onnmhairí chuig an gcuid eile den domhan in 2019. Bhí Táirgí Déiríochta ag €5.0 billiún, Earnáil na Mairteola ag €2.3 billiún agus Earnáil na nDeochanna ag €1.7 billiún ar na trí chatagóir ab airde sa bhliain 2019 arbh ionann é agus €9.1 billiún nó 63% in onnmhairithe agraibhia ar fud an domhain.

Cuireann an earnáil agraibhia cion suntasach le fostaíocht, arbh ionann é agus 7.1% den fhostaíocht iomlán nó 164,400 post, i gceantair thuaithe agus cósta.

Deochanna Biotáille

Is tiománaí mór de ghníomhaíocht eacnamaíoch ar feadh gheilleagar na hÉireann é an tionscal dí, ar macraí leibhéal agus ar leibhéal tuaithe. B'fhiú €1.71 billiún na honnmhairí in 2019. B'fhiú €1.56 billiún onnmhairí deochanna alcólacha sa bhliain 2019. Tá na Stáit Aontaithe ar an margadh onnmhairí alcólacha is tábhachtaí i gcónaí agus mar thoradh air sin is ionann Uisce Beatha na hÉireann (€517.5 milliún) agus onnmhairí uachtar licéir Éireannaigh (€183.3 milliún) agus 41% (€701 milliún) d'onnmhairí.

Chonacthas ardú ar onnmhairí i ngach catagóir, lena n-áirítear jin, beoir agus ceirtlis. Bhí bliain as cuimse ag uisce beatha Éireannach. Choinnigh uachtar licéir Éireannaigh a sciar den mhargadh, in ainneoin dúshláin a bhain le taraifí na Stáit Aontaithe ar tháirgí déiríochta AE. Tá fás tagtha ar an tionscal driogtha ó 3 dhrioglan in 2014 go dtí 31 ag deireadh na bliana 2019 agus tá 32 eile á moladh. Cuireann an t-éileamh dúbailte ar Uisce Beatha na hÉireann i go leor margaí treallús faoin fhás méide san earnáil.

Táthar ag súil le fás suntasach ar onnmhairí sa mheántearma, agus tá deis ag an tionscal fás ar a laghad 85% go dtí os cionn €2 bhilliún a bhaint amach maidir le honnmhairí, agus poist bhreise a chruthú agus a choimeád, i dtuath na hÉireann go príomha. Leanadh leis an bhfás ar onnmhairí uisce beatha Éireannach in 2018.

In 2019, Baineadh luach breis is €810 milliún amach den chéad uair agus b'ionann sin agus fás carnach os cionn 194% ar an gcatagóir sna seacht bliana ó 2012. Na Stáit Aontaithe an margadh ba thábhachtaí, ina bhfacthas fás breis is 324% i dtréimhse seacht mbliana ar mhéideanna in 2012, rud ab ionann agus beagnach 64% de na honnmhairí uisce beatha uile in 2019.

I dteannta onnmhairí uachtar licéir Éireannaigh, ar tugadh luach €364 mhilliún dóibh, ba rannchuidiú ollmhór ag deochanna biotáilleacha Éireannacha le feidhmíocht onnmhairithe thionscal bia agus dí na hÉireann. Arís, na Stáit Aontaithe an margadh ba thábhachtaí, agus é ba chúis le breis is 50% de na honnmhairí uachtar licéir Éireannaigh uile.

Uisce Beatha Éireannach 2013		2014	2015	2016	2017	2018	2019
Onnmhairí Uile €m	316,916	348,067	442,427	503,576	576,419	647,174	811,688
Onnmhairithe chuig na Stáit Aontaithe €m	147,161	165,397	233,343	291,892	340,754	382,097	517,416
Uachtar Licéir Éireannaigh 2013		2014	2015	2016	2017	2018	2019
Onnmhairí Uile €m	336,026	287,250	311,064	292,858	326,729	343,352	364,026
Onnmhairithe chuig Aontaithe €m	139,009	131,291	163,220	144,791	166,105	168,519	183,632

AN EARNÁIL BIA AGUS DÍ

Tásca Geografacha: Biotáillí Cosanta

Leagtar amach i Rialachán 110/2008 (a dtiocfaidh Rialachán 2019/787 ina áit) sainmhíneadh ar na catagóirí deochanna biotáilleacha (deochanna alcólacha le híosmhéid alcóil 15%), lena n-áirítear rum, uisce beatha, jin, vodca agus licéir, agus tugtar aitheantas agus cosaint ann do liosta tásc geografach (GI) maidir le deochanna biotáilleacha, lena n-áirítear uisce beatha Éireannach, uachtar licéir Éireannach agus Poitín Éireannach.

An Roinn a dhéanann seiceálacha um fhíorú ar Uachtar Licéir Éireannach agus na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann seiceálacha ar Poitín Éireannach agus ar Uisce Beatha Éireannach. Déantar na trí dheoch biotáilleacha a chosaint ar bhonn uile-oileánda.

Tá iarratais ar fhíorú riachtanach d'áitribh a bhfuil baint acu le grúdaireacht, giosáil, driogadh, aibiú, buidéalú agus lipéadú na ndeochanna biotáilleacha sin. Faoi Rialachán 110/2008 gearrtar muirear ar na cuairteanna sin.

In 2019, fuair an Roinn iarratais ó ocht n-áitreabh a bhfuil baint acu le hUachtar Licéir Éireannaigh a tháirgeadh agus rinne na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha fóraithe ar 58 áitreabh táirgthe Uisce Beatha Éireannach. Ina theannta sin, rinne siad seiceálacha fóraithe ar 12 áitreabh Poitín Éireannach.

Tásca Geografacha (GI) maidir le Bia

Laistigh den AE, tugann na scéimeanna PDO (Sonrúchán Cosanta Tionscnaimh), PGI (Tásc Cosanta Geografach) agus TSG (Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht) an deis bianna ardcháilíochta atá nasctha le réigiún geografach a shainaithint. I rith 2019, d'oibrigh an Roinn le roinnt moltóirí chun iarratais a fhorbairt agus chun dul chun cinn a dhéanamh ar léirithe spéise a bhí faighte cheana. Tá ocht GI bia cláraithe in Éirinn faoi láthair - Salann Sáile Oriel (PDO) agus Mianraí Sáile Oriel (PDO), Blaa/Blaa Phort Láirge (PGI), Uaineoil Sléibhe Chonamara (PGI), Bradán Chliara (PGI), Regato Uí Mhic Coille (PDO), Putóg Dhonn Thigh Molaige (PGI), Putóg Dhubh na Snadhma (PGI) a bronnadh stádas GI uirthi i mí na Nollag 2019. Tá iarratais Uaineoil Sléibhe an Chomaraigh agus Cuiríní Dubha Loch Garman, tar éis dóibh an Comhairliúchán Eorpach a bheith tugtha chun críche go rathúil acu, á

scrúdú go grinn ag an gCoimisiún Eorpach, ar feitheamh ar a bhfoilsíú ag an gComhairliúchán Eorpach.

Iniúchóireacht GI Choimisiún an Aontaigh Eorpaigh 2019

Mar chuid de ghnáth Plean Cigireachta maidir le hIniúchóireacht Bhliantúil Choimisiún an AE, thug seirbhís iniúchóireachta Choimisiún an AE, DG SANTE faoi mhisean iniúchóireachta chun na hÉireann i mí Meán Fómhair 2019 le meastóireacht a dhéanamh ar Chórais Rialaithe a bhaineann le Sonrúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint (PDO), Tásca Geografacha faoi Chosaint (PGI) agus (Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht) (TSG) do Tháirgí Talmhaíochta agus do Bhia-Ábhar agus Tásca geografacha (GI) maidir le deochanna biotáilleacha.

Is é a bhí mar chuspóir leis an iniúchóireacht a dhearbhu go raibh rialuithe oifigiúla na hÉireann do tháirgí GI á ndéanamh de réir rialacháin AE. Léirítear i dtoradh foriomlán na hIniúchóireachta go bhfuil an tír seo ag feidhmiú go sásúil maidir le Rialachán agus Rialuithe GI. Cé go raibh na conclúidí foriomlán dearfach den chuid is mó agus gur bhreithnigh an chigireacht go raibh cúrsaí ar an iomlán leordhóthanach, bhí líon beag de (mhion) thorthaí a bhain go sonrach le treoir a tugadh do na cigirí maidir le haonfhoirmeacht a chinntiú i seiceálacha dearbhaithe agus chur chun feidhme plean samplála oifigiúil PGI/PDO.

Chomhaontaigh an Roinn plean gníomhaíochta leis na hÚdaráis Inniúlachta go léir atá bainteach leis an bpróiseas le haghaidh a thabhairt ar na torthaí. Táthar ag súil le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar ghnéithe áirithe ar nós comhaontú maidir le Prótacal agus Meabhrán Tuisceana (MOU) idir na hÚdaráis Inniúlachta go léir atá rannpháirteach agus le forbairt Plean Samplála Náisiúnta maidir le hUisce Beatha na hÉireann le linn na bliana 2020.

Lipéadú

Leagtar amach rialacha lipéadaithe a bhaineann le táirgí sonracha sna Rialacháin AE maidir le fíonta, deochanna biotáilleacha, fíonta cumhraithe, sú torthaí, caifé, seacláid, subha, glóthacha agus mar maláidí, chun barántúlacht a chinntiú agus chun tomhaltóirí agus táirgeoirí a chosaint. I rith 2019, rinne an Roinn

AN EARNÁIL BIA AGUS DÍ

seiceálacha ar an leibhéal miondíola lena chinntiú go raibh lipéid tháirgí ag teacht leis na Rialacháin sin agus le riachtanais lipéadaithe go ginearálta mar a fhorordaítear sna Rialacháin. Le blianta beaga anuas, sainaithníodh ardú ar an méid calaoise idirlín in aghaidh tháirgí PDO agus PGI cláraithe san earnáil bia agus dí san AE. Tá an Roinn ag leanúint uirthi ag fiosrú go réamhghníomhach cibé an ann d'easghairm agus do mhí fhaisnéis ar líne ar láithreáin ghréasáin agus ar na meáin shóisialta. Tá freagairtí il-ghníomhaireachta comhordaithe ag an Roinn freisin ar iarratais agus ar fhiosraithe ó Bhallstáit Eile.

An Treoir maidir le Cleachtais Trádála Éagóracha

Tháinig Treoir 2019/633 (AE) maidir le cleachtais trádála éagóracha i ngaolmhaireachtaí gnó-le-gnó i slabhra an tsoláthair bhia i bhfeidhm an 30 Aibreán 2019. Ceanglaítear le Dlí an AE nach mór an Treoir a aistriú go dtí an dlí náisiúnta faoin 1 Bealtaine 2021.

Bunaíodh grúpa oibre tras-rannach leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI) i mí Aibreán 2019 a tháinig le chéile seacht n-uaire, le fiosrú a dhéanamh ar na himpleachtaí beartais agus oibríochta a bhaineann leis an Treoir a aistriú agus a fhorfheidhmiú. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair le Coimisiún an AE maidir leis an Treoir.

Sheol an Roinn, i mí Deireadh Fómhair 2019, próiseas comhairliúcháin phoiblí ar aistriú na Treorach. Fuarthas os cionn 650 aighneacht ó dhaoine aonair, eagraíochta páirtithe leasmhara agus ó ionadaithe pobail.

An tIonad um Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe

Ba ón earnáil Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe (PCF) a rinneadh €2.7 billiún d'onnmhairí agus €3.8 billiún d'allmhairí san earnáil agrairbhia in 2019. Is chun na Ríochta Aontaithe a chuireadh 67% (2019) de na honnmhairithe seo, dá bhrí sin, tá an earnáil neamhchosanta ó thaobh an Bhreathimeachta. Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin seo an Bhreathimeachta agus ar na leibhéil ísle Taighde agus Forbartha go traidisiúnta a dhéanann comhlachtaí atá san earnáil, seoladh an tIonad um Bianna Tomhaltóra

Ullmhaithe i ndeireadh na bliana 2018. Ag eascairt as maoiniú a rinneadh roimhe seo, cuireadh €5m eile ar fáil don ionad i mBuiséad 2019. Leanann an t-ionad le tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí san Earnáil, trí threalamh a cheannach agus trí spás a chur ar fáil lena úsáid, a chuireann ar chumas na gcomhlachtaí seo píolótú a dhéanamh ar mheaisíní, cur lena dtáirgeadh féin agus cur ar a gcumas glacadh le teicneolaíochtaí nua chun aghaidh a thabhairt ar éilimh agus ar ionchais tomhaltóra atá ag teacht chun cinn. Is féidir le comhlachtaí leas a bhaint as an saineolas atá ag foireann Teagasc freisin ó thaobh píolótú agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí bia.

Bhain 66 comhlacht leas ar na saoráidí san Ionad um Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe (PCFC) suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2019 ó osclaíodh an t-ionad i mí Deireadh Fómhair 2018.

Scéim Infheistíochta Caipitil Fhiontraíocht Éireann – Ciste Infheistíochta Caipitil SME

Déantar an scéim a fheidhmiú tríd Fiontar Éireann agus tá sí oscailte do gach fiontar Beag agus Meánmhéide agus é mar aidhm leis cabhrú leo a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíocht a fheabhsú i gcomhthéacs dhúshláin an Bhreathimeachta trí bhíthin teicneolaíochta agus trealamh caipitiúil nua a cheannach agus trí nuáil. Sa bhliain 2019 fuarthas trí chead faoin scéim seo ar luach iomlán de €466,877.

An Earnáil Bhia Ceardaí agus Sainbhia – An Tionscnamh Bia LEADER

Leithdháileadh €15 milliún do Thionscnamh Bia LEADER faoi Phlean Forbartha Tuaithe (RDP) 2014-2020, chun tacú le bia ceardaí, le táirgeoirí an-bheag agus táirgeoirí beaga bia i gceantair thuaithe. Déantar an maoiniú a sheachadadh faoi mhodheolaíocht LEADER. Sa bhliain 2019, ceadaíodh 24 tionscadal nua do mhaoiniú faoin scéim. Ba €3.4 milliún an costas iomlán a bhain leis na tionscadail chéadaithe a thabhairt chun críche. Cuireann LEADER páirt-mhaoiniú ar fáil do thionscadal chéadaithe agus dá réir sin bhí €1.72 milliún de mhaoiniú ar fáil lena tharraingt anuas ar bhonn céimnithe ar fud 24 tionscadal chéadaithe. Faoi dheireadh na bliana 2019 bhí ar an iomlán a €317,374 íoctha amach faoi scéim LEADER do thionscadail éagsúla a bhí chéadaithe.

AN EARNÁIL BIA AGUS DÍ

Bia Ceardaí, Bia Áitiúil agus Sainbhia

In 2019, rinneadh dul chun cinn ar bhia ceardaí, bia áitiúil agus sainbhia a fhorbairt trí bhíthin bearta a fhaigheann tacaíocht ón Roinn, ó Bhord Bia agus ó Theagasc. Go sonrach, thug an Roinn maoiniú de thuairim is €30,000 i sparánachtaí do mhic léinn ag tabhairt faoin Dioplóma i dTáirgeadh Sainbhia ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Is bonnchúrsa sparánachta aon bhliain amháin atá sa Dioplóma (fetac leibhéal 7) in eolaíocht an bhia agus i ngnó an bhia do tháirgeoirí bia, do ghnólachtaí féideartha nua-thionscanta, dóibh siúd a bhfuil spéis acu gnólachtaí bia ceardaí a fhorbairt agus/nó an earnáil ceardaithe bia a chur chun cinn. Reáchtálann Ionad Oilíúna Thionscal an Bhia i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, an cúrsa (cuid den Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia). Rinne Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, an Dioplóma a fhorbairt sa bhliain 2005 i gcomhpháirtíocht le CAIS, Slowfood Ireland, Scoil Chócaireachta Ballymaloe, Teagasc agus an Rannóg Tréidliachta, Comhairle Chontae Chorcaí, d'fho-earnáil an bhia ceardaí. Tá siad seo mar pháirtithe leasmhara i gcónaí agus cuireann Bord Bia, Teagasc agus an FSAI modúil cúrsa ar fáil agus neartaíonn an ghné náisiúnta.

Mar is iondúil, tá líon micrea-chuideachtaí bunaithe ag céimithe an Dioplóma, agus cuireann roinnt de na hoibreoirí bia seo ar scála beag, leathnú ar a ngnólachtaí áitiúla chuig leibhéal réigiúnach ina dhiaidh sin. Tá dul chun cinn déanta ag céimithe freisin laistigh de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ó thaobh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcuid scileanna, le cáilíochtaí a fháil agus lena gcuid cuideachtaí a fhorbairt agus/nó lena bheith páirteach i dtionscnaimh i dtionscal an bhia chun forbairt táirge a éascú. Tá dámhachtainí bainte amach ag roinnt céimithe as a gcuid táirgí. Tagann an Dioplóma laistigh de mholtaí an bheartais náisiúnta, vis-a-vis forbairt a dhéanamh ar earnálacha bia ceardaí agus sainbhia na hÉireann, Food Wise 2025 CEDRA 2019 go sonrach.

Clár Promóisean an AE do Tháirgí Talmhaíochta -Réimeas AE

Tá maoiniú AE ar fáil do chomhlachtaí san earnáil agraibhia ar bhonn iomaíoch d'fhonn cur chun cinn cineálach a dhéanamh ar cháilíocht, sábháilteacht, cothú nó modhanna táirgthe tháirgí talmhaíochta san AE. Feidhmíonn réimeas an AE maidir le Beartas Promóisin do Tháirgí Agraibhia mar eochair chun margaí nua a

oscailt agus chun comhpháirtithe trádála a éagsúlú. Trí bhíthin an comhainmneoir - 'Enjoy, it's from Europe', tá mar aidhm leis cabhrú le gairmithe san earnáil briseadh isteach i margaí idirnáisiúnta nó iad a dhaingniú agus tomhaltóirí a chur níos mó ar an eolas faoi na hiarrachtaí a dhéanann feirmeoirí Eorpacha.

Tá €201.1 milliún ar fad ar fáil do chláir phromóisin ar rátaí cómhaoinithe AE idir 70% agus 85% – tá fuilleach an mhaoinithe 15%/20%/30% de dhíth ón tionscal. Leagtar amach i gclár oibre bliantúil na tosaíochtaí straitéiseacha bliantúla do bhearta promóisin ó thaobh na táirgí, scéimeanna agus margaí a bhfuiltear le díriú orthu an bhliain sin, chomh maith leis na buiséid leithdháilte ghaolmhara. Eisíonn an Gníomhaireacht nua Feidhmiúcháin Tomhaltóra, Sláinte, Talmhaíochta agus Bia (CHAFEA) glaonna ar thograí i mí Eanáir gach bliain, agus déanann sí na cláir a mheas agus a roghnú ina dhiaidh sin. Bhí Bord Bia ina urraitheoir ar chlár Muiceola agus Éineola sa tSín agus i Meicsiceo a bhí i measc na margaí a roghnaíodh le haghaidh maoinithe a thosóidh i mí Eanáir 2020.

Tá roinnt Clár Promóisean ar siúl ag an Roinn faoi láthair agus comhlachtaí ó earnáil agraibhia na hÉireann i gceist le gach ceann díobh; *“Nóiméid Bhainne”*; *“Ná Déan ach Muisiriúin a Chur Leis”*; *“Uaineoil Eorpach “Blasta, Éasca, Spráil”* agus *“Mairteoil agus Uaineoil Eorpach – Sármhaitheas i Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacht Bia”*.

An Clár Food Dudes/Scéim Scoile Thorthaí & Ghlasraí

Is clár athraithe iompair dreasaithe atá bunaithe ar fhianaise é an clár Food Dudes, a d'fhorbair an tAonad um Thaighde Bia agus Gníomhaíochta, Ollscoil Bangor, an Bhreatain Bheag. Tá an Bord Bia, faoina shainchúram gairneoireachta, ag bainistiú agus maoirsiú chur i bhfeidhm an chláir Food Dudes ó rolladh amach é ar dtús in Éirinn in 2005. An Roinn agus an AE a mhaoiníonn e trí bhíthin Scéim Scoileanna an AE a chuimsíonn Scéim Scoile Thorthaí agus Glasraí. Tá sé mar aidhm le Food Dudes cur le tomhaltas torthaí agus glasraí i measc leanaí bunscoile trí ghlásraí agus torthaí a bhlaiseadh arís agus arís eile thar thréimhse idirghabhála 16 lá, le tacaíocht ó bhearta a ghabhann leis i bhfoirm eiseamláirí (Laochra Food Dudes) agus duaiseanna beaga. Bhí 117,234 leanaí agus 700 scoil rannpháirteach sa chlár sa scoilbhliain 2018/2019.

AN EARNÁIL BIA AGUS DÍ

An Scéim Baine Scoile

Tá Scéim Baine Scoile an AE (SMS) i bhfeidhm in Éirinn ó 1982 agus an cuspóir léi tomhaltas bainne i measc leanaí scoile a chur chun cinn agus a spreagadh. An Roinn agus an AE a mhaoíníonn an Scéim trí bhíthin an Scéim Scoile. Ceapadh an Chomhairle Náisiúnta Déiríochta in 2017 chun cur i bhfeidhm na Scéime Baine Scoile in Éirinn a mhaoirsiú. Rinne an NDC maoirseacht le linn scoilbhliain 2018/19, ar dháileadh 1,540,620 lítear bainne chuig 577 scoil agus do 52,252 leanbh. Cuireadh líon bearta a ghabhann leis chun tacú le dáileadh an bhainne do leanaí i bhfeidhm ar nós ‘Seachtain Bhainne na Scoileanna Náisiúnta’ agus cuireadh pleananna ceachtanna oideachais saindeartha a dhíríonn ar inbhuanaitheacht, ar an gcomhshaol agus ar shláinte agus ar chothú i bhfeidhm freisin.

Bord Bia

Tacaíonn Bord Bia le léargas agus saineolas margaidh do chomhlachtaí bia agus dí de chuid na hÉireann agus iad ag iarraidh caidreamh trádála fadtéarmach a chothú i margaí onnmhairithe sa RA, ar mhór-roinn na hEorpa agus go hidirnáisiúnta. Shainaithe siad margaí nua agus margaí a bhí ag teacht chun cinn freisin, go háirithe san Áise.

Ráiteas Straitéise

Is í seo an chéad bhliain de Ráiteas Straitéise 2019-2021 Bhord Bia “Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú”. Is mar seo a leanas atá fíis Bhord Bia do thionscal bia agus dí na hÉireann “Táirgí bia, dí agus gairneoireachta de scoth na hÉireann a chur faoi bhráid an domhain mhóir, ag cumasú fás agus inbhuanaitheacht táirgeoirí ar an mbealach sin”.

Leagtar ceithre thosaíocht amach sa Straitéis, a chuirfidh le seachadadh spriocanna onnmhairithe treochlár thionscal agraibhia na hÉireann: - Food Wise 2025 Orthu sin tá:

- (i) Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint
- (ii) Léargas chun Fás a Chumhachtú
- (iii) Cur leis an gCáil maidir le Fás
- (iv) Feidhmíocht trí Dhaoine.

Aithníonn custaiméirí ar fud an domhain nach féidir bia agus deoch na hÉireann a shárú: go bhfuil siad ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó ionad oileánda uathúil agus ámharch.

Tá Bord Bia dearfach i gcónaí go leanfaidh an teachtaireacht dúbailte, sé sin, inbhuanaitheacht agus cáilíocht le margaí nua a oscailt suas do tháirgeoirí bia na hÉireann ar fud an domhain.

Origin Green

Leanann clár inbhuanaitheachta na hÉireann de thionscal bia agus dí na hÉireann a thabhairt ar aistear na táirgiúlachta bia inbhuanaithe. I measc na gcomhaltaí tá feirmeoirí, táirgeoirí bia, miondíoltóirí agus oibrítheoirí seirbhísí bia, gach duine díobh tiomanta d’fheabhsúcháin intomhaiste ar an bhfeidhmíocht comhshaoil. Faoi dheireadh na bliana 2019, ag leibhéal déantúsaíochta, miondíola agus seirbhíse bhia, bhí ar an iomlán 345 comhalta deimhnithe Origin Green ann, chomh maith leis sin bhí pleananna cláraithe ag 625, bhí 156 ag céim forbartha plean agus chuir 124 plean faoi bhráid.

Ag leibhéal miondíola agus seirbhíse bia bhí 11 comhalta deimhnithe Origin Green ann agus tá 14 eile cláraithe agus i mbun forbartha go gníomhach ar phleananna inbhuanaitheachta.

Rinne Bord Bia óstáil ar naoi gcinn de sheimineáir gréasáin réamhléiritheach maidir le plean forbartha sa bhliain 2019. Chuir an seimineár gréasáin, Origin Green in aithne do chomhaltaí nua, agus rinneadh meantóir tiomanta Origin Green a shannadh dóibh freisin agus bhí siad rannpháirteach i gcúrsa sé seachtaine maidir le plean forbartha. D’fhreastail os cion 20 cuideachta ar gach aon seisiún.

An Scéim Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaithe

Ag deireadh na bliana 2019 bhí thart ar 54,000 táirgeoir mar chomhaltaí d’Origin Green agus tá líon acu i gceann amháin nó níos mó de Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Inbhuanaithe. Tá 53,337

AN EARNÁIL BIA AGUS DÍ

comhalta ann den Scéim um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe, 16,094 comhalta den Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe chomh maith le scéimeanna cáilíochta Bord Bia d'éineoil, muiceoil, gairneoireacht taitneamhachta, torthaí agus glasraí. Ar an iomlán, rinneadh 35,733 iniúcháireacht maidir leis an Scéim um Dearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe sa bhliain 2019, ardú de 2,179 ar an mbliain 2018. Astu sin, rinneadh 78% acu ar fheirmeacha mairteola amháin, 18% ar fheirmeacha mairteola agus caoireola agus an 4% eile ar fheirmeacha caoireola amháin. Tugadh faoi 8% de na hiniúcháireachtaí ar fheirmeacha iarratasóirí nua nó iarratasóirí atá ag déanamh iarratas ar an scéim den dara huair.

Chuir an obair a rinneadh ar Origin Green sa bhliain 2019 le seasamh na hÉireann mar cheannaire uathúil san inbhuanaitheacht. Mar léiriú air sin, déanfaidh Bord Bia óstáil ar Chruinniú Mullaigh Domhanda maidir leis an Inbhuanaitheacht in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2020.

Thug Bord Bia faoi straitéis chumarsáide le buntáistí inbhraite agus dobhraite Origin Green a léiriú do bhonn leathan páirtithe leasmhara sa bhliain 2019. Bhí a thionchar a chur in iúl go díreach do chomhaltaí i gceist leis sin; saoránaigh a spreagadh a bheith ar an eolas faoin gclár agus a bheith bródúil as; trí cheannairí gnó a chur ar an eolas faoi na buntáistí tráchtála inbhraite a bhaineann leis an gclár agus trí fheabhas a chur ar chomhoibriú maidir le hinbhuanaitheacht le heagraíochtaí tadhlaacha mar Teagasc, Bord Iascaigh Mhara, Fiontraíocht Éireann agus IBEC. De réir mar a shíneann Origin Green go réimsí fócais AE ar nós astaíochtaí, uisce, dramhaíl agus níotráite, tá comhoibriú leis na príomhpháirtithe leasmhara lárnach chun treallús a chur faoi fheabhsúcháin i bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta leis na comhaltaí, feirmeoirí agus comhlachtaí go léir araon.

Cuireadh uasdátaithe míosúla ar fáil do chomhaltaí trí ríomhíris Origin Green. Tugadh ábhair comhalta cothrom le dáta chun feabhas a chur ar láithreán gréasáin Origin Green i dtéarmaí taithí agus ábhar úsáideora freisin.

Cuireann Clár **Ambasadóirí Origin Green** le tuiscint ar chlár inbhuanaitheachta Origin Green i measc custaiméirí idirnáisiúnta. Thug deichniúr rannpháirtí sa 4ú clár a n-oiliúint inbhuanaitheachta agus Origin Green chun críche i mí Meán Fómhair 2019. Beidh an chéad sraith de shocrúcháin idirnáisiúnta ar siúl go dtí mí na Bealtaine 2020 le Albert Heijn (an Ollainn), Britvic (an Ríocht Aontaithe), Unilever (an Ríocht Aontaithe) McDonalds, Sainsbury's, Sodexo, Amazon, Waitrose agus Nestle. Lean Ambasadóirí Origin Green de chur le feasacht ó thaobh na trádála de ar fud an domhain ar chlár Origin Green na hÉireann, ach plé a dhéanamh leis na cuntais bhia agus dí is mó ar domhan.

Mol Nuálaíochta Bia

Tá an Roinn ag cur beagnach €9 milliún de mhaoiniú ar fáil do Teagasc ar bhonn céimnithe chun Mol Náisiúnta Nuálaíochta Bia a thógáil ag Ionad Taighde Bia Teagasc sa Chloch Liath, Contae Chorcaí. Rinneadh díreach faoi €1.2 milliún a leithdháileadh don tionscadal sa bhliain 2019. Is é atá mar phríomhphrionsabal leis an "Mol" líonra don nuálaíocht agus gnó a chruthú lena mbíonn baint ag comhlachtaí déiríochta agus bia agus institiúidí taighde le fócas ar bhia, ar shláinte agus ar chothú. Cuimseoidh an Mol aonaid agus oifigí Taighde agus Forbartha saindeartha a chuirfidh Teagasc ar fáil do chomhlachtaí bia ag rátaí tráchtála. Tacóidh sé le nuálaíocht i dtionscal an bhia ag cur ar chumas comhlachtaí ullmhúcháin a dhéanamh don Breatimeacht ar an mbealach sin agus cruthófar tionscnaimh thaighde atá dírithe ar an margadh freisin. Táthar ag súil, ar thabhairt chun críche an tionscadal, go mbeidh forbairt próisis agus táirgí bia nua mar thoradh air, a chruthóidh fás geilleagrach agus poist nua.



Táirgeadh Príomhúil

FEOIL

MAIRTEOIL

Táirgeadh agus Trádáil Mairteola

Rinneadh onnmhairí mairteola arbh fhiú os cionn €2.3 billiún nó díreach faoi 530,000 tonna iad in 2019, laghdú luacha 4% agus méide 1% ar an mbliain roimhe sin. Chiollaigh sin gurbh í Éire an 6ú glan-onnmhaireoir mairteola ba mhó ar domhan. I dtéarmaí luacha chuaigh os cionn 90% d'onnmhairí mairteola chuig tíortha laistigh den AE agus b'ionann an Ríocht Aontaithe agus 43% de na onnmhairithe go léir. Rinne margaí Tríú Tíortha suas 10% d'onnmhairí mairteola. I dtéarmaí méide, rinneadh 84% de na táirgí mairteola a onnmhairiú chuig tíortha san AE agus rinneadh 16% a onnmhairiú chuig Margaí Tríú Tíre. Tháinig ardú 22% ar onnmhairithe beo sa bhliain 2019 go dtí os cionn 300,000 cloigeann.

Maraíodh breis is 1.7 milliún ainmhí in 2019, laghdú 4.4% ar an líon in 2018.

Ba 365.19 c/kg an meánphraghas ar Bhulláin R3 sa bhliain 2019, arbh ionann é agus íslíú 6% ar an mbliain roimhe sin, agus rinneadh taifeadadh ar phraghas ard de 389.13 c/kg le linn mhí na Bealtaine. Ba 389c/kg an meánphraghas sa bhliain 2018.

Forbairtí sa Bheartas Mairteola

Clár Píolótach Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil

Seoladh an Scéim Píolótach Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil sa bhliain 2019 a bhí dírithe ar éifeachtúlachtaí eacnamaíochta agus chomhshaoil ar an fheirm a fheabhsú trí mhéadracht feidhmíochta a bhailiú a dhéanann cinnteoireacht níos eolaí a éascú.

Dhírigh an scéim ar éifeachtúlacht na mbó diúil agus laonna a bhaint den diúl trí meáchan beo an lao nuair atá sé á bhaint den diúl mar chéatadán de mheáchan beo na bó a thomhais. Bíonn dlús na n-astaíochtaí táirgeachta a bhíonn ag ba a bhfuil laonna níos troime acu nuair atá siad le baint den diúl mar chuid dá meáchan beo níos ísle ná mar a bhíonn ag ba a bhfuil

laonna níos éadroime acu. Ar na príomhfachtóirí tá riachtanas níos ísle maidir le beathú bó agus luach aschur níos airde ó laonna chomh maith leis an rogha iarmhartach iad a mharú níos óige.

Thug 16,424 feirmeoir faoin meáchan agus taifeadadh a bhí riachtanach agus fuair siad íocaíochtaí €15.3 milliún ar an iomlán. Léiríonn an mheastóireacht atá déanta ar an Scéim Píolótach Mairteola um Éifeachtúlacht Chomhshaoil go dtí seo gur chuidigh an scéim le feirmeoirí na buntáistí a bhaineann lena gcuid ainmhithe a mheáchan a aithint agus chuir na sonraí a chruthaíodh feabhas ar mheasúnachtaí géiniteacha.

Fógraíodh Beart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola (BEAM) i mí na Bealtaine 2019.

Leis sin, cuireadh cúnaimh coigeartaithe sealadach ar fáil d'fheirmeoirí san earnáil mairteola in Éirinn, faoi réir na gcoinníollacha arna leagan amach i Rialachán Cur Chun Feidhme an Choimisiúin Eorpaigh (AE) 2019/1132. Rinneadh BEAM a mhaoiniú le meascán de chúnamh ón AE agus le tacaíocht ón Státchiste, atá á chur ar fáil i bhfianaise na gcúinsí deacra ina bhfuil feirmeoirí na hÉireann mar thoradh ar an luaineacht agus an neamhchinnteacht margaidh atá ann. Ghlac 23,374 feirmeoir páirt in BEAM agus rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú beagnach €78 milliún iad dá bharr.

Bunú Tascfhórsa Mairteola

Thángthas ar an gComhaontú um Earnáil Mairteola na hÉireann idir na páirtithe leasmhara an 15 Meán Fómhair 2019. Mar chuid den chomhaontú sin, bunaíodh Tascfhórsa Mairteola chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtiomantas ar tugadh fúthu agus mar ardán don rannpháirtíocht straitéiseach le príomhpháirtithe leasmhara.

Tríd is tríd tá dhá shraith sa chomhaontú: líon idirghabhálacha a chuireann buntáiste láithreach ar fáil do tháirgeoirí mairteola, lena n-áirítear, athruithe ar an struchtúr bónaís agus cuspóirí fadtéarmacha agus athchóiriú struchtúrach na hearnála.

Tá cathaoirleach neamhspleách ar an Tascfhórsa Mairteola, Michael Dowling, agus tá an t-eolas is deireanaí agus doiciméid ábhartha le fáil go poiblí ag <https://www.agriculture.gov.ie/farmingsectors/beef/beeftaskforce/>

Táirgeadh Príomhúil

Éagsúlú Margaidh

Bhí éagsúlú níos mó margaidh fós ina thosaíocht in 2019. Ó thaobh luacha de, rinneadh 90% de na táirgí mairteola a onnmhairiú chuig tíortha san AE agus rinneadh 10% a onnmhairiú chuig margaidh Tríú Tíre in 2019. Mar sin féin, tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh an éagsúlaithe trí rochtain chuig na príomhmhargaidh idirnáisiúnta a bhaint amach, lena n-áirítear, an tSín, na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin le blianta beaga anuas. Éacht suntasach a bhí ann in 2019, tuilleadh rochtana a fháil ar mhargadh na Síne do mhairteoil na hÉireann, i ndáil le héagsúlú margaidh. Tugadh faoi iniúchóireacht mairteola rathúil i Meán Fómhair 2019 tráth a rinneadh cigireacht ar 14 iarratasóra monarchana mairteola agus a ceadaíodh ina dhiaidh sin chun táirgí a onnmhairiú chun na Síne. Tháinig feabhas ar rochtain chuig margadh na Seapáine freisin sa bhliain 2019, nuair a fuarthas réidh le srianta ar mhairteoil a mhair ar feadh 30 mí agus tugadh teastas leasaithe isteach a thugann cead mairteoil dhíchnámhaithe a dhíorthaítear ó bha den uile aois a onnmhairiú.

Eagraíochtaí Táirgeoirí Mairteola

Bunaíodh an chéad dá Eagraíocht Táirgeoirí Mairteola i Ráithe 4 den bhliain 2019 agus táthar ag leanúint le rannpháirtíocht le grúpaí ionchasacha. Tá an acmhainneacht ag Eagraíochtaí Táirgeoirí seasamh an phríomhtháirgeoira sa slabhra soláthar a neartú agus tá maoiniú ar fáil faoin gClár Forbartha Tuaithe reatha chun tacú le grúpaí a bhunú trí mhaoiniú a dhéanamh ar chostais chomhairleacha.

CAOIRIGH

Táirgeadh agus Trádáil Caorach 2019

Tháinig ardú 1% ar luach na n-onnmhairí caoireola i gcomparáid le luacha i mblianta roimhe sin. Baineadh beagnach €318 milliún amach, agus tháinig ardú 3% ar mhéideanna. Tháinig laghdú 7% ar mharú go dtí díreach faoi 2.8 milliún ainmhí in 2019. €460.10/100kg a bhí sa mheán phraghas náisiúnta in 2019, laghdú 4.5% ar an mbliain roimhe.

Rinneadh caoireoil arbh fhiú os cionn €318 milliún í, nó beagnach 62,000 tonna di, a onnmhairiú in 2019. I dtéarmaí luacha, rinneadh breis is 71% de tháirgí caoireola a onnmhairiú chuig tíortha laistigh den AE, rinneadh 20% eile a onnmhairiú chuig an RA agus 9% a onnmhairiú chuig margaidh tríú tíre. I dtéarmaí méide, rinneadh 65% de na táirgí mairteola a onnmhairiú chuig

tíortha san AE, rinneadh 24% a onnmhairiú chuig an RA agus rinneadh 11% a onnmhairiú chuig Margaidh Tríú Tíre. Onnmhairíodh 40,000 tonna ar an iomlán de tháirgí caoireola chuig an AE, agus chuaigh an méid ba mhó, os cionn 18,000 tonna chun na Fraince, agus tháinig an Ríocht Aontaithe ina dhiaidh sin le beagnach 15,000 tonna.

Osclaíodh Bliain 3 den scéim um Leas Caorach i Mí Feabhra 2019. Faoin scéim, tugtar tacaíocht €10 in aghaidh an chaoirigh d'fheirmeoirí a bhfuil tréada caorach pórúcháin acu. Mairfidh an scéim go dtí 2020. Eisíodh réamhíocaíocht faoi bhliain 3 den scéim i mí na Samhna 2019. Íocadh €14.91 milliún le 18,489 rannpháirtí agus b'ionann sin agus ráta réamhíocaíochta 85%. Eiseofar na híocaíochtaí cothromaíochta do bhliain 3 den scéim i R2 2020.

Faoing Clár Forbartha Tuaithe (RDP) 2014-2020, tá soláthar déanta d'éifeachtúlacht agus do bhrabúsacht i dtáirgeadh caorach a fheabhsú faoin mbeart um Aistriú Eolais, a bhfuil buiséad €100 milliún aige. Bhí an taithí a fuarthas sa Chlár um Ghlacadh le Teicneolaíocht Caorach (STAP) mar bhonn eolais ag forbairt an bheirt seo. Chomh maith le brabúsacht, leagtar béim ar na príomhcheisteanna scileanna gnó, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus sláinte tréada. Tá idirchaidreamh níos mó idir feirmeoirí aonair agus comhairleoirí, d'fhothn aistriú eolais a shaincheapadh. Seoladh an Clár um Aistriú Eolais Trí Bliana don earráil caorach in 2016 agus tháinig deireadh léi in 2019. Bhí tuairim is 3,860 feirmeoir rannpháirteach i mbliain a Trí den Chlár um Aistriú Eolais maidir le Caoirigh a chríochnaigh i mí Iúil 2019.

Forbairtí sa Bheartas maidir le Caoireoil

Osclaíodh Bliain 3 den scéim um Leas Caorach i Mí Feabhra 2019. Faoin scéim, tugtar tacaíocht €10 in aghaidh an chaoirigh d'fheirmeoirí a bhfuil tréada caorach pórúcháin acu. Mairfidh an scéim go dtí 2020. Íocadh €50.3 milliún le 18,594 feirmeoir le linn na chéad trí bliana den scéim um leas na caorach. Cuirtear tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí faoin Scéim a thugann faoi ghníomhartha a rachaidh chun leasa folláine an tréada.

I mí Iúil 2019, tugadh rochtain mhargaidh chuig margadh na Seapáine do chaoireoil na hÉireann chun críche. Tá chuig mhonarcha caoireola de chuid na hÉireann a chuireann os cionn 90% de chaoireoil na hÉireann ar fáil, ceadaithe agus liostaithe anois le caoireoil a onnmhairiú chun na Seapáine.

Táirgeadh Príomhúil

Rochtain ar an Margadh Feola in 2019

Rinneadh dul chun cinn thar a bheith suntasach in 2019 ar raon leathan saincheisteanna maidir le rochtain ar an margadh feola, lena n-áirítear:

- Ceadú 14 monarcha mairteola de chuid na hÉireann chun dul i mbun onnmhairithe chun na Síne i mí Deireadh Fómhair 2019 de bhun cigireacht rathúil le linn cuairt a thug iniúchóirí Síneacha le linn an tsamhraidh agus is í an Roinn a rinne óstach ar an gcúairt.
- Leathnú rochtain mhargaidh na hÉireann chuig margadh mairteola na Seapáine tráth ar comhaontaíodh fáil réidh leis na srianta a mhair ar feadh 30 mí agus teastas leasaithe a chuireann an deis ar fáil le mairteoil dhíchnámhaithe a dhíorthaítear ó bha den uile aois a onnmhairiú.
- I mí Iúil 2019, tugadh rochtain mhargaidh chuig margadh na Seapáine do chaoireoil na hÉireann chun críche. Tá cead tugtha, agus tá cúig mhonarcha caoireola a chuireann os cionn 90% de chaoireoil na hÉireann ar fáil liostaithe anois le caoireoil a onnmhairiú chun na Seapáine.
- Comhaontaíodh teastas sláinte tréidliachta chun mairteoil agus muiceoil a onnmhairiú chuig an Úcráin.
- Comhaontaíodh teastas sláinte tréidliachta chun mairteoil a onnmhairiú chuig Barbadós.
- Rinneadh leathnú ar rochtain chuig margáí suntasacha sean-bhunaithe le teastas sláinte tréidliachta a chomhaontú chun táirgí feola amh agus ullmhúcháin a onnmhairiú go Hong Cong agus do thurcáithe iomlána bealaithe le him a onnmhairiú chun na hAfraice Theas.
- Chomh maith le hiniúchadh na Síne i ndeireadh an tsamhraidh, rinne an Roinn óstáil ar chigireacht iniúchta ardleibhéil ó thrí údarás inniúla do mhargáí tosaíochta eile:
- I mí an Márta thug iniúchóir ó Aireacht Sláinte, Saothair agus Leasa (MHLW) na Seapáine faoi chigireacht ar mhonarchana feola Éireannacha a mhair ar feadh seachtaine mar chuid d'iarratas na tíre seo fáil réidh leis na srianta ó thaobh rochtain mhargaidh do tháirgí mairteola agus caoireola a mhair ar feadh 30 mí;
- I mí an Mheithimh thug cigirí ó Roinn Sláinte Stáit Aontaithe Mheiriceá (USDA) Seirbhís Iniúchta Sábháilteachta Bia (FSIS) faoi iniúchóireacht leasaithe rathúil ar mhairteoil agus ar mhuceoil.
- I mí na Nollag, rinne oifigigh rialtais ó Sheirbhís Tréidliachta na Malaesia (DVS) agus Údarás Halal (JAKIM) iniúchadh éineoil a stiúradh.

- Tá na cigireachtaí isteach sin ríthábhachtach i ndáil leis an rochtain reatha ar mhargáí a choimeád, nó chun rochtain ar mhargáí nua a lorg, nó chun caighdeáin táirgthe na hÉireann a léiriú agus tuilleadh teagmhálacha in Aireachtaí thar lear a fhorbairt. Is teistiméireachtaí iad na rochtain mhargaidh a bhaineadh i mbliana ar an luach agus ar an tábhacht a ghabhann leis na cuairteanna seo.
- Ba bhliain rathúil a bhí sa bhliain 2019 do chlár treisithe misean trádála na Roinne le misin trádála rathúil chun na Tuirce, chun na Seapáine, an Chóiré Theas, an Ríocht Aontaithe, an AE agus dhá mhisean ar leithligh chun na Síne i mí na Bealtaine agus na Samhna

MUICEOIL

Táirgeadh agus Trádáil


De bhun fás substaintiúil le blianta beaga anuas, tá Muiceoil ar an gceathrú earnáil is luachmhaire i dtionscal agraibhia na hÉireann ag teacht sna sála ar dhéiríocht agus ar mhairteoil. Tháinig ardú thart ar 8% i dtéarmaí luacha ar onnmhairithe sa bhliain 2019, ag baint an bhuaicphointe is mó riamh amach de €890 milliún de réir figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Is ionann é seo agus thart ar 6% d'onnmhairithe bia, deoch agus gairneoireachta ar an iomlán. Tá an Ríocht Aontaithe ar an gceann scríbe onnmhairithe is mó i gcónaí agus is ionann é agus sciar 52% d'onnmhairithe. Mar sin féin, tháinig ardú ar mhargáí tríú tíortha, a bhfuil fás seasmhach ag teacht orthu le blianta beaga anuas, go dtí sciar iomlán de 29% sa bhliain 2019. Léirítear é seo sa leathnú suntasach ar onnmhairithe muiceola na hÉireann chun na hÁise agus chun na Síne go háirithe, áit ar tháinig níos mó ná dúbailt ar luach onnmhairithe ó €79 milliún go €177 milliún mar gheall ar an ardú ar éileamh onnmhairithe de thoradh Fiabhrais Afracaigh Muc (ASF). Bhain díolacháin miondíola baile €412 milliún amach le linn na bliana, mar gheall ar ráta úsáide per capita 28kg na hÉireann, atá ard i gcónaí i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Léiríonn an fás sin ar luachanna onnmhairí go raibh treoir agus fócas cruinn na straitéisí Fómhar Bia 2020 agus Food Wise 2025 ceart. Tá tuilleadh fianaise maidir leis seo le feiceáil nuair a fheacaimid ar threochtaí fadtéarmacha; tá ardú os cionn 250% tagtha ón mbliain 2010 ar luach muiceola na hÉireann.

Táirgeadh Príomhúil

Bhí tionchar suntasach ar ráigeanna den Fhiabhrais Afracaigh Muc (ASF) ar tháirgí domhanda agus ar phatrúin trádála le blianta beaga anuas. Tuairiscíodh go leor ráigeanna nua den ASF ar fud raon leathan geografach sa tSín, is dóigh go ndéanfar cuileáil ar os cionn 50% de thréad na Síne, nó 30% de mhuca an domhain, mar thoradh ar an ráig atá ann i láthair na huair. Sa bhliain 2019, bhí deiseanna onnmhairithe breise chun na Síne ann d'earnáil muca na hÉireann mar gheall ar phríomhthionchar an ASF.

Ba drochbhliain a bhí sa bhliain 2018 do tháirgeoirí le praghas na muc íseal ar feadh na bliana go léir, ach baineadh buaicphointí amach ar feadh an dara leath den bhliain 2019, agus sroicheadh €1.91c/kg i mí na Nollag. Chomh maith le praghas beathaithe a bhí fabhrach, ba bhliain thar barr a bhí sa bhliain seo caite do tháirgeoirí muc na hÉireann.

Selected Pigmeat Export Destinations, 2018-2019



Forbairtí Beartais

An Grúpa Straitéise Cur chun Feidhme Muc

Tháinig an Grúpa Straitéise Cur chun Feidhme Muc le chéile ceithre huair i rith 2019. Faoi chathaoirleacht an Dr. Sean Brady, déanann an grúpa maoirsiú ar chur chun feidhme na moltaí arna leagan amach i dtuarascáil an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Thionscal na Muc 2016. Tugtar aghaidh sa tuarascáil, ina bhfuil os cionn 60 moladh, ar roinnt dúshlán d'earnáil na muc faoi raon leathan téamaí, lena n-áirítear Bithshlándáil, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Dearbhú Cáilíochta, Cógais Tréidliachta, agus Rialú Salmonella. Áiríodh ar na príomhéachtaí an bhliain seo caite a raibh an PISG bainteach leo, tabhairt isteach Clár Prionsabail d'Fheirmeoirí LEAN in earnáil na muc, Sláinte Ainmhithe Éireann ag cur tús le hobair in earnáil na muc, agus an t-ardú ar theorainn infheistíochta TAMS ó €80,000 go €200,000 (ag feitheamh ar chead ó Choimisiún an AE).

An Clár um Rialú Salmonella Muc

Faoin gClár um Rialú Salmonella Muc, tógtar samplaí míosúla ag monarchana i gcás gach táirgeoira a sholáthraíonn níos mó ná 200 muc in aghaidh na bliana lena marú. I rith 2019 tógadh díreach breis is 20,500 (20,668) sampla ó 348 dtréad agus rinneadh tástáil orthu d'fhonn torthaí cothrom le dáta a thabhairt d'fheirmeoirí agus do phróiseálaithe maidir le leitheadúlacht salmonella.


ÉANLAITH AGUS UIBHEACHA

Táirgeadh agus Trádáil

Tá os cionn 800 feirm páirteach i dtáirgeadh éanlaith tráchtála in Éirinn, idir éanlaith le haghaidh feola, táirgeadh uibheacha, feirmeacha pórúcháin agus gorlanna. Tacaíonn an tionscal le tuairim is 6,000 post, i gceantair thuaithe go príomha.

I rith 2019, maraíodh os cionn 106 milliún éan i monarchana ar ceadaíodh dóibh onnmhairiú a dhéanamh. Sicíní a bhí i 96 milliún díobh. Is ionann sin agus ardú 7.6% ó 2018, agus ó thaobh méideanna de, shroich táirgeadh Éireannach buaicphointe in 2019; ardú 6% bliain-ar-bhliain chun 161,000 tonna a bhaint amach. D'fhan an meán phraghas ar éineoil ar an margadh baile seasta ag €5.56/kg.

Poultry Slaughter, 2015 - 2019



Tá rochtain ag an tír seo chuig 61 tír (lena n-áirítear, tíortha AE) chun éineoil a onnmhairiú. Taispeánann figiúirí an CSO, cé gur tháinig ardú ar mhéid onnmhairithe go díreach faoi 6% ó 136,000 tonna go 144,000 tonna sa bhliain 2019, tháinig titim 4% ar luach onnmhairithe éineoil na hÉireann sa bhliain 2019 go dtí díreach faoi €294 milliún. B'ionann an Ríocht Aontaithe (€216 milliún) agus 74% den fhigiúr sin agus bhí an

Táirgeadh Príomhúil

Fhrainc (€11 milliún), an Danmhairg (€8 milliún), an Ísiltír (€10 milliún) agus an Afraic Theas (€29 milliún) chun tosaigh freisin mar chinn scríbe onnmhairithe.

Ag deireadh 2019, bhí líon iomlán de 257 aonad uibhe circe cláraithe leis an Roinn seo agus sháraigh an líon iomlán gaolmhar áiteanna circe cláraithe 3.65 mhilliún, ardú beag ar an bhfigiúr in 2018.

Tábla Achoimre ar Chatagóirí Táirgeoirí Uibhe Circe in 2019:

Catagóir Táirgeoirí Uibhe Circe	Aonaid Chláraithe	Iomlán na nÁiteanna Circe
Saor Raoin	175	44%
Cúbarnaí Saibhrithe	36	52%
Orgánach	38	3%
Scioból	8	1%
Iomlán	257	100%

Leanann fás as cuimse ag teacht ar thrádáil uibheacha Saor-Raoin agus Orgánach d'úsáid ag daoine chuig Tíortha an Mheánoirthir agus onnmhairíodh os cionn 8 milliún ubh i 220 coinsíneacht sa bhliain 2019.

Ghlac os cionn 200 feirmeoir éanlaithe páirt i mBliain a Trí den Chlár um Aistriú Eolais Éanlaithe a chríochnaigh ag deireadh mhí Iúil 2019. Cuireadh tús le hiocaíochtaí i mí Deireadh Fómhair 2019.

Forbairtí Beartais

Is é atá mar fheidhm le Clár Oifigiúil na Roinne um Rialú Éineola agus Ubh, rialuithe oifigiúla a chur i bhfeidhm maidir le Barántúlacht Bia agus Sábháilteachta Bia ag Oibreoirí Gnó Bia (FBOanna). Cuirtear réimse de rialuithe oifigiúla ar tháirgeoirí uibheacha agus ar tháirgeoirí éineola chun feidhme trí bhíthin cigireachtaí agus samplú ar Oibreoirí Gnó Bia (FBO) d'fhonn a gcomhlíonadh le reachtaíocht sábháilteacht agus barántúlachta bia a sheiceáil. Tugadh faoi bhreis is 2,200 cigireacht ar uibheacha agus ar bhunaíochtaí éineola agus uibheacha in 2019 faoin reachtaíocht maidir le Sláinteachas Bia agus Caighdeán Mhargaíochta. Cuireadh 307 sampla ubh le haghaidh anailís iarmhair sa bhliain 2019, bhí a bhformhór mar chuid de cheanglais an Plean Náisiúnta um Iarmhair a Rialú.

Ghlac os cionn 220 feirmeoir éanlaithe páirt i mBliain a

Trí den Chlár um Aistriú Eolais Éanlaithe.

DÉIRÍOCHT

Táirgeadh agus Trádáil

Lean an téarnamh a tháinig ar na margáí déiríochta sa bhliain 2018 le linn na bliana 2019 le héileamh domhanda láidir ar tháirgí déiríochta mar bhonn taca le feidhmíocht chobhsaí in earnáil déiríochta na hÉireann.

Bhí an bhliain 2019 i bhfad níos fabhraí ó thaobh fás féir agus táirgeadh foráiste a chur 5.3% leis an ardú ar tháirgeadh bainne i gcomparáid leis an mbliain 2018 agus sháraigh an líon seachadtaí a cuireadh ar fáil 7.9 billiún lítear sa bhliain 2019. B'ionann táirgeadh bainne na hÉireann agus tuairim is 5% den táirgeadh iomlán bainne san AE in 2019. 33.04c/l (meánmhéid bliantúil lena n-áirítear CBL agus bónais a íocadh) an meán phraghas a íocadh le feirmeoirí in 2019, síos 3.2% ó 35.04c/l in 2018.

In 2019, d'onnmhairigh Éire táirgí déiríochta dar luach os cionn €5 billiún chuig tuairim is 140 tír. Is ionann é seo agus fás +12% ar mhéideanna agus +10% ardú ar luach i gcomparáid leis an mbliain 2018.

Sháraigh díolachán Ime €1 billiún den dara bliain as a chéile sa bhliain 2019 agus tháinig ardú suntasach ar dhíolachán cáise, meidhg agus púdar bainne bearrtha ó thaobh méid agus luach sa bhliain 2019. Bhain 35% de luach onnmhairithe déiríochta na hÉireann sa bhliain 2019 leis an AE-27 agus chuaigh 45% chuig margáí idirnáisiúnta, agus bhain an 20% de luach onnmhairithe déiríochta leis an Ríocht Aontaithe. Áirítear ar mhargáí onnmhairithe suntasacha eile, an Ísiltír (14%), an tSín (11%), an Ghearmáin (7%) na Stáit Aontaithe (7%).

Ag tús mhí Deireadh Fómhair 2019, chuir Oifig Ionadaí Trádála na Stát Aontaithe (USTR) liosta táirgí amach a bheidh faoi réir ag dleachtanna breise 25%, lena n-áirítear, roinnt táirgí talmhaíochta tábhachtacha, suaitheanta Eorpacha. Tá feidhm leis na dleachtanna breise ón 18 Deireadh Fómhair 2019. Tagann im agus cáis na hÉireann faoi na catagóirí táirgí déiríochta is mó atá faoi thionchar agus tá siad faoi réir ag dleachtanna allmhairithe breise de 25% ad valorem.

B'ionann táirgí déiríochta na hÉireann chun na Stáit Aontaithe agus 52,915 tonna, arbh fhiú thart ar €332 milliún é sa bhliain 2019. Rinneadh thart ar €194 milliún

Táirgeadh Príomhúil

d'ím na hÉireann agus thart ar €44 milliún de cháis na hÉireann a onnmhairiú ó Éirinn chun na Stáit Aontaithe sa bhliain 2019. Is ionann onnmhairithe ime na tíre seo agus beagnach 90% d'onnmhairithe ime an AE chuig na Stáit Aontaithe.

An phríomh fhorbairt i margadh an AE in 2019 an díolachán tuairim is 357,00 tonna de Phúdar Bainne Bearntha a bhí fanta (SMP) ó stoic idirghabhála AE a bhí ina fharasbarr margadh SMP an AE le roinnt blianta anuas. Thug sé sin an deis don phraghas SMP forbairt ar bhonn a bheidh níos mó faoi thionchar an mhargaidh ná mar a bhí sé le déanaí.

Forbairt Beartais

Thug an Roinn isteach an Scéim Comhpháirtíochtaí Táirgeacht Bhainne le linn réimeas an Chuóta Bainne, chun cuidiú le haistriú ó ghlúin go glúin, cur le héifeachtúlacht agus barainneachtaí scála a thabhairt isteach ag leibhéal feirme. Tar éis deireadh a chur le Rialacháin an Chuóta Bainne sa bhliain 2015, bhunaigh an Roinn Clár Comhpháirtíochta Feirme. Faoi láthair tá 2,970 comhpháirtíocht feirme cláraithe gníomhach ann. Áirítear ar thacaíochtaí, faoiseamh stoic tosaíochta; scéim deontais do ghnólachtaí nuathionscanta; agus téarmaí fabhracha do chomhpháirtíochtaí i Scéimeanna na Roinne.

I mí an Mheithimh 2017, sheol an Roinn Clár Comhpháirtíochta Feirme i gcomhair Comharbais (SFP) atá dírithe ar shárchleachtas a spreagadh in aistriú talún ó ghlúin go glúin, ar mhaithe le haghaidh a thabhairt, i measc nithe eile, ar an tsaincheist a bhaineann leis an easpa taithí a bhaineann le haistriú. Soláthraítear buntáiste ó thaobh cáin ioncaim de €5,000 suas go dtí cúig bliana agus ceanglaíonn sé ar an fheirmeoir 80% ar a laghad de na sócmhainní comhpháirtíochta a aistriú chuig an gcomharba idir 3 go 10 mbliana de thréimhse an chomhaontaithe. Faoi láthair tá thart ar 60 SFP den chineál seo i mbun feidhme.

Tugann an Roinn tacaíocht freisin do Sheirbhís Soghluaisteachta Talún Macra, is seirbhís mheaitseála atá i gceist anseo d'fheirmeoirí ar mian leo a bheith rannpháirteach i socruithe oibre comhoibríocha agus nach bhfuil aon chomhoibrítheoir aitheanta go héasca acu. Chuir an Roinn maoiniú de €50,000 in aghaidh na bliana ar fáil don tseirbhís ó 2017 – 2019 san áireamh, chun tacú le hiarrachtaí Macra agus an Tionscal chun leas a bhaint as na gnóthachain éifeachtúlachta féideartha ó thaobh comhoibríú.

BARRA

Gránaigh

Measadh gur 2.2 milliún tonna an táirgeadh foriomlán gránach don tír bhliain 2019 a chiallaigh ardú ar tháirgeacht íseal de 1.8 milliún tonna sa bhliain 2018 ach tá sé fós beagán taobh thiar de tháirgeacht na bliana 2017 a raibh 2.3 milliún tonna i gceist leis. Bhí caighdeán gránach ard sa bhliain 2019 agus d'fhill meáchan heictilítear agus torthaí tuí ar na gnáthleibhéil go háirithe ó thaobh barr an earraigh agus níor tháinig titim ar phraghas mar thoradh air seo óna phraghsanna arda a bhaineadh amach sa bhliain 2018.

Ba 261,400 heicteár an t-achar iomlán gránach a baineadh sa bhliain 2019 ardú réasúnta beag san achar gránach den chéad uair ón mbliain 2012. Filleadh ar achar níos mó don bharr geimhridh, ar gnách leis toradh níos airde a sholáthar seachas mar a dhéanann barr an earraigh, chomh maith le gnáth-thoradh don bharr earraigh a chiallaigh go rabhthas ag filleadh ar ghnáthleibhéil

Achar, Barr agus Táirgeacht Gránach 2019*

	Achar (000 ha)	Barr (t/ha)	Táirgeacht (000 tonna)
Cruithneacht	62.1		589
Geimhreadh	58.4	10.1	560
Earrach	3.7	8.3	29
Eorna	176.0		1,448
Earrach	81.44	9.42	729
Spring	94.6	8.00	719
Coirce	23.3		188
Geimhreadh	16.4	8.85	137
Earrach	6.9	7.70	51
Iomlán	261.4		2,225

Foinse: Teagasc Táirgeacht Gránach Measta 2019

*tagraíonn don táirgeacht uile, a dhíoltar nó a úsáidtear ar bhealach eile ina dhiaidh sin, le haghaidh beathaithe, de ghnáth.

Táirgeadh Príomhúil

Clár Cigireachta Leasacháin agus Aoil

An AE agus reachtaíocht na hÉireann a rialálann díolachán leasacháin agus aoil in Éirinn. Cinntítear leis an reachtaíocht sin go ndéantar táirgí a lipéadú go cruinn agus go gcomhlíonann siad íos-riachtanais cothaitheach. Mar chuid den chlár cigireachta leasacháin agus aoil in 2019, tógadh 267 sampla ó áitribh déantúsóirí (186 sampla de leasacháin agus 81 sampla d'aol). Rinneadh 641 anailís ar leithligh ar leasacháin agus fuarthas go raibh 3.9% as lamháltas. Rinneadh 243 anailís ar leithligh ar aol agus fuarthas go raibh 8.2% as lamháltas.

Bhí líon iomlán de 46 gcairéal gníomhach ann in 2019 agus fuair cairéal aolchloiche meilte nua amháin ceadúnú i rith 2019.

Bliain	2015/16	2016/17	2017/18	2018/19
Nítrigin (tonna) (% athrú)	1,377,754 (+1.34%)	1,510,972 (+9.6%)	1,670,799 (+10.6%)	1,500,701 (-10.18%)
Fosfar (tonna) (% athrú)	805,600 (+0.9%)	899,337 (+11.6%)	1,005,689 (+11.8%)	921,818 (-8.34%)
Potaisiam (tonna) (% athrú)	815,204 (+1%)	911,933 (+11.87%)	1,019,805 (+11.8%)	941,501 (-7.68%)
IOMLÁN (tonna) (% athrú)	1,411,913 (+1.18%)	1,552,809 (+9.98%)	1,714,729 (+10.4%)	1,547,082 (-9.78%)

Tháinig laghdú 25% ar an úsáid aolchloiche meilte i gcomparáid leis an mbliain roimhe (2018) go dtí líon iomlán de 762,865 tonna. Tharla sin i ndiaidh méadú ar an úsáid a baineadh as aol in 2018.

Bliain	2016	2017	2018	2019
Díolachán Aolchloch Mheilte (tonna) % athrú	967,281 +8.2%	737,118 -24%	1,020,502 +38%	762,865 -25%

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

2019 Maolú Níotráití

Is áis thábhachtach d'fheirmeacha a bhfuil stoc mór iontu é an Maolú Níotráití mar go dtugann sé deis dóibh, faoi réir ag coinníollacha breise comhshaoil, suas go 250 kg N/ha a shaothrú, nó méid coibhéiseach le trí bhó dhéiríochta in aghaidh an heicteáir. I mí na Nollag 2017, d'éirigh le hÉirinn ár Maolú Níotráití a athnuachan le haghaidh 2018-2021. In 2019, rinne líon iomlán de 6,800 fheirmeoirí iarratas ar líne ar Mhaolú Níotráití.

Athbhreithniú ar Mhaolú Níotráití 2019

Tá sé léirithe i dTuarascálacha EPA go bhfuil meath ar cháilíocht an uisce agus go bhfuil ardú ag teacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus amóinia. Baineann saincheisteannta suntasacha freisin le dul i laghad gnáthóga cosanta AE in Éirinn. I bhfianaise an achair talún a bhfuil feirmeoireacht a dhéanamh air agus atá ag dul i méid agus atá faoi mhaolú agus na brúnna comhshaoil a bhfuil breac-chuntas á thabhairt ina leith, breithníodh go mbeadh sé stuama agus tábhachtach do choinneáil fadtéarmach na saoráide seo athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le maolú Níotráite. Tagann maolú reatha na hÉireann chun críche sa bhliain 2021, agus sa chás nach dtugtar aghaidh ar na brúnna comhshaoil atá luaite thuas, beidh tionchar diúltach aige ar aon chainteanna leis an tsaoráid thábhachtach seo a athnuachan. Mar chuid den athbhreithniú seo, tionóladh comhairliúchán poiblí agus fuarthas 75 aighneacht.

Thuairiscigh an Sainghrúpa Níotráite, a chuimsíonn oifigigh ón Roinn, ón EPA, DHPLG & Teagasc, torthaí an athbhreithnithe seo atá foilsithe anseo: https://www.agriculture.gov.ie/ruralenvironmentsustainability/environmentalobligations/nitrates/2019nitrate_sderogationreview/

Áireofar bearta nua ó mholtaí an tSainghrúpa Níotráite i dTearmaí agus i gCoinníollacha na n-iarratas ar Mhaolú Níotráite sna blianta 2020 agus 2021.

Sonraí maidir le Nítrigin agus Fosfar (N&P) in 2019

Le córas na Roinne, www.agfood.ie tugtar ráitis mhionsonraithe N&P d'fheirmeoirí, a léiríonn na rátaí stócala eallaigh agus sin amháin ar a ngabháltais. Tá ráitis

ar fáil ar líne ar bhonn míosúil ó Bhealtaine go Nollaig 2019, a thugann an deis d'fheirmeoirí monatóireacht a dhéanamh ar a leibhéal Níotráite ar mhaithe le teorainneacha a chomhlíonadh. Eisítear teachtaireachtaí téacs go tréimhsiúil ar fheirmeoirí atá cláraithe lena bhfáil agus atá sna grúpaí arda ag an tráth den bhliain.

An Clár Dobharcheantar Talmhaíochta (ACP) 2019

Cuireadh tús le Céim 3 den ACP i mí Eanáir 2016 agus tháinig deireadh leis ag deireadh na bliana 2019 agus cuirfidh sin leis an méid a gnóthaíodh agus ar an taithí a fuarthas i gcéimeanna níos luaithe den chlár.

Feidhmíonn an ACP i gcomhpháirtíocht le breis agus 300 feirmeoir i sé dhobharcheantar ina ndéantar dian fheirmeoireacht agus trí bhíthin an rannpháirtíocht seo le feirmeoirí, a thógtar ar chaidreamh na gcomhairleoirí lena gcliaint ar feirmeoirí iad, éascaítear na gnéithe taighde den chlár. Déantar an obair thaighde de réir aon dearadh turgnamhach amháin a chuirtear i bhfeidhm go dian i ngach dobharcheantar. Baintear úsáid as raon paraiméadar bith fhisiceach agus socheacnamaíoch chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeart ón bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta (NAP) agus an mhaolaithe a chuireann feirmeoirí i bhfeidhm faoin Treoir maidir le Níotráití. Cuireann torthaí an taighde seo léargas luachmhar ar fáil ar na próisis a rialaíonn an tionchar atá ag gníomhaíocht talmhaíochta ar cháilíocht an uisce sna dobharcheantair.

Tugtar le tuiscint ón taighde ACP gur léir feabhsúcháin ar an mbainistiú cothaitheach ar an talamh i 4 as 5 cinn de na dobharcheantair. Ar an iomlán, léiríonn fianaise ón ACP gur trí thacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí trí chomhairle theicniúil chun cinntí níos fearr a dhéanamh maidir le mar a dhéanann siad bainistiú ar chothaithigh a chur, gurb é sin an réimse aonair is mó is dócha ina gcuirfean an acmhainneacht is fearr ar fáil chun torthaí do cháilíocht an uisce ar fheirmeacha in Éirinn a fheabhsú. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo éifeachtúlachtaí níos mó ar fáil d'fheirmeoirí agus an baol a bhaineann le cothaithigh a chailleadh de bharr uisce a laghdú ag an am céanna.

Tá tús le cur le Céim 4 den ACP i mí Eanáir 2020 go dtí mí na Nollag 2023 agus chomh maith le cur leis an eolas a fuarthas sna trí chéim roimhe seo, tá Céim 4 feabhsaithe anois chun taighde ar GHG, ceapadh Carbóin a thabhairt

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

san áireamh agus tá sé seo ábhartha agus ríthábhachtach araon don Roinn seo i gcomhthéacs Plean Gníomhaíochta Rialtais uile chun dul i ngleic le Cur Isteach ó thaobh na hAeráide. Tá an ASSAP san áireamh anois i gclár an ACP freisin.

An Clár Tacaíochta agus Comhairleach maidir le Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (ASSAP) 2019

Is tionsnamh nuálach agus comhoibríoché an Clár Tacaíochta agus Comhairleach maidir le Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (ASSAP) a fhaigheann tacaíocht ón Roinn seo agus ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ón tionscal d'fhonn athrú iompair feirmeoirí a bhaint amach ar mhaith le huisce a chosaint, chun cuspóirí na Creat-treorach Uisce a bhaint amach.

Is cur chuige Rialtais uile, uile-earnála atá i gceist le comhairle a sholáthar go díreach d'fheirmeoirí i 190 limistéar-le-haghaidh-gníomh chun cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú. Tá 30 comhairleoir inbhuanaitheachta sannta don chlár seo, 20 curtha ar fáil ag an Rialtas agus 10 curtha ar fáil ag Comharchumainn Déiríochta. Tá an 30 comhairleoir sin ag obair laistigh de struchtúr comhpháirtíochta aontaithe lena gcuimsítear Teagasc, na comharchumainn agus LAWCO (Oifig Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúil).

Tarraingíonn an clár ar thaithí agus ar acmhainní phríomhpháirtithe leasmhara earnála agus tionscail, lena n-áirítear an dá Roinn, na hÚdarás Áitiúla, na Comharchumainn Déiríochta, Teagasc, Bord Bia agus na heagraíochtaí feirme. Tá tacaíocht shuntasach riaracháin a chur ar fáil ag an Roinn don chlár.

Is cur chuige nua é seo ar fheabhsúcháin ar cháilíocht uisce a bhaint amach agus tacaíonn sé le spriocanna na straitéise Food Wise 2025, éascaíonn táirgiúlacht mhéadaithe maille le hearnáil níos inbhuanaithe. Bainfead sin amach trí bhíthin comhairleoirí atá ag obair le feirmeoirí, díriú ar bhainistiú cothaitheachnós fearr agus ar úsáid níos spriocdhírith a bhaint as leasachán, cleachtas níos fearr sa chlós feirme agus bearta iomchuí le haghaidh achar foinse ríthábhachtach sainaitheanta. In imeacht ama, déanfar cuir chuige níos fairsinge ar an inbhuanaitheacht, arna bhforbairt ag Teagasc, a chur i bhfeidhm agus díreoidh siad ar an athrú aeráide agus ar an mbithéagsúlacht.

Saináithnítear sa dara Plean Bainistithe Abhantraí (RBMP), a foilsíodh in Aibreán 2018, gur baolach nach gcomhlíonfaidh 1,460 dobharlach (aibhneacha agus locha) cuspóirí cáilíochta na Creat-treorach Uisce; is í an talmhaíocht an brú suntasach i gcás 53% de na dobharlaigh sin. Is iad na Rialacháin maidir le Níotráití an príomhbheart sa RBMP; leis na rialacháin sin, leagtar amach riachtanais chuimsitheacha nach mór d'fheirmeoirí cloí leo chun cosaint uiscí ó fhoinsí talmhaíochta a chinntiú. Mar sin féin, ní raibh an ráta comhlíonta ag feirmeoirí leis na rialacháin sin sásúil le blianta anuas agus baineadh mar tháta as sin go bhfuil tionscnamh comhoibríoch nua de dhíth chun rannpháirtíocht níos fearr na bhfeirmeoirí a bhaint amach.

Socraíodh an ASSAP chun comhairle agus tacaíocht saor in aisce a thabhairt d'fheirmeoirí chun cabhrú leo cloí leis na rialacháin maidir le níotráití, chun réitigh a sholáthar maidir le hachair foinse ríthábhachtach agus chun cáilíocht uisce a fheabhsú. Meastar go bhfuil tuairim is 20,000 feirmeoir sna 190 réimsí do ghníomhaíocht sin a mbeidh thart ar 7,000 díobh ag fáil comhairle faoin gclár seo ó 2018 go 2021.

Foraoiseacht

Cumhdaíonn foraoisí 11% d'achar talún na tíre, ar dú suntasach ón leibhéal íseal de chumhdach foraoise 1% ag tús an 20ú haois. Chuir foraoisí príobháideach, a rinneadh le tacaíocht ón Stát, leis an ardú sin, agus cuireadh tuairim is 320,000 heicteár leis an gcumhdach foraoise in Éirinn idir 1985 agus 2012. Tá sin ar cheann de na leibhéil is airde de mhéadú ar chumhdach foraoise i measc tíortha forbartha. Leis an bhforbairt ar fhoraoiseacht in Éirinn leis na deiceanna de bhlianta anuas, cruthaíodh tionscal dúchasach atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus a thacaíonn le poist agus pobail ar fud thuath na hÉireann. D'ainneoin leibhéal leanúnach de phlandú nua, tá an cumhdach foraoise in Éirinn - 11% - ar cheann de na leibhéil is ísle san Eoraip. Thart ar 33% an meánleibhéal san Eoraip (san AE28).

Maoinítear bunú foraoisí nua faoin Scéim Foraoiseachta, atá mar chuid den Chlár Foraoiseachta 2014-2020. Leagtar amach sa tábla thíos an t-achar foraoisí nua a cuireadh, ar íocadh deontais ina leith.

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

Leibhéil Foraoiseachta 2012-2019 (heicteáir)

2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
6,252	6,156	6,293	6,500	5,536	4,025	3,550

Tar éis athbhreithniú lár téarma (MTR) an Chláir Foraoiseachta 2014-20 a tugadh chun críche sa bhliain 2018, bhain sraith scéimeanna nua a tugadh isteach a gcéad bhliain iomlán feidhme amach sa bhliain 2019. Níor leanadh sa bhliain 2019 leis an ardú láidir maidir le plandáil speicis crainn leathanduilleacha a bhí ann sa bhliain 2018, ach mar fhreagra ar bhearta chun tacú le plandáil leathanduilleach, tá sé ag leibhéal i bhfad níos airde ná mar a bhí an leibhéal a bhí ann roimh an MTR le 25% d'fhoraoisiú leathanduilleach mar chéatadán den phlandáil iomlán sa bhliain 2019.

Bhí spéis thar a bheith láidir sa Scéim um Fheabhsú Coillearnach sa bhliain 2019 agus sháraigh éileamh ar an scéim do Chumhdach Leanúnach Foraoiseachta an méid a rabhtas ag súil leis.

Rinne an Rannán Foraoiseachta bainistíocht agus maoirseacht rathúil ar aistriú 14,128 dáileacht foraoiseachta a bhaineann le sé Chontae go Córas nua Aitheantais Dáileachtaí Talún na Roinne sa bhliain 2019.

Ciste Comhshaoil Coillearnaí (WEF)

Tá an Ciste Comhshaoil Coillearnach (WEF) uathúil i dtéarmaí scéimeanna atá á reáchtáil ag an Roinn. Cruthaíonn an WEF, in ionad maoiniú Stáitchiste agus AE a dháileadh ar fheirmeoirí, an tríú foinse airgeadais chun tacú lena bhfiontar feirmeoireachta. Faoin tionscnamh seo tugtar maoiniú ón bpobal gnó go díreach d'fheirmeoirí chun coillte dúchasacha a chur. Tá an WEF ag teacht le Scéim Foraoisithe reatha na Roinne, lena n-íoctar 100% de chostas a bhaineann le coillearnach dhúchasach a bhunú agus lena n-íoctar préimh bhliantúil don úinéir talún, suas go €680 in aghaidh an heicteáir, atá iníoctha gach bliain go ceann 15 bliana. Tá íocaíocht bhreise €1,000 in aghaidh an heicteáir i gceist leis an WEF, a íocann an gnó mar íocaíocht aonuaire d'fheirmeoirí agus d'úinéirí talún príobháideacha eile. Tá gnólachtaí a ghlacann páirt sa WEF in ann a bhfreagrachtaí sóisialta a léiriú trí bhíthin

maoiniú a thabhairt do thionscadail a dhéanann maitheas don chomhshaoil agus don tsochaí ar an iomlán. Comhlachtaí atá rannpháirteach sa WEF go dtí seo, Lidl, Aldi, Microsoft, Accenture, An Post agus KBI Global Investment.

An Fardal Náisiúnta Foraoise

Le linn na bliana 2019, rinneadh ullmhúcháin chun tús a chur leis an gceathrú timthriall NFI. Tá tús le cur le bailiúchán mionsonraí réimse i mí Feabhra 2020. Baileofar faisnéis ilacmhainne ar fud an eastáit foraoise, lena n-áirítear, faisnéis ar achar na foraoise agus ar chomhdhéanamh speicis, ar an stoc fáis (m3), bithéagsúlacht, folláine agus beogacht agus an cion carbóin.

An Chomhairle COFORD

Is comhlacht é Comhairle COFORD atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara ó ar fud earnáil na foraoiseachta arna gceapadh ag an Aire Stáit don Fhoroiseacht chun comhairle a chur ar a Roinn faoi shaincheisteanna a bhaineann le forbairt ar earnáil na foraoiseachta in Éirinn.

Tá roinnt Grúpaí Oibre bunaithe ag comhairle chomhairleach COFORD 2019-2021 agus tá roinnt tuarascálacha maidir le réimse ábhar leathan foilsithe aici. Bunaíodh na grúpaí oibre seo a leanas;

- Grúpa Oibre Acmhainní Géiniteacha Foraoise
- Grúpa Oibre do Ghluaiseacht Adhmaid agus Réamhaisnéis maidir le Lomáin Cruinn
- Grúpa Oibre ar Fhoraoisí, Maolú agus Oiriúnú d'Athrú Aeráide
- Grúpa Oibre ar Bheartas Foraoise, monatóireachta agus cur i bhfeidhm
- Grúpa Oibre ar Chur Chun Cinn Foraoiseachta agus Foraoisí
- Grúpa Oibre chun cion socheacnamaíoch earnáil foraoise na hÉireann a chur le chéile Seirbhísí éiceachórais

Tá breis eolais faoin gComhairle agus faoi na cuspóirí agus an obair atá ar bun ag na grúpaí oibre le fáil ag www.coford.ie. Tá foilseacháin COFORD agus tuarascálacha Ghrúpaí Oibre le fáil ag www.coford.ie.

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

Tionscnaimh chun Tacú le hÚinéirí Foraoisí Príobháideacha chun Foraoisí a Bhainistiú

Ó na 1980í, bhunaigh tuairim is 22,000 úinéir talún príobháideach foraoisí nua in Éirinn. Is ionann sin agus infheistíocht thart ar €3 billiún ón Stát. Cé gur foraoisí fáschoille iad tuairim is 7% d'fhoraoisí an domhain, soláthraíonn siad os cionn aon trian d'adhmad an domhain (FAO) agus tá ról tábhachtach acu maidir le hilibhuntaistí a chur ar fáil.

De réir an Réamhaisnéis um Tháirgeadh Lomáin Chruinne Uile-Éireann 2016 – 2035, arna fhoilsiú ag COFORD, tá an táirgeadh adhmaid le méadú faoi dhó ó 4 milliún mhéadar ciúbach go 8 milliún méadar ciúbach faoi 2035, de bharr na bhforaoisí príobháideacha sin, go príomha. D'fhonn toradh ar infheistíocht an Stáit agus úinéirí talún go dtí seo a bhaint amach agus a uasmhéadú, tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as an adhmaid sin (saothrú, baint agus úsáid), agus mar sin gníomhaíocht eacnamaíoch a chruthú ar an slabhra soláthair trí bhíthin gníomhaíochtaí amhail saothrú, iompar, athphlandú agus próiseáil. D'fhoilsigh Comhairle COFORD roinnt tuarascálacha ina dtarraingítear aird ar na príomhbhacainní maidir le leas a bhaint as adhmaid nach mór aghaidh a thabhairt orthu lena chinntiú go ndéantar adhmaid a shaothrú ar na leibhéil réamhaisnéis ithe.

Grúpaí Aistrithe Eolais don Fhoraoiseacht

In 'Mobilising Ireland's Timber Resource', cáipéis beartais a d'eisigh COFORD, sainaithníodh roinnt bacainní maidir le leas a bhaint as adhmaid príobháideach (i.e. adhmaid as foraoisí faoi úinéireacht phríobháideach a bhaint agus a dhíol) in Éirinn. I measc na mbacainní sin tá ilroinnt an eastáit foraoise príobháidí – le foraoisí ar mheánmhéid 8.8 heicteáir faoi úinéireacht 22,000 úinéir foraoisí príobháideacha.

Thug an Roinn isteach, mar chuid den Chlár Foraoiseachta 2014-2020, roinnt bearta chun díriú ar dhúshláin san earnáil foraoiseachta agus chun cultúr foraoiseachta a fhorbairt agus a chur chun cinn in Éirinn. Ar cheann de na bearta sin, bhí síneadh a chur ar an tsamhail Aistrithe Eolais don Fhoraoiseacht. Aithníodh easpa eolais maidir le bainistíocht foraoise i measc cion suntasach d'úinéirí foraoisí príobháideacha mar bhac suntasach ar ghluaiseacht adhmaid. Sa bhliain 2017, chuir an Roinn maoiniú ar fáil do Scéim

Aistrithe Eolais Foraoiseacht phíolótach do 270 úinéir foraoisí príobháideacha i cheithre ghrúpa. Tugadh an staidéar píolótach chun críche go rathúil i mí an Mhárta 2018 agus seoladh scéim náisiúnta i mí na Bealtaine 2018, agus tháinig scéim náisiúnta eile ina diaidh sin sa bhliain 2019 agus ghlac os cionn 600 rannpháirtí páirt sa scéim gach aon bhliain.

Is é cuspóir na scéime KTG Foraoiseachta eolas breise agus tacaíocht a thabhairt d'úinéirí foraoisí príobháideacha maidir le gníomhaíochta bainistithe ina gcuid foraoisí. Baintear úsáid as foghlaim idir piaraí sa scéim, ina ndéanann an grúpa plé agus eolas ar ábhair éagsúla a roinnt, le cúnamh ó ghairmí foraoiseachta a fheidhmíonn mar éascaitheoir. Bhí seacht ócáid foghlama i ngach modúl agus tionóladh suas le dhá ócáid ag áiteanna faoi dhíon, amhail muileann sábhadóireachta nó láthair foraoiseachta.

Feirmeoireacht Orgánach

Cé go bhfuil an Earnáil Orgánach in Éirinn fós sách beag i gcomparáid le talmhaíocht ar an iomlán, tá fás suntasach san Earnáil Orgánach faoi láthair. Tá 2,356 oibreoir orgánach in Éirinn faoi láthair, agus is feirmeoirí iad os cionn 1,850 díobh. Tá leathnú drámatúil tagtha ar an achar talún faoi tháirgeacht orgánach faoin gClár Forbartha Tuaithe reatha, a bhuíochas don tsraith tacaíocht atá curtha ar bun. Léiríonn na figiúirí is déanaí go bhfuil tuairim is 74,000 heicteár anois ann i ndáil le táirgeadh orgánach, sin méadú beagnach 50% or an méid a bhí i gceist nuair a cuireadh tús leis an gClár in 2014. .

Oibreoirí Feirmeoireachta Orgánaí agus Heicteáir

2016	2017	2018	2019
2,127 (72,364ha)	2,136 (70,722ha)	2,127 (71,000ha)	2,356 (74,000ha)

Tionóladh raon ócáidí orgánacha in 2019 chun feasacht ar fheirmeoireacht orgánach a ardú. I mí Feabhra 2019, chomhordaigh Bord Bia rannpháirtíocht na hÉireann in Biofach, an ócáid trádála idirnáisiúnta is tábhachtaí do chuideachtaí agus do ghairmithe i dtionscal an bhia orgánaigh. Is lucht déanta cinntí agus ceannaitheoirí ó na hearnálacha miondíola, seirbhíse bia agus dáilte, ón

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

Eoraip agus ó áiteanna níos faide i gcéin, den chuid is mó, a d'fhreastail ar an ócáid.

I measc ócáidí eile in 2019 bhí an clár um thaispeántas feirmeacha orgánacha arna eagrú ag Teagasc, a raibh fiontair éagsúla rannpháirteach ann.

Leanadh le cúnamh deontais a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus do phróiseálaithe chun infheistiú i saoráidí agus i dtrealamh trí bhíthin scéimeanna deontas caipitiúil orgánacha faoin RDP. Tá cúnamh deontais de 40% den chostas ar fáil, suas go dtí uasmhéid €60,000, i gcás infheistíochtaí ar an bhfeirm agus €500,000 i gcás infheistíochtaí lasmuigh den fheirm.

Acmhainní Géiniteacha

D'eisigh an Roinn, faoin Scéim um Chúnamh Deontais i gcomhair Acmhainní Géiniteacha, a ghairm tograí bliantúla maidir le caomhnú plandaí, ainmhithe, foraoiseachta, micrea-orgánach agus inveirteabrach agus acmhainní géiniteacha uisceacha

Sa bhliain 2019, rinneadh maoiniú os cionn €40,000 a leithdháileadh ar sé thionscadal chun tacú le taighde a raibh institiúidí tríú leibhéal, cumainn páirtithe leasmhara agus grúpaí sainleasa earnála ag tabhairt faoi, a bhain le raon ábhar, lena n-áirítear:

- Anailís ar bharr oidhreachta,
- Deiseanna margaidh do phórú capall na hÉireann atá i mbaol
- Clár pórcháin don Droimeann
- Straitéis chun coilíneachtaí beach mheala dúchasach saorbheathach a chaomhnú
- Géanóm úlla na hÉireann a chaomhnú
- Tionscadal caomhnaithe in situ do ghaol fiáin bairr tosaíochta

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le: <https://www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/otherfarmerschemes/conservationofgeneticresources/orfoodandagriculture/geneticresourcesprojects/>

Athrú Aeráide

Is éard atá san fhís bheartais fhadtéarmach don earnáil talmhaíochta agus úsáide talún, 'cur chuige ar neodracht ó thaobh carbóin de san earnáil talmhaíochta agus úsáide talún, lena n-áirítear foraoiseacht, nach gcuireann isteach ar an gcumas bia a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe'. Le linn na bliana 2019 cuireadh spriocanna comhshaoil don earnáil talmhaíochta agus úsáide talún chun cinn ag teacht leis an fhís beartais fadtéarmacha d'earnáil atá neodrach ó thaobh carbóin.

Pleanáil um Maolú agus Oiriúnúcháin

Foilsíodh an chéad Chreat Náisiúnta reachtúil um Gníomhaíocht Oiriúnúcháin d'Éirinn i mí Eanáir 2018. Aithníodh ann dhá réimse tosaíochta dhéag inar gá pleananna um oiriúnú earnála a ullmhú. Is í an Roinn seo an Roinn cheannasach le haghaidh trí cinn de na réimsí sin: talmhaíocht, foraoiseacht agus bia mara. Cuireadh tús le hobair in 2018 chun an chéad phlean reachtúil um oiriúnú earnála a fhorbairt do na trí réimse faoi théarmaí tagartha na Roinne nach mór a chur ar aghaidh chuig an Rialtas tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2019.


I dtreo dheireadh 2018 cuireadh tús le hullmhúcháin chun Plean Uile-Rialtais a ullmhú chun dul i ngleic le cur isteach ar an aeráid. Cuireann an Plean seo leis an bPlean Náisiúnta um Maolú agus aireofar ann gníomhartha chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach.

D'fhoilsigh an Roinn an chéad Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide maidir le Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara i rith 2019. Is é an Cuspóir Foriomlán maidir le hOiriúnú atá ina chuid den Phlean seo ná seasmhacht in aghaidh tionchair ó athrú aeráide agus ó eachtraí a bhaineann le cúrsaí aimsire a fhorbairt sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus bia mara, chun aon drochthionchair a laghdú más féidir, chun leas a bhaint as aon deiseanna atá ann agus chun cur le Ráiteas Straitéise maidir le Cuspóirí na Roinne a bhaint amach.

Le linn na bliana 2019 foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Rialtais uile chun dul i ngleic le cliseadh aeráide, ina leagtar amach na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun freastal ar sprioc an AE do 2030 d'Éirinn mar atá pléite thuas.

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

Dáileadh astaíochtaí talmhaíochta na hÉireann 2018 Astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn 2018



Leibhéal Iomlán Astaíochtaí Talmhaíochta agus Úsáide Talún

Spríoc náisiúnta Vs bonnlíne 1990	1990 Tonna CO2eq	2018 Tonna CO2eqs	% Difir
Leibhéal iomlán astaíochtaí talmhaíochta agus úsáide talún	20.35	20.59	+1.13%
Leibhéal iomlán astaíochtaí CO2eq ón talmhaíocht	19.62	19.99	+1.89%
- Dé-ocsaíd Charbóin (CO2)	0.40	0.58	+45.00%
- Meatóin (CH4)	12.76	12.97	+1.60%
- Ocsaíd Nítriúil (N2O)	6.44	6.45	+0.15%
Líon iomlán astaíochtaí ón úsáid talún talmhaíochta			
Féarach agus Talamh Barr	6.88	6.40	
Foraoiseacht	-3.861	-4.34	
Táirgí Adhmaid Saothraithe	-0.413	-0.871	

TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

An Straitéis maidir le hAer Glan

Tá an Straitéis maidir le hAer Glan d'Éirinn á comhordú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaol (DCCA). Tugtar deis léi aghaidh a thabhairt ar thruailliú aeir in Éirinn. Tá sraith beartas agus moltaí reachtúla inti chun reachtaíocht an AE maidir le haer glan a nuashonrú agus a nuachóiriú. Príomh-chuid de sin is ea an Treoir maidir le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta (NECD) athbhreithnithe, ina bhfuil uasteorainneacha astaíochtaí náisiúnta níos uailmhianaí agus níos cosantaí i ndáil le príomhthruailléin agus ina leagtar amach teorainneacha níos déine le haghaidh 2030 do chúig thruailléin aeir - ábhar cáithníníeach (PM10 agus PM2.5), dé-ocsaíd sulfair (SO₂), ocsaíd nítrigine (NO_x), amóinia (NH₃) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (VOC).

Leanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara lena rannpháirtíocht leis an DCCA maidir le Straitéis Aer Glan d'Éirinn a fhorbairt mar straitéis comhordaithe náisiúnta chun an NECD AE 2016 a chur i bhfeidhm. Tháinig an NECD i bhfeidhm an 31 Nollaig 2016 agus d'aistrigh Éire an Treoir isteach sa reachtaíocht náisiúnta le I.R. Uimh. 232 de 2018, Rialacháin (Uasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta) an Aontais Eorpaigh 2018. Chomhoibrigh an Roinn go dlúth leis an DCCA chun forbairt a dhéanamh ar chomhchodanna talmhaíochta an Chláir Náisiúnta maidir le Truailliú Aeir a Rialú (NAPCP) na hÉireann a cuireadh faoi bhráid in Aibreán 2019.

Faoin NECD, tá teorainn éigeantach maidir le hamóinia in Éirinn ón mbliain 2010 a sáraíodh den chead uair sa bhliain 2016 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ag ardú ó shin. Mar gheall go dtagann 99% de na hastaíochtaí amóinia go léir ón earnáil agraibhia, tá sé de dhualgas ar an earnáil astaíochtaí a laghdú agus iad a bheith ag teacht le teorainneacha reachtaíochta. I mí na Samhna 2019, d'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Cód Dea-Chleachtais Talmhaíochta le hAstaíochtaí Amóinia a Laghdú a chuireann le feachtas maidir le roghanna d'fheirmeoirí. Is doiciméad treorach atá anseo ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhartha dea-chleachtais chun cuidiú leo lena gcuid astaíochtaí amóinia a laghdú. Tá sé mar cheanglas ar gach Ballstáit an cód seo a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus é a chur faoi bhráid mar chuid den fhreagra maidir le haghaidh a thabhairt ar phrótocal NECD agus Gothenburg.

Cinntear leis an gcód seo comhleanúnachas le Clár Gníomhaíochta Níotráite (NAP) na hÉireann agus déanfar tuilleadh feabhsúcháin ó thaobh éifeachtúlachta maidir le húsáid níotráite. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar choinníollacht maolú Níotráite agus áirítear ann anois roinnt bearta chun laghdú a dhéanamh ar amóinia ar nós teicneolaíocht leata scioldair astaíochtaí ísle a úsáid.

Bithfhuinneamh

An príomh-rannchuidiú ó earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta, an soláthar bunábhar bithfhuinnimh, bíodh sin ó bhithmhais i bhfoirm táirgí adhmaid amhail ábhair tanúcháin foraoise agus breosla adhmaid, fotháirgí ainmhithe (ABP) nó fotháirgí agraibhia eile amhail tuí, scioldar agus dramhaíl phróiseála, e.g. meadhg ó cháis a dhéanamh. I measc foinsí eile bithmhaise tá bairr fuinnimh nó sadhlas féir.

Foilsíodh an t-athbhreithniú meántearma ar an gClár Foraoiseachta 2014-2020 go luath in 2018 agus áiríodh ann arduithe substaintiúla ar na préimheanna a íocadh le haghaidh crann a fhásatá oiriúnach do shnáithín agus do bhithmhais.

Tá an Roinn seo ag obair go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaol i gcónaí, ag fiosrú deiseanna chun úsáid inbhuanaithe a bhaint as aoiligh feirme, agra-fhuíll - le húsáid sa tionscal Díleá Anaeróbach maidir le bithghás/bithmheatán agus bithmhais foraois-bhunaithe a tháirgeadh in áit breoslaí iontaise agus ábhair atá dian ó thaobh fuinnimh de a spreagadh.

Sheol SEAI Scéim Tacaíochta nua maidir le Teas In-athnuaite (SSRH) in 2018 agus tá sí ar oscailt d'úsáideoirí teasa tráchtála, tionsclaíoch, talmhaíochta, téamh ceantair, téamh don earnáil phoiblí agus úsáideoirí teasa eile nach úsáideoirí teaghlaigh iad. Tugann an scéim tacaíocht deontais ar fáil chun teas chaidéil a shuiteáil a úsáideann aer, talamh agus uisce mar fhoinsé. Tá tacaíocht oibríochta leanúnach (taraif) bunaithe ar aschur teas inúsáidte i gcórais teasa in-athnuaite á dtairiscint ag an Scéim, i suiteálacha nua nó i suiteálacha a bhaineann úsáid faoi láthair as córas teasa breosla iontaise agus chun aistriú chuig úsáid na dteicneolaíochtaí seo a leanas:


TÁIRGEACHT INBHUANAITHE

- Coire bithmhaise nó córais teasa HE CHP
- Coire Bithgháis (díleá anaeróbach) nó córais teasa HE CHP

Tacaíonn an Roinn le teicneolaíochtaí teasa in-athnuaite i bhfoirm tacaíochtaí do choirí bithmhaise faoin Scéim Infheistíochta Muc agus Éanlaithe (PPIS) agus faoin Scéim Infheistíochta Caipitil d’Fheirmeoirí Óga (YFCIS). Tacaítear le teas chaidéil a úsáideann aer mar fhoinsé faoi na scéimeanna PPIS agus YFCIS faoi láthair agus is féidir iad a úsáid mar chuid de théitheoir uisce faoin Scéim Trealamh Déiríochta. Tá cúnamh deontais ar fáil freisin faoi na scéimeanna PPIS agus YFCIS do ghrianphainéil a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh (fótavoltach) agus chun uisce a théamh agus atá crochta go buan ar fhoirgnimh a úsáidtear chun muca, éanlaith agus uibheacha a tháirgeadh. Fógraíodh deontais fuinnimh nua faoi TAMS go luath in 2019 agus leathnaíodh cúnamh deontais le haghaidh PV gréine chuig gach earnáil agus éileofar gur soilse LED a bheidh sa soilsíú uile arna mhaoiniú faoin scéim.

Is cuid bhunúsach d’astaíochtaí carbóin agus costais fuinnimh a laghdú í éifeachtúlacht fuinnimh. Tacaíonn roinnt de ghnéithe TAMS II suiteáil trealaimh déiríochta nua atá níos éifeachtúlaí ó thaobh fuinnimh de ná teicneolaíochta atá níos sine. Sa bhreis air sin, d’athoscail Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) an scéim phíolótach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh déiríochta faoinar tugadh cúnamh deontais chun tiomántáin ar luas inathraithe a shuiteáil.

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le cur chun cinn na scéime Dearbhú Cáilíochta Breosla Adhmaid agus ag cur comhairle ar fáil maidir le slabhraí soláthair bithmhaise foraois-bhunaithe agus breoslaí. Féach www.woodenergy.ie. D’fhorbair an Roinn bogearraí nua maidir le slabhra soláthair fuinnimh adhmaid agus cuireadh ar fáil iad trí bhíthin na láithreáin ghréasáin www.coford.ie agus www.woodenergy.ie. Ina theannta sin, eagraíodh roinnt ceardlann náisiúnta a bhain leis na bogearraí sin.



4

SPRIOC STRAITÉISEACH AN EARNÁIL BIA MARA

Earnáil inbhuanaithe, spreagtha ag an bhfás atá dírithe ar iomaíochas agus nuálaíocht arna spreagadh ag fórsa oibre a bhfuil scileanna acu d'fhonn táirgí breisluacha atá i gcomhréir le héilimh an mhargaidh a sheachadadh

BIA MARA

Forléargas

Tá tionscal bia mara na hÉireann comhdhéanta den tionscal iascaireachta mara tráchtála, den tionscal dobhar shaothraithe agus den tionscal próiseála bia mara. Tá an tionscal bia mara bunaithe ar acmhainn nádúrtha dhúchasach, ardcháilíochta a úsáid, acmhainn a bhfuil deis iontach breisluacha aici agus a chuireann go mór leis an ngeilleagar náisiúnta ó thaobh aschuir, fostaíochta agus onnmhairí de.

Onnmhairí Bia Mara

Tá deis ollmhór ag an earnáil bia mara leathnú amach de réir mar a thagann méadú ar an éileamh domhanda ar bhia mara mar fhoinsé próitéine sláintiúil, den scoth. As seo go ceann deich mbliana, meastar go dtiocfaidh fás 42 milliún tonna in aghaidh na bliana ar thomhaltas, dar leis an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (FAO) agus daonra an domhain le 8 billiún duine a bhaint amach faoi 2025. Tá sé soiléir go mbeidh gá le leathnú ollmhór a chur le táirgeadh bia ar fud an domhain, lena n-áirítear bia mara, chun an riachtanas sin a shásamh.

Measadh gur tuairim is €577 milliún a bhí ar luach onnmhairí bia mara na hÉireann in 2019, mar ab ionann leis an luach a taifeadadh in 2018. Fuarthas amach go raibh dúshláin in earnálacha áirithe agus bhí fás dearfach in earnálacha eile. Tháinig ardú 25% ar luach na n-onnmhairí bradáin, mar thoradh ar ardú 20% ar an méid agus ar fhás dearfach ar phraghsanna. Leanadh leis an éileamh domhanda ar bhia mara in 2019 agus thuairiscigh onnmhaireoirí Éireannacha éileamh láidir ar a dtáirgí sna príomh-mhargáí onnmhairithe.

Is iad na príomh-mhargáí AE, an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil agus an Ghearmáin atá ba chúis le tuairim is 50% (€288 mhilliún) de na honnmhairí uile, de réir luacha. Bhí an margadh idirnáisiúnta ba chúis le tuairim is 36% (€206 mhilliún) de na honnmhairí uile in 2019. D'fhan onnmhairí chuig an gceithre phríomh-mhargadh san Áise (an tSín, Hong Cong, an Chóiré Theas agus an tSeapáin) seasamhach i dtéamaí luacha de in 2019 i gcomparáid le 2018. Ba iad na margaí sin ba chúis le 14% de luach iomlán na n-onnmhairí bia mara. Bhí na margaí níos leithne san Áise Thoir Theas (an Téaváin, Vítneam, Singeapór, an Mhalaeisia agus an Téalainn) ba chúis le os cionn 14% (€81 mhilliún) den luach iomlán onnmhairí in 2019.

Príomhthreochtaí Táirge

San earnáil pheiligeach, bhí tionchar díreach ar na méideanna a onnmhairíodh in 2019 ag an laghdú 20% ar ghabháil iomlán is incheadaithe na hÉireann le haghaidh ronnach. Mar sin féin, bhí éileamh agus praghsanna ar ronnach na hÉireann láidir, go háirithe san Áise ina raibh ganntanas stoic. San Áise agus san Eoraip a bhí na margaí peiligeacha ab fhearr a bhí ag feidhmiú sa bhliain 2019 agus tháinig fás suntasach ar mhargáí na Ríochta Aontaithe agus an Mheánoirthir. Tá ardú thart ar 61% ó thaobh an luacha de tagtha ar an éileamh ar ronnach na hÉireann sa tSín, agus tá ardú 174% tagtha ar an éileamh ar bholmán na hÉireann san Éigipt. Bhí feidhmíocht mhaith sna margaí san Afraic go luath sa bhliain ach bhí sé deacair orthu na leibhéil phraghsanna nua a mheaitseáil. Bhí feidhmíocht mhaith sna margaí lárnach san Eoraip. Is í an Spáinn an margadh is mó le haghaidh iasc geal i gcónaí agus RA agus an Fhrainc na chéad chinn eile. Is ionann na margaí sin agus os cionn 85% d'onnmhairí iomlána iasc geal. Bhí ghabháil iomlán is incheadaithe na hÉireann le haghaidh iasc geal sách cobhsaí i rith 2019 i gcomparáid le 2018.

Tháinig titim ar luachanna onnmhairithe sliogéisc na hÉireann sa bhliain 2019 tar éis roinnt dúshláin a bheith ann a raibh tionchar acu ar tháirgeadh ar feadh na bliana. Cloicheáin reoite an t-onnmhairiú sliogéisc ba mhó in 2018, arbh ionann iad agus tuairim is 10% d'onnmhairí iomlána bia mara.

Bhí bliain eile thar a bheith táirgiúil ag an earnáil portán beo, le fás 63% ar an luach onnmhairithe agus feidhmíocht den scoth sa bhFrainc, inar tháinig ardú 47% ar an luach in 2019. Méadú faoi dhó ar an méid onnmhairí chuig an margadh sin ba chúis leis an ardú sin, chomh maith le hardú 29% ar an meánphraghas in aghaidh an tonna. Tháinig laghdú 27% i rith na bliana ar luach na n-onnmhairí sliogiasc ullmhaithe, lena n-áirítear breallaigh agus cuachmaí, arna spreagadh ag na laghduithe de 23% a tháinig ar mhéideanna i rith na tréimhse sin. Tháinig laghdú 22% ar luach na n-onnmhairí chuig an gCóiré Theas i rith na bliana, arb é an príomh-mhargadh onnmhairithe é, le beagnach 73% de na honnmhairí uile sa chatagóir seo. Tháinig laghdú 44% ar onnmhairí chuig an tSín agus tháinig laghdú 20% ar luach onnmhairithe chuig Hong Cong ar an luach i rith na bliana.

Bhí drochbhliain eile ag earnáil oisrí na hÉireann agus laghdú 15% ar luachanna onnmhairí. Tháinig ísliú mór

BIA MARA

ar onnmhairithe oisrí pacáilte chuig na mór-chomhpháirtithe onnmhairithe go léir. Tháinig íslíú 15% ar luachanna onnmhairithe chun na Fraince agus tháinig íslíú 21% ar luachanna onnmhairithe chun na Síne agus Hong Cong, agus iad go léir á dtiomáint ag méid. In 2018, tháinig méadú 43% ar luach na n-onnmhairithe bradáin agus lean praghas bhradán na hÉireann ag méadú de réir mar a bhrú an t-éileamh earnáil an bhradáin orgánaigh ar aghaidh. Lean margadh na Fraince lena bheith chun tosaigh in onnmhairithe bradán na hÉireann, arbh ionann é agus 41% den luach iomlán agus tháinig dúbailt ar onnmhairithe chun na Polainne ó 1,000 tonna go 2,000 tonna agus ardú ó €9 milliún go €21 milliún i luach bliain ar bhliain.

An Comhbheartas Iascaigh

Tá roinnt de na limistéir is táirgiúla agus is íogaire ó thaobh na bitheolaíochta de in uiscí an AE le fáil sa bhfarraige thart timpeall na hÉireann (Folimistéir ICES 6 agus 7). Tagann na stoic iascach sna limistéir sin faoi théarmaí tagartha an Chomhbheartais Iascaigh (CFP).

Is é príomhchuspóir an CFP deis a thabhairt d'atógáil na stoc éisc in uiscí Eorpacha in imeacht ama, rud a thacóidh le hinmharthanacht thionscal iascaireachta na hEorpa trí bhithin stoic a bhainistiú go fadtéarmach, éisc aischurtha a laghdú agus deireadh a chur leo agus stoic a atógáil chuig Uastoradh Inbhuanaithe (MSY).

- Deireadh céimnithe a chur le héisc aischurtha – Bhí deireadh céimnithe á chur leis an toirmeasc ar éisc aischurtha nó an oibleagáid maidir le gabhála a thabhairt i dtír, ar ghné lárnach den Chomhbheartas Iascaigh (CFP) é thar roinnt blianta agus tá sé le bheith curtha i bhfeidhm go hiomlán in 2019. Tá Grúpa Réigiúnach Ballstát ar Uiscí an Iarthuaiscirt (Éire, an Bheilg, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an Spáinn) ann chun iascaigh ag leibhéal réigiúnach a bhainistiú faoin CFP agus tagann an grúpa le chéile go rialta chun pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha agus beartais iascaigh eile a phlé i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Téann sé i gcomhairle leis na Comhairlí Comhairleacha ábhartha páirtithe leasmhara ar bhonn rialta. Bhí cruinnithe rialta ag an ngrúpa ar feadh na bliana 2019 chun saincheistanna cur chun feidhme a phlé maidir le bearta breise tar éis feidhmiú iomlán na

hoibleagáide maidir le tabhairt i dtír éisc.

- Is éard atá in Uastoradh Inbhuanaithe (MSY) an leibhéal a cheadaíonn don ghabháil éisc is airde fad a choinnítear stoic inbhuanaithe go fadtéarmach. Leagadh síos an sprioc-am i 2019 faoin CFP chun deireadh a chur le ró-iascaireacht tríd an Líon Iomlán Gabhála Incheadaithe (TAC) de réir chomhairle eolaíoch. Maidir leis an gcuid is mó de stoic, ciallaíonn sé sin, nuair a bhíonn comhairle leordhóthanach ar fáil, go bhfuil cuótaí leagtha síos ag leibhéal a chinntíonn inbhuanaitheacht fadtéarmach, de réir phrionsabal MSY. Tá laghdú mór tagtha ar shaothrú le blianta beaga anuas san Atlantach, sa Mhuir Thuaidh agus sa Mhuir Bhailt de bharr na dteorainneacha gabhála atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Socraíodh na deiseanna iascaireachta a pléadh ag an gComhairle um Thalmhaíocht agus um Iascach i mí na Nollag 2019 don bhliain 2020 de réir chuspóir MSY. Maidir le 32 as an 47 spriocstoc a bhfuil baint sonrath acu le hÉirinn, leagadh amach na cuótaí do 2020 de réir leibhéal na comhairle eolaíche nó faoin leibhéal sin nuair a bhí an chomhairle sin ar fáil, trínar baineadh amach critéir MSY. Do stoic eile, comhaontaigh an Chomhairle, cuótaí sriantacha agus réamhchúraim chun seachghabhálacha dosheachanta a cheadú nó chun sonraí eolaíochta a bhailiú.
- Pleananna iascaigh ilbhliantúla - Is é an aidhm atá leis na pleananna iascaigh ilbhliantúla ná an stoc éisc a athbhunú agus a choinneáil ag leibhéal inbhuanaithe agus inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch na n-iascairí atá ag obair i réigiúin áirithe a chinntiú. I mí an Mhárta 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach leis an bplean ilbhliantúil chun iascach in Uiscí Thiar a bhainistiú, rud atá thar a bheith tábhachtach ó thaobh na hÉireann de. Leagtar amach sa rialachán plean bainistíochta cuimsitheach, lena n-áirítear, na stoic éisc ábhartha go léir agus leagtar síos cuspóirí iascaireachta do phríomhspeicis sprice. Cinntíonn sé go bhfuil iascaireacht á dhéanamh ar na stoic seo ag teacht le prionsabal MSY agus déantar bainistíocht ar gabhála de réir cur chuige réamhchúraim.

BAINISTIÚ AGUS CAOMHNÚ IASCAIGH

Cuóta Iasc a Bhainistiú in 2019

Bhí an Roinn freagrach as breis is 193,606 tonna de chuótaí éisc a bhainistiú in 2019. Mar chuid den phróiseas bainistithe sin, faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlíne Muirí 2006, eisíodh 997 n-údarú agus leasú. Ina theannta sin, thug an tAire feidhm do 60 bhFógra Bainistíochta Iascaigh agus do 10 nIonstraim Reachtúla chun tacú le iascaigh na hÉireann a bhainistiú.

Ina theannta sin in 2019, rinneadh 40 stoc éisc Grinnill (iasc geal agus cloicheáin) a bhainistiú i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach Bainistíochta Cuótaí, a bhfuil baint ag ionadaithe ón earnáil iascaireachta leis. Tá na teorainneacha gabhála arna leagan amach san Fhógra um Bhainistiú Iascaigh le feiceáil ar láithreán gréasáin na Roinne agus scaipeadh iad ar eagraíochtaí ionadaíocha an tionscail.

Cothromú Cuóta 2019

Tá córas Cothromaithe Cuóta á thabhairt isteach ar bhonn céimnithe chun cuidiú le feidhmiú iomlán na hoibleagáide maidir le tabhairt i dtír éisc (a ndéantar foráil dó faoin Rialachán (AE) Uimh.1380/2013, Airteagal 15). Cuireadh Beartas Cothromaithe Cuóta do Stoic Peiligeacha i bhfeidhm sa bhliain 2018 agus táthar le Beartas Cothromaithe Cuóta do Stoic Éisc ghrinnill (Iasc geal) a chur i bhfeidhm sa bhliain 2020.

Cuireann an córas cothromaithe cuóta le caomhnú agus le bainistíocht na gcuótaí éisc. Beidh os cionn 600 tonna de chuóta atá cothromaithe agus athdháilte mar thoradh ar chothromú cuóta ar tugadh faoi suas go dtí mí Aibreáin 2020, do na stoic éisc peiligeacha a ndearnadh iascaireacht orthu sa bhliain 2019. Maidir le hiascaireacht na bliana 2019, eisíodh 336 ráiteas cothromaithe cuóta ar shealbhóirí ceadúnais faoi mhí Aibreáin 2020.

Gabhálacha Iomlána is Incheadaithe agus Cuótaí 2020

I gcomhthéacs a bheith ag ullmhú do chaibidlí bliantúla an AE, chuir an tAire Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta ar Iomlán na nGabhálacha Incheadaithe (TACanna) agus na gcuótaí do 2020 i láthair don Dáil i mí na Nollag 2019. Rinneadh an measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta a fhorbairt tar éis ionchur ó ghníomhaireachtaí mara lena n-áirítear SFPa, BIM agus MI agus i ndiaidh cruinnithe ina

raibh na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad rannpháirteach iontu i mí na Samhna 2019.

D'aontaigh Airí Comhairle Iascaigh an AE TACanna agus cuótaí 2020 i mí na Nollag 2019. D'éirigh leis an Aire 195,000 tonna cuótaí arbh ionann a luach agus €275 milliún d'iascairí na hÉireann a fháil do 2020. Áiríodh ar phríomhéachtaí, ardú ar chuótaí do líon stoic tábhachtacha – lena n-áirítear, Murlas (ardú 41%), agus Cadóg (+30%), Anglait (+7%) agus Scoilteán (+3%) sa Mhuir Cheilteach. Tá drochbhail i gcónaí ar stoic ar nós Trosc agus Faoitín sa Mhuir Cheilteach agus thángthas ar chomhaontú chun cosaintí breise suntasacha a thabhairt isteach chun cuidiú leis na stoic sin a theacht chucu féin. Tabharfar na cosaintí riachtanacha do Throsc agus Faoitín leis na bearta atá comhaontaithe ag an gComhairle agus ag an am céanna ceadú d'árthaigh leanúint d'iascaireacht a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe.

Trí na céimeanna riachtanacha seo a ghlacadh anois, beifear ábalta cuidiú le stoic a thabhairt ar ais sna hiascaigh atá againn sa Mhuir Cheilteach agus an gá le dúnadh a sheachaint.

SeaFest 2019 - Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin - Geilleagar Gorm na hÉireann a Fhorbairt

Mealladh os cionn 90,000 cuairteoir chuig Duganna Chathair Chorcaí leis an imeacht trí lá SeaFest 2019 a tionóladh ón 7-9 Meitheamh 2019. Ba é seo an chéad imeacht den Fhéile a bheidh ar siúl ar feadh trí bliana i gCorcaigh, tar éis den Fhéile a bheith á réachtáil i nGaillimh ar feadh trí bliana ó 2016-2018. Mar fhéile muirí náisiúnta na hÉireann, tá mar aidhm le SeaFest ár n-aitheantas muirí a láidriú agus rannpháirtíocht agus caidreamh leis an bhfarraige a mhéadú de réir Sprioc 3 de Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin (Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn). Ag obair i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí agus le raon leathan gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí comhpháirtithe, rinne Foras na Mara SeaFest a chomhordú thar ceann an Ghrúpa Comhordaithe Mara tras-rialtais, faoi chathaoirleacht an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí ról lárnach ag gníomhaireachtaí Mara na Roinne, BIM, SFPa agus Bord Bia, ó thaobh taispeántas a thabhairt ar raon gníomhaíochtaí na hÉireann lena léirítear acmhainn agus tionscal éagsúil bia mara na hÉireann.

BAINISTIÚ AGUS CAOMHNÚ IASCAIGH

Tionóladh an séú ‘Cruinniú Mullaigh faoi Shaibhreas Ár nAigéin’ freisin mar chuid den SeaFest. ‘Glórtha Comhroinnté ó Oileáin Bheaga’ a bhí mar théama do Chruinniú Mullaigh na bliana 2019 a reáchtáladh i Halla na Cathrach, Corcaigh, an 10 Meitheamh. Bhí cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, John Kerry, iar-Státrúnaí na Stáit Aontaithe, ionadaithe na NA maidir le Stáit Oileáin Bheaga atá i mbéal Forbartha (SIDS), ceannairí polaitíochta agus gnó agus ambasadóirí óga aigéin le cloisteáil ag na 750 toscaire a d’fhreastail. Dhírigh na príomhchainteanna ar thionchair athrú aeráide ar an tsláinte agus ar ár n-acmhainní comhroinnté aigéin. Thug an tAire Creed aitheasc do na toscairí ag an gCruinniú Mullaigh, tráth ar chuir an tAire fáilte roimh na treochtaí maidir le fás dearfach i nGeilleagar Gorm na hÉireann agus taithí na tíre seo le gairid a chomhroinnt le tionscnaimh don fhás gorm inbhuanaithe. Sheol an tAire, thar ceann an Rialtais, an tAthbhreithniú bliantúil ar an Dul Chun Cinn maidir le Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin. Thug an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, Damien English, an tAire Stáit do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach agus Mairéad McGuinness, an Chéad Leas-Uachtarán, Parlaimint na hEorpa, aitheasc ag an gCruinniú Mullaigh freisin.

Áiríodh ar phríomhimeachtaí eile a bhí ar siúl le linn SeaFest, Sarthaispeántas ar Thionscal Muirí na hÉireann, Smart Maritime and Offshore Wind an 11 Meitheamh i Halla na Mílaoise, Halla na Cathrach, Corcaigh, a bhí á gcomhordú ag Fiontraíocht Éireann.

Ar leibhéal áitiúil sa chathair inar tionóladh an ócáid, Corcaigh, meastar gur gineadh €4.1 mhilliún in ioncam díreach do thionscal turasóireachta na cathrach ag SeaFest agus ag na hócáidí a bhain leis in 2019. Baineadh amach buaicphointí nach bhfacthas riamh cheana sa tuairisciú áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an bhféile. Mar shampla, bhí lucht éisteachta agus féachana tuairim is 100 mhilliún ag an tuairisciú sna meáin, le SeaFest 2019 mar ghné ar chláir amhail SkyNews, RTÉ Nationwide agus RTÉ Countrywide. Bronnadh gradam náisiúnta ar SeaFest freisin as an ‘Imeacht Cultúir is Fearr’ ag Gradaim an Tionscail Imeachtaí 2019. An cur síos a thug na moltóirí air, “a great celebration of Ireland’s maritime heritage that serves an important cultural purpose”.

Ceadúnú Dobharshaothraithe

Chuir an Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách um Cheadúnú Dobharshaothraithe, a bhí ceaptha ag an Aire chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas


ceadúnaithe don dobharshaothrú agus a chreat dlíthiúil gaolmhar, a Thuarascáil faoi bhráid an Aire i mí na Bealtaine 2017.

Rinne an Grúpa Athbhreithnithe imscrúdú mionsonraithe ar an bpróiseas ceadúnaithe dobharshaothraithe reatha, thug sé faoi chomhairliúchán cuimsitheach le páirtithe leasmhara agus scrúdaigh sé na córais toilithe inchoimparáide náisiúnta agus idirnáisiúnta chun deachleachtas a aimsiú maidir le próiseas casta ceadúnaithe a bhainistiú ar bhealach trédhearcach, a bheadh cuí ó thaobh an chomhshaoil de agus láidir ó thaobh an dlí de.

Ó fuarthas an tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe, tá machnamh mionsonraithe déanta ag an Roinn ar na moltaí atá leagtha amach inti, le súil agus iad a chur i bhfeidhm, ag féachaint do na saincheisteanna reachtaíochta, comhshaoil, teicniúla agus maidir le leas an phobail a eascraíonn dá bharr. Tá dlúthchaidreamh déanta ag an Roinn freisin le hionadaithe ón tionscal agus le Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha.

Ba í an phríomhchúis a bhí leis an nGrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách um Cheadúnú Dobharshaothraithe, ná an ghá le haghaidh a thabhairt ar an riaráiste do Cheadúnú Dobharshaothraithe ar bhealach fócasaithe. Mar fhreagra air sin, thug an Roinn faoi thionscadal dhá bhliain chun deireadh a chur leis an riaráiste maidir le ceadúnú sliogiasc. Baineadh 305 agus 324 cinneadh maidir le ceadúnú amach sna blianta 2018 agus 2019 faoi seach.

Fíor 1: Cinntí maidir le Ceadúnú Dobharshaothraithe 2012 – 2019



BAINISTIÚ AGUS CAOMHNÚ IASCAIGH

Tá thart ar 1200 cinneadh déanta maidir le ceadúnas ón mbliain 2012.

Tá an riaráiste maidir le ceadúnú sliogéisc a bhí mar shaincheist ag a raibh tionchar aici ar an tionscal do bharshaothraithe, glanta anois. Is ionann an riaráiste ceadúnú sliogéisc a ghlanadh agus athrú ollmhór don tionscal agus tugann sé seasamh daingean don tionscal, seasamh atá á éileamh le fada an lá ag ionadaithe an tionscail.

Chuir glanadh éifeachtach an riaráiste maidir le ceadúnú sliogéisc ar chumas na Roinne díriú ar an riaráiste i bpróiseáil ceadanna do bharshaothraithe iasc eite anois. Is próiseas casta é iarratais ar cheadúnais iasc eite sa timpeallacht mara a phróiseáil, go háirithe de bharr an riachtanais d'oibrítheoirí Ráitis Tionchair Timpeallachta a sholáthar agus don Roinn agus do Ghníomhaireachtaí ábhartha anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na tuarascálacha sin. Bhí líon mór Ráiteas Tionchair Timpeallachta ó oibreoirí do bharshaothraithe ag seasamh amach go fóill sa bhliain 2019. D'oibrigh an Roinn go dlúth le hionadaithe ón Tionscal sa bhliain 2019 agus súil le dlús a chur faoi Ráitis Tionchair Timpeallachta a bhí ag seasamh amach a chur faoi bhráid.

An tAcht um Iascaigh Mhara (Leasú) 2019

Shínigh an tUachtarán an tAcht um Iascaigh Mhara (Leasú) 2019, an 4 Aibreán 2019 agus chur an tAire tús leis an Acht an 23 Aibreán 2019. Foráiltear leis an Acht seo leasuithe dlíthiúla a dhéanamh ar an Acht Iascaigh Mhara agus DlíNSE Muirí, 2006 d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chinneadh na Cúirte Uachtaraí i nDeireadh Fómhair 2016 nach raibh cead de réir an dlí ag soithigh as Tuaisceart Éireann a bheith ag iascaireacht laistigh de chríos 0-6 mhuirmhíle uiscí teorann an Stáit.

Iascach Intíre Inbhuanaithe a Fhorbairt

Tháinig an Fóram Náisiúnta Iascaigh Cois Cladaigh (NIFF) le chéile ceithre huaire in 2019 chun moltaí a bhain le hiascaigh intíre agus a gcuid idirghníomhaíochtaí le láithreáin Natura 2000 a phlé agus a fhorbairt. Faigheann an NIFF tacaíocht ó líonra de shé Fhóram Réigiúnach Iascaigh Cois Cladaigh (RIFF), lena mbaineann ionadaíocht ó pháirtithe leasmhara iascach intíre agus ó pháirtithe leasmhara mara eile. Tá faisnéis faoi obair na bhFóram le fáil ar láithreán gréasáin faoi leith: www.inshoreforums.ie.

Sheol an tAire an Straitéis d'Earnáil Iascaireachta Cois Cladaigh na hÉireann 2019-2023 thar ceann an NIFF ag deireadh mhí Feabhra 2019. Rinneadh forbairt ar an straitéis trí phróiseas leathan lena raibh baint ag Fóraim Iascaireachta Cois Cladaigh agus a gcéad treoirphlean tionscal-bhunaithe don earnáil. Aithnítear cuspóirí agus gníomhartha sa treoirphlean a chuirfidh cruth ar obair na bhFóram sna blianta atá amach romhainn. Tá Bord Iascaigh Mhara (BIM) lárnach maidir leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm, a mbeidh sé mar aidhm leí an tacaíocht mhaoinithe atá ar fáil faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh a úsáid sna réimsí is mó a mbainfear an leas is fearr aisti. Tá grúpa um fheidhmiú straitéise, lena n-áirítear, an Roinn, BIM, Foras na Mara, Údarás Cosanta Iascaigh Mhara agus ionadaithe ón tionscal, i mbun monatóireachta agus ag stiúradh an dul chun cinn maidir le feidhmiú.

Cheadaigh an tAire méadú arna mholadh ag an tionscal ar an Íosmhéid Tagartha Caomhnaithe (MCRS) le haghaidh an portán dearg a thabhairt i dtír. Chuir an beart ardú ar an MCRS maidir leis an bportán dearg go 140mm a bhí á dtógáil ag báid iascaigh na hÉireann agus bhí ag iascaireacht sna farraigí-thimpeall na hÉireann (limistéir ICES VI agus VII), ardú 130mm ar an MCRS atá leagtha amach i reachtaíocht AE. Cheadaigh an tAire tionscnamh tionscal-bhunaithe freisin chun cosaint dhlíthiúil a sholáthar don chráifisc v-eangaithe mar chuid de thionscadal taighde Fhoras na Mara san iardheisceart.

Leanadh le bainistíocht a dhéanamh ar iascaigh um Shíol Diúilicíní uile-oileánda sa bhliain 2019, agus cuireadh tús le séasúr iascaireachta an fhómhair i Muir Éireann i ndeireadh mhí Meán Fómhair agus thosaigh an séasúr i Loch na dTrí gCaol i gContae Chiarraí go luath i mí Deireadh Fómhair (féach an chuid ar Natura 2000 thíos). Leanann an Chomhairle um Maoirseacht Mara (MSC) leis an iascach a dheimhniú. Deirtear sa deimhniúchán reatha, a eisíodh in 2018 agus a bheidh bailí ar feadh cúig bliana, go bhfuarthas go raibh an t-iascach ag cloí le riachtanais an MSC agus go bhfuil sé dea-bhainistithe agus inbhuanaithe. Fuarthas sin i ndiaidh deimhniúcháin a fuarthas in 2013. Ag deireadh 2019, reáchtáladh comhchomhairliúchán poiblí ar feadh sé seachtaine d'fhonn tuairimí na ndaoine a bhfuil spéis acu in iascach um shíol diúilicín na hÉireann a lorg maidir leis na socruithe bainistithe atá i bhfeidhm don iascach. Tháinig an comhairliúchán chun críche an 31 Nollaig agus fuarthas 86 aighneacht.

BAINISTIÚ AGUS CAOMHNÚ IASCAIGH

Treoracha Natura 2000 a Chur i bhFeidhm

Is éard atá in Natura 2000, líonra AE de phríomh-láithreáin pórúcháin agus scíthe do speicis neamhchoitianta nó do speicis atá i mbaol, agus roinnt cineálacha gnáthóg nádúrtha neamhchoitianta dá dtugtar cosaint ina gceart féin. Roimhe seo, d'ullmhaigh Foras na Mara (an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as taighde mara, forbairt teicneolaíochta agus nuáil in Éirinn) measúnú riosca maidir le hidirghníomhaíochtaí iascaigh mhara le speicis agus gnáthóga atá faoi chosaint Natura 2000 ar feadh chósta Theas agus chósta Thiar na hÉireann. Tá sé ag súil le measúnú cosúil leis sin ar na speicis éin a thabhairt chun críche in 2020. Tugtar faoi na measúnachtaí sin faoi Airteagal 6.2 de Threoir um Ghnáthóga an Aontais Eorpaigh. Rinne an Foras measúnú riosca comhchosúil in 2013 ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i láithreáin Natura 2000 ar Muir Éireann (an cósta Thoir). Agus é ag obair ar na Fóraim Iascaigh Cois Cladaigh Náisiúnta agus Réigiúnacha, tá tús curtha ag an Rialtas le gníomhartha chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaigh mhara ar bhonn tosaíochta.

Cheadaigh an tAire leasú ar an bPlean Natura Iascaigh d'iascach shíolta diúilicíní i Loch na dTrí gCaol, Contae Chiarraí ag tús mí Deireadh Fómhair 2019. Tháinig an t-iarratas ar leasú ón tionscal agus ar scagthástáil a dhéanamh, fuarthas amach nach athrú ábhartha ar an bplean óna dteastóidh measúnacht chuí. Chomh maith leis sin, d'eisigh an tAire deimhniúchán iascaigh Natura ar an iascach i mí Deireadh Fómhair chun síneadh a chur ar na teorainneacha timpeall ar limistéar thart ar Oileán Dheilgnise, áit a bhfuil cosc ar iascach ar dhiúilicíní. Glac an tAire le moladh ó Fhoras na Mara chun limistéar a dhúnadh ar bhonn réamhchúraim mar gheall ar ghnáthóg do sceir chosanta a bheith ann.

Déantar foráil leis an Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015, a chuireann leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnú don Athrú Aeráide, chun Pleananna um Oiriúnú Earnála a ullmhú. Ag leanúint ar aghaidh ón obair ullmhúcháin a tugadh fúithi sa bhliain 2018, foilsíodh dréachtphlean Oiriúnaithe um Athrú Aeráide maidir le Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara do chomhairliúchán poiblí an 27 Meitheamh 2019. Tugadh an dréachtphlean suas chun dáta ina dhiaidh sin chun saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a léiriú.

Cheadaigh an Rialtas an Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide maidir le Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara an 31 Deireadh Fómhair 2019 agus is féidir an plean a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Chuidigh an Grúpa Oibre maidir le hOiriúnú um Athrú Aeráide, a chuimsíonn ionadaithe ó gach aon cheann de na Gníomhaireachtaí Muirí (BIM, MI agus SFPA) agus an Roinn, le seachadadh Plean Oiriúnaithe Earnála cuimsitheach a chinntiú, a thugann aghaidh ar na príomhréimsí oiriúnaithe. Rinne Foras na Mara (MI) athbhreithniú ar an Tuarascáil Speisialta an Phainéil Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide na Náisiún Aontaithe (IPCC) ar Aigéin agus ar Chríóisféar maidir le hAeráid atá ag Athrú (SROCC), a foilsíodh i Meán Fómhair 2019, agus rinne Foras na Mara achoimre ar phríomhthorthaí na tuarascála a thóg san áireamh go bhféadfadh aigéin a bheith ag téamh ag gach doimhneacht, go bhfuil leibhéal na farraige ag ardú ar bhonn domhanda agus go bhfuil athrú geografach i speicis á bhrath.

Baineadh leas as deiseanna chun cur le feasacht ar athrú aeráide laistigh den earnáil bia mara ar feadh na bliana 2019, lena n-áirítear, bileog a scaipeadh ag imeachtaí, lena n-áirítear, SeaFest, Skipper Expo agus líon Imeachtaí Bricfeasta SFPA, ar phleanáil chun dul in oiriúint don athrú aeráide. Bhí leabhrán maidir le hOiriúnú Aeráide agus Bia Mara ina raibh sé cinn de chás-staidéir le fáil ag Seafest freisin; chuidigh na cás-staidéir le tuiscint níos doimhne a fhorbairt maidir leis an mbealach ina mbeidh tionchar ag athrú aeráide ar an earnáil bia mara agus le díospóireacht ar oiriúnú aeráide a chur chun cinn.

Tionscnamh na nAigéan Glan

Tá na haigéin a chosaint ar cheann den 17 Sprioc Dhomhanda a chuimsítear i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Is léiriú ar thiomantas na hÉireann do Sprioc 14, Saol faoi uisce, í an díograis atá ann do Thionscnamh na nAigéan Glan.

Tá Bord Iascaigh Mhara (BIM), Gníomhaireacht Forbartha Bia Mara na hÉireann, mar Sheaimpín don Sprioc Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SDG) 2019-2020 do Sprioc 2 (Deireadh a chur le hOcras), Sprioc 8 (Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch), Sprioc 12 (Tomhaltas agus Táirgeadh Níos Inbhuanaithe) agus Sprioc 14 (Beathra Faoin Uisce).

BAINISTIÚ AGUS CAOMHNÚ IASCAIGH

Sheol an tAire an Tionscnamh maidir le hAigéin Glan i mí Eanáir ag Calafort Bréantrá, Co. Corcaí, chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó phlaisteach san fharraige a bhfuil báid iascaigh na hÉireann ag teacht trasna air. D'iarr an Aire ag an am go mbeadh gach trálaeir ag gach cé agus calafort de chuid na hÉireann rannpháirteach go gníomhach sa chéad tionscnamh comhordaithe ar muir agus ar talamh chun bruscar muirí a bhailiú, a laghdú agus a athúsáid chun an timpeallacht mhuirí a ghlanadh.

An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh OP 2014-2020 (EMFF)

Ghlac an Coimisiún Eorpach go foirmiúil le Clár EMFF na hÉireann 2014-2020 i mí na Nollag 2015 agus tá raon leathan beart tacaíochta ann chun fás inbhuanaithe na hearnála bia mara a chothú (iascaigh, dobhar shaothrú agus próiseáil). Faigheann an Clár cómhaoiniú ón Aontas Eorpach agus ó Rialtas na hÉireann. Fáigheann an Clár tacaíocht €147.6 mhilliún ón AE in imeacht thréimhse seacht mbliana an Chláir agus cuirtear maoiniú ón Rialtas leis an maoiniú sin ón AE, le gur €239.2 mhilliún an méid iomlán tacaíochta a bheidh ar fáil faoin gClár.

Bhí gach scéim EMFF i bhfeidhm faoi dheireadh 2018. Sa tréimhse ón Dé Máirt 1 Eanáir 2019 go Dé Máirt 31 Nollaig 2019, tugadh tacaíocht do na gníomhartha seo a leanas faoin EMFF OP 2014-2020.

Cé go ndéantar faireachán ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an EMFF OP agus é a thuairisciú chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil, déantar meastóireacht ar an méid a chuireann sé le cuspóirí beartais a bhaint amach a thuairisciú ar bhonn tréimhsiúil i.e., in 2017, 2019 agus 2024. Déanfar meastóireacht ar thionchar an chláir ag deireadh 2019 mar chuid de Thuarascáil Chur Chun Feidhme Bhliantúil atá le cur ar aghaidh chuig an gCoimisiún i mí an Mheithimh 2020.

Tosaíocht an Aontais

Caiteachas Poiblí 2019

Forbairt Inbhuanaithe ar Iascaigh	€17,827,402
Forbairt Inbhuanaithe ar Dhobharshaothrú	€5,730,130
Tacú leis an gComhbheartas Iascaigh	€24,701,335
Forbairt Áitiúil Pobalthreoraithe	€3,014,706
Margaíocht & Próiseáil Tháirgí Bia Mara	€5,010,288
Tacú leis an mBeartas Comhtháite Muirí	€2,696,820

AN CLÁR FORBARTHA CAIPITIL INFREASTRUCHTÚIR CUANTA IASCAIGH AGUS CÓSTA

In 2019, ba €29.4 mhilliún a bhí sa chaiteachas vótáilte iomlán ar an gClár sin. Caitheadh €27.7 milliún de sin ar Ionaid Chuanta Iascaigh agus caitheadh €82,000 eile ar Chléire agus ar raon píaraí, soilse agus rabhchán timpeall an chósta a chothabháil, faoi théarmaí tagartha na Roinne. Rannóg Innealtóireachta na Roinne a bhainistíonn an infheistíocht shuntasach ar na hoibreacha sin, chomh maith le tacaíocht theicniúil agus chomhairleach agus seirbhísí cigireachta a sholáthar le haghaidh gach forbairt chuanta iascaigh.

Príomhthionscadail in Ionaid Chuanta Iascaigh in 2019

Baile Chaisleáin Bhéarra

Trí bhíthin na n-oibreacha forbartha ar phiara an chuain atá ar siúl faoi láthair ag Baile Chaisleáin Bhéarra, cuirfear síneadh le Cé Dhuínse lena n-áirítear fad 216 m breise leis an gcé, oibreacha caipitiúla dreidireachta, dhá mhuirmhúr carraig-armúrtha agus oibreacha gaolmhara. Bronnadh an conradh oibreacha ar fiú €23.44 mhilliún é i mí Iúil 2018. Cuireadh tús le hoibreacha tógála i mí Deireadh Fómhair 2018, agus chuaigh an obair sin chun cinn go seasta ar feadh na bliana 2019 le dreideáil, píleáil leatháin chruach, píleáil fheadánach, socrú líonach innealtóireachta agus deicre coincréite le síneadh a chur leis an gcé, chomh maith le dhá cheann tonnchosc nua ag an mbealach isteach sa chuan laistigh. Tabhaíodh caiteachas €16.8 mhilliún ar an tionscadal sin in 2019.



Leathnú Cé Dinishe, Baile Chaisleáin Bhéarra FHC
Oibreacha Conradh Tógála idir lámha 2019

Tugadh oibreacha chun críche freisin sa bhliain 2019 ar thógáil foirgneamh riaracháin nua don Chalafort ar Ché Mainland, Baile Chaisleáin Bhéarra. Bhí leagan an tseanhalla ceantála agus na hoifigí calafoirt atá ann cheana féin agus tógáil foirgneamh nua agus carrchlós nua i gceist leis an obair seo. Cuirfidh an foirgneamh cóiríocht ar fáil don Mháistir Cuain agus dá fhoireann agus d'fhoireann calafoirt SFPA. Is é an tAire a d'oscail an fhorbairt i mí na Bealtaine 2019 agus cuireann an foirgneamh pointe fócasach ar fáil don chalafort agus cuirfidh sé le hathfhorbairt an calafoirt agus le limistéir an bhaile ag teacht le feabhsúcháin bhainistíochta tráchta atá beartaithe don bhaile. Chosain an tionscadal seo €1.88 milliún ar an iomlán agus bhí caiteachas de €0.51 milliún i gceist leis sa bhliain 2019.



Foirgneamh Nua Riaracháin Calafoirt, Baile Chaisleáin
Bhéarra FHC Oibreacha Conradh Tógála tugtha chun
críche sa bhliain 2019

Ros an Mhíl

Sa bhliain 2019, cuireadh tús le tionscadal a chuimsigh tógáil síneadh tonnchosc le tuilleadh foscadh a chur ar fáil don chaladh bád i mí na Samhna 2018 agus tugadh an obair sin chun críche i mí Aibreáin 2019, agus chosain an tionscadal iomlán €0.75 milliún (lena n-áirítear, caiteachas de €0.63 milliún sa bhliain 2019).



Síneadh Tonnchosc, Ros an Mhíl FHC
Oibreacha Conradh Tógála tugtha chun críche sa bhliain
2019

AN CLÁR FORBARTHA CAIPITIL INFREASTRUCHTÚIR CUANTA IASCAIGH AGUS CÓSTA

Na Cealla Beaga

Chun freastal ar an éileamh atá ag méadú ón tionscal iascaireachta, cuireadh tús le hobair in 2017 le síneadh 120 méadar a chur leis an gcé ag Smooth Point. Freastalóidh an síneadh leis an bpiara ar bháid ag a bhfuil tarraingt suas le 9 méadar acu ar dia-thrá. Tugadh Céim 1 den tionscadal a raibh dríodar éillithe a bhaint, é a thabhairt i dtír le haghaidh cóireála agus cobhsaithe agus é a dhiúscairt ina dhiaidh sin le haghaidh athúsáide tairbhí amar chuid de chun críche in 2018. Cuireadh tús le Céim 2 den tionscadal sa bhliain 2019 agus cuimsíonn an obair dreideáil dríodar glan go -9mCD agus tógáil 120 méadar de bhalla cé. Bronnadh an conradh oibreacha ar fiú €12.9 mhilliún é i mí Lúnasa 2019. Áirítear ar oibreacha a tugadh chun críche ar an suíomh sa bhliain 2019 dreideáil agus diúscairt de thart ar 45% d'ábhar ón ngrinneall bog amuigh ar muir agus tabhairt chun siúil thart ar 7,000 méadar ciúbach de charraig a bhí stoc-charntha ar an suíomh lena athúsáid laistigh den chalafort. Bhí caiteachas iomlán de €5 milliún i gceist leis an tionscadal sa bhliain 2019.



Síneadh Cé Smooth Point, na Cealla Beaga FHC Obair Dhreideála idir lámha 2019

Dún Mór

Tugadh Céim 4 d'Oibreacha Leigheasta agus Feabhsúcháin na Cé Thiar chun críche i nDeireadh Fómhair 2019, ar chostais tionscadail iomlán €0.7 milliún. Áiríodh ar na hoibreacha fad 50 meadar dé dheic na cé a bhí ann cheana a scartáil agus cé choincréite threisithe nua a chur ina háit, oibreacha leigheasta ar na cairn choincréite threisithe a bhí ann cheana féin agus gardaí stuacha a chur in áit na ngardaí croíghlais. Cuirfidh an tionscadal seo tuilleadh feabhais ar na háiseanna atá sa chalafort, agus sin i ndiaidh an tionscadal dreidireachta ollmhór a thabhairt i gcrích in 2015.



Céim 4 den Obair Dheisiúcháin, An Ché Thiar, An Dún Mór Thoir FHC Oibreacha Conradh Tógála idir lámha 2019


Bonneagar Chuanta na nÚdarás Áitiúil

In 2019, caitheadh €1.4 mhilliún ar oibreacha ag cuanta, piaraí agus fánáin ar le hÚdarás Áitiúla iad, faoi Chlár Forbartha an Bhonneagair Cósta agus Lárionad Cuanta Iascaigh agus faoin gClár Turasóireachta Mara agus Fóillíochta Mara. Bhain 33 dtionscadal ó Údarás Áitiúla ar fud na tíre leas as an maoiniú.

5

SPRIOC STRAITÉISEACH FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

*Acmhainn straitéiseach, oibríochta,
rialála agus theicniúil a choinneáil agus
a fhorbairt d'fhonn sároibríocht a bhaint amach*



BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Caiteachas Foriomlán

Bhí an Roinn freagrach as caiteachas vótáilte os cionn €1.641 bhilliún in 2019. Chomh maith leis an gcaiteachas vótáilte, chaith an Roinn €1.250.8 billiún ar scéimeanna a bhí maoinithe ag EAGF an AE, agus mar sin b'ionann caiteachas iomlán na Roinne agus €2.8 billiún

Caiteachas ar Thalmhaíocht na hÉireann, 2019	
	1,250.8
Íocaíochtaí Díreacha	1,204
Idirghabháil/APS	(12)*
Tacaíochtaí Margaidh Eile	61.8
Eile	(3)
Caiteachas Vótáilte (gan Riarachán san áireamh)	1,362
*Clár A - Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe	93
*Clár B - Tacaíochtaí agus Rialuithe Feirme/Earnála	802
*Clár C - Beartas agus Straitéis	337
*Clár D - Earnáil an Bhia Mara	130
Riarachán Iomlán an Chaiteachais Vótáilte	280
Iomlán an Chaiteachais	1,641
	2,892.5

* Ba mar thoradh ar an díol a bhí ar phúdar bainne bearrtha a bhí i stoc an €-12.6 milliún.

Fáltais AE

D'éiligh an Roinn maoiniú ón AE, agus fuair an maoiniú sin in 2019, i ndáil le bearta a fuair airgeadas ó na Cistí AE seo a leanas:

EAGF (An Ciste Eorpach um Rátháíocht Talmhaíochta)
An Ciste Tréidliachta

EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)

EMFF (An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaireachta)

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Achoimre ar Fháiltas AE in 2018 agus in 2019		
	2018 €m	2019 €m
EAGF	1,222	1,193
EAFRD*	401	324
An Ciste Tréidliachta	10	9
EFF & EMFF**	16	23
Eile	1	1
Iomlán	1,650	1,550

* Lena n-áirítear fáiltas a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

** Réamh-mhaoiniú ar EMFF nach raibh curtha in áireamh do A&A

Rialuithe Airgeadais

Feidhmíonn an Roinn raon cuimsitheach córas bainistithe airgeadais, rialaithe agus cuntasáochta chun cloí le riachtanais AE, le riachtanais náisiúnta chuntasáochta agus le riachtanais rialála.

I gcomhréir le ceanglais chreidiúnaithe dochta an AE, chuir an Roinn ar aghaidh a cuntais caiteachais bhliantúla, a raibh deimhniú neamhspleách faighte acu, chuig an gCoimisiún Eorpach. Lean an Grúpa um Athbhreithniú Creidiúnaithe de a bheith ag monatóireacht feidhmíocht na Roinne mar Ghníomhaireacht Íocaíochta náisiúnta le linn 2019. Is é an tArd-Rúnaí cathaoirleach an ghrúpa sin, ina bhfuil ionadaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tháinig an Grúpa le chéile ceithre uaire in 2019. Is ceann de phríomhdhualgais an Ghrúpa a chinntiú go gcuirtear moltaí an Chomhlachta Deimhniúcháin don bhliain roimhe i bhfeidhm agus go ndéantar gníomh iardain cuí ar na torthaí uile ó iniúchadh an AE.

An Coiste Iniúcháireachta

Bunaíodh an coiste iniúcháireachta chun comhairle neamhspleách agus neamhchlaonta a chur ar an Ard-Rúnaí maidir leis na beartais iniúcháireachta inmheánach, le bainistiú riosca a oireann d'fheidhmiú na Roinne agus le hoibriú na feidhme iniúcháireachta inmheánaí. Oibríonn an Coiste faoi Chairt ina sainmhíntear cuspóir, údarás agus caidrimh thuairiscithe an Coiste Iniúcháireachta, an Aonaid Iniúcháireachta Inmheánaí agus bainistiú na Roinne.

Sa bhliain 2019 rinne an Coiste athbhreithniú ar an gCairt seo agus thug cothrom le dáta í ag teacht lena chuid tiomantais athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar an gCairt. Léiríonn an Chairt leasaithe sárchleachtas iniúchta inmheánaigh agus tugann an deis le níos mó solúbthachta a bheith ann ó thaobh comhaltaí Coiste a cheapadh.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair in 2019 agus bhuaile an Cathaoirleach leis an Ard-Rúnaí dhá uair ar leithligh. Ina Thuarascáil Bhliantúil 2018 a chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta, léirigh an Coiste a shástacht leis na rialuithe arna gcur i bhfeidhm ag an Roinn mar a bhfuil fianaise ó thorthaí na n-iniúcháireachtaí a rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí.

An tAonad Iniúchta Inmheánaigh

Rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) méid suntasach oibre inmheánach, obair ar shábháilteacht bia agus obair iniúcháireachta grinnscrúdaithe i rith 2019. Feidhmíonn an IAU de réir dea-chleachtas agus de réir chaighdeáin iniúcháireachta inmheánacha ghairmiúla Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha (IIA). Leanann sé cur chuige cuimsitheach a aithnítear go forleathan maidir lena chlár iniúcháireachta bliantúil a chríochnú, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar:

- Clár Riosca na Roinne,
- Sonraí ar chaiteachas (náisiúnta agus AE), agus
- Breithniú ar an domhan iniúcháireachta iomlán

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

I rith 2019, thug an tAonad cúig thuarisc iniúchóireachta inmheánaí dhéag chun críche maidir le réimsí éagsúla lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí agus na Glasíocaíochta ar fiú €1.25 billiún iad, scéimeanna a áiríodh faoi Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann ar fiú €4 billiún iad, Rialachas Comhlachtaí Stáit agus réimsí laistigh de chreat um Teicneolaíocht Bainistíochta Faisnéise na Roinne. Thug na torthaí ó na iniúchóireachtaí sin deis don Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí a lua ina Thuarascáil Bhliantúil *"go bhféadfadh an tArd-Rúnaí agus an Bord Bainistíochta glacadh le hurrús réasúnach go raibh socruithe rialála, cleachtais bhainistithe riosca agus rialuithe inmheánacha leordhóthanacha ar bun agus ag oibriú go héifeachtach ar feadh raon leathan na scéimeanna agus na ngníomhaíochta a ndearnadh an tAonad iniúchóireacht orthu"*.

Tá ionadaíocht ar an IAU i líonraí iniúchóireachta éagsúla, lena n-áirítear Fóram na gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí, líonra comhlachtaí iniúchóireachta an AE agus an Grúpa Iniúchóireachta Inmheánaí Idir-rannach sa Ríocht Aontaithe. Freastalaíonn an Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí ar chruinnithe de chuid Ghrúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, Ghrúpa Stiúrtha Imscrúduithe agus Foireann Bainistithe Riosca na Roinne, agus feidhmíonn mar fhaighteoir Nochtadh Cosanta.

Bainistiú Riosca

Sainnithníodh rioscaí féideartha ardleibhéil, fadréimseacha, ard-tionchair lena mbainfeadh iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith an-tromchúiseacha don Roinn, don earnáil agrairbhia agus, i gcomhthéacs níos leithne, do leas an phobail agus don leas náisiúnta, i gcás gach réimse gnó. Rinneadh na rioscaí straitéiseacha athbhreithnithe sin a chuimsiú sa chóras Bainistithe Riosca atá sa Roinn chun an t-ardán atá laistigh den chóras ar a bhfuil gach riosca gnó agus oibríochta aitheanta agus taifeadta a chur le chéile.

Treisíodh struchtúir Bhainistithe Riosca sa Roinn trí bhíthin baill foirne a earcú ar an bhFoireann Bainistithe Riosca (an Rannán Airgeadais), Oifigeach Riosca a ainmniú (an Rannán Airgeadais) agus athbhunú an Choiste Bainistithe Riosca. Cuireadh feabhas ar

mhaoirseacht an Bhainistithe Riosca agus cuireadh tús le tionscadal chun an Bunachar Sonraí reatha um Bainistiú Riosca a athsholáthar le córas atá níos láidre, solúbtha agus éasca le húsáid. Leanadh le forbairt agus tástáil ar an gCóras Bainistithe Riosca Ríomhriosca don Roinn i gcomhair le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar feadh na bliana 2019, agus táthar leis an gcóras agus an oiliúint ghaolmhar a leathadh amach sa chéad leath den bhliain 2020.

Foilsíochán Thairbhíthe CAP

I gcomhréir le Rialachán 1306/13 ón AE, ní mór do Bhallstáit a chinntiú go bhfoilsítear liosta dlítheanaigh nó neamh-dhlítheanaigh, ex-post thairbhíthe chistiú CAP, ar bhonn bliantúil. Ní mór ábhar a fhoilsiú ag tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine gach aon bhliain maidir le hÍocaíochtaí a rinneadh an bhliain roimhe sin. Tá an fhaisnéis seo le fáil ar an láithreán gréasáin: -

- Ainm an tairbhí, seachas sa chás go raibh an méid a íocadh faoi chistí CAP níos lú ná €1,250. Sa chás sin déantar an duine aonair a aithint le cód
- An bardas ina bhfuil an tairbhí ina chónaí

An méid íocaíochta i leith gach beart (scéim) a fuair an tairbhí, agus Nádúr gach beart agus cur síos orthu

Íocaíocht Phras

Le linn 2019, ba 127 sonrasc ar an iomlán a íocadh lasmuigh den tréimhse 30 lá a bhfuil foráil déanta ina leith sna rialacháin faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus ar gearradh pionóis úis dheireanaigh ina leith. €10,868 a bhí san ús iomlán móide na pionóis a íocadh. €544,691 a bhí ar luach na sonrasc go léir a íocadh go déanach, arbh ionann é agus 0.25% de na hÍocaíochtaí iomlána €220,500,600 a bhí faoi théarmaí na Rialachán.

Tá ceanglas ann ó 2009 nach mór do Ranna Rialtais soláthróirí as Éirinn a íoc laistigh de 15 lá. Tá sonraí maidir le comhlíontacht an Rialtais i leith an cheanglais sin leagtha amach sa tábla seo a leanas:

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Íocaíochtaí Prasa Eanáir-Nollaig 2019 Íocaíochtaí a rinneadh	Líon	Luach	Céatadán
Laistigh de 15 lá	21,131	€182,323,230	81.68%
Laistigh de 16 go 30 lá	4,481	€37,511,841	17.32%
Níos mó ná 30 lá*	258	€665,529	1.00%
Iomlán	25,870	€220,500,600	100%

* Tá an figiúr seo cuid mhaith níos airde mar gheall ar shonrais a raibh soláthróirí déanach ag cur Deimhnithe Imréitigh Cánach bailí ar aghaidh ina leith de réir riachtanas na gCoimisinéirí Ioncaim. Níl feidhm le hús ar riaráistí sna cásanna sin.

Soláthar Poiblí

Tacaíonn an Láraonad Soláthair, a bunaíodh sa bhliain 2011, leis an Roinn ó thaobh tabhairt faoi sholáthar trí fhaisnéis a scaipeadh ar phríomhbheartais, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil i ndáil le tairiscintí agus ábhar eile a bhaineann le soláthar a ullmhú. Trí chlár oiliúna a chur ar fáil ar fud na Roinne, rinne an tAonad a chinntiú go mbaintear an dea-chleachtas amach ag an leibhéal oibríochta ionas go mbaintear an luach is fearr is féidir amach ar airgead ar bhealach comhlíontach.

Sa bhliain 2019, chuidigh an tAonad le Córais Cheannaigh Fuinniúil a bhunú, cuireadh comhairle ar fáil do bhreis is caoga Iarratas Tairisceana agus rinneadh measúnú ar os cionn ochtú hiarratas le hábhar a sholáthar gan próiseas iomaíoch. Bhí an tAonad rannpháirteach freisin i dtionscadal píolótach Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus mar cheann de líon beag údaráis conraitheoireachta an rialtais láir, thug an Roinn faoi mionchomórtas 'féinseirbhíse' ó chreat an OGP. Tabharfaidh an tionscadal píolótach, nuair a dhéanfar é a leathadh amach, tuilleadh éifeachtúlachtaí isteach sa soláthar poiblí.

Ag an am céanna, agus lena chinntiú go mbíonn soláthar curtha i bhfeidhm go seasta ar fud na Roinne, rinne an tAonad forbairt ar shraith teimpléid soláthar do sholáthar ar luach íseal agus do sholáthar neamhiomaíoch. Ar feadh na bliana 2019, thug an tAonad faoi athbhreithniú míosúil ar chonarthaí cláraithe a bhí dírithe ar neamhchomhlíonadh a aithint, ar thuairisciú feabhsaithe airgeadais a éascú agus ar ailíniú níos dlúithe a dhéanamh ar chaiteachas na Roinne le catagóirí soláthar na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP).



BAILL FOIRNE AGUS BAINISTÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

Pleanáil Fórsa Saothair agus Imlonnú Acmhainní

Glacann an Roinn le cur chuige straitéiseach i leith pleanáil fórsa saothair agus imlonnú acmhainní ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil fórsa saothair ardoilte, ardspreagtha agus éifeachtúil aici chun freastal ar spriocanna straitéiseacha. Le linn na bliana 2019, d'earcaigh an Roinn agus cheap foireann de 570 (lena n-áirítear, foireann athsholáthair) ar fud raon disciplíní agus gairmeacha, lena n-áirítear, eacnamaíthe, raon disciplíní dírithe ar eolaíocht agus ar thalmhaíocht, dlíodóirí, tréidlianna agus riarthóirí. Déanann an Roinn iarracht ar bhonn leanúnach cur le hacmhainneacht san fhórsa saothair trí dheiseanna Foghlama agus Forbartha agus trí dheiseanna meantóireachta foirne a chur ar fáil. Baineann an Roinn úsáid freisin as Soghluaisteacht agus as Sealaíocht foirne ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn foireann oilte leordhóthanach ar fáil chun pleanáil comharbais agus pleanáil teagmhais a bhainistiú. Spreagann soghluaisteacht bainisteoirí chun glacadh le próisis comhroinnte acmhainní agus pleanáil comharbais, cuireann soghluaisteacht deiseanna forbartha láidre ar fáil don fhoireann go léir agus déanann forbairt ar fhórsa saothair solúbtha le bunachar eolais leathan. Cuireann an Roinn cultúr ina roinntear smaointe nua agus ina gcuirtear an dea-chleachtas chun cinn tríd an bhfoireann a bhogadh ar bhonn rialta agus bíonn mar thoradh air sin fórsa oibre atá solúbtha, acmhainneach, atá ábalta dul in oiriúint agus freagra a thabhairt laistigh den timpeallacht dhúshlánach ina bhfuilimid ag oibriú.

Leanann an Roinn de gealladh a thabhairt maidir le tacú le timpeallacht dhearfach oibre don fhoireann ar fad ina gcuirtear comhdheiseanna, deiseanna gairme agus timpeallacht a thacaíonn le tionscnaimh atá báúil le teaghlaigh agus ina bhfuil cothromaíocht oibre is saoil ar fáil. Chuig sin, lean an Roinn le beartais agus treoir a fhorbairt le linn na bliana 2019 chun tacú leis na cuspóirí seo ag teacht le Straitéis Acmhainní Daonna, EveryOne (do Chách).

Le linn na bliana 2019, bhí an Roinn rannpháirteach go gníomhach i gcur chuige Rialtais uile maidir le hullmhacht agus pleanáil teagmhais don Bhreathimeacht. Rinneadh measúnú ar an líon foirne a bheidh riachtanach don Bhreathimeacht bunaithe ar thréachur méideanna ag Pointí Cigireachta Teorann agus meastachán ar riachtanas méadaithe do rialuithe allmhairithe agus do dheimhniú féideartha onnmhairithe ó aschur ón Earnáil Agraibhia.

Bhunaigh an Roinn Rannán d'Oibríochta Rialuithe Allmhairithe le freagracht as feidhmeanna rialaithe líne tosaigh a chur i bhfeidhm a bhaineann leis an mBreathimeacht. Baineadh leas as meascán de chomhaltáí foirne nua a earcú, imlonnú sealadach na foirne atá ann cheana féin agus as conarthaí seirbhíse chun a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil lena n-implonnu chuig an Rannán nua seo de réir mar is gá. Bhíothas ag súil go mbeadh na roghanna imlonnaithe ar bhain an Roinn úsáid astu chomh solúbtha agus ab fhéidir, ag tógáil an athraithe a d'fhéadfadh a theacht ar chúrsaí san áireamh agus an gá lena bheith ullmhaithe don iliomad teagmhas, agus tá na teagmhais sin, dá réir sin, ag brath ar fhorbairtí leanúnach an Bhreathimeachta, go háirithe i gcúrsaí polaitíochta.

Earcú

Bhí an t-éileamh ar earcaíocht laistigh de na sruthanna gnó go léir laistigh den Roinn, chomh maith le harduithe céime agus sannacháin, fós ag leibhéal ard ar feadh na bliana. Tugadh faoi fheachtais mhóra chun Cigirí Tréidliachta, Oifigigh Teicniúla Talmhaíochta agus Cigirí Cúnta Talmhaíochta a earcú. Baineadh úsáid as roinnt bealaí chun freastal ar an éileamh ar acmhainní breise a rabhthas ag súil leis agus a d'eascair as an mBreathimeacht, lena n-áirítear imlonnú inmheánach agus earcú líon suntasach Cigirí Tairsí go háirithe.

Foghlaim agus Forbairt

Chuir an Roinn raon leathan deiseanna Foghlama agus Forbartha ar fáil in 2019 i réimsí mar cheannaireacht, bainistiú, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide, airgeadas, TF agus sláinte agus sábháilteacht.

Maidir leis sin, d'oibrigh an Roinn go dlúth le One Learning, seirbhís comhroinnte an Rialtais d'Foghlaim agus d'Fhorbairt, chun seachadadh a dhéanamh ar fhorhmór na hoiliúna seo trína Chóras Bainistíochta Foghlama (LMS). Tugann seoladh an LMS nua seo an deis d'fhoirne na Ranna Rialtais go léir rochtain dhíreach a bheith acu ar churaclaim de 67 cúrsa aonair. Tá na cúrsaí seo deartha le freastal ar riachtanais líon leathan foirne óna leibhéal shóisearacha go leibhéal sinsearach.

Chomh maith leis sin, lean an Roinn le seachadadh a dhéanamh ar shainoiliúint ar fud réimsí teicniúla, talmhaíochta, foraoiseachta, tréidliachta, innealtóireacht agus eolaíochta. D'fhreastail céad agus seacht comhalta

BAILL FOIRNE AGUS BAINISTÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

foirne déag a bhí bainteach le Rialuithe Oifigiúla ag leibhéal beartais agus feidhmíochta ar chúrsaí foirmiúla a cuireadh ar fáil faoin gClár Oiliúint níos fearr i gcomhair Bia níos Sábháilte (BTSF) an Choimisiúin Eorpaigh agus thug comhaltaí foirne eile faoi chúrsaí ríomh-Fhoghlama BTSF.

Rinneadh seachadadh freisin ar líon mór imeachtaí Foghlama agus Forbartha maidir leis an mBreathimeacht. Áirítear orthu sin, oiliúint ionduchtúcháin do chomhaltaí foirne nua chomh maith le sainoiliúint.

Comhpháirtíocht

Is ionann comhpháirtíocht agus fóram comhoibríoch foirne, bainistíochta agus ionadaithe ceardchumainn, atá laistigh den Roinn i bhfoirmeacha éagsúla ón mbliain 1998. Tar éis sraith comhairliúcháin Comhpháirtíochta sa bhliain 2018, threoraigh Téarmaí Tagartha nua, a bhí deartha le struchtúir na Comhpháirtíochta a athnuachan agus a athbheochan sa Roinn, gníomhaíochta sa bhliain 2019.

Tháinig Lárchoiste Comhpháirtíochta na Roinne le chéile trí huaire sa bhliain 2019, i dTeach na Talmhaíochta sa Chabhán agus i bPort Laoise. Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta Áitiúil i gCloch na Coillte agus bunaíodh líonra ríomhphoist foirne i Réigiún an Deiscirt. Tháinig ionadaithe foirne ó Choiste Comhpháirtíochta Áitiúil Chloch na Coillte agus ó líonra Réigiún an Deiscirt le chéile le LPCnna Roinne atá ann cheana féin, Basastún, an Cabhán, Caisleán Bhaile Sheáin agus Port Laoise in aon Chruinniú Lárchoiste Comhpháirtíochta amháin. Socraíodh go raibh Saincheisteanna Cóiríochta, ag bogadh ó chlár oibre Chomhairle Roinne agus Tuarascálacha óna Réigiún mar mhíreanna buan ar an gclár oibre don Lárchoiste Comhpháirtíochta.

Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú

Tá tacaíocht á thabhairt ag an Roinn le fada an lá d'éascú a dhéanamh ar dheiseanna do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tá na bunriachtanais fhostaíochta de 3% sáraithe ag an Roinn le blianta fada agus bhí leibhéal de 3.5% bainte amach ag deireadh na bliana 2019. Thacaigh an Roinn leis an gClár Meantóireachta Toilteanach agus Ábalta (WAM) (Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas) AHEAD, a bhfuil sé mar aidhm leis rochtain ar an áit oibre a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas. Le linn na bliana 2019, rinne an Roinn éascú ar cheithre shocrúchán meantóireachta a bhí íoctha faoin gclár WAM d'iarrthóirí atá

cáilithe go cuí. Tá fostaíocht bhuan bainte amach ag go leor d'iar-rannpháirtithe WAM.

Bhí an Roinn rannpháirteach ar bhonn bliantúil freisin sa Lá maidir leis an Tionscnamh Scáthfhoghlama, tionscadal náisiúnta atá anseo a thugann daoine atá faoi mhíchumas agus fostóirí áitiúla le chéile ar feadh aon lá amháin chun comhdheiseanna fostaíochta a chur chun cinn agus an cion luachmhar atá daoine atá faoi mhíchumas in ann a chur ar fáil ó thaobh cúrsaí oibre a léiriú.

Le linn na bliana 2019, d'éascaigh an Roinn trí shocrúchán oibre do dhaoine faoi oiliúint ar Chlár Oibre Foghlama an Oireachtais (OWL), clár foghlama feidhmeach, forbartha agus sóisialaithe do dhaoine óga faoi mhíchumas intleachtúil atá anseo. Tá mar aidhm leis an gClár tacú le daoine na scileanna agus an mhuinín a fhorbairt chun teacht ar fhostaíocht íoctha sa mhargadh oscailte saothair.

I rith 2019, agus mar chuid den Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta, rinneadh obair chun cúrsa ríomhFhoghlama faoi Chomhionannas agus Éagsúlacht san Áit Oibre a fháil. San acmhainn ríomhFhoghlama, a forbraíodh go sonrach d'Earnáil Phoiblí na hÉireann agus ina bhfuil cás-staidéir Éireannacha ábhartha, tugtar aghaidh ar ghnéithe éagsúla den chomhionannas agus den éagsúlacht san áit oibre, lena n-áirítear éagsúlacht, claontuairim neamh-chomhfhiosach, ciapadh agus idirdhealú.

Iompar agus Feidhmíocht

Tá sé mar thraidisiún ag an Roinn seirbhís atá dílis agus neamhchlaonta a chur ar fáil ar mhaithe le leas na bpáirtithe leasmhara agus na tíre. Sa bhliain 2019, bhí ardchaighdeán macántachta agus meas ar fud na Roinne i gcónaí. Leanadh le leithéid na n-údar imní a bhí ann maidir le hiompar agus feidhmíochta a bhainistiú faoi choimirce *Chód Smachta na Státseirbhíse nó Beartas na Státseirbhíse um Tearcfeidhmíocht a Bhainistiú, de réir mar a bhí cuí.*

Gradaim na Státseirbhíse

Is ócáid bhliantúil iad Gradaim Barr Feabhais agus Nuála na Státseirbhíse (CSEI) a bunaíodh faoi Chlár Athnuachana na Státseirbhíse agus trína dtugtar aitheantas d'eachtaí baill foirne ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Reáchtáil an Roinn imeacht do Ghradaim um Fheabhas agus Nuáil sa Státseirbhís tráth ar thug an tArd-Rúnaí

BAILL FOIRNE AGUS BAINISTÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

aitheantas don fhoireann a bhí bainteach le hoibriú ar shé cinn déag de thionscadail dhifriúla. Cuireadh cúig cinn acu seo faoi bhráid do Ghradam CSEI, le tionscnamh amháin, “*Beach Ghlas – Campas atá Neamhdhíobhálach ó thaobh Pailneora (Bastún)*” ainmnithe sa chatagóir do Rannpháirtíocht Fostaithe.

Bhain tionscadal eile, a cuireadh faoi bhráid do ghradam CSEI, “*Tionscadal Feabhsúcháin Inis Sionnach*” dhá ghradam eile amach lasmuigh den CSEI; “*Tionscadal Innealtóireachta na Bliana 2019*” agus “*Gradam do Thionscnamh Innealtóireachta an Údaráis Áitiúil*”. Don tionscadal seo, rinne Foireann Tionscadail faoi stiúir na Roinne, a bhí ag obair go dlúth le Comhairle Chontae Chorcaí, maoirseacht, soláthar agus seachadadh ar an tasc casta chun fáil réidh le haon bhagairt a d’fhéadfadh a bheith ann ó ábhair ghuaiseacha ar iar-láthair oibreacha cruach in Inis Sionnach, i gCuan Chorcaí.

Nuálaíocht

Tá an nuálaíocht lárnach i mbeartas an Rialtais ó thaobh leanúint leis an tSeirbhís Phoiblí a fhorbairt ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta agus freastal ar ionchais na sochaí. “Ceann de na trí cholún d’Ár Seirbhís Phoiblí 2020 is eas “Nuáil dár dTodhchaí. Rinne an Roinn óstáil ar Sheachtain Nuálaíochta ón 9 – 13 Nollaig i gcomhair le Seachtain Nuálaíochta tosaigh na Seirbhíse Poiblí chun athrú dearfach a spreagadh maidir leis an mbealach ina bhfuil seirbhísí na Roinne á soláthar. Tá ríomhphost tiomanta fós ar fáil don fhoireann do mholtaí maidir le smaointe nua, maidir le bealaí oibre nó cur chuige atá ann cheana féin a chur in oiriúint.

Bainistiú Sócmhainní

Cuireann an Rannán Sláinte agus Sábháilteachta oiliúint maidir le sláinte agus sábháilteachta ar fáil chun a chinntiú go bhfuil na ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh agus bunaithe ar Anailís ar Riachtanais Oiliúna. Sa bhliain 2019, áiríodh ar na cúrsaí a cuireadh ar fáil, láimhsiú sábháilte, garchabhair, bainistíocht sábháilteachta dóiteáin agus sainoiliúint do lárionaid cuanta iascaigh, do shaotharlanna agus feirmeacha chun oiliúint maidir le forcardaitheoir, roithleáin scríobacha, srl., a thabhairt san áireamh. Chuir an Rannán Oiliúint Ionduchtúcháin ar fáil freisin d’earcaithe nua. Leis an bhéim ar an mBreatimeacht sa bhliain 2019, chuir an Rannán oiliúint sláinte agus sábháilteachta ar fáil do na foirne atá sannta do Chuanta Bhaile Átha Cliath agus Ros Láir. Chuir an Rannán comhairle agus tacaíocht ar fáil freisin maidir le riachtanais sláinte agus sábháilteachta do shaoráidí ag Cuan Bhaile Átha Cliath.

Thug an Rannán Sláinte agus Sábháilteachta faoi líon iniúchtaí freisin ar láithreacha agus ar ghníomhaíochtaí Roinne sa bhliain 2019. Rinneadh iniúchtaí chun Córas Bainistíochta Riosca Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne a chomhlíonadh. Áiríodh ar thionscnaimh eile chun bainistíochta riosca sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn sa Roinn: Nuachtlitir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, Doiciméid Beartais nua HSRMS agus Cainteanna maidir le Folláine ag Am Lóin.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá an Roinn tiomanta d’éifeachtúlacht fuinnimh agus do bhainistiú fuinnimh atá éifeachtach. Tá an Roinn ag obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara d’fhonn cuidiú an sprioc Náisiúnta 33% i ndáil le héifeachtacht fuinnimh atá socraithe don Earnáil Phoiblí a bhaint amach faoin mbliain 2020. Tá 36.8% curtha ag an Roinn lena héifeachtúlacht fuinnimh a sháraíonn an sprioc atá leagtha síos agus 12 mí le spáráil fós. Baineadh amach é sin trí bhearta ísealchostais ar nós athruithe iompraíochta inár bhfoireann tiomanta, bainistíocht fuinnimh níos fearr ár rannáin seirbhíse agus roinnt aisfheistiú soilse. Táimid ag ullmhú do spriocanna 2030, sé sin laghdú 50% in úsáid fuinnimh ó bhonnlíne na bliana 2009 agus an laghdú nua de 30% ar charbóin.

Ceanglaíodh ar na Ranna Rialtais go léir agus ar Chomhlachtaí Poiblí plean gníomhaíochta maidir le héifeachtúlacht acmhainne a chur ar fáil dá nAírí faoi seach, maidir leis na bearta atá á ndéanamh acu chun giniúint dramhaíola a íoslaghdú agus cur an méid is fearr is féidir le hathchúrsáil. Cuireadh Plean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Acmhainne 2019-2021 na Roinne faoi bhráid agus foilsíodh an plean mí Meán Fómhair 2019.

Bunaigh an Rannán Cóiríochta agus Seirbhísí, Foirne Glasa i ngach Príomhoifig Réigiúnach, chun an fhoireann a lánpháirtiú i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh agus acmhainne. Cuimsíonn na Foirne Glasa, ionadaithe deonacha ón mbainistíocht agus ón fhoireann.

Bhí an Fhoireann Fuinnimh páirteach in Oiliúint agus i gceardlanna MAP Fuinneamh an SEAI d’fhonn cleachtais bainistithe fuinnimh a fheabhsú agus deiseanna i ndáil le hoibreacha ar scála níos mó a aithint. Tá an fhoireann ag obair go dlúth leis an OPW, lucht úsáidte ardfuinnimh laistigh den Roinn agus le comhlachtaí faoi choimirce na Roinne d’fhonn dea-chleachtais bainistithe fuinnimh a bhunú ar fud an ghrúpa agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

BAILL FOIRNE AGUS BAINISTÍOCHT EAGRAÍOCHTÚIL

Rannán na Seirbhísí

Tá an Rannán Seirbhísí tiomanta an caighdeán is airde cóiríochta a chur ar fáil don fhoireann go léir i gcomhair leis an OPW. Cinntíonn uasdátú leanúnach próisis soláthair go bhfuil luach á fháil ar airgead ar fud raon seirbhísí, lena n-áirítear, glanadh ar chonradh, bainistíocht dramhaíola, slándáil, taifid agus réimsí eile.

Cruthaigh an Breatimeacht dúshlán shuntasach agus tá Grúpa Oibre Inmheánach um Bonneagar Breatimeachta a stiúradh ag an Rannán a bhí lánach ó thaobh Bonneagar Breatimeachta a sheachadadh ar fud trí láthair ar sheacht suíomh dhifriúil. Bhí trí spriocdháta difriúla ann sa bhliain 2019 le Bonneagar Breatimeachta a sheachadadh, agus chruthaigh gach ceann acu sin a gcuid dúshlán féin.

Déanann an Rannán bainistiú ar phunann maoinne na Roinne, atá déanta suas de sé cinn de phríomhoifigí, 16 oifig réigiúnach, ceithre BCPanna, oifigí eile cúige, saotharlanna agus stáisiúin allamuigh le buiséad de thart ar €10 milliún ar bhonn bliantúil do chostais ghaolmhara. Tá an Rannán freagrach as íocaíochtaí seirbhísí gaolmhara leis na láithreacha seo. Déanann an Rannán monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid fuinnimh na Roinne don SEAL.

Tá foireann an Rannáin lonnaithe:

- I mBaile Átha Cliath le freagracht as an Teach Talmhaíochta, Foirgneamh Riaracháin Bhacastúin, oifigí eile i gcathair Bhaile Átha Cliath agus saoráidí cigireachta stáit ag Cuan Bhaile Átha Cliath, Cuan Ros Láir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- I bPort Laoise le freagracht as 4 oifig ceanncheathrú, 16 oifig réigiúnach, na hoifige eile cúige go léir agus 8 saotharlann agus stáisiúin allamuigh, agus saoráidí cigireachta stáit ag Calafóirt Chorcaigh agus Ros Láir agus Aerfoirt Chorcaí agus na Sionainne.
- Tá na hOifigí Réigiúnacha lonnaithe sa Chabhán, Corcaigh, Cloch na Coillte, Ráth Bhoth, Gaillimh/Baile Átha an Rí, Trá Lí, an Nás, Droim Seanbhó, Luimneach, Caisleán an Bharraigh, an Uaimh, Tulach Mhór, Ros Comáin, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Inis Córthaidh.

Sábháilteacht Feirme 2019

Is saincheist ríthábhachtach is ea sábháilteacht ar an feirm atá i ndán don fheirmeoireacht sa lá atá inniu ann. Taispeánann staitisticí go bhfuil timpistí ar fheirmeacha mar chúis le os cionn 40% de na básanna go léir san áit oibre, atá

i bhfad níos airde ná aon earnáil eile, arbh ionann é agus 6% den fhórsa saothair agus sin amháin. Tharla 208 timpiste inar maraíodh daoine ar fheirmeacha idir 2010 agus 2019. In 2019, tharla 18 timpiste ar fheirmeacha inar maraíodh daoine agus ba fheirmeoirí a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine a bhain 12 de na timpistí sin.

Cé gurb éan tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) an eagraíocht ar a bhfuil freagracht príomhúil as sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chinntiú, tá céimeanna glactha ag an Roinn le blianta beaga anuas, i gcomhar le roinnt eagraíochtaí Stáit agus tionscail eile, chun cur leis an bhfeasacht ar an bhfadhb agus chun oideachas a thabhairt d'fheirmeoirí agus dá dteaghlai ghaoil gcontúirt a bhaineann le bheith ag obair sa tionscal sin.

Tríd an gCiste um Spreagadh Taighde tá an Roinn ag maoiniú tionscadal taighde maidir le sábháilteacht ar an feirm, dar teideal: “BESAFE – Iompraíochtaí d’Fheirmeoireacht Níos Sábháilte: Tá sláinte agus sábháilteacht feirmeoirí mar dhúshlán suntasach d’Inbhuanaitheacht sóisialta talmhaíochta na hÉireann”. Cé go bhfuil titim tagtha ar rátaí básanna i dtionscail eile le 20 bliain anuas, tá na rátaí sa talmhaíocht ard i gcónaí. Ní hionann feirmeoireacht agus poist eile. Go coitianta oibríonn feirmeoirí leo féin ar feadh tréimhsí fada ama. Déanann siad a gcuid maoirseachta féin ar chleachtais oibre agus iompair. Tá go leor tascanna i gceist le feirmeoireacht a bhfuil tosca seachtracha in ann tionchar a bheith acu orthu, m.sh. an aimsir. Ag tógáil san áireamh saintréithe uathúla na feirmeoireachta, tá gá le cur chuige a chur in oiriúint lena ndéantar iarracht sábháilteacht a fheabhsú. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal BeSafe forbairt a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt don chur chuige seo, ag cur athrú buan i bhfeidhm ar an mbealach sin.

Ina theannta sin, tá gné éigeantach Sláinte agus Sábháilteachta san áireamh sa Chlár Aistrithe Eolais faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020. Déanann na grúpaí sin caidreamh díreach le rannpháirtithe ar feirmeoirí iad ar cheist thábhachtach na sábháilteachta feirme. Chomhlánaigh gach duine de thart ar 18,000 feirmeoir cuid maidir le sláinte agus sábháilteacht feirme sa Phlean Feabhsaithe Feirme duine le duine a thug siad chun críche lena n-éascaitheoir faofa, do gach trí bliain den Chlár. Cuireann sin leis na díospóireachtaí ar Shláinte agus Sábháilteacht i gcruinnithe Bhliain a hAon a raibh ar gach ceann den tuairim is 1,100 Grúpa um Aistriú Eolais a réachtáil.

ACMHAINN TF A FHORBAIRT

Forbairtí Ollmhóra ICT in 2019

Braitheann an Roinn go hollmhór ar theicneolaíochta na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chun a scéimeanna agus a seirbhísí a sheachadadh. Áiríodh ar na forbairtí ollmhóra ICT in 2019 iad seo a leanas:

Bonneagar TF

Cuireann an Roinn tacaíocht bonneagair TFC iomlán ar fáil d'fhoireann uile na Roinne, lena n-áirítear ríomhphost, Comhroinnt Comhad Sonraí (DFS), tacaíocht líonra, teileafónaíocht (lena n-áirítear teileafónaíocht mhóibíleach), cian rochtain, óstáil láithreán gréasáin, tacaíocht freastalaí, bogearraí táirgiúlachta deisce, rochtain ar an idirlíon agus frith-vírís. Baineann sí úsáid fhairsing freisin as teicneolaíochtaí stórála sonraí agus as fíorúlú.

Cibearshlándáil

Mar fhreagra ar an ardú domhanda ar an mbagairt ó bhogearraí mailíseacha agus haiceáil ríomhairí, tá foireann ag an Roinn atá tiomanta don chibearshlándáil agus úsáid á bhaint as sainuirlisí, le rochtain chuig an NCSC agus saineolaithe seachtracha eile más gá.

Seirbhísí Comhroinnte TFC

I gcomhréir le Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí, lean an Roinn ar aghaidh de sheirbhísí comhroinnte bhonneagar TFC a sholáthar i rith 2019, ina measc:

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE): Cuirtear tacaíocht bhonneagar TFC iomlán ar fáil sa DCCAE, lena n-áirítear láithreáin ghréasáin éagsúla de chuid an DCCAE agus GSI a óstáil.

Roinn an Taoisigh (DoT): Lean an Roinn seo de thacaíocht gréasáin a chur ar fáil do Roinn an Taoisigh. Déantar an chuid is mó de sheirbhísí Teileafóin i DoT a chur ar fáil chomh maith trí chóras teileafóin - Phrótacal Idirlín Guthaithe (VoIP) - arna óstáil ag an Roinn agus atá á bhainistiú go himhneánach ag foireann ICT na Roinne seo.

Seirbhís Chomhroinnte Párolla (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe): Cuireann an Roinn seo

tacaíocht leanúnach, lena n-áirítear cothabháil agus slándáil freastalaithe ar fáil do shaoráid phárolla lárnach an Rialtais a cuireadh i bhfeidhm in 2014. Faoi dheireadh na bliana 2019, ba thríd an gcóras sin a íocadh tuairim is 130,000 státseirbhíseach reatha agus iar-státseirbhíseach.

Cuireann an Roinn seirbhísí teileafóin ar fáil don Roinn Sláinte trí chóras teileafóin - Phrótacal Idirlín Guthaithe (VoIP) - arna óstáil ag an Roinn agus atá á bhainistiú go himhneánach ag foireann ICT na Roinne seo. Cuirtear seirbhísí comhroinnte ar fáil do Chomhlachtaí Státurraithe Neamhthráchtála (NCSSB) na Roinne ar leibhéal éagsúla, amhail:

- Tacaíocht iomlán líonra, DFS, ríomhphost agus TFC don Údarás Cosanta Iascaigh Mhara (SFPA) agus forbairt bogearraí a sholáthar agus cothabháil ar chórais bhogearraí gabhála agus cigireachta.
- Ionad Sonraí chun Teagasc a óstáil.

Tacaíocht Seirbhísí Saotharlainne

Ag teacht le Forbairt Straitéiseach Shaotharlanna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (2019-2028), tá tús le cur le hobair le Córas um Bainistiú Faisnéise Saotharlainne (LIMS) nua-aimseartha a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm thar ceann na Seirbhísí Saotharlainne.

Scéimeanna Íocaíochta

Lean an Roinn ar aghaidh de na córais TE dár gcuid a thacaíonn lenár scéimeanna éagsúla a chothabháil agus a fheabhsú le linn 2019 mar seo a leanas:

- Scéim na hÍocaíochta Bunúsáí (BPS)
- An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS)
- Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC)
- Scéimeanna Spriocdhírithithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMS II)
- Scéimeanna um Aistriú Eolais (KT)
- An Clár Géanómaíochta agus Sonraí Mairteola (BDGP)
- An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí (OFS)
- Scéim Leasa na gCaorach (SWS)
- An Scéim d'Fheirmeoirí Óga (YFS)
- Cúnamh Próitéine

ACMHAINN TF A FHOBAIRT

- An Beart Cúnaimh Eisceachtúil Mairteola (BEAM)
- Scéimeanna De Minimis
- Cúiteamh BVD (mairteoil)
- Cúiteamh BVD (déiríocht)
- BEEP
- An Beart Tacaíochta d'Iompar Fodair
- An Beart Fodair d'Fheirmeoirí Curaíochta 2018
- An Scéim Eallach Folaíochta Chiarraí
- An Fóirdheontas um Chlibeanna EID Caorach
- Aistriú Faisnéise Foraoise
- Deontas Feirmeoireacht i gComhar
- Cúnamh CPR Marglainne

Cuireadh na hiarratais go léir maidir leis Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS) faoi bhráid sa bhliain 2019 agus úsáid á bhaint as an gcóras ar líne atá éigeantach anois. Fuarthas thart ar 129,000 iarratas faoin dáta deiridh den 15 Bealtaine 2019.

Cuireadh tuilleadh feabhais ar shaoráidí ar líne chun cuidiú le feirmeoirí lena dteidlíochta BPS a thrádáil, 21,140 iarratas aistrihe (100% ar líne) á bhfáil faoin dáta deiridh den 15 Bealtaine 2019. Áiríodh anseo an tsaoráid d'achomhairc ar líne don Chúlchiste Náisiúnta/Scéim na bhFeirmeoirí Óga á seachadadh i Ráithe 3.

Baineadh úsáid as saoráidí ar líne, rud a chuir ar chumas Éascaitheoirí Aistithe Teidlíochtaí cabhrú le feirmeoirí a dteidlíochtaí BPS a thrádáil. Fuarthas 21,647 iarratas ar aistriú (100% ar líne) faoin dáta deiridh, an 15 Bealtaine 2019.

Rinneadh athdhearadh bunúsach ar chóras íocaíochta Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha (ANC) a sheachadadh sa bhliain 2019 chun freastal ar thalamh incháilithe atá rangaithe as an nua faoi thionscadal athdheartha ANC. Áirítear íocaíocht nua Céimlaghdaitheach ansin. Cuireadh na hiarratais go léir don ANC faoi bhráid ar líne sa bhliain 2019 trí iarratais BPS feirmeoirí. Sa bhreis ar athruithe ar Rialacháin AE, rinneadh leasú ar íocaíochtaí faoin scéim ANC lena chur ar fáil in dhá ghála feasta. Eisíodh 85% de réamhíocaíochtaí an 18 Meán Fómhair agus eisíodh íocaíocht chomhardaithe 15% ag tús mhí na Nollag. Íocadh beagnach €238 milliún ar an iomlán le 95k feirmeoir faoi Scéim ANC 2019 trí chothromú a dhéanamh ar íocaíocht i mí na Nollag.

Rinneadh forbairt le linn na bliana ar fheidhmiúlacht scéimeanna nua TAMS ionas go bhféadfaí iarratais a dhéanamh le haghaidh infheistíocht painéil ghréine.

Rinneadh feidhmiúlacht a sheachadadh chun tacaíocht a thabhairt do scéim nua Beart Cúnaimh Eisceachtúil Bólachta (BEAM). Rinneadh 100% d'iarratais na scéime ar líne agus eisíodh íocaíochtaí de réir sceidil i mí na Nollag 2019.

Fógraíodh deontais fuinnimh nua faoi TAMS go luath in 2019 agus leathnaíodh cúnaimh deontais le haghaidh PV gréine chuig gach earnáil agus éileofar gur soilse LED a bheidh sa soilsiú uile arna mhaoiniú faoin scéim.

Fógraíodh an Scéim Infheistíochta Laonna i mí na Nollag 2019, tacaíonn an scéim seo le hinfeistíochtaí do shaoráidí tógála agus leasa laonna. Osclaíodh an scéim i mí Eanáir 2020 agus fuarthas 2,400 iarratas faoin scéim. Tá maoiniú de €4 mhiliún curtha ar fáil.

Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (BPS) agus Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha (ANC)

Tar éis leathadh amach iomlán na n-iarratas ar líne sa bhliain 2018, rinneadh na hiarratais go léir do na scéimeanna ANC agus BPS ar líne sa bhliain 2019.

Scéimeanna um Aistriú Eolais (KT)

Is scéim í an Scéim KT atá go hiomlán ar líne agus forbraíodh trí chóras ar líne chun an scéim a riar. Is iad sin, córas ar líne tiomnaithe chun sceidealú a dhéanamh agus an freastal ar chruinnithe agus ar ócáidí náisiúnta a thuairisciú, chomh maith le dhá chóras ar líne saincheaptha don Phlean Forbartha Feirme a mbaineann comhairleoirí úsáid as agus do na Bearta um Shláinte Ainmhithe a mbaineann tréidlianna úsáid as. Eisíodh os cionn 20,500 íocaíocht do rannpháirtithe ar leithligh in 2019 i ndáil leis an scéim.

Scéim Leasa na gCaorach (SWS)

Osclaíodh Bliain 3 den Scéim um Leas Caorach i Mí Feabhra 2019. Cuireadh tús le réamhíocaíochtaí faoi Bhliain 3 den scéim i mí na Samhna 2019 agus íocadh €14.91 mhiliún ar 18,489 iarratasóir.

ACMHAINN TF A FHORBAIRT

Atógáil an Chórais Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS)

Is bunachar sonraí spásúil na Roinne é an Córas Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS). Tá breis is 1.1 milliún polagán/dáileacht a léiríonn na gabháiltais atá ag breis is 130,000 feirmeoir ann. Cruthaíodh an córas trí bhíthin mapaí páipéir a dhigitiú den chéad uair agus tugadh chun críche é i 1995 don scéim bhunaidh um chúnamh limistéir. Tá na dáileachtaí sin á dtabhairt cothrom le dáta agus á leasú go leanúnach ó shin i leith. Leis an gcóras LPIS reatha, éascaítear d'íocaíochtaí le feirmeoirí faoi raon scéimeanna a riar. Tá an bonneagar TF agus an bunachar sonraí bunúsach ag éirí as dáta, áfach, agus is gá iad a thabhairt cothrom le dáta.

An cuspóir atá leis an tionscadal atógála LPIS, LPIS nua a fhorbairt a bheidh cothrom le dáta, comhoiriúnach leis na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil, feidhmiúil go hiomlán agus ag cloí le riachtanais rialála. Beidh an córas nua ar an gcaighdeán riachtanach i gcomhair soláthar éifeachtach scéimeanna AE nua amach anseo agus cuirfidh ardán den scoth ar fáil chun breisluach a chur le cainéil seachadta na Roinne.

Mar chuid den tionscadal Atógála LPIS, aistrefar sonraí LPIS reatha chuig bunachar sonraí spásúil Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) dar teideal 'Prime 2'. Seoladh Prime 2 in 2015, agus is é an bunachar sonraí is údarásaí agus is cothroime le dáta ó thaobh faisnéis spásúil in Éirinn. Is é an caighdeán mapála náisiúnta é a thugann deis nithe geografacha, amhail dáileachtaí talún, foirgnimh, bóithre, etc., a shainaithint go uathúil agus tagairt a dhéanamh dóibh. Is bunachar sonraí digiteach gan uaim don tír uile é an bunachar sonraí Prime 2.

Tá an chéim is déanaí den nuachóiriú sin ar bun faoi láthair agus tiocfaidh an LPIS i bhfeidhm i gcomhair chontae amháin go luath in 2019. Táthar ag súil go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ó thaobh an chuid eile den tír ar bhonn céimnithe agus go n-aistrefar gach contae faoi 2021.

Chomh maith leis an tionscadal Atógála LPIS, faightear íomhánna nua LPIS ar bhonn bliantúil agus, de réir rialachán AE, déantar iad a athbhreithniú chun aon ghnéithe nach féidir a dhéanamh amach sna dáileachtaí LPIS a shainaithint.

Talamh

Is bunachar sonraí spásúil na Roinne é an Córas Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS). Gach bliain, íocann an Roinn tuairim is €1.7 billiún le feirmeoirí na hÉireann bunaithe ar na sonraí atá sa LPIS. Tá breis is 1.3 milliún polagán/dáileacht a léiríonn na gabháiltais atá ag breis is 130,000 feirmeoir ann. Bunaíodh an córas seo leis an teicneolaíocht a bhí ann ag an am agus tá roinnt Iníúchtaí AE déanta air ó shin. Sa bhliain 2019, mar chuid den tionscadal leis na córais LPIS a atógáil go hiomlán, thug an Roinn próiseas athbhreithnithe agus uasdátaithe chun críche ar na sonraí LPIS atá ann cheana féin chun cruinneas suímh a fheabhsú agus sonraí na Roinne a thabhairt i gcomhréir le sonraí Prime 2 Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) i gContae Lú. Baineadh úsáid as sonraí nua LPIS chun iarratais BPS Chontae Lú don bhliain 2019 a fheidhmiú agus a phróiseáil. Rinneadh an feidhmchlár GIS croiláir, a dhéanann cothabháil ar shonraí LPIS, a atógáil agus tá feidhmchlár nua a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí atá níos nua-aimseartha tagtha ina áit. Mar chuid den fhorbairt rinneadh feidhmchlár sreabhadh oibre nua a fhorbairt a thiocfaidh in áit an feidhmchláir atá níos sine. Cuireadh tús le hathbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar níos mó contaetha i Ráithe 4 den bhliain 2019.

Leanadh le forbairt a dhéanamh freisin ar Ghnáthchóras Bainistithe Talún (GLAM) a chumasáíonn pleananna bainistithe talún a thairfeadh agus bhain roinnt tionscadail Agraí-EIP úsáid as an gcóras.

Foraoiseacht

Tugann an córas iFORIS feidhmiúlacht chun na hiarratais uile ar chúnamh deontais don fhoraoiseacht a phróiseáil. In 2019, áiríodh ar an obair forbartha: -

Próisis iarratais ar líne d'éilimh Fhoirm 1 agus Fhoirm 2. Feidhmiúlacht chun freastal ar Scéimeanna um Athbhreithniú Meántearma lena n-áirítear Feabhsú Coillearnaí, Fálú Fianna agus Fálú Giorriacha. Rinneadh leasú ó bhonn agus tugadh an Nós Imeachta maidir le Measúnú Oiriúnaithe ceadanna cothrom le dáta.

ACMHAINN TF A FHORBAIRT

Cigireachtaí

Is córas gnó roinnte é an córas Iniúchta agus Tástála Talmhaíochta Allamuigh (AFIT) lena féidir iontráil sonraí i ndáil le cigireachtaí agus aon áirimh pionóis bhainteacha a leithdháileadh, a sceidealú agus a lorg ar bhealach comhordaithe. Tá an córas ar fáil ar fud na tíre agus faoi láthair freastalaíonn sé ar os cionn 120 cineál éagsúil iniúchta, lena n-áirítear leas ainmhithe, scéimeanna, ante-mortem i monarchana agus iniúchtaí sláinte ar áitreabh tréidliachta. Forbraíodh feidhmiúlacht bhreise d'fhonn na próisis páipéir allamuigh a laghdú tuilleadh agus ina mbaintear úsáid as ríomhairí glúine. Tháinig ardú ar an úsáid a baineadh as gléasraí GPS chun tomhais níos cruinne dáileachtaí talún a chinntiú.

Aithint & Gluaiseacht Ainmhithe (AIM)

Tacaíonn an córas maidir le hainmhithe a aithint le bainistiú a dhéanamh ar an tréad náisiúnta agus baintear úsáid as le hainmhithe a chlárú agus le gluaiseacht ainmhithe a rianú d'eallach, caoirigh, muca agus gabhair. Cuireann an córas seo cinnteacht maidir le hinrianaitheacht ainmhithe ar fáil mar chuid den slabhra soláthar bia foriomlán.

An Córas Faisnéise Comhtháite um Iascaigh (IFIS)

Is é IFIS an príomhchóras ríomhaireachta a thacaíonn le bainistiú agus le rialú gníomhaíochtaí iascaireachta mara agus le cur i bhfeidhm an Chomhbheartais Iascaigh (CFP). Áirítear ann roinnt córas gaolmhar eile lena n-áirítear an Córas Taifeadta Leictreonach (ERS), córas ar an soitheach (ieCatch), Módúl Cigirí (ieInspect) agus tairseach do chustaiméirí (fishingnet.ie).

Mar chuid de shocruithe nua CFP, tá an clár um **An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EMFF)** aontaithe agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh an chuid eile de thréimhse an CFP atá i bhfeidhm faoi láthair go dtí 2020. Áirítear faoin gclár seo forbairt shuntasach ar chórais ríomhaireachta atá curtha i bhfeidhm i rith na tréimhse sin chun tacú le faireachán, rialú agus bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta mara.

Le linn na bliana 2019, thug an Roinn ardán teicneolaíochta nua isteach mar chuid den chlár

nuachóirithe teicneolaíochta chun tacú le próisis gnó feabhsaithe a thabhairt isteach don tionscal agus don Roinn amach anseo.

Áiríodh ar na príomhsheirbhísí nua a cuireadh i bhfeidhm in 2019–

- Leis an gCóras Cothromaithe Cuótaí, éascaítear do leithdháilte cuótaí amach anseo a choigeartú chun dul i ngleic le cásanna ina mbeidh an cuóta leithdháilte sáraithe ag bád.
 - Feabhsúcháin córas cothromaithe an Chuóta d'Iascaigh Peiligeach.
 - Córas cothromaithe don chuóta éisc ghrinnill
- Tús a chur le tairseach do chustaiméirí le seirbhísí ar líne a sholáthar d'Iascairí
- Nuashonruithe ar an bhformáid theicniúil don aistriú eolais de réir mar a éilítear faoin Rialachán AE.

Tabhairt isteach córas chun anailís cros-seiceála agus fíoraithe sonraí trí algartaim agus meicníochtaí ríomhairithe uathúil ar dhearbhuithe iascaigh mhara don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara.

Na príomhfheidhmeanna Iascaigh Mhara a próiseáladh san IFIS sa bhliain 2019

Idirbheart/Gníomhaíocht Iascaigh Mhara	An tIomlán a Próiseáladh
Suíomhanna Báid	4,900,000
Nótaí maidir le Díolachán Éisc	143,065
Bileoga loga	34,642
Tuarascálacha maidir le Gníomhaireacht ascaigh	114,081
Deimhnithe maidir le tabhairt i dtír éisc	10,386
Mionsonraí maidir leis an Fhlít (don AE)	564
Cigireachtaí	2,630
Cuótaí Éisc a Bainistíodh	193,606 tonna
Údaráis/Leasuithe Iascaigh a Eisíodh	997
Fógraí maidir le hlascaigh a Bhainistiú a Eisíodh	60
Litreacha maidir le Tairiscint Ceadúnais a eisíodh	256
Ceadúnais Nua a Eisíodh	248
Ceadúnais Neamh-Oibrithe a Eisíodh	183
Athnuachaintí Ceadúnais a Eisíodh	2,853
Ceadúnú Báid Traidisiúnta Iascaigh Pota	245
Ceadúnú don Sciar Peiligeach RSW	23

ACMHAINN TF A FHORBAIRT

An Córas Bainistithe Airgeadais- SAP

Tá Córas Bainistithe Airgeadais SAP na Roinne ríthábhachtach lena chinntiú go gcoimeádann an Roinn a stádas mar Ghníomhaireacht Chreidiúnaithe Íocaíochta AE. Áirítear ar na príomhfheabhsúcháin ar an gcóras nua agus na feabhsúcháin ar an gcóras gnó a cuireadh i bhfeidhm in 2019 -

- Bainistiú Bailiúcháin: Tuilleadh mionleasaithe curtha le giniúint liosta oibre, gealltanais íocaíochta agus gnéithe tuairiscithe staitistiúla
- Rogha maidir le haschur gan pháipéar: 10,000 feirmeoir eile cumasaithe do réiteach Duillín Íocaíochta gan pháipéar agus fáil réidh ar an mbealach sin le haschur páipéar
- Tuairisciú Airgeadais: Feidhmiúlacht bhreise san áireamh sa réiteach tuairiscithe chun cuntas an Chiste um Lárionad Chuanta lascaigh a thabhairt le chéile
- Seirbhísí BaincÉireachta: Tugadh an t-aistriú anonn chuig soláthróir nua seirbhísí baincÉireachta chun críche go rathúil
- Ceannach: Rialuithe leasaithe maidir le ceannach tugtha isteach, agus gné nua tuairiscithe curtha leis Slándáil Faisnéis ISO27001 & GDPR: Rochtain rialaithe curtha i bhfeidhm chun doiciméid airgeadais atá 7 mbliana nó níos sine a ghlanadh.
- Uasghrádú teicniúil: An Córas Bainistithe um Réiteach SAP uasghrádaithe chuig leagan 7.2

Le linn 2019, próiseáladh breis is milliún íocaíocht le feirmeoirí/díoltóirí tríd an gcóras SAP. Cruthaíodh os cionn 30,000 ordú ceannaigh i gcomhair earraí/seirbhísí faighte agus eisíodh thart ar 35,000 sonrasc díola i gcomhair seirbhísí a cuireadh ar fáil.

Leanann úsáid feidhmchlár Féinseirbhíse Airgeadais (FSS), a thugann deis don fheirmeoir/díoltóir le féachaint ar fhaisnéis chuntasáíochta ar líne agus Ráiteas/Duillín Íocaíochta a phriontáil, ag ardú le breis is 60,000 feirmeoir/díoltóir tar éis feidhmchlár an FSS a rochtain faoi dheireadh na bliana 2019.

Promóisin/Seirbhísí Ar Líne

Rinneadh roinnt gníomhaíochtaí promóisin in 2019 chun aird a tharraingt ar bhuntáistí thairseach seirbhísí ar líne na Roinne, www.agfood.ie, agus leanadh leis an méadú ar an líon feirmeoirí a chláraigh chun seirbhísí ar líne a úsáid. Ag deireadh na bliana, bhí tuairim is 124,947 feirmeoir cláraithe do sheirbhísí agfood cibé ar chláraigh siad iad féin nó ar cláraíodh iad trína ngníomhairí, agus b'ionann sin agus breis is 98% de na feirmeoirí ar fad (127,023 iarratasóir BPS 2019).

Teachtaireachtaí SMS -Is bealach atá éifeachtach agus éifeachtúlach ó thaobh costais de é an SMS d'fhonn feirmeoirí agus cliant eile a chur ar an eolas maidir le hábhair spéise lena n-áirítear dátaí deiridh scéimeanna éagsúla, dátaí íocaíochtaí, etc. Seoladh 1,782,754 Teachtaireacht Téacs chuig feirmeoirí agus chuig custaiméirí eile in 2019 maidir le réimse leathan ábhar.

Amhail dheireadh 2019, bhí a n-uimhir theileafóin mhóibíleacha tugtha ag 140,000 cliant (lena n-áirítear Feirmeoirí) don Roinn agus bhí cead tugtha acu na huimhreacha sin a úsáid le haghaidh teachtaireachtaí agus foláirimh ón Roinn.

SMS Trasghníomhaíochta D'éirigh leis an áis seo, a éascaíonn ceangal leictreonach-bhunaithe a dhéanamh idir feirmeoirí agus a gcuid gníomhairí maidir le scéimeanna éagsúla ar nó agfood.ie agus SMS idirghníomhach, nasc a dhéanamh idir 20,554 feirmeoir agus gníomhaire agus idir feirmeoirí agus páirtneirí tríd an modh seo in 2019, rud a shábháil am agus anró riaracháin ar fheirmeoirí, gníomhairí agus an Roinn. Eisíodh 153,395 bhfógra chuig Custaiméirí, ina measc fógraí maidir le BPS agus freagraí ar fhiosrúcháin faoi Chlibeanna AIM, etc.

Gréasáin na Roinne

Le linn 2019, rinneadh tuilleadh feabhais do láithreán gréasáin na Roinne www.agriculture.gov.ie agus ar roinnt fholáithreán bainteach eile chun feabhas a chur ar úsáideacht na láithreán sin do léitheoirí agus do chuirteoirí. Áiríodh anseo leathanach baile príomha láithreáin gréasáin agus leathanach Breatimeachta a athdhearadh chun rochtain a shimpliú chun faisnéis a iompar ar an láithreán.

ACMHAINN TF A FHORBAIRT

Cuireadh inneall cuardaigh nua i bhfeidhm ar fud an iliomad láithreán ghréasáin a chuireann torthaí cuardaigh atá cruinn ar fáil d'úsáideoirí.

Rinneadh feabhsúcháin theicniúla ar roinnt fo-láithreáin chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu chun féachaint ar ghléas móbíleach chun rochtain ar fhaisnéis atá ar fáil a fheabhsú. Rinneadh leasú ar pháirteanna éagsúla an phíomhláithreáin gréasáin chun eagrú faisnéise ar an láithreán gréasáin a fheabhsú agus é a dhéanamh inrochtana go héasca.

Seoladh láithreán gréasáin nua www.marketaccess.ie chun cabhrú le honnmhaireoirí trí bhíthin liosta a thabhairt de na riachtanais rochtana margaidh éagsúla nach mór a chomhlíonadh chun earraí a onnmhairiú go rathúil chuig tíortha áirithe.

Tacaíocht do Chórais Bheaga

Chomh maith le córais leibhéal corparáide níos mó, cuireann an Roinn go leor córais atá níos lú (90+) a thacaíonn le feidhmeanna gnó tábhachtacha ar fáil ar fud go leor de rannáin na Roinne agus cinntíonn an tionscnamh láraithe seo tacaíocht iomlán saolré ICT do na córais seo.

Áirítear ar shamplaí d'fheidhmeanna gnó a fhaigheann tacaíocht:

Praghsanna Mairteola (Conabhlach agus Beo), Níotráit, Cógais Tréidliachta, Prátaí Sil, Margaíocht Glasraí/Sláinte Plandaí, Lotnaidicídí/Bithicíd, Comhdhúile Ábhar Beathúcháin, Córas um Ainmhithe Tite, Córas Bainistithe Riosca, Achomhairc Talmhaíochta/Foraoiseachta, Uainchlár do Chigirí Tréidliachta ag Monarchana Feola, Feidhmeanna Comhoibríthe maidir le Gnó (Lotus Notes), Nascacht Idir-chórais (BizTalk); agus tacaíocht d'uasghrádú Windows 10 ar fud raon córais agus teicneolaíochtaí chun leanúnachas a chinntiú.

Anailísíocht Sonraí

Aithnítear sa Ráiteas Straitéise Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta 2017 – 2020, go bhfuil sonraí mar phríomhshócmhainn na Roinne, gur cheart leas a bhaint as a luach, gan slándáil ná ionracas a chur i gcontúirt, chun anailís agus cinnteoireacht sa Roinn ina hiomláine a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Bunaíodh Aonad Anailísíochta Sonraí sa bhliain 2017 chun ardán a sholáthar d'anailísithe sonraí agus d'úsáideoirí gnó chun oibriú le chéile chun múnlaí gnó a chruthú agus chuirfeadh torthaí

inghníomhaithe ar fáil agus a d'fhéadfadh cuidiú le cinnteoireacht agus le déanamh beartais san earnáil Agraibhia.

Sa bhliain 2019, rinneadh leathnú ar an aonad seo agus tugadh faoi líon cleachtas múnlaíthe i réimsí Sláinte agus Leas Ainmhithe, Eacnamaíocht agus Pleanáil, an Timpeallacht agus an Breatimeacht.

Córais Breatimeachta

Bunaíodh foireann Forbartha Tionscadal Breatimeachta IMT i ndeireadh na bliana 2018 chun sainmhíniú a thabhairt ar na riachtanais agus córais teicneolaíochta agus faisnéise cuí a chur i bhfeidhm chun tacú leis an Roinn agus í ag tabhairt faoi líon méadaithe cigireachta rialaithe Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a bhfuiltear ag súil leo ag teorainneacha AE/Tríú Tír sa chás go n-imíonn an Ríocht Aontaithe as an AE.

Sa bhliain 2019, rinneadh dhá Chóras IMT, Córas Fógartha do Chigireacht Allmhairithe (INIS) agus Córas Deimhnithe Onnmhairithe (ECS), a fhorbairt go tapa agus suiteáladh trealamh agus nascacht líonra ag roinnt láithreacha ag Cuan Bhaile Átha Cliath don dáta tosaigh den 29 Márta, tráth a bhfágann an Ríocht Aontaithe an AE.

Rinneadh tuilleadh beachtaithe agus cuireadh tuilleadh feabhais ar na córais seo ar feadh na bliana 2019 de réir mar a ceadaíodh síntí agus suiteáladh nascacht freisin i gCuan Ros Láir.

Leanfar le hobair sa bhliain 2020 le tuilleadh feabhais a chur ar na córais seo chun freastal ar riachtanais nuair a thagann deireadh leis an idirthréimhse tar éis an Bhreatimeachta chomh maith le feidhmiúlacht a sholáthar is féidir a úsáid chun tacú le hallmhairithe agus onnmhairithe ó 3ú tíortha.

Bunaíodh an **Oifig Bainistithe Clár Fiontair (EPMO)** in Earrach 2018. An ról atá aici, tacú le Rannáin Ghnó inmheánacha a gCláir agus a dTionscadail a chur in oiriúint do Chuspóirí Straitéiseacha, Tosaíochtaí agus próisis Phleanála Gnó na Roinne.

Tá an EPMO ag tacú leis an gClár Saotharlann, leis an gClár Sábháilteachta Bia agus Barántúlachta agus le tuairim is 10 dtionscadal aonair as Rannáin éagsúla ar fud na Roinne.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Dualgas na hEarnála Poiblí

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá ceanglas reachtúil ar na comhlachtaí poiblí go léir agus aird á tabhairt ar chearta daonna agus ar shaincheisteanna agus iad ag feidhmiú a bhfeidhmeanna.

Maidir leis sin, tá na luachanna seo a leanas curtha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ina Ráiteas Straitéise 2016 – 2019: Gealltanas daingean d'éagsúlacht, do chomhionannas inscne agus caitheamh go cothrom agus ar chomhchéim le gach uile dhuine, Éiteas seirbhíse poiblí atá fréamhaithe go domhain sa neamhspleáchas, san iontaofacht, agus sa neamhchlaontacht. Tá Grúpa Oibre bunaithe ag an Roinn ar leibhéal sinsearach a oibríonn ar mheasúnú a dhéanamh ar chearta daonna agus ar shaincheisteanna comhionannais atá ábhartha dá feidhmeanna.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Rinneadh dhá nochtadh cosanta in 2019. Bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an dá chás ag deireadh na bliana.

Ag Cuidiú le Teaghlaigh a bhfuil Daoine Muinteartha leo tar éis Bháis/An tAonad um Fhiosruithe Oidhreachta

Cuireann an Roinn seirbhís ar fáil d'fhonn cuidiú le teaghlaigh fheirme a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bháis go tobann agus go bhféadfadh sé nach mbeadh aon taithí acu ag déileáil leis na cineálacha fadhbanna a bhíonn i gceist go laethúil agus a mbeadh orthu teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina leith mar scéimeanna agus seirbhísí.

Cuireann an tAonad Fiosrúcháin Oidhreachta comhairle ar theaghlaigh agus ar ionadaithe dlíthiúla fheirmeoirí éagtha, agus tugann cúnaimh dóibh, maidir le scéimeanna talmhaíochta a aistriú agus íocaíochtaí amuigh a eisiúint. In 2019, d'fhreagair sé iarratais ar chúnaimh ó 1701 theaghlach agus d'eisigh €14.6 milliún in íocaíochtaí le heastáit fheirmeoirí éagtha.

Seirbhís do Chustaiméirí

Fuair Aonad um Cháilíocht Seirbhíse na Roinne 15 gearán i ndáil le seirbhís do chustaiméirí in 2019 agus rinneadh iad a scrúdú agus a fhreagairt i gcomhréir le nós imeachta gearán

custaiméara na Roinne. Is ionann sin agus laghdú 50% ar líon na ngearán a fuarthas i gcomparáid le 2018.

Oifig an Ombudsman

D'fhreagair an Roinn 42 chás ar leithligh ó Oifig an Ombudsman in 2019.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Fuarthas 381 iarraidh FOI ar an iomlán i rith 2019.

Rochtain ar Rialacháin maidir le Faisnéis faoin gComhshaol (AIE)

Fuarthas 69 iarrata ar Fhaisnéis faoin gComhshaol faoi na Rialacháin AIE in 2019, ar dú 16% ón 59 iarrata a fuarthas an bhliain roimhe sin.

An Chairt um Chearta le hAghaidh Feirmeoirí

Leagtar amach sa Chairt um Chearta d'Fheirmeoirí 2015-2020 spriocanna seachadta sonracha dár gcustaiméirí ar feirmeoirí iad agus cuimsítear inti na scéimeanna éagsúla arna bhfeidhmiú ag an Roinn. Leantar ar aghaidh sa Chairt d'Fheirmeoirí lenár dtiomantas i leith phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí arna leagan amach sa Chairt Custaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Custaiméirí 2015 - 2020.

Déanann coiste monatóireachta faoi chathaoirelach neamhspleách maoirseacht ar an dul chun cinn faoin gCairt. Tá an coiste comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí feirme agus de bhaill foirne ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tháinig an coiste monatóireachta le chéile ceithre huair in 2019.

An Oifig um Achomhairc Talmhaíochta

Cuireann an Oifig um Achomhairc Talmhaíochta seirbhís achomharc neamhspleách, reachtúil agus saor in aisce ar fáil d'fheirmeoirí atá míshásta le cinntí a dearnadh maidir lena gcuid teidlíochtaí faoi na scéimeanna atá leagtha amach sa Sceideal atá leis an Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001. Tugtar stádas dlí neamhspleách d'Oifig Achomhairc agus don Stiúrthóir um Achomhairc Talmhaíochta faoin Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001. Is féidir teacht ar Thuarascálacha Bliantúla na hOifige ar an láithreán gréasáin: www.agriappeals.gov.ie

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

In 2019, fuair an Oifig 570 achomharc talmhaíochta, méadú 2.5% ar 2018. Dúnadh 491 cás in 2019, ina measc achomhairc gan réiteach ó bhlianta roimhe sin. Mar seo a leanas achoimre ar torthaí na gcásanna a fuarthas agus a ndearnadh cinneadh ina leith in 2019:

Torthaí achomhairc talmhaíochta a dúnadh in 2019

Achomhairc a Ceadáíodh, a Ceadáíodh i bPáirt nó a ndearna an Roinn iad a Athbhreithniú	44%
Achomhairc a Tarraingíodh Siar, a bhí Neamhbhailí agus an tAM Caite orthu	13%
Níor Ceadáíodh	43%

An tSeirbhís Achomharc um Cheadúnais Foraoiseachta

Breithníonn an Coiste Achomharc Foraoiseachta (FAC) achomhairc i gcoinne cinntí na Roinne a bhreithniú, i ndáil le hiarratais ar cheadúnais foraoiseachta. Fuair an Oifig 712 achomharc maidir le 372 ceadúnas foraoiseachta aonair faoi dheireadh 2019.

Athbhreithniú ar an Acht um Achomhairc Talmhaíochta, 2001

Chuir an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta (2016) tiomantas ar fáil chun an tAcht um Achomhairc Talmhaíochta, 2002 a athbhreithniú. Foilsíodh Tuarascáil an Choiste Athbhreithnithe sa bhliain 2018. Éilítear i líon de na príomh-mholtaí leasuithe a dhéanamh ar an acht, ach ní raibh sé sin indéanta go dtí seo.

Rannán na nImscrúduithe

